



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2021
(OR. en)

15111/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0425(COD)**

**ENER 562
ENV 1016
CLIMA 457
IND 389
RECH 570
COMPET 917
ECOFIN 1261
CODEC 1670
IA 211**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Nollaig 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 803 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 803 final.

Faoi iamh: COM(2021) 803 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2021
COM(2021) 803 final

2021/0425 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha
agus sa hidrigin**

{SEC(2021) 431 final} - {SWD(2021) 455 final} - {SWD(2021) 456 final} -
{SWD(2021) 457 final} - {SWD(2021) 458 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

1.1 Réamhrá

Tá sprioc uailmhianach leagtar síos ag an Aontas Eorpach a bheith ar an gcéad mhór-roinn a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Chun é sin a bhaint amach, d'aontaigh na Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa sa Dlí Aeráide Eorpach astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030. D'fhone na spriocanna sin a bhaint amach agus, ag an am céanna, d'fhone cuidiú le hiomaíochas, le fás agus le poist, tá athrú córasach de dhíth ar an gcóras fuinnimh: Ní mór úsáid breoslaí iontaise a laghdú – lena n-áirítear gás iontaise – agus foinsí in-athnuaite a mhéadú. Dá bhrí sin, ní mór dúinn aistriú uailmhianach ó earnáil an gháis i dtreo gháis ísealcharbóin agus in-athnuaite a dhearadh láithreach.

Is gás iontaise é thart ar 95 % de bhreoslaí gásacha a ídítear san Aontas Eorpach i láthair na huaire. Is breoslaí gásacha iad thart ar 22 % de thomhaltas fuinnimh iomlán an Aontais Eorpaigh faoi láthair (lena n-áirítear thart ar 20 % de tháirgeadh leictreachais an Aontais agus 39 % den táirgeadh teasa). De réir na gcásanna ábhartha a úsáideadh sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an bPlean um Sprioc Aeráide, is é 20 % an sciar de thomhaltas iomlán fuinnimh AE in 2050 a gheofar as breoslaí gásacha. Beidh na breoslaí gásacha ina gcuid thábhachtach den mheascán fuinnimh faoi 2050, rud a fhágann gur gá an earnáil gháis a dhícharbónú trí dhearadh réamhbhreathnaitheach le haghaidh margai gháis dícharbónaithe iomaíocha. D'ainneoin an rannchuidiú beag a thugann siad don mheascán fuinnimh atá san Aontas faoi láthair, bheadh bithghás, bithmheatán, hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin chomh maith le meatán sintéiseach (gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin le chéile) cothrom le 2/3 de na breoslaí gásacha i meascán fuinnimh 2050, agus gás iontaise le CCS/U (gabháil, stóráil agus úsáid carbóin) a sheasann don chuid eile. Tá an tionscnamh seo mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' freisin. Cuimsíonn sé an dearadh margaidh do gháis, hidrigin san áireamh. Cuirfidh sé deireadh leis na bacainní rialála atá ann cheana agus réiteoidh sé an bealach chun sin a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach. Is cuid thábhachtach í seo den aistriú chuig córas fuinnimh comhtháite lena n-íoslaghdaítear costais an aistrithe i dtreo na haeráidneodrachta go háirithe do thomhaltóirí agus lena gcuirtear deiseanna nua ar fáil chun a mbillí fuinnimh agus a rannpháirtíocht ghníomhach sa mhargadh a laghdú.

Meastar go n-úsáidfear hidrigin go príomha sna limistéir nach rogha é an leictiríú iontu, lena n-áirítear i dtionscal dianfhuinnimh an lae inniu (e.g. scaglanna, leasacháin, déanamh cruach) agus earnálacha iompair tromshaothair áirithe (iompar mairí, eitlíocht, feithiclí troma fad-achair). Is gá bonneagar tiomnaithe hidrigine a fhorbairt chun acmhainneacht iomlán an iompróra fuinnimh sin a bhaint amach i bhfeidhmchláir úsáide deiridh shonracha. Is é is cuspóir do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn na hearnálacha sin a dhícharbónú, solúbthacht an chórais leictreachais a mhéadú a bhuí le teicneolaíochtaí 'Cumhacht-go-X', slándáil an tsoláthair a neartú trí spleáchas ar allmhairí gháis nádúrtha a laghdú agus leictreachas a stóráil (agus a tháirgeadh). Fágann sin gur féidir earnálacha éagsúla den ghilleagar a nascadh le chéile, i gcomhar le cineálacha eile stórála agus solúbthachta, amhail cadhnraí agus freagairt don éileamh. Ar an gcaoi chéanna, tacóidh sé le féintáirgeadh agus le húsáid chliste an tsoláthair fuinnimh dailte agus cuirfidh sé le cumhachtú tomhaltóirí níos fearr. Tá faisnéis shoiléir a bhfuil rochtain éasca uirthi ag teastáil ó thomhaltóirí chun cabhrú le patrúin ídithe fuinnimh a athrú agus athrú a dhéanamh chuig réitigh in-athnuaite agus ísealcharbóin, ar aon dul leis an méid is féidir leo a dhéanamh sa mhargadh leictreachais.

Agus é mar aidhm uasmhéid hidrigine in-athnuaite a bhaint amach ó 2030 ar aghaidh, d'fhéadfadh ról a bheith ag cineálacha eile gás ísealcharbóin, go háirithe hidrigin ísealcharbóin, sa ghearrthearma agus sa mheántearma, go príomha chun astaíochtaí ó tháirgeadh hidrigine atá ann cheana a laghdú go tapa agus chun tacú le glacadh hidrigine in-athnuaite comhthreomhar agus leis an nglacadh a bheidh ann amach anseo. I gcomhréir le straitéis hidrigine an Aontais Eorpaigh, ba cheart go sroichfeadh táirgeadh hidrigine in-athnuaite san Aontas 1 mhilliún tona faoi 2024 agus suas le 10 milliún faoi 2030. Ó shin i leith, ba cheart hidrigin in-athnuaite a chur in úsáid ar mhórsála agus í a chur in ionad hidrigine ísealcharbóin.

Tá gá le creat an mhargaidh a oiriúnú chun forbairt éifeachtúil agus inbhuanaithe a dhéanamh ar gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin chomh maith leis an margadh hidrigine. Is amhlaidh atá toisc go mbíonn bacainní rialála roimh na gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin sa lá atá inniu ann maidir le rochtain ar an margadh agus ar eangach a chruthaíonn míbhuntáiste comparáideach i gcomparáid le gás nádúrtha. Ina theannta sin, ionas go mbunófar margadh gáis dhícharbónaithe agus go gcuirfidh sé leis an aistriú fuinnimh, tá gá le sciar i bhfad níos airde d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcóras fuinnimh comhtháite lena ngabhann rannpháirtíocht ghníomhach na dtomhaltóirí i margaí iomaíocha. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar chumas na dtomhaltóirí tairbhe a bhaint as praghsanna inacmhainne, as dea-chaighdeán seirbhíse, agus as rogha éifeachtach tairiscintí atá ag teacht le forbairtí teicneolaíocha.

Is dócha go n-úsáidfear cineálacha éagsúla gás in-athnuaite agus íseal-charbóin ag an am céanna agus meastar go bhforbróidh siad ar luas difriúil ar fud an Aontais Eorpaigh:

- comhlánóidh bonneagar hidriginbhunaithe an líonra gáis nádúrtha de réir a chéile;
- bonneagar gáis ina gcuirfear foinsí meatáin eile in ionad gáis iontaise de réir a chéile.

Ina theannta sin, chuir imeachtaí maidir le praghsanna fuinnimh a mhéadú i gcuimhne dúinn go bhfuil athléimneacht chóras fuinnimh na hEorpa ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile ós rud é go ndéantar fuinneamh in-athnuaite níos díláraithe a chomhtháthú le córas fuinnimh an Aontais agus go gcuirtear deireadh de réir a chéile le breoslaí iontaise. Ní mór na socrúithe maidir le slándáil an tsoláthair agus maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an gháis a bheith oiriúnach don aistriú chuig fuinneamh glan. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag ardú (Bosca uirlisí gníomhaíochta agus tacaíochta)¹, leagtar béim ar an idirghníomhú idir slándáil an tsoláthair, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainneachtaí stórála agus luaineacht praghsanna fuinnimh.

1.2 Cuspóirí an togra

Féachann an tionscnamh seo le dul i bhfód gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin sa chóras fuinnimh a éascú lena gcumasófar an t-aistriú ó ghás nádúrtha agus chun go mbeidh na gáis nua sin in ann an ról is gá a imirt i ndáil le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais do 2050 a bhaint amach.

Sa chomhthéacs sin, tugann sé aghaidh ar na réimsí seo a leanas:

Leibhéal íseal rannpháirtíochta agus cosanta i margadh miondíola an gháis ghlais. Le rialacha an mhargaidh mhiondíola, ba cheart a chur ar chumas custaiméirí roghanna in-athnuaite agus ísealcharbóin a dhéanamh ionas go mbeidh ról iomlán ag gáis nua san aistriú fuinnimh. Ní hamhlaidh atá faoi láthair. Ina theannta sin, níl ann do chóras coiteann téarmaíochta ná deimhniúcháin san Aontas le haghaidh breoslaí agus gáis ísealcharbóin. Ina theannta sin, is léiriú iad na margaí gáis miondíola ar chomhdhlúthacht an mhargaidh agus ar

¹ COM/2021/660 final.

leibhéil ísle iontrála agus nuálaíochta nua. Cuireann sé sin cosc ar chustaiméirí tairbhe a bhaint as an iomaíocht trí roghanna ísealcharbóin a dhéanamh.

Chun go mbeidh siad in ann roghanna fuinnimh inbhuanaithe a dhéanamh, tá faisnéis leordhóthanach ag teastáil ó chustaiméirí maidir lena dtomhaltas fuinnimh agus leis an tionscnamh fuinnimh, chomh maith le huirlisí éifeachtúla chun páirt a ghlacadh sa mhargadh. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh a chosaint. Níor cheart margadh an gháis dhícharbónaithe a fhorbairt gan iad a bheith in ann tairbhe iomlán a bhaint as.

Bonneagar hidrigine agus margaí hidrigine. Leis an gcreat rialála d'iompróirí fuinnimh ghásaigh atá ann faoi láthair, ní thugtar aghaidh ar úsáid hidrigine mar iompróir fuinnimh neamhspleách trí líonraí tiomnaithe hidrigine. Níl aon rialacha ar leibhéal an Aontais maidir le hinfeistíochtaí bunaithe ar tharaifí i líonraí, ná maidir le húinéireacht agus oibriú líonraí tiomnaithe hidrigine. Ina theannta sin, níl aon rialacha comhchuibhithe ann maidir le cáilíocht hidrigine (íon). Dá bhrí sin, tá bacainní ann maidir le bonneagar hidrigine trasteorann agus margadh iomaíoch hidrigine a fhorbairt a bheadh éifeachtach ó thaobh costais de, ar réamhriachtanas iad chun glacadh le táirgeadh agus tomhaltas hidrigine. Is é is aidhm don togra seo aghaidh a thabhairt ar na heasnamh sin. Tá togra ann maidir le córas téarmaíochta agus deimhniúcháin hidrigine ísealcharbóin agus breoslaí ísealcharbóin.

Gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin sa bhonneagar agus sna margaí gáis atá ann cheana, agus slándáil fuinnimh. Sa lá atá inniu ann, is sciar beag de mheascán fuinnimh an Aontais Eorpaigh iad gáis inathnuaite agus ísealcharbóin. Is réamhriachtanas é leas a bhaint as an rochtain a d'fhéadfadh a bheith acu ar mhargadh mórdhíola an gháis, i.e. na pointí trádála fíorúla. Má chuirtear deireadh leis na costais a bhaineann le trádáil trasteorann na ngás sin agus má éascaítear nascadh na saoráidí táirgthe, cuirfear feabhas ar an gcás gnó freisin. Féadfaidh difríochtaí i bparaiméadair cháilíochta gáis agus sa toirt hidrigine atá cumaiscthe sa chóras gáis nádúrtha difear a dhéanamh do dhearadh bonneagair gáis, feidhmchláir úsáide deiridh agus idir-inoibríocht córais trasteorann, agus tá baol ann go ndéanfar an margadh inmheánach a ilroinnt. Mar sin féin, níl na rialacha reatha maidir le cáilíocht gáis oiriúnach chun déileáil le forbairtí a bheidh ann amach anseo. Maidir le gás nádúrtha leachtaithe (GNL), trí aghaidh a thabhairt ar na bacainní iarmharacha maidir le rochtain ar chríochfoirt GNL, d'fhéadfaí an bealach a réiteach chun gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a allmhairiú ón gcoigríoch chun tacú le dícharbónú mhargadh gáis an Aontais. Ar deireadh, tá gá le socruithe iomchuí maidir le slándáil an tsoláthair chun athléimneacht a chaomhnú agus a neartú san aistriú.

Pleanáil gréasáin. Mar a leagtar amach i Straitéis an Choimisiúin maidir le Comhtháthú Córas Fuinnimh, is réamhriachtanas é pleanáil agus oibriú comhordaithe chóras fuinnimh an Aontais ina iomláine, ar fud iliomad iompróirí, bonneagar agus earnálacha tomhaltas fuinnimh chun cuspóirí aeráide 2050 a bhaint amach. Tá na scéimeanna agus na cleachtais pleanála gréasáin atá ann faoi láthair easnamhach ós rud é go bhfuil neamhréireachtaí idir an plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Aontais ('TYNDP') agus pleananna forbartha gréasáin náisiúnta ('NDP'). Le nasc níos fearr idir TYNDP agus NDP, d'fhéadfaí malartú trasnáisiúnta faisnéise maidir le húsáid na gcóras tarchuir a dhéanamh.

Slándáil an tsoláthair agus na stórála. Mar fhreagairt ar na méaduithe suntasacha uile-Aontais a tháinig ar phraghsanna fuinnimh i bhfómhar na bliana 2021, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún bearta meántéarmacha agus fadtéarmacha lena gcuirfí le hathléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a mheas go pras, lena n-áirítear bearta lena bhfeabhsófar slándáil an tsoláthair. Chun rannchuidiú le freagairt thráthúil ar an ngéarchéim

sin agus le géarchéim nua a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais, áirítear sa togra seo bearta sonracha chun feabhas a chur ar chomhar agus ar athléimneacht, go háirithe chun socruithe stórála agus oibríochtúla maidir le stóráil agus le dlúthpháirtíocht oibríochtúil níos éifeachtaí agus níos comhordaithe a áirithiú. Tá na bearta dírithe ar athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a atreisiú in aghaidh turraingí amach anseo ar bhealach tráthúil. Cumhdaítear leo bearta sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/1938 maidir le slándáil an tsoláthair gáis. D'fhonn freagairt chomhleanúnach a áirithiú, tá na bearta maidir le slándáil an tsoláthair ina gcuid den togra reachtach seo agus ní mholtar iad mar thogra reachtach ar leithligh. Mar a léirítear sa Teachtaireacht maidir le praghsanna fuinnimh an 13 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal 'Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta agus tacaíochta', is fíorthábhachtach slándáil an tsoláthair a chomhordú thar theorainneacha chun go mbeidh athléimneacht ann in aghaidh turraingí amach anseo.

Leis na bearta atá beartaithe, ceanglaítear ar na Ballstáit stóráil a dhéanamh go sainráite mar chuid dá measúnuithe ar rioscaí maidir le slándáil an tsoláthair, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach araon, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le rialú ar stóráil ag eintitis ó thríú tíortha. Ba cheart do na Ballstáit bearta stórála trí chomhar réigiúnach a mheas i gcás rioscaí nach dtugtar aghaidh orthu. Sainítear sa togra coinníollacha cumasúcháin maidir le soláthar comhpháirteach deonach stoc straitéiseach gáis a bheidh le húsáid i gcás éigeandála. Tugtar bearta isteach freisin chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus rochtain ar stóráil, chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála gáis agus chun socruithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit a éascú i gcás géarchéime. Molann an Coimisiún do na Ballstáit leanúint ar aghaidh leis na socruithe dlúthpháirtíochta gan fanacht ionas go bhfaighidh teaghlaigh an gás atá de dhíth orthu fiú le linn géarchéime tromchúisí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh beartaithe nasctha go láidir agus comhlántach leis na tograí reachtacha a tugadh chun cinn i gcomhthéacs an Phacáiste 'Oiriúnach do 55' chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme, lena n-áirítear:

An Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite ('RED II'), arb í an phríomhionstraim de chuid an Aontais í lena ndéileáiltear le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm leis dlús a chur le dul i bhfód an fhuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear gáis in-athnuaite sa chóras fuinnimh. Leis an leasú atá beartaithe, déantar sprioc na bhfoinsí in-athnuaite i meascán fuinnimh an Aontais a mhéadú go 40 % agus cuireann sé chun cinn glacadh na mbreoslaí in-athnuaite, amhail hidrigin in-athnuaite sa tionscal agus san iompar, le spriocanna breise. I ndáil leis an tionscnamh seo, in RED II sainítear hidrigin in-athnuaite mar 'breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch' agus 'breoslaí bithmhaise' lena mbaintear amach laghdú 70 % astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le breoslaí iontaise lena socraítear fospriocanna sonracha maidir le tomhailt hidrigine in-athnuaite (50 % de thomhaltas iomlán hidrigine chun críoch fuinnimh agus amhábhair san earnáil tionsclaíochta faoi 2030 agus 2.6 % den fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair).

Déanann an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ('EED') agus an Treoir ghaolmhar maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ('an Treoir maidir le FFF') lena n-áirítear na tograí i ndáil lena leasú, idirghníomhaíonn siad leis an tionscnamh atá ann faoi láthair toisc go ndéanann siad difear do leibhéal agus do struchtúr an éilimh ar ghás. Is féidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh bochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus leochaileacht tomhaltóirí a laghdú. Ós rud é go bhfuil breoslaí gásacha i gceannas ar an soláthar téimh agus fuaraithe agus ar na gléasraí comhghiniúna san Eoraip i láthair na huaire, fanann a n-úsáid

éifeachtúil i gcoilár na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh. Tá an Treoir maidir le Gás agus an Rialachán maidir le Gás comhleanúnach le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh: Le margadh AE atá oscailte agus iomaíoch lena ngabhann praghsanna lena léirítear costais táirgthe, costais charbóin, agus costais agus tairbhí seachtracha na n-iompróirí fuinnimh, chuirfidh hidrigin ghlan shábháilte ar fáil go héifeachtúil do na húsáideoirí deiridh is mó a bhfuil meas acu uirthi.

Is é is aidhm do **Rialachán GTE-F**, mar a mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2020, tacaíocht níos fearr a thabhairt do nuachóirí bhonneagar fuinnimh trasteorann na hEorpa don Chomhaontú Glas don Eoraip. Tugtar isteach leis bonneagar hidrigine mar chatagóir nua bonneagair don Líonra Eorpach um Fhorbairt. Is comhlánú é an tionscnamh seo ar Rialachán GTE-F atá beartaithe toisc go ndírítear leis ar ailíniú na bpleananna náisiúnta leis na ceanglais maidir leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Aontais.

Mar a fógraíodh i straitéis an Aontais Eorpaigh chun astaíochtaí meatáin a laghdú, molfaidh an Coimisiún **reachtaíocht chun astaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh**. Leis an tionscnamh, féachfar le feabhas a chur ar an bhfaisnéis faoi na hastaíochtaí meatáin uile a bhaineann le fuinneamh. Is comhlánú é an tionscnamh atá ann faoi láthair toisc go bhféachann sé le dul i bhfód na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin a éascú, rud a chumasaíonn an t-aistriú ó ghás nádúrtha.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an **Scéim Trádála Astaíochtaí ('ETS')**, méadaítear an praghas atá ar úsáid breoslaí iontaise i gcoibhneas le gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin agus, ar an gcaoi sin, cothaítear léi an t-éileamh ar gháis den sórt sin agus ar infheistíochtaí i dteicneolaíocht táirgthe ghaolmhar. Mhol an Coimisiún láidriú, lena n-áirítear treisithe sna hearnálacha eitlíochta, muirí, earnáil an iompair de bhóthar, agus an earnáil tógála, chomh maith le síntí leo. Faoi Scéim seo, áirítear gach saoráid táirgthe hidrigine, chomh maith le leictreoirí a bhfuil cumas táirgeachta acu is mó ná 25 tona in aghaidh an lae. Tá an Ciste Nuálaíochta, a bunaíodh leis an Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) don tréimhse 2021 go 2030, ar cheann de na hionstraimí cistiúcháin lena dtacaítear leis an aistriú chuig Eoraip a bheidh aeráidneodrach faoi 2050. Tá an Ciste Nuálaíochta, a bunaíodh leis an Treoir maidir le CTA AE don tréimhse 2021 go 2030, ar cheann de na hionstraimí cistiúcháin lena dtacaítear leis an aistriú chuig Eoraip a bheidh aeráidneodrach faoi 2050.

Leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, féachtar leis an gcánachas ar tháirgí fuinnimh a ailíniú le beartais fuinnimh agus aeráide an Aontais, teicneolaíochtaí glana a chur chun cinn agus deireadh a chur le díolúintí atá as dáta agus le rátaí laghdaithe a spreagann úsáid na mbreoslaí iontaise faoi láthair. Faoi Treoir athbhreithnithe, déantar na táirgí a chumhdaítear faoi Treoir a ghrúpáil agus a rangú de réir na feidhmíochta comhshaoil atá iontu. Dá réir sin, leagtar síos leis an athbhreithniú íosleibhéil fhabhracha cánachais de EUR 0.15/GJ (i gcomparáid le EUR 10.75/GJ le haghaidh breoslaí iontaise) le haghaidh breoslaí hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáidtear mar bhreoslaí mótaí. Maidir le breoslaí hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáidtear mar bhreoslaí téimh, socraítear leis íosleibhéil cánachais de EUR 0.15/GJ (i gcomparáid le le EUR 0.6/GH le haghaidh gás nádúrtha).

An Rialachán athbhreithnithe maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha ('AFIR'), lena n-aisghairfear Treoir 2014/94/AE maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha (AFID), mar a mhol an Coimisiún i mí Iúil 2021, is é is aidhm dó dul i ngleic leis an méadú ar astaíochtaí in iompar de bhóthar chun tacú leis an aistriú chuig flít gluaisteán atá nach mór saor ó astaíochtaí faoi 2050. Leis an Rialachán, ceanglaítear ar na Ballstáit a líonra bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe a leathnú i gcomhréir le díolacháin na gcaranna astaíochtaí

nialasacha, agus pointí luchtaithe agus breoslaithe a shuiteáil ionas go dtiocfar orthu go rialta ar mhórbhealaí móra. Leis an athbhreithniú maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, ceanglaítear go mbeidh stáisiún athbhreoslaithe amháin (toilleadh íosta 2 t/lá, 700 bar) gach 150 km trasna lárghréasán GTE-F agus i ngach nód uirbeach faoi 2030; ba é an toradh a bheadh air sin thart ar 700 pointe athbhreoslaithe hidrigine trasna nóid iompair, agus 88 pointe athbhreoslaithe hidrigine i nód uirbeacha.

Is é is aidhm don **Leasú ar an Rialachán lena socraítear caighdeáin astaíochtaí CO₂ do ghluaisteáin agus do veaineanna** bealach soiléir a áirithiú i dtreo iompar astaíochtaí nialasacha ó 2025 ar aghaidh. Sainmhínítear go háirithe leis an rialachán feithiclí astaíochtaí nialasacha mar fheithiclí ceallra-leictreacha, feithiclí breosla-chille agus feithiclí eile faoi thiomáint hidrigine, agus socraítear leis sprioc astaíochtaí atá nach mór neodracha ó thaobh an fhuinnimh de le haghaidh flíteanna feithiclí nua faoi 2030.

Is é is aidhm don **togra maidir le Tionscnamh Muirí FuelEU** an scair de bhreoslaí malartacha ísealcharbóin agus saor ó charbón a mhéadú sa mheascán breosla maidir le hiompar muirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear na breoslaí malartacha seo a leanas: bithbhreoslaí leachtacha, leacht toitín leictreonach, gás dícharbónaithe (lena n-áirítear bithmheatán leachtaithe agus leictreaghás), hidrigin dhícharbónaithe agus breoslaí dícharbónaithe hidrigin-dhíorthaithe (lena n-áirítear meatán agus amóinia). Leis an mbéim ar bhreoslaí agus ar theicneolaíochtaí cumhachta, ba cheart laghduithe suntasacha agus tapa ar astaíochtaí a chumasú, agus na teicneolaíochtaí agus an bonneagar atá ann cheana á n-úsáid go hiomlán mar aon leis na dreasachtaí dá bhforáiltear le bearta eile atá le moladh. Ina theannta sin déanfaidh sé sainiú na mbealaí dícharbónaithe le haghaidh na braisle muirí iomlán a éascú.

Tá an **togra maidir leis an Tionscnamh REFuelEU Aviation** neamhshaothraithe go mór, ar togra é a bhfuil sé ina sprioc aige acmhainneacht breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chur chun cinn chun lorg gáis ceaptha teasa na heitlíochta a laghdú. D'fhonn laghdú suntasach a dhéanamh ar a cuid astaíochtaí, beidh ar earnáil na heitlíochta an spleáchas atá aici faoi láthair ar bhreosla scairde iontaise a laghdú agus a bheith ag brath níos mó agus níos mó ar úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe (SAFanna) sna blianta amach romhainn. Sa togra, leagtar amach sciar íosta 0.7 % de 'bhreoslaí eitlíochta sintéiseacha' sna breoslaí eitlíochta a sholáthraítear d'oibreacha aerárthaí i gcás inar breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch iad 'breoslaí eitlíochta sintéiseacha', mar a shainmhínítear sa treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Ní féidir cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta. Leis na bearta atá beartaithe sa tionscnamh seo, féachtar leis na ceithre chuspóir a leagtar amach in Airteagal 194 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CFAE) a chur chun cinn agus, ag an am céanna, rannchuidiú le dícharbónú gheilleagar an Aontais Eorpaigh. Glacfar na bearta atá beartaithe ar bhonn Airteagal 194(2) CFAE in éineacht le hAirteagal 114(1) CFAE. I réimse an fhuinnimh, tá inniúlacht chomhroinnte ag an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 4(2)(i) CFAE.

Cuireann an tionscnamh atá ann faoi láthair freisin le tacar cuimsitheach de ghníomhartha reachtacha a glacadh agus a nuashonraíodh le fiche bliain anuas. Agus é de chuspóir aige margadh inmheánach fuinnimh a bhaint amach, tá an tAontas Eorpach tar éis ceithre phacáiste reachtacha a ghlacadh i ndiaidh a chéile idir 1996 agus 2019, agus é d'aidhm uileghabhálach acu na margaí a chomhtháthú agus na margaí náisiúnta leictreachais agus gáis a léirscaoileadh. Cuimsítear réimse leathan gnéithe sna forálacha seo lena n-áirítear rochtain ar

an margadh, trédhearcacht, cearta tomhaltóirí, méadú ar leachtacht na margaí gáis agus neamhspleáchas na n-údarás rialála.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Faoi láthair, níl aon rialacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh lena rialaítear líonraí ná margaí tiomnaithe hidrigine agus hidrigin ísealcharbóin agus breoslaí ísealcharbóin. I bhfianaise na n-iarrachtaí reatha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun úsáid hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn in ionad breoslaí iontaise, thabharfaí dreasachtaí do na Ballstáit chun rialacha a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta maidir le bonneagar tiomnaithe don hidrigin a iompar. Fágann sé sin go bhfuil an baol ann go mbeidh creat rialála ilroinnte ann ar fud an Aontais, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar chomhtháthú na ngréasán agus na margaí náisiúnta hidrigine, rud a chuirfeadh cosc nó bac ar thrádáil trasteorann sa hidrigin.

Dá ndéanfaí na rialacha maidir le bonneagar hidrigine a chomhchuihbhiú ag céim níos faide anonn (i.e. tar éis reachtaíocht náisiúnta a bheith curtha i bhfeidhm) bheadh ualaí riaracháin méadaithe ar na Ballstáit agus bheadh costais agus éiginnteacht rialála níos airde ann do chuideachtaí, go háirithe i gcás ina bhfuil infheistíochtaí fadtéarmacha i dtáirgeadh hidrigine agus i mbonneagar iompair i gceist.

Ach creat rialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais le haghaidh gréasáin agus margaí tiomanta don hidrigin, chothófaí comhtháthú agus idirnascadh na margaí agus na ngréasán náisiúnta hidrigine. Le rialacha ar leibhéal an Aontais maidir le planáil, maoiniú agus oibriú na ngréasán tiomnaithe don hidrigin sin chruthófaí intuarthacht fhadtéarmach d'infheisteoirí féideartha sa chineál sin bonneagair fhadtéarmaigh, go háirithe le haghaidh idirnaise trasteorann (ach ab ea na rialacha sin, d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir dlíthe náisiúnta éagsúla a d'fhéadfadh a bheith éagsúil lena chéile).

Maidir le bithmheatán, gan tionscnamh ar leibhéal an Aontais, is dócha go mbeadh éagsúlacht rialála fós ann faoi 2030 maidir le rochtain ar mhargaí mórdhíola, na hoibleagáidí maidir le nascthaight agus bearta comhordaithe oibreoirí córais tarchuir (TSO) agus oibreoirí córais dáileacháin (OCD). Ar an gcaoi chéanna, gan comhchuihbhiú áirithe ar leibhéal an Aontais, beidh costais a bhaineann le naisc agus instealladh an-éagsúil ar tháirgeoirí gás in-athnuaite agus ísealcharbóin ar fud an Aontais, rud a fhágfaidh nach mbeidh cothrom iomaíochta ann.

Gan tuilleadh reachtaíochta ar leibhéal an Aontais, leanfadh na Ballstáit de chaighdeán éagsúla maidir le cáilíocht an gháis agus rialacha éagsúla maidir le leibhéil chumaisc hidrigine a chur i bhfeidhm, agus dá bharr sin bheadh baol ann maidir le srianta ar an sreabhadh trasteorann agus deighilt an mhargaidh. Leanfadh caighdeán cáilíochta an an gháis de bheith á sainiú de réir pharaiméadair cháilíochta an gháis nádúrtha, rud a chuirfeadh teorann le comhtháthú na ngás in-athnuaite sa ghréasán

Is dócha go laghdóidh na gnéithe sin uile an trádáil trasteorann sna gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin, rud a d'fhéadfaí a chúiteamh le hallmhairí gáis nádúrtha níos mó. D'fhéadfadh sé go leanfaidh úsáid na gcríochfort GNL agus na n-allmhairí de bheith srianta do ghás nádúrtha, ina ainneoin sin, ní bheadh gá le críochfoirt GNL a oiriúnú i gcás ina bhfuil bithmheatán nó meatán sintéiseach ar fáil go hiomaíoch ó fhoinsí nach foinsí de chuid an Aontais iad.

Ní bheadh gá le planáil gréasáin náisiúnach a fhorbairt ach sna Ballstáit ina n-oibríonn Oibreoirí Tarchuir Neamhspleácha agus Oibreoirí Córais Neamhspleácha. D'ainneoin go bhfuil plan náisiúnach gáis aonair ag formhór na mBallstát ina dtéann oibreoirí gáis i mbun comhair, tá teorainn leis an gcomhar trasteorann go fóill.

Tá sé léirithe go bhfuil ullmhú éigeandála comhordaithe an Aontais maidir leis an earnáil gáis faoi láthair níos éifeachtaí ná gníomhaíocht amháin ar an leibhéal náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an tionscnamh prionsabal na comhréireachta. Tagann sé faoi raon feidhme Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá an idirghabháil beartais comhréireach le gné agus nádúr na bhfadhbanna a sainaitníodh agus le gnóthú na gcuspóirí a leagadh amach.

Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir ginearálta arb é is aidhm dó dícharbónú breoslaí gásacha ar bhealach iomaíoch a éascú, costais eacnamaíocha ar a laghad, agus slándáil fuinnimh a áirithiú agus tomhaltóirí a chur i gcroílár na margáí fuinnimh ag an am céanna. Meastar go bhfuil an tacar roghanna tosaíochta comhréireach agus go gcuireann siad, a mhéid is féidir, leis an gcur chuige atá ann cheana. An chothromaíocht idir oibleagáidí agus breithniú ar an acmhainneacht chun gníomhú i measc na mBallstát agus eintitis phríobháideacha, meastar go bhfuil sin iomchuí i bhfianaise a riachtanaí atá sé an aeráid neodracht a bhaint amach faoi 2050.

- **An rogha ionstraime**

Ag cur leis an meastóireacht fhoriomlán ar an gcreat rialála atá ann faoi láthair do mhargadh an gháis, is Treoir iad na hionstraimí a roghnaítear, chun Treoir 2009/73/CE a athmhúnlú, agus Rialachán chun Rialachán Uimh. 715/2009 a athmhúnlú. Má chinntear na gníomhartha atá ann cheana a athmhúnlú, cuirfear leis an tsoiléireacht dhlíthiúil. Bhí an baol ann nár leor gníomh leasaitheach chun aghaidh a thabhairt ar thacar leathan forálacha nua. Fágann na hionstraimí a roghnaíodh nach mór athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atáthar tar éis a ghlacadh agus a chur chun feidhme cheana féin mar fhorbairt nádúrtha ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair, i bhfianaise na n-athruithe sin. Beidh gá le tuilleadh gníomhartha a leasú tríd an Rialachán maidir le Gás amhail: Rialachán SoS (AE) 2017/1938, Rialachán ACER (AE) 2019/942 agus Rialachán REMIT (AE) Uimh. 1227/2011.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Chuir teacht i bhfeidhm an Tríú Pacáiste Fuinnimh go dearfach le hiomaíocht agus le feidhmíocht na margáí inmheánacha fuinnimh. É sin ráite, díríonn an creat rialála reatha maidir le gás ar ghás nádúrtha iontaise-bhunaithe agus ní mheastar ann go dtiocfaidh roghanna malartacha le haghaidh gáis meataín (lena n-áirítear gás nádúrtha agus bithmheatán) chun cinn, amhail hidrigin.

Tá gá le hathscrúdú maidir leis an gcreat rialála reatha maidir leis an margadh gáis agus fógraíodh é cheana sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an straitéis hidrigine le haghaidh Eoraip atá aeráidneodrach. Agus an acmhainneacht éagsúil i mBallstáit an Aontais maidir le táirgeadh hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin á cur san áireamh, féadfaidh creat margaidh oiriúnach hidrigin a éascú chun an ról atá aici a imirt mar iompróir fuinnimh agus mar chumasóir maidir leis an gcóras fuinnimh a chomhtháthú.

Ar an mbonn sin, sainaitníodh ceithre phríomhspreagthóir faoi Réimse Fadhbanna I den Mheasúnú Tionchair: (i) mar thoradh ar dhícharbónú, tiocfaidh slabhra Eorpach luacha hidrigine chun cinn a bheidh ag brath ar mhargadh trasteorann hidrigine; (ii) cuireann easpa infheistíochtaí maidir le bonneagar hidrigine bac ar fhorbairt an mhargaidh; (iii) is dócha go mbeidh bonneagar hidrigine ina mhonaplacht nádúrtha, arb é a bheidh mar thoradh air

struchtúir margaidh neamhiomaíocha; (iv) féadfaidh rialacha éagsúla maidir le cáilíocht hidrigine bac a chur ar shreafaí trasteorann agus costais bhreise a thabhdú.

Leis na rialacha gáis atá ann faoi láthair, lena ndírítear ar ghás nádúrtha iontaise-bhunaithe a allmhairítear go príomha ó thíortha lasmuigh den Aontas, ní thugtar aghaidh ar shaintréithe sonracha an táirgthe díláraithe maidir le gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin lasmuigh den Aontas. Thairis sin, déanann na toirteanna bithmheatáin, hidrigine agus GNL atá ag méadú difear don cháilíocht gáis agus do dhearadh an bhonneagair gáis agus feidhmeanna úsáide deiridh dá bhrí sin. Aithnítear sa Mheasúnú Tionchair, go háirithe, cúig phríomhspreagthóir a bhaineann leis an Réimse Fadhbanna sin: (i) rochtain shrianta ar an margadh agus ar an líonra do tháirgeoirí áitiúla bithmheatáin nasctha leis na líonraí dáileacháin, éagsúlachtaí sna rialacha maidir leis an oibleagáid an líonra i leith gás in-athnuaite agus ísealcharbóin a nascadh agus na costais a bhaineann leis an oibleagáid sin agus taraifí iontrála laistigh den Aontas agus ag imeacht ón Aontas, cuireann na nithe sin bac ar mhargadh gáis inmheánaigh atá comhtháite go hiomlán, leachtach agus idir-inoibritheach; (ii) féadfaidh difríochtaí i gcáilíocht an gháis agus sna leibhéal cumaiscthe hidrigine tionchar diúltach a imirt ar shreafaí trasteorann agus úsáideoirí deiridh, agus níl na rialacha maidir le cáilíocht gáis atá ann faoi láthair oiriúnach chun forbairtí amach anseo a láimhseáil; críochfoirt GNL atá feistithe chun gás nádúrtha a fháil go príomha, rochtain theoranta ar gháis nua i gcríochfoirt GNL; (iv) féadfaidh conarthaí soláthair fadtéarmacha maidir le gás nádúrtha gan staonadh gás nádúrtha a ghlasaíl isteach agus soláthar gáis in-athnuaite i dtreo 2050 a bhac; (v) le comhshocruithe atá ann faoi láthair maidir le slándáil fuinnimh, ní thugtar aghaidh ach ar rioscaí a bhaineann le soláthar gáis nádúrtha agus ní thugtar aghaidh ar gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin.

Maidir le pleanáil gréasáin, is gá don chomhar idir oibreoirí córais tarchuir agus rialtóirí méadú a thuilleadh. Ceanglaítear le dul i bhfód méadaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite inathraitheacha go mbeidh an córas fuinnimh iomlán comhtháite níos fearr agus go mbeidh ar an mbonneagar a bheith níos idirnasctha, bunaithe ar chur chuige níos iomlánaíche agus níos comhtháite. Leis an Measúnú Tionchair léirítear trí phríomhspreagthóir maidir leis an Réimse Fadhbanna sin; (i) tá éagsúlacht sa phleanáil gréasáin idir na Ballstáit agus oibreoirí córais tarchuir, pleanáil éagsúil maidir le leictreachas agus gás; (ii) níl trédhearcacht ar bith i leith acmhainneacht an bhonneagair atá ann faoi láthair maidir lena athmhúnlú nó lena dhíchoimisiúnú; (iii) ní chuirtear oibreoirí córais dáileacháin san áireamh go sonracha i bpleanáil oibreoirí córais tarchuir. Thairis sin, chuirfeadh straitéisí forbartha córais ní ba chomhchuibhithe le tuilleadh idirnascaid idir córais leictreachais agus córais gáis lena n-áirítear hidrigin.

Léiríodh sa mheasúnú gur gá iomaíocht a mhéadú chun a áirithiú go bhfaighidh tomhaltóirí an Aontais na sochair go léir a bhaineann le comhtháthú margaidh. Thairis sin, ceiltar na huirlisí tábhachtacha ar thomhaltóirí go fóill chun go mbeidh siad rannpháirteach sa mhargadh. Níl na forálacha um chosaint tomhaltóirí sa reachtaíocht anailísithe ach oiriúnach dá bhfeidhm go páirteach. Go háirithe, níl cothromaíocht maidir le cosaint do thomhaltóirí leochaileacha idir na Ballstáit agus tá bochtaineacht fuinnimh shuntasach ar fud an Aontais go fóill. Ar aon dul leis sin, sainithníodh trí chúis le fadhbanna i Limistéar Fadhb IV: (i) acmhainneacht iomaíochta nár baineadh leas aisti i margaí miondíola; (ii) cumhachtú easpach tomhaltóirí maidir le soláthróirí a athrú, uirlisí comparáide praghsanna, faisnéis bhilleála, pobail fuinnimh, agus rochtain ar shonraí; agus (iii) cosaint neamhleor tomhaltóirí go háirithe do dhaoine leochaileacha agus do dhaoine atá atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh.

• **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na Treoirínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún comhairliúchán cuimsitheach uileghabhálach le geallsealbhóirí a bhí bunaithe ar straitéis

comhairliúcháin a raibh réimse modhanna agus uirlisí mar chuid di. Bhí sé d'aidhm ag an straitéis sin a áirithiú gur cuireadh an fhianaise ábhartha ar fad san áireamh, lena n-áirítear sonraí faoi chostais, faoi thionchar na sochaí, agus faoi thairbhí an tionscnaimh. Baineadh úsáid as roinnt uirlisí comhairliúcháin: comhairliúchán ar an measúnú tionchair tosaigh (Treochlár), comhairliúchán poiblí ar líne bunaithe ar cheistneoir, cur i láthair ón gCoimisiún agus aiseolas ó páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Fóram um Rialáil Gáis, plé leis na Ballstáit, le comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa agus le hÚdaráis Rialála Náisiúnta, agus plé le páirtithe leasmhara i gceardlann mhór le páirtithe leasmhara.

Fuair an Coimisiún 263 fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte. Tríd is tríd, dhearbhaigh na freagróirí gur léir dóibh go bhfuil gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Gás agus ar an Rialachán maidir le Gás chun cuidiú le cuspóirí dícharbónaithe a bhaint amach. Thairis sin, tá coinne ag os cionn 60 % de na freagróirí go bhféadfadh na hathruithe teicneolaíochta agus rialála is gá chun an margadh gáis a dhícharbónú poist nua a chruthú faoi 2030.

Maidir le bonneagar agus margáí hidrigine a fhorbairt, tacaíonn formhór na bhfreagróirí le rialáil a thabhairt ag céim luath chun margadh agus bonneagar dea-fheidhmeach iomaíoch a chothú. Rinne freagróirí moladh go mbeadh creat reachtach de chuid an Aontais ann ina saineofaí príomhphrionsabail rialála agus ina nglacfaí cur chuige céimnithe. Tacaíonn tromlach mór na bhfreagróirí le rochtain tríú páirtí, leis na rialacha i ndáil le rochtain ar phíblínte hidrigine, ar chríochfoirt allmhairithe agus ar stóráil, mar shampla, agus tacaíonn sé le gníomhaíochtaí gréasáin a bheith díchuachta. Mheas an chuid is mó de na freagróirí go bhfuil sé tábhachtach ról na bpáirtithe príobháideacha i bhforbairt na hidrigine a shainiú go luath. Measann tromlach mór na bhfreagróirí freisin go bhféadtar gréasáin phríobháideacha atá ann cheana nó a bheidh ann a dhíolmhú ó cheanglais rialála áirithe ach gur gá cóineasú maidir le creat rialála aonair a áirithiú. Measann formhór mór na bhfreagróirí gur cheart ceanglais maidir le cearta agus ceadú le haghaidh bonneagar hidrigine nua a bheith comhionann leis na cinn is infheidhme maidir le píblínte gáis meatáin atá ann inniu.

Maidir leis an rochtain ar gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin ar an margadh gáis agus ar an mbonneagar gáis atá ann cheana a chur chun cinn, aontaíonn na páirtithe leasmhara gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála atá ann faoi láthair chun cuidiú le cuspóirí dícharbónaithe a bhaint amach. Measann tromlach na ngeallsealbhóirí go bhfuil sé tábhachtach rochtain iomlán ar an margadh a áirithiú agus instealladh gás in-athnuaite agus ísealcharbóin isteach san eangach gáis a éascú. Molann roinnt freagróirí oibleagáid a chur ar oibreoirí gréasáin táirgeoirí gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a nascadh agus laghdú ar mhuirear insteallta a thabhairt isteach. Tromlach na bhfreagróirí, tacaíonn siad chomh maith le feabhas a chur ar an gcreat trédhearcachta do chríochfoirt GNL. Tá tacaíocht láidir ann freisin do chur i bhfeidhm comhchuibhithe na gcaighdeán cáilíochta gáis ar fud na hEorpa, do chomhar trasteorann treisithe agus do bhreis trédhearcachta. Níl na freagróirí ar aonfhocal maidir le cumasc hidrigine, ach aontaíonn an tromlach go bhféadfadh sé a bheith ina chéadchéim éifeachtúil gasta, ina ainneoin na gcostas ard teicniúil, i dtreo dhícharbónú an chórais fuinnimh. Níl ach roinnt bheag páirtithe leasmhara a thacaíonn le deireadh a chur le taraifí trasteorann laistigh den Aontas. Is é breithniú thromlach na bhfreagróirí go bhfuil tábhacht ag baint le dúshlán slándála a bhaineann go sonrach le gás agus le bearta cibearshlándála.

Maidir le pleanáil líonra a chomhtháthú, tacaíonn formhór na bpáirtithe leasmhara le huainiú an Phlean Forbartha Gréasáin (NDP) a ailíniú leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana (TYNDP), agus plean gáis aonair beag beann ar an tsamhail dhíchuaachta a roghnaítear. Ba mhó fós an tacaíocht a léirigh formhór na bhfreagróirí don chás inarb ann don leictreachas agus don ghás araon. Iarann líon substaintiúil de na geallsealbhóirí tionscail

hidrigine a chuimsiú sna pleananna forbartha náisiúnta. Tá formhór na ngeallsealbhóirí ar aon fhocal maidir leis an ról atá ag na OCDanna faisnéis a sholáthar agus a chomhroinnt agus tacaíonn roinnt freagróirí freisin le go gcuireann na OCDanna a bplean féin ar fáil lena n-áirítear optamú córais sna hearnálacha éagsúla. B'fhearr le roinnt freagróirí plean comhpháirteach gáis agus leictreachais ná cásanna comhpháirteacha ina mbeadh pleananna ar leithligh. Thug roinnt geallsealbhóirí le fios gur é an rogha ab fhearr leo plean comhpháirteach meataín agus hidrigine mar aon le plean ar leithligh don leictreachas.

Maidir le rannpháirtíocht agus cosaint na gcustaiméirí i margadh miondíola an gháis ghlais, d'iarr formhór na bpáirtithe leasmhara uaillmhianta níos airde sna forálacha a bhaineann leis an saoránach/tomhaltóir trí bheith ar aon dul leis na huaillmhianta sa mhargadh don leictreachas. Ina theannta sin, ba cheart go gcuideodh forálacha maidir le bochtaineacht fuinnimh lena áirithiú nach n-íocfaidh tomhaltóirí as aistriú chuig roghanna gásbhunaithe atá glan. Tacaíonn ionadaithe de chuid na hearnála príobháidí le pleananna deireadh a chur le praghsanna rialáilte, agus roghnódh eagraíochtaí tomhaltóirí áirithe iad a choinneáil chun go gcosnófaí tomhaltóirí bochta agus leochaileacha. Is mian le beagnach leath na bhfreagróirí go mbeidh forálacha maidir leis an inchomparáideacht tairiscintí agus inrochtaineacht sonraí, trédhearcacht, córais mhéadrúcháin chliste agus aistriú a bheith á n-atreisiú. Níor thacaigh aon fhreagróir leis an gcur chuige neamhrialála.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Baineann an togra beartaithe agus an Measúnú Tionchair foluiteach leas as fianaise ó ionchur a fuarthas ó gheallsealbhóirí chomh maith leis na comhairliúcháin fhairsinge a rinneadh i ndáil leis sin, chomh maith le hathbhreithniú litríochta, agus samháltú. Mar chuid den athbhreithniú litríochta, féachadh ar na torthaí ó shraith staidéar a rinneadh ar phríomhghnéithe amhail an ról atá ag bonneagar hidrigine agus bonneagar gáis dícharbónaithe, an margadh agus táirgeadh, a rinneadh don Mheasúnú Tionchair nó a chur lena raon feidhme, chomh maith le measúnuithe a rinneadh i dtionscnaimh ábhartha eile de chuid an Choimisiúin. Rinneadh conclúidí a glacadh faoi chuimsiú roinnt fóram geallsealbhóirí, ina measc an ceann ba thábhachtaí ar rialachán gáis (Fóram Mhaidrid) agus an ceann ar rialachán leictreachais (Fóram Fhlórans) a bhreithniú san anailís. Rinneadh idirphlé leis na Ballstáit, le comhaltaí Pharlaimint na hEorpa, leis na hÚdaráis Rialála Náisiúnta, le ACER agus idirphlé le geallsealbhóirí eile a bhreithniú ar bhonn comhionann freisin.

- **Measúnú tionchair**

De bhun na dtreoirilínte um Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún Measúnú Tionchair ar roinnt roghanna beartais. Chun tacú leis an obair sin rinneadh comhairliúchán laistigh den Choimisiún trí Ghrúpa Stiúrtha Idirsheirbhíse.

Cuireadh an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB), agus pléadh leis an mBord é. Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála 'tuairim dhearfach le forcoimeadas' uaidh. Tugadh aghaidh ar na hagúis go háirithe leis an méid seo a leanas: (i) conclúidí na meastóireachta a chomhtháthú sa tuairisc faidhbe, (ii) ról an tionscnaimh mar chuid den chreat cumasúcháin maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' a shoiléiriú, (iii) bonnlíne thionchar na roghanna beartais a shoiléiriú, (iv) idirdhealú níos soiléire a dhéanamh idir gníomhaithe éagsúla, go háirithe idir táirgeoirí agus tomhaltóirí gáis nádúrtha agus hidrigine, (v) measúnú a sholáthar ar an gcaoi a bhféadfaidh an tionscnamh tionchair dhifriúla a imirt ar FBManna i gcomparáid le cuideachtaí eile (níos mó), (vi) léiriú níos fearr a thabhairt ar na tuairimí easaontacha agus na tuairimí mionlaigh ar fud na tuarascála, lena n-áirítear sa tuairisc faidhbe, tógáil na roghanna, anailís ar na tionchair agus rogha na rogha tosaíochta, (vii) na táblaí costais is tairbhe a chomhlánú san fhormáid iomchuí.

I rith na hoibre le haghaidh an Mheasúnaithe Tionchair, féachadh ar réimse beart ar fud ceithre Réimse Fadhbanna chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna agus na bunchúiseanna arna sainaithint d'fhonn cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach. Tar éis measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus comhréireacht na mbeart, cinneadh gurbh é pacáiste de roghanna tosaíochta an bealach is fearr chun cur leis na cuspóirí arna leagan amach.

Réimse Fadhbanna I: Bonneagar hidrigine agus margaí hidrigine

Breathnaítear na roghanna beartais seo a leanas i Réimse Fadhbanna I: na cearta maidir le hoibriú líonra hidrigine a thairiscint (Rogha 1); na príomhphrionsabail rialála a thabhairt isteach atá bunaithe ar na prionsabail is infheidhme maidir leis an ngás nádúrtha faoi láthair ach arna gcur in oiriúint do chéim forbartha na margaí hidrigine (Rogha 2); agus córas rialála lánfhorbartha a bhunú maidir le hidrigin (cosúil leis na gceann is infheidhme faoi láthair in earnáil an gháis nádúrtha) gan an gá a bheith ann aistriú chuig margadh hidrigine níos aibí (Rogha 3). Is í an rogha thosaíochta príomhphrionsabail rialála a thabhairt isteach ón tús agus soiléireacht á tabhairt maidir leis an réimeas rialála deiridh (amach anseo). (Rogha 2b 'Príomhphrionsabail rialála a bhfuil fíis ag gabháil leo'). Is é an príomhthairbhe a bheidh leis an rogha sin go ndéanann sé comhtháthú margaidh a chothú, soiléireacht a thabhairt d'infheisteoirí, teacht chun cinn struchtúr margaidh neamhiomaíoch a sheachaint chomh maith le costais le haghaidh coigeartuithe ex post maidir le rialacha a luaite a bheidh an margadh aibí, ach go bhfágtar leis an rogha an tsolúbthacht an rialachán a shaincheapadh maidir le dlús céimneach a chur leis an earnáil hidrigine.

Réimse Fadhbanna II: Gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin sa bhonneagar agus sna margaí gáis atá ann cheana, agus slándáil fuinnimh

I Réimse Fadhbanna II cumhdaítear roghanna lena gcuirtear chun cinn rochtain ar an margadh agus ar an mbonneagar gáis atá ann cheana le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin (RES&LC). Cuimsítear leis na roghanna uile chomh maith leibhéal céimithe idirghníomhaithe chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna imní maidir le slándáil fuinnimh, go háirithe lena leathnaítear uirlisí, caighdeáin agus nósanna imeachta atá ann cheana chun gáis RES&LA a chumhdach, dlúthpháirtíocht éifeachtach, agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le cibearshlándáil san earnáil gáis. Rogha 3 'Rochtain iomlán ar an margadh do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin a cheadú agus a chur chun cinn', is í sin an rogha tosaíochta le haghaidh Réimse Fadhbanna II agus is é atá sa rogha sin bearta lena dtacaítear le rochtain do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin ar an margadh mórdhíola, críochfoirt GNL, agus an eangach tarchuir (gan beann ar an áit nasctha), lena n-áirítear lascainí taraife le haghaidh insteallta chuig an eangach agus iompar trasteorann. Dhéanfaí an cháiliócht gáis a rialú le cur chuige comhchuibhithe ag an Aontas maidir pointí idirnasctha trasteorann agus, san am céanna, d'fhágfaí an tsolúbthacht faoi na Ballstáit féin. Socraítear an uasteorainn cheadaithe do chumaisc hidrigine ag 5 % ag na pointí trasteorann go léir – leibhéal atá costéifeachtach i dtéarmaí costais oiriúnaithe agus srianta.

Rochtain iomlán ar an margadh do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin a cheadú agus a chur chun cinn: Tá na bearta dá bhforáiltear comhsheasmhach le hiarrachtaí an Aontais chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus tá siad riachtanach chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Is é an phríomhthairbhe a bheidh ann go laghdóidh na bearta na costais táirgthe a bhíonn le seasamh ag táirgeoirí gás in-athnuaite agus ísealcharbóin, go méadófar ar an iomaíocht, ar an leachtacht agus ar an trádáil i ngáis in-athnuaite, agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa á spreagadh ag an am céanna. Ar an gcaoi sin, bainfidh tomhaltóirí agus cáiniócoirí tairbhe as toisc go bhféadfaí an tacaíocht a laghdú. Déanfar leis freisin na rioscaí a bhaineann le slándáil fuinnimh a theorannú, sábhálfar am agus acmhainní,

laghdófar neamhchinnteachtaí, feabhsófar éifeachtúlacht na mbeart éigeandála, agus neartófar ceanglais slándáilsonracha do chuideachtaí gáis.

Réimse fadhbanna III: Pleanáil gréasáin

I Réimse Fadhbanna III déantar breithniú ar roghanna maidir le pleanáil chomhtháite líonraí. Maidir le Réimse Fadhbanna III is é Rogha 2 ‘Pleanáil Náisiúnta bunaithe ar Chásanna Eorpacha’ an rogha tosaíochta. Leis an rogha seo, is féidir pleanáil náisiúnta a dhéanamh ach éilítear go ndéantar sin bunaithe ar chásanna comhpháirteacha le haghaidh gáis agus leictreachais, i gcomhréir leis an bplean deich mbliana maidir le forbairt gréasáin, agus nasc idir í agus an Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide i gceist. Cuimsítear inti na gníomhaithe ábhartha go léir (OCDanna) agus cumasaítear léi píblínte a shainaithint ar féidir iad a n-úsáid a athrú ó mheatán go hidrigin (H2) ar leibhéal mionsonraí nach bhféadfaí a bhaint amach ar an leibhéal Eorpach.

Pleanáil Náisiúnta a bhunú bunaithe ar Chásanna Eorpacha: Is é an phríomhthairbhe go ndíothófar na rioscaí a thagann as agus go ndéanann OCTanna leictreachais agus gáis forbairt a gcóras a phleanáil bunaithe ar thoimhdí neamh-chomhoiriúnacha. Cumasaítear leis comhtháthú earnála agus plean córais choincheapúil agus, san am céanna, coinneofar na tairbhí a thagann as pleananna forbartha níos mionsonraithe ar ghréasáin earnáilsonrach. Áirithítear leis fis chomhchoiteann ag na geallsealbhóirí éagsúla lena dtugtar le fios go gcuirtear san áireamh sa phleanáil gréasáin na straitéisí dícharbónaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, rud lena laghdófar an baol gurb ann do gaibhniú agus sócmhainní tréigthe.

Réimse Fadhbanna IV: Leibhéal íseal rannpháirtíochta agus cosanta i margadh miondíola an gháis ghlais

Tá roghanna i Réimse Fadhbanna IV lena dtacaítear le cur chuige chun dul i ngleic leis an iomaíocht agus rannpháirtíocht tomhaltóirí nó, ina ionad sin, lena gceanglaítear aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna faidhbe trí bhíthin reachtaíochta nua, agus aithris á déanamh den chuid is mó ar an méid atá bunaithe cheana féin in earnáil an leictreachais. I bhfianaise na hanailíse, is é Rogha 2 ‘Reachtaíocht sholúbtha’ an rogha tosaíochta, arb ionann í agus an cosaint do thomhaltóirí sa mhargadh don leictreachas agus na forálacha maidir le cumhachtú freisin. Is í an rogha sin is dóchúla a bheith éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach le Réimsí Fadhbanna eile.

Is é an phríomhthairbhe go mbeifear in ann coigilteas suntasach féideartha a dhéanamh, cuidiú le soláthraithe agus soláthraithe seirbhísí nua dul isteach sa mhargadh, táirgí nuálacha a fhorbairt, rud as a dtiocfaidh méadú ar an iomaíocht, rannpháirtíocht tomhaltóirí agus tairbhe eacnamaíoch. Chuirfeadh sé ar a gcumas do shaoránaigh agus do phobail an glacadh sóisialta a mhéadú, caipiteal príobháideach a chur in úsáid agus úsáid gás in-athnuaite agus ísealcharbóin a éascú. An baol gurb ann do ró-infheistíochtaí a laghdú, beidh tionchar dearfach suntasach aige sin ar an gcomhshaol.

• Oiriúnacht rialála agus simpliú

Deartar na tograí chun an reachtaíocht atá ann faoi láthair a leasú i gcomhréir leis na roghanna beartais is costéifeachtaí de chuid na roghanna beartais a ndearnadh measúnú orthu sa Mheasúnú Tionchair. Meastar ó chuid de na roghanna tosaíochta go méadófar costais riaracháin, cur chun feidhme agus forfheidhmithe le haghaidh comhlachtaí rialála agus rannpháirtithe sa mhargadh. Mar shampla, níos mó malartuithe riaracháin idir údaráis náisiúnta rialála agus seoladóirí gás nádúrtha, iarrachtaí comhordúcháin níos mó idir oibreoirí córais dáileacháin agus oibreoirí córais tarchuir, agus tuilleadh iarrachtaí rialála agus cur chun feidhme le haghaidh na mBallstát agus údarás náisiúnta, d’fhéadfadh na rudaí sin eascairt as

na bearta atá beartaithe. É sin ráite, meastar go mbeidh costais rialála níos ísle agus níos éifeachtúla ón gcreat leasaithe.

Thairis sin, léirítear sa Mheasúnú Tionchair gurb iad na bearta atá bearta na roghanna rialála is costéifeachtaí chun cuspóir uileghabhálach an tionscnaimh a bhaint amach, eadhon rialacha a bhunú maidir le tarchur, dáileadh, soláthar agus stóráil gás meataín agus hidrigine lena bhféadfaidh tacú le dícharbónú an chórais fuinnimh agus fuinneamh slán agus inacmhainne á áirithiú.

Ní mór measúnú a dhéanamh ar na costais rialála gearrthéarmacha arna dtabhú i gcuid de na bearta tosaíochta in aghaidh na gcostas agus na n-iarrachtaí a bheadh ag teastáil maidir le comhtháthú agus dícharbónú mall an chórais fuinnimh san fhadtéarma. Na tairbhí a measfar a tháirgfear na roghanna i dtéarmaí tacaíocht a thabhairt do fhoinsí in-athnuaite, comhtháthú an chórais fuinnimh, cosaint tomhaltóirí agus slándáil fuinnimh, don chuid is mó beidh siad níos airde ná na costais riaracháin agus cur chun feidhme láithreacha.

Rannchuideoidh an togra níos fearr chun an creat rialála atá ann faoi láthair a shimpliú trí na forálacha maidir le bonneagar gáis agus an margadh gáis a chomhchuiibhiú leis an ailtireacht rialála nua arna cheapadh ag an bPacáiste Fuinnimh Glan le haghaidh na hearnála leictreachais. Meastar go rachaidh níos mó ailínithe idir na hearnálacha chun sochair roinnt mhaith réimsí rialála, go háirithe cumasú agus cosaint na dtomhaltóirí, rialachas agus maoirseacht rialála. Tá rannchuidithe comhchosúla beartaithe i dtabhairt isteach luath creata rialála maidir le bonneagair hidrigine agus margaí. Cé gur dócha go méadóidh na rialacha sin na costais riaracháin láithreacha agus an t-ualach rialála le haghaidh údaráis náisiúnta agus oibreoirí margaidh, meastar go ndéanfaidh comhchuiibhiú luath de phrionsabail rialála maidir le hidrigin costais comhlíontachta amach anseo a laghdú go suntasach agus an riosca maidir le héagsúlachtaí rialála móra agus costais cur chun feidhme a sheachaint.

- **Ceartha bunúsacha**

Rud rithabhachtach is ea é luachanna an Aontais agus ceartha bunúsacha agus slándáil na saoránach a chosaint fad a bheidh timpeallacht seo an fhuinnimh ghlaais, dhigitigh ag teacht chun cinn. Is chuige sin a forbraíodh na bearta beartais atá beartaithe maidir le bainistiú sonraí, agus é d'aidhm leo rochtain agus úsáid fhorleathan teicneolaíochtaí digiteacha agus seirbhísí sonraí-bhunaithe a áirithiú agus, ag an am céanna, ardleibhéal a ráthú i dtaca leis an gceart chun saoil phríobháidigh agus chun cosanta sonraí pearsanta, mar a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Maidir leis an tionchar buiséadach ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh a ghabhann leis an togra faoin bpacáiste seo, baineann sé le hacmhainní daonna na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus Ard-Stiúrtóireacht an Fhuinnimh sa Choimisiún Eorpach (AS ENER) a bhfuil cur síos déanta orthu sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún maidir le hathmhúnlú ar an [Rialachán maidir le Gás]. Go bunúsach, na cúraimí nua a bheidh le déanamh ag ACER, go háirithe na cúraimí maidir leis na rialacha lena n-éascaítear forbairt earnála hidrigine a bheidh iomaíoch, ach chomh maith leis sin, an méadú atá ag teacht ar chastacht na margaí gáis de bharr sciar méadaitheach de gháis eile seachas gás nádúrtha, is gá dá mbarr sin 21 coibhéiseach lánaimseartha breise a thabhairt isteach in ACER ó 2023 ar aghaidh. Ní mór acmhainní daonna Ard-Stiúrtóireacht an Fhuinnimh a threisiú le 5 choibhéiseach lánaimseartha, chun na rialacha nua a chur chun feidhme ar rialacha iad atá beartaithe le haghaidh earnáil atá nua agus ag fás, chun cineálacha nua gás a chomhtháthú sa

mhargadh gáis agus sa bhonneagar gáis agus chun na forálacha neartaithe maidir le tomhaltóirí a fhorfheidhmiú.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh dhá shraith sa chur chuige a úsáidtear san fhaireachán ar an dul chun cinn, eadhon tuairisciú bliantúil ó ACER agus meastóireacht ón gCoimisiún.

Sainordú ACER maidir le faireachán agus tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht an mhargaidh ina thuarascáil bhliantúil faireacháin mhargaidh (oibleagáid i Rialachán (CE) Uimh. 715/2009), coinneofar an sainordú sin, agus leathnófar a raon feidhme chun an hidrigin a chuimsiú. Laistigh de bhliain amháin tar éis na tograí a ghlacadh, iarrfaidh an Coimisiún ar ACER athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a tháscairí faireacháin (le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí lena mbaineann) chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith ábhartha maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ionsar na cuspóirí is bun leis na tograí seo. Leanfaidh ACER de bheith ag brath ar na foinsí sonraí atá bunaithe cheana agus a úsáideadh chun an tuarascáil faireacháin margaidh a ullmhú, agus an tuarascáil sin arna leathnú chun na sonraí ábhartha maidir leis an hidrigin a chuimsiú.

Tiocfaidh tuairisciú bliantúil ACER in ionad oibleagáidí tuairiscithe an Choimisiúin, na hoibleagáidí sin atá fós ann faoin Treoir maidir le Gás. Leis na tograí mionsonraithe, áiríteofar go mbeidh faireachán ACER comhlántach le cleachtaí faireacháin eile (go háirithe faireachán a dhéanfar faoi Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochtaí Aeráide) lena seachnófar forluí ar bith.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht iomlán ar thionchar na dtionscnamh atá beartaithe, lena n-áirítear éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas agus ábharthacht leanúnach na dtograí, laistigh d'amlíne ar leith tar éis theacht i bhfeidhm na mbeart arna nglacadh (go táscach, 5 bliana). Faoin 31 Nollaig 2030, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Treoir seo agus déanfaidh sé tuarascáil ina leith sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Mar thoradh ar an rialú a thug Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa sa Choimisiún vs an Bheilg (cás C-543/17), ní mór do na Ballstáit faisnéis atá soiléir agus beacht go leor a chur leis na fógraí a thugann siad faoi bhearta náisiúnta trasuite, faisnéis lena sonraítear na forálacha sin den dlí náisiúnta lena dtrasuitear na forálacha de threoir. Ní mór foráil a dhéanamh maidir leis sin do gach oibleagáid, ní hamháin ag 'leibhéal na n-airteagal'. Má chomhlíonann na Ballstáit an oibleagáid sin, ní bheadh orthu, i bprionsabal, doiciméid mhíniúcháin maidir leis an trasuí a chur chuig an gCoimisiún.

Déanfar an Rialachán a chur chun feidhme go díreach agus go haonfhoirmeach sna Ballstáit agus níl gá le Doiciméad Míniúcháin dá bhrí sin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cuimsíonn an **treoir athbhreithnithe** atá beartaithe deich gcaibidil ina bhfuil 90 airteagal.

Caibidil 1 – Ábhar, raon feidhme agus sainmhínthe

Leagtar amach i gCaibidil 1 ábhar agus raon feidhme na rialacha maidir le tarchur, dáileadh, soláthar agus stóráil gás a bhaineann úsáid as an gcóras gáis nádúrtha, agus na rialacha maidir

le hiompar, soláthar agus stóráil hidrigine trí úsáid a bhaint as an gcóras hidrigine. Sainmhínítear inti freisin na príomhthearmaí a úsáidtear sa treoirt atá beartaithe.

Caibidil 2 – Rialacha ginearálta maidir le heagrú na margaí

Leagtar síos i gCaibidil 2 na rialacha lena n-áiríteofar margaí gáis a bheidh iomaíoch, dírithe ar leas an tomhaltóra, solúbtha agus neamh-idirdhealaitheach. Tá forálacha inti maidir leis an rochtain ar an margadh, forálacha maidir le gnéithe ar nós saor-rogha an tsoláthróra, praghsanna soláthair margadhbhunaithe, oibleagáidí na seirbhíse poiblí, an inbhuanaitheacht, an deimhniú i ndáil leis an ngás in-athnuaite agus leis an ngás ísealcharbóin, cur chun cinn an chomhair réigiúnaigh, agus rialacha teicniúla.

Caibidil 3 – Cumhachtú agus cosaint tomhaltóirí agus margaí miondíola

Sa chaibidil seo go háirithe tugtar sraith de chearta don tomhaltóir: Leagtar amach inti mionfhaisnéis maidir le cearta conarthacha bunúsacha, cearta maidir le haistriú idir chonarthaí agus maidir le táillí, agus rialacha maidir le huirlisí comparáide, custaiméirí gníomhacha agus pobail fuinnimh saoránach. Tá forálacha inti maidir le billeáil, méadrú cliste agus gnáthmhéadrú, agus bainistiú sonraí freisin.

Tá forálacha inti maidir le pointí teagmhála aonair, an ceart chun díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt, custaiméirí leochaileacha, agus margaí miondíola.

Caibidil 4 – Rochtain tríú páirtí ar bhonneagar

Roinntear an chaibidil seo ina trí chuid chun na nithe seo a leanas a chumhdach: rochtain ar bhonneagar gáis nádúrtha, rochtain ar bhonneagar hidrigine, agus diúltú rochtana agus nasctha.

Caibidil 5 – Na rialacha is infheidhme maidir le tarchur, stóráil agus oibreoirí córais gáis nádúrtha

Leis an gcaibidil seo tugtar mionléiriú ar chúraimí na n-oibreoirí córais tarchuir, córais stórála agus córais GNL, rúndacht agus cumhachtaí cinnteoireachta.

Caibidil 6 – Oibreoirí córais dáileacháin gáis nádúrtha

Leis an gcaibidil seo socraítear ainmniú oibreoirí córais dáileacháin, a dtascanna, na cumhachtaí cinnteoireachta maidir le saoráidí táirgthe nua le haghaidh gáis carbóin in-athnuaite agus ísealcharbóin a nascadh leis an gcóras dáileacháin, díchuachadh na n-oibreoirí córais dáileacháin, na hoibleagáidí atá ar oibreoirí córais dáileacháin i dtaobh na rúndachta, forálacha maidir le córais dáileacháin iata, agus oibreoir comhcheangailte.

Caibidil 7 – Rialacha is infheidhme maidir leis na líonraí hidrigine tiomanta

Foráiltear sa chaibidil seo go háirithe cúraimí na n-oibreoirí gréasáin, stórála agus críochfoirt hidrigine, foráil maidir le gréasáin hidrigine atá ann faoi láthair, gréasáin hidrigine atá críocheithe go geografach, idirnascairí hidrigine le tríú tíortha, agus rúndacht maidir le hoibreoirí.

Caibidil 8 – Pleanáil chomhtháite gréasáin

Leis an gcaibidil seo tugtar mionléiriú ar fhorbairt gréasáin agus cumhachtaí chun cinntí infheistíochta a dhéanamh, forbairt gréasáin hidrigine a thuairisciú, chomh maith le bonneagar hidrigine trasteorann a mhaoiniú.

Caibidil 9 – Díchuachadh oibreoirí córais tarchuir

Roinntear an chaibidil seo ina sé chuid chun na nithe seo a leanas a chumhdach: úinéireacht a dhíchuachadh, oibreoirí córais neamhspleácha, oibreoirí tarchuir neamhspleácha, oibreoirí

gréasáin hidrigine tiomanta a dhíchuachadh agus an t-ainmniúchán, oibreoirí córais gáis nádúrtha agus hidrigine a dheimhniú, agus díchuachadh agus trédhearcacht na gcuntas.

Caibidil 10 – Údaráis rialála

Dírítear sa chaibidil seo ar ainmniú agus neamhspleáchas na n-údarás rialála, cuspóirí ginearálta an údaráis rialála, cuspóirí agus cumhachtaí na n-údarás rialála, córas rialála le haghaidh saincheisteanna trasteorann, na cóid ghréasáin agus treoirlínte a chomhlíonadh, agus taifid a choinneáil.

Caibidil 11 – Forálacha críochnaitheacha

Dírítear sa chaibidil deiridh ar fhorálacha críochnaitheacha agus áirítear ann airteagail go háirithe maidir le bearta coimirce, cothrom iomaíochta, comhaontuithe teicniúla, maoluithe, nós imeachta cumhachtaithe, tarmligean a fheidhmiú, nós imeachta coiste, aisghairm, trasuí, teacht i bhfeidhm, Seolaithe.

Baineann Iarscríbhinn 1 leis na ceanglais íosta maidir le billeáil agus faisnéis bhilleála.

Baineann Iarscríbhinn 2 le méadrú cliste in earnáil an gháis nádúrtha.

Tá tábla comhghaoil in Iarscríbhinn 3.

Cuimsíonn an **rialachán athbhreithnithe** atá beartaithe cúig chaibidil ina bhfuil 69 airteagal.

Caibidil 1 – Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Leagtar amach sa chaibidil seo ábhar agus raon feidhme na rialacha maidir le cuspóirí an Aontais Fuinnimh, an creat aeráide agus fuinnimh chomh maith le tomhaltóirí. Sainmhínítear inti freisin na príomhthéarmaí a úsáidtear sa rialachán atá beartaithe.

Caibidil 2 – Rialacha ginearálta maidir le heagrú na margaí agus rochtain ar an mbonneagar

Leagtar amach sa chaibidil seo na prionsabail ghinearálta chomh maith le sócmhainnbhunú rialáilte a scaradh, rochtain tríú páirtí ar sheirbhísí, measúnú margaidh maidir le gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin, prionsabail maidir le sásraí leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta bainistithe ar phlódú, trádáil i gcearta acmhainne, rialacha comhardúcháin agus muirir i leith éagthroime, deimhniú, agus comhar oibreoirí córais tarchurtha.

Caibidil 3 – Rochtain ar ghréasáin

Leis an gcaibidil seo tugtar mionléiriú ar tharaifí chun rochtain a fháil ar ghréasáin, agus lascaí.

Caibidil 4 – Oibriú córais tarchuir, stórála, GNL agus críochoirt hidrigine

Leagtar amach sa chaibidil seo forálacha maidir le hacmhainn dhocht le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin, comhar trasteorann maidir le cáilíocht gáis, meascáin hidrigine, gréasán Eorpach na n-oibreoirí córais tarchuir don ghás, an faireachán a dhéanfaidh ACER, údaráis rialála, comhairliúcháin, costais, comhar réigiúnach, TYNDP, ceanglais thrédhearcachta, agus taifid a choinneáil.

Caibidil 5 – Oibriú córas dáileacháin

Leis an gcaibidil seo leagtar síos na rialacha maidir le hacmhainn dhocht le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin, comhar idir oibreoirí córais dáileacháin agus oibreoirí córais tarchuir, ceanglas thrédhearcachta, an t-eintiteas Eorpach d'oibreoirí córais dáileacháin. Áirítear inti nósanna imeachta agus cúraimí.

Caibidil 6 – Rochtain ar líonraí hidrigine tiomanta

Dírítear sa chaibidil seo ar chomhar trasteorann maidir le cáilíocht hidrigine, Gréasáin Eorpach na nOibreoirí Gréasáin, a chúraimí, TYNDP maidir le hidrigin, costais, agus comhairliúchán, an faireachán a dhéanfaidh ACER, comhar réigiúnach, agus ceanglais thrédhearcachta.

Caibidil 7 – Cóid ghréasáin agus treoirlínte

Leagtar amach sa chaibidil seo forálacha maidir le cóid ghréasáin agus treoirlínte a ghlacadh, cóid ghréasáin a bhunú, leasuithe ar chóid ghréasáin agus treoirlínte, ceart na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le bearta níos mionsonraithe, foráil maidir le faisnéis a sholáthar agus rúndacht, agus pionóis. Déantar gach ceann de na rialacha a oiriúnú le haghaidh hidrigine.

Caibidil 8 – Forálacha críochnaitheacha

Dírítear sa chaibidil seo ar fhorálacha críochnaitheacha agus áirítear inti airteagail go háirithe maidir le bonneagar gáis nádúrtha agus hidrigine nua, nós imeachta coiste, díolúintí, maoluithe, tarmligean a fheidhmiú, leasuithe ar rialacháin, leasú chun an Rialachán maidir le slándáil an tsoláthair gáis RES&LA a shíniú agus chun bearta a áireamh maidir le cibearshlándáil, dlúthpháirtíocht agus stóráil, aisghairm, agus teacht i bhfeidhm.

Tá treoirlínte in Iarscríbhinn 1.

Tá tábla comhghaoil in Iarscríbhinn 2.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

~~concerning~~ ☒ maidir le ☒ comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás ☒ in-athnuaite agus ☒ nádúrtha ☒ agus sa hidrigin ☒ ~~agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE~~

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ~~establishing the European Community~~ ☒ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ☒ , agus go háirithe ~~Airteagal 47(2) agus Airteagal 194(2)~~ ☒ Airteagal 194(2) ☒ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún ☒ Eorpach ☒ ,

☒ Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta, ☒

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis ~~an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh~~⁴ ☒ an ngnáthnós imeachta reachtach ☒ ,

De bharr an mhéid seo a leanas:

↓ nua

- (1) Rinneadh Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ a leasú go suntasach roinnt uaireanta⁶. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh uirthi, ba cheart í a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

² IO C 211, 19.8.2008, lch. 23.

³ IO C 172, 5.7.2008, lch. 55.

⁴ ~~Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil), Comhsheasamh ón gComhairle an 9 Eanáir 2009 (IO C 70 E, 24.3.2009, lch. 37) agus Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Aibreán 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Cinneadh ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009.~~

⁵ Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

⁶ Féach Iarscríbhinn III, Cuid A.

↓	2009/72/CE	Aithris	1
(oiriúnaithe)			

- (2) Is é is aidhm don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha, atá á chur chun feidhme de réir a chéile ar fud an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ ó 1999 i leith, fíor-rogha a thabhairt do thomhaltóirí uile an Aontais Eorpaigh, cibé acu an saoránaigh nó gnólaigh iad, mar aon le deiseanna nua gnó agus tuilleadh trádála trasteorann, chun gnóthachain éifeachtúlachta a mhéadú, chun praghsanna iomaíocha agus caighdeán níos airde seirbhíse a bhaint amach agus chun cuidiú le slándáil an tsoláthair agus leis an inbhuanaitheacht.

↓	2009/73/CE	Aithris	2
(oiriúnaithe)			
⇒ nua			

- (3) Chuidigh Treoir 2003/55/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialtacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha ☒ agus Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ☒ go mór chun margadh inmheánach sa ghás nádúrtha den chineál sin a chur ar bun.

↓	nua
---	-----

- (4) Mar chuid den Phacáiste ‘Fuinneamh Glan do gach Eorpach’ a mhol an Coimisiún an 30 Samhain 2016, le Rialachán (AE) 2019/943⁸ agus Treoir 2019/944⁹, cuireadh dlús breise le forbairt an mhargaidh inmheánaigh don leictreachas a bhfuil na saoránaigh ag a chroílár agus lena rannchuidítear le cuspóirí an Aontais maidir leis an aistriú chuig córas fuinnimh ghlain agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Ba cheart an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a bhunú de réir na bprionsabal céanna agus, go háirithe, ba cheart leibhéal comhionann cosanta do thomhaltóirí a áirithiú leis.
- (5) Tá spriocanna ag an Aontas astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Dá bhrí sin, ghlac sé tacar tionscnamh chun an sprioc sin a bhaint amach, lena n-áirítear an straitéis maidir le comhtháthú córas fuinnimh agus an straitéis hidrigine a d’fhoilsigh an Coimisiún i mí Iúil 2020 ina leagtar amach an chaoi a ndéantar na margaí fuinnimh a nuashonrú, lena n-áirítear dícharbónú na margaí gáis mar aon le Rialachán (AE) 2018/1999 agus Rialachán (AE) 2021/1119. Leis an Treoir seo, ba cheart rannchuidiú leis na spriocanna sin a bhaint amach, rud a áiritheoidh slándáil an tsoláthair agus margadh inmheánach dea-fheidhmiúil sa ghás, lena n-áirítear sa hidrigin.
- (6) Is é is aidhm don Treoir seo dul i bhfód gás in-athnuaite agus ísealcharbóin sa chóras fuinnimh a éascú, rud a chumasóidh an t-aistriú ó ghás iontaise agus ról tábhachtach a thabhairt do na gáis nua sin i ndáil le cuspóirí aeráide 2030 an Aontais agus cuspóir

⁷ ~~IO L 176, 15.7.2003, lch. 57.~~

⁸ Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

⁹ Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach leictreachais agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

aeráidneodrachta an Aontais do 2050 a bhaint amach. Is é is aidhm don Treoir creat rialála a chur ar bun, creat lena gcuirtear ar a gcumas do na rannpháirtithe uile sa mhargadh ról idirthréimhseach an gháis iontaise a chur san áireamh le linn dóibh a ngníomhaíochtaí a phleanáil agus lena ndreasófar na rannpháirtithe leis sin a dhéanamh chun éifeachtaí glasála a sheachaint agus chun céimniú amach tráthúil an gháis iontaise a áirithiú go sonrach sna hearnálacha tionsclaíochta uile is ábhartha agus chun críoch téimh.

- (7) De thoradh acmhainneacht dhifriúil na mBallstát i ndáil le hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh, aithnítear i straitéis hidrigine an Aontais Eorpaigh go bhfuil tairbhí tábhachtacha don iomaíocht, don inacmhainneacht agus do shlándáil an tsoláthair ag baint le margadh oscailte agus iomaíoch de chuid an Aontais lena ngabhann trádáil trasteorann saor ó bhac. Thairis sin, cuirtear i dtábhacht inti go n-éascófaí leis an aistriú chuig margadh leachtach lena ngabhann trádáil hidrigine bunaithe ar thráchtearraí teacht isteach táirgeoirí nua agus bheadh sé tairbhiúil le haghaidh comhtháthú níos doimhne le hiompróirí fuinnimh eile. Chruthódh sé comharthaí praghaís inmharthana le haghaidh infheistíochtaí agus cinntí oibriúcháin. Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo a bheith fabhrach do theacht chun cinn margaí hidrigine, trádála hidrigine bunaithe ar thráchtearraí agus mol trádála leachtaí agus ba cheart do na Ballstáit deireadh a chur le haon bhacainn mhíchúil air sin. Agus na difríochtaí bunúsacha á n-aithint, ba cheart na rialacha atá ann cheana lenar cumasaíodh oibriochtaí tráchtála éifeachtúla a forbraíodh don mhargadh leictreachais agus gáis agus don trádáil a bheith infheidhme maidir le margaí hidrigine an Aontais a mhéid is iomchuí agus laistigh de thréimhse ama oiriúnach.
- (8) I gcomhréir le Straitéis Hidrigine an Aontais, meastar go gcuirfear hidrigin in-athnuaite in úsáid ar scála mór ón mbliain 2030 i leith chun dícharbónú a dhéanamh ar earnálacha áirithe lena n-áirítear eitlíocht agus loingseoireacht chuig earnálacha tionsclaíochta atá deacair a dhícharbónú. Tairbheoidh na custaiméirí deiridh uile atá nasctha le córais hidrigine de na cearta bunúsacha tomhaltóirí is infheidhme maidir le custaiméirí deiridh atá nasctha leis an gcóras gáis nádúrtha, amhail an ceart chun athrú ó sholáthróir amháin go soláthróir eile agus an ceart chun faisnéise billeála cruinne. Sna cásanna sin ina bhfuil custaiméirí nasctha leis an ngréasán hidrigine, e.g. custaiméirí tionsclaíochta, tairbheoidh siad de na cearta cosanta tomhaltóirí céanna is infheidhme maidir le custaiméirí gáis nádúrtha. Mar sin féin, níl feidhm ag na forálacha tomhaltóirí a cheaptar chun rannpháirtíocht teaghlaigh sa mhargadh a spreagadh, amhail uirlisí praghas-chomparáide, custaiméirí gníomhacha agus pobail fuinnimh saoránach, maidir leis an gcóras hidrigine.
- (9) I gcomhréir le Straitéis Hidrigine an Aontais, tá sé ina thosaíocht ag an Aontas hidrigin in-athnuaite a tháirgtear trí chumhacht na gaoithe agus na gréine go príomha a fhorbairt. Is í an hidrigin in-athnuaite an rogha is comhoiriúnaí do sprioc an Aontais maidir leis an aeráidneodracht agus an truailliú nialasach san fhadtéarma agus an rogha is mó atá i gcomhréir le córas fuinnimh comhtháite. Mar sin féin, d'fhéadfadh breoslaí ísealcharbóin (LCFanna), amhail hidrigin ísealcharbóin (LCH), ról a bheith acu san aistriú fuinnimh go háirithe sa ghearrtéarma agus sa mheántéarma chun astaíochtaí na mbreoslaí atá ann cheana a laghdú go tapa agus chun tacú le glacadh na mbreoslaí in-athnuaite, amhail hidrigin in-athnuaite. Chun tacú leis an aistriú, is gá tairseach a leagan síos maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh hidrigin ísealcharbóin agus breoslaí gásacha sintéiseacha. Ba cheart tairseach den chineál sin a bheith níos déine maidir le hidrigin a tháirgtear i suiteálacha a chuirfear i mbun feidhme ón 1 Eanáir 2031 chun forbairtí teicneolaíochta a chur san áireamh agus

chun an dul chun cinn dinimiciúil sa laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón táirgeadh hidrigine a spreagadh ar bhealach níos éifeachtaí. Cuireadh i dtábhacht i Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Comhtháthú Córas Fuinnimh an gá atá le córas deimhniúcháin uile-Aontais a chur chun feidhme chun breoslaí ísealcharbóin a chumhdach freisin, córas a bhfuil sé d'aidhm aige é a chur ar a gcumas do na Ballstáit na breoslaí sin a chur i gcomparáid le roghanna dícharbónaithe eile agus iad a mheas mar réiteach inmharthana ina meascán fuinnimh féin. Chun a áirithiú go bhfuil an tionchar dícharbónaithe céanna ag LCF i gcomparáid le breoslaí malartacha in-athnuaite, is tábhachtach go bhfuil siad deimhnithe trí chur chuige modheolaíochta a chur i bhfeidhm bunaithe ar mheasúnú saolré ar iomlán a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. D'fhágadh sé sin go bhféadfaí córas deimhniúcháin uile-Aontais cuimsitheach lena gcumhdaítear an meascán fuinnimh ar fud an Aontais a chur chun feidhme. I bhfianaise nach breoslaí in-athnuaite iad LCF agus LCH, ní fhéadfaí an téarmaíocht agus an deimhniúchán a bhaineann leo a áireamh sa togra le haghaidh athbhreithniú ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰. Dá bhrí sin, líontar an bhearna sin lena gcuimsiú sa Treoir seo.

↓ 2009/73/CE Aithris 3

- (10) Na saoirsí a ráthaítear do shaoránaigh an Aontais faoin gConradh – *inter alia*, saorghluaiseacht earraí, saoirse bunaiachta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar – ní féidir iad a ghnóthú ach i margadh atá iomlán oscailte, margadh inar féidir saoirse a bheith ag gach tomhaltóir a soláthróirí a roghnú agus inar féidir saoirse a bheith ag gach soláthróir freastal a dhéanamh ar a gcuid custaiméirí.

↓ 2009/73/CE Aithris 4

- (4) Tá bacadh ann faoi láthair sa Chomhphobal, áfach, ar ghás a dhíol faoi choinníollacha comhionann, gan idirdhealú ná míbhuntáistí. Go háirithe, níl rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an ngréasán ann fós, ná níl comhionannas éifeachta i ngach Ballstát ann fós i dtaca le leibhéal na maoirseachta rialála.

↓ 2009/73/CE Aithris 5

- (5) Leis an Teachtairacht ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2007 dar teideal An Energy Policy for Europe [Beartas Fuinnimh don Eoraip], leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a chomhlánú agus cothrom iomaíochta a chruthú do na gnóthais gáis nádúrtha go léir atá bunaithe sa Chomhphobal. Leis na Teachtairachtaí ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2007 dar teideal Prospects for the internal gas and electricity market [Ionchais an mhargaidh inmheánaigh sa ghás agus sa leictreachas] agus Inquiry pursuant to Article 17 of Regulation (EC) No 1/2003 into the European gas and electricity sectors (Final Report) [Fiosrúchán de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ar carnálacha an gháis agus an leictreachais san Eoraip (Tuairascáil Chríochnaitheach)], léiríodh nach soláthraítear,

¹⁰ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

~~leis na rialacha agus na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, an creat is gá chun cuspóir an mhargaidh inmheánaigh atá ag feidhmiú go maith a bhaint amach.~~

↓ 2009/73/CE Aithris 48
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (11) Ba cheart leasanna tomhaltóirí a bheith i gcoilár na Treorach seo agus ba cheart cáilíocht seirbhíse a bheith ina príomhfhreagracht ar ghnóthais gáis nádúrtha. Is gá na cearta tomhaltóirí atá ann cheana ⇒ agus na cearta rochtana ar sheirbhísí riachtanacha lena n-áirítear fuinneamh, agus coimirce i gcoinne bochtaineachta fuinnimh, mar a luaitear sa Teachtaireacht maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ⇐ a neartú agus a dhearbhu, agus ba cheart trédhearcacht níos mó a bheith san áireamh leo. Ba cheart a áirithiú le cosaint tomhaltóirí, i gcás na dtomhaltóirí uile atá faoi shainchúram an Chomhphobail ☒ Aontais ☒ i gcoitinne, go dtairbheoidh siad de mhargadh ☒ gáis ☒ atá iomaíoch. Ba cheart do na Ballstáit cearta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú nó i gcás ina bhforálann an Ballstát amhlaidh, ba cheart do na húdaráis rialála iad a fhorfheidhmiú.
-

↓ nua

- (12) Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuirtear an fuinneamh i measc na seirbhísí riachtanacha a mbeidh rochtain ag gach duine orthu agus iarrtar leis bearta tacaíochta do na daoine atá i ngátar (prionsabal 20). Iarrtar le Sprioc Forbartha Inbhuanaíthe 7 (SDG7) rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaíthe agus nua-aimseartha a áirithiú do chách.
-

↓ 2009/73/CE Aithris 47
(oiriúnaithe)

- (13) Na ceanglais seirbhíse poiblí agus na caighdeáin íosta chomhchoiteanna a eascraíonn astu, ní mór iad a neartú a thuilleadh chun a áirithiú gur féidir le gach tomhaltóir, go háirithe tomhaltóirí leochaileacha, tairbhiú den iomaíocht agus de phraghsanna córa. Ba cheart na ceanglais seirbhíse poiblí a shainiú ar an leibhéal náisiúnta agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh; Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit dlí an Chomhphobail ☒ Aontais ☒ a urramú. ~~Ba cheart do shaoránaigh an Aontais agus, i gcás ina measann na Ballstáit gurb íomchuí é, fiontair bheaga, a bheith in ann tairbhiú d'oibleagáidí seirbhíse poiblí, go háirithe maidir le slándáil an tsoláthair agus taraifi réasúnta.~~
-

↓ nua

- (14) Ba cheart do na Ballstáit lánrogha leathan a bheith acu chun oibleagáidí seirbhíse poiblí a leagan ar ghnóthais gáis agus cuspóirí de leas ginearálta eacnamaíoch á leanúint acu. Mar sin féin, oibleagáidí seirbhíse poiblí i bhfoirm socrú praghsanna don soláthar gáis nádúrtha, is bearta iad atá saobhach ó bhonn ar minic a leanann carnadh

ar easnaimh taraifí, teorannú ar rogha na dtomhaltóirí, dreasachtaí níos measa i dtaca le caomhnú fuinnimh agus i dtaca le hinfheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh, caighdeáin seirbhíse níos ísle, leibhéil níos ísle de rannpháirtíocht agus sástacht tomhaltóirí, agus srianadh ar an iomaíocht, chomh maith le líon níos lú táirgí agus seirbhísí nuálacha a bheith ar an margadh astu. Dá thoradh sin, ba cheart do na Ballstáit uirlisí eile beartais a chur i bhfeidhm, go háirithe bearta spriocdhírthe faoin mbeartas sóisialta, chun inacmhainneacht an tsoláthair gáis nádúrtha dá saoránaigh a choimirciú. Níor cheart idirghabhálacha poiblí ó thaobh socrú praghsanna don soláthar gáis nádúrtha a chur i bhfeidhm ach amháin mar oibleagáidí seirbhíse poiblí agus ba cheart dóibh a bheith faoi réir ag coinníollacha sonracha a shonraítear sa Treoir seo. Margadh gáis nádúrtha atá iomlán léirscaoilte agus ag feidhmiú go maith, spreagfadh sé iomaíocht faoi phraghsanna agus iomaíocht nach iomaíocht faoi phraghsanna í i measc na soláthróirí atá ann cheana féin agus sholáthródh sé dreasachtaí d'iontrálaithe nua sa mhargadh, rud a d'fheabhsódh roghanna agus sástacht na dtomhaltóirí dá bharr.

- (15) Oibleagáidí seirbhíse poiblí i bhfoirm socrú praghsanna don soláthar gáis nádúrtha, ba cheart iad sin a úsáid, ar bhealach nach sáródh prionsabal na margaí oscailte, in imthosca atá sainithe go soiléir agus i measc tairbhíthe atá sainithe go soiléir, agus ba cheart dóibh a bheith teoranta ina ré. Chun maolú a dhéanamh ar éifeachtaí saofa na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí ó thaobh socrú praghsanna don soláthar gáis nádúrtha, ba cheart do na Ballstáit a chuireann idirghabhálacha den sórt sin i bhfeidhm bearta breise a thabhairt isteach, lena n-áirítear bearta chun cosc a chur ar shaobhadh ar shocrú praghsanna sa mhargadh mórdhíola. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil tairbhíthe uile praghsanna rialáilte in ann tairbhe iomlán a bhaint as na tairiscintí atá ar fáil ar an margadh iomaíoch nuair a roghnaíonn siad déanamh amhlaidh. Chuige sin, ba cheart iad a chur ar an eolas go díreach agus go tráthrialta i dtaobh na dtairiscintí agus na gcoigilteas atá ar fáil ar an margadh iomaíoch, agus ba cheart cúnamh a thabhairt dóibh le freagairt a thabhairt ar thairiscintí atá bunaithe ar an margadh agus tairbhe a bhaint astu.
- (16) Níor cheart tras-fhóirdheonú díreach idir catagóirí éagsúla custaiméara a bheith mar thoradh ar idirghabhálacha poiblí ó thaobh socrú praghsanna don soláthar gáis nádúrtha. De réir an phrionsabail sin, níor cheart go gcuirfeadh córais praghsanna faoi deara go sainráite do chatagóirí áirithe custaiméara costas na n-idirghabhálacha praghsanna a dhéanann difear do chatagóirí eile custaiméara a sheasamh.

↓ 2009/73/CE	Aithris	49
(oiriúnaithe)		
⇒ nua		

- (17) Ba cheart faisnéis shoiléir intuigthe a chur ar fáil do na tomhaltóirí maidir leis na cearta atá acu i ndáil leis an earnáil fuinnimh. ~~Ba cheart don Choimisiún~~ ☒ Rinne an Coimisiún ☒, tar éis dó dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear na Ballstáit, údaráis rialála náisiúnta, eagraíochtaí tomhaltóirí agus gnóthais gáis nádúrtha, seicliosta inrochtana so-úsáidte a bhunú do na tomhaltóirí fuinnimh lena soláthrófar faisnéis phraiticiúil do na tomhaltóirí maidir lena gcearta. Ba cheart an seicliosta sin do na tomhaltóirí fuinnimh ⇒ a choinneáil cothrom le dáta ⇐ agus a sholáthar do na tomhaltóirí uile agus ba cheart é a chur ar fáil go poiblí.

- (18) Ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh go bhfuil gá le hinfheistíocht fheabhsaithe in oideachas agus scileanna na n-oibreoirí i dtionscal an gháis, lena n-áirítear infheistíocht i ndáil le forbairt bonneagair, chun go n-éireoidh leis an aistriú. Bheadh an lua sin i gcomhréir leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (2021/0203 (COD)).
- (19) Leis na rialacha margaidh, ba cheart custaiméirí a chosaint agus a chumhachtú chun roghanna ísealcharbóin a dhéanamh, chun gáis nua in-athnuaite agus ísealcharbóin a leabú go hiomlán san aistriú fuinnimh.
- (20) Tá príomhról ag gás nádúrtha i soláthar an fhuinnimh de dhroim go bhfuil tomhaltas fuinnimh teaghlaigh ó ghás nádúrtha níos airde fós ná an tomhaltas fuinnimh teaghlaigh ó leictreachas. Cé go bhfuil an leictriú ina phríomhghné den aistriú glas, beidh tomhaltas gáis nádúrtha teaghlaigh fós ann sa todhchaí, lena n-áirítear toirteanna méadaitheacha gáis in-athnuaite.
- (21) De thoradh nach raibh earnáil an gháis nádúrtha, lena n-áirítear margadh miondíola an gháis nádúrtha, ina cuid den Phacáiste ‘Fuinneamh Glan do gach Eorpach’, níor cuireadh na forálacha gaolmhara maidir le rannpháirtíocht agus cosaint na dtomhaltóirí in oiriúint do riachtanais an aistrithe fuinnimh, rud a chomhfhreagraíonn ina ionad sin don staid a bhí ann breis agus 10 mbliana ó shin nuair a glacadh an Tríú Pacáiste Fuinnimh.
- (22) Feictear sásamh agus rannpháirtíocht custaiméirí íseal mar aon le glacadh mall i dtaobh gáis nua in-athnuaite agus ísealcharbóin i margadh an gháis nádúrtha agus is léiriú iad na nithe uile sin ar an iomaíocht theoranta i roinnt mhaith Ballstát. Murab ionann agus na praghsanna atá ag titim sna margaí mórdhíola, tháinig méadú ar phraghsanna an gháis nádúrtha le haghaidh custaiméirí teaghlaigh le 10 mbliana anuas agus, mar thoradh air sin, bhí ar chustaiméirí teaghlaigh a dhá nó a thrí oiread níos mó a íoc as a dtomhaltas gáis nádúrtha ná a bhí le híos ag custaiméirí tionsclaíocha.
- (23) Tá solúbthachtaí margaidh agus creat leormhaith de chuid an Aontais maidir le cearta tomhaltóirí in earnáil an gháis nádúrtha, mar atá san earnáil leictreachais, fíor-riachtanach chun a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí a bheith rannpháirteach san aistriú fuinnimh agus tairbhiú de na praghsanna inacmhainne, na caighdeáin mhaithe seirbhíse agus na roghanna tairiscintí éifeachtacha a fhreagraíonn d’fhorbairtí teicneolaíochta.
- (24) Bainfear amach an t-aistriú ó ghás iontaise chuig gás in-athnuaite malartach i gcás ina n-éireoidh an fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite ina rogha tharraingteach neamh-idirdhealaitheach do thomhaltóirí bunaithe ar fhaisnéis fhíor-thrédhearcach ina ndéantar na costais aistrithe a dháileadh go cothrom i measc grúpaí éagsúla tomhaltóirí agus imreoirí margaidh.
- (25) Chun dul i ngleic leis na bearnaí atá ann faoi láthair sa mhargadh miondíola gáis, ní mór aghaidh a thabhairt ar na bacainní iomaíochta agus teicniúla atá ann faoi láthair i ndáil le teacht chun cinn seirbhísí nua, leibhéil seirbhíse níos fearr agus praghsanna tomhaltóirí níos ísle, agus cosaint na dtomhaltóirí atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus atá leochaileach a áirithiú san am céanna.
- (26) Chun leibhéal ard cosanta agus cumhachtaithe tomhaltóirí a áirithiú go comhsheasmhach ar fud na n-earnálacha fuinnimh, ba cheart léiriú a thabhairt ar

chosaint tomhaltóirí an mhargaidh leictreachais, agus i gcás inarb ábhartha, na forálacha cumhachtaithe a ghabhann leis i gcreat reachtach na reachtaíochta maidir leis an margadh gáis dícharbónaithe.

- (27) Chun a bheith comhsheasmhach agus éifeachtach, ba cheart na forálacha uile maidir le cosaint agus cumhachtú tomhaltóirí a chuimsiú sa chur chuige scáthánach seo nuair is féidir sin agus nuair is féidir é a chur in oiriúint don mhargadh gáis. Ba cheart a chuimsiú leis sin cearta bunúsacha conarthacha agus rialacha i ndáil le faisnéis bhilleála, athrú ó sholáthróir fuinnimh amháin go ceann eile, rochtain a bheith ann ar uirlisí comparáide iontaofa, tomhaltóirí leochaileacha agus tomhaltóirí atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh a chosaint, cosaint leordhóthanach sonraí a áirithiú i ndáil le méadair chliste agus bainistíocht sonraí, agus rialacha éifeachtúla malartacha maidir le réiteach díospóidí.
- (28) Agus comhsheasmhacht na bhforálacha á saothrú ar fud na n-earnálacha, ba cheart na hualaí ar riaracháin agus ar ghnólachtaí náisiúnta a bheith teoranta agus comhréireach trí leas a bhaint as an taithí a gnóthaíodh leis an bPacáiste ‘Fuinneamh Glan do gach Eorpach’.
- (29) Meastar go mbeidh an nuachóiriú a dhéanfar ar earnáil an gháis ina chúis le tairbhí suntasacha eacnamaíocha i dtéarmaí iomaíocht miondíola níos fearr agus na sochair shóisialta agus dháileacháin a bhaineann léi agus cumhachtú tomhaltóirí araon, lena n-áirítear cearta conarthacha neartaithe agus faisnéis atá ar fáil agus níos fearr maidir le tomhaltas agus foinsí fuinnimh as a dtiocfaidh cinntí níos glaise. Ba cheart do na pobail is inspéise rannchuidiú le glacadh an gháis in-athnuaite.
- (30) Nuair a dhéantar athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile, is táscaire tábhachtach é i ndáil le rannpháirtíocht na dtomhaltóirí agus is uirlis thábhachtach í freisin chun borradh a chur faoin iomaíocht i margadh an gháis nádúrtha. Tá na rátaí i ndáil le hathrú a dhéanamh ó sholáthróir amháin go ceann eile ar neamhréir go fóill i measc na mBallstát agus díspreagtar iad ón athrú sin a dhéanamh trí tháillí imeachta agus scortha. Cé go bhféadfaí rogha na dtomhaltóirí a theorannú má bhaintear táillí den sórt sin trí dheireadh a chur le táirgí atá bunaithe ar dhílseacht custaiméirí, ba cheart go bhfeabhsófaí leas tomhaltóirí, rannpháirtíocht tomhaltóirí agus iomaíocht sa mhargadh má dhéantar úsáid na dtáillí sin a shrianadh tuilleadh.
- (31) Le hamanna ionchasacha níos giorra maidir le hathrú ó sholáthróir amháin go ceann eile, is dócha go spreagfar custaiméirí le margáí fuinnimh níos fearr a chuardach agus athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile. Leis an úsáid mhéadaithe a bhaintear as teicneolaíocht faisnéise, ba cheart é a bheith indéanta faoin mbliain 2026 an próiseas athraithe teicniúil ina gcláraíonn oibreoir margaidh soláthróir nua i bpointe méadráithe a thabhairt chun críche laistigh de 24 uair an chloig ar aon lá oibre. Trína áirithiú gur féidir le próiseas teicniúil an athraithe tarlú laistigh de 24 uair an chloig faoin dáta sin, dhéanfaí amanna maidir leis an athrú a íoslaghdu, rud a chabhródh le rannpháirtíocht na dtomhaltóirí agus le hiomaíocht miondíola a mhéadú.
- (32) Cuireann roinnt tosca bac ar thomhaltóirí rochtain a fháil ar na foinsí éagsúla faisnéise faoin margadh atá ar fáil dóibh, iad a thuiscint agus gníomhú bunaithe orthu. Fágann sé sin gur cheart inchomparáideacht na dtairiscintí a fheabhsú agus gur cheart bacainní ar athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile a íoslaghdu a mhéid agus is indéanta ach fós gan teorannú míchuí a dhéanamh ar rogha na dtomhaltóirí.
- (33) Is modh éifeachtach do chustaiméirí beaga iad uirlisí comparáide neamhspleácha, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin, chun measúnú a dhéanamh ar an bhfiúntas a

bhaineann leis na tairiscintí fuinnimh éagsúla atá ar fáil ar an margadh. Ba cheart é a bheith d'aidhm leo an raon is leithne is féidir de na tairiscintí atá ar fáil a chumhdach, agus an cumhdach is iomláine agus is indéanta a thabhairt ar an margadh, sa chaoi go mbeidh forléargas ionadaíoch ag an gcustaiméir. Tá sé rithabhachtach rochtain a bheith ag custaiméirí beaga ar uirlis chomparáide amháin ar a laghad agus an fhaisnéis a thugtar sna huirlisí sin a bheith iontaofa, neamhchlaonta agus trédhearcach. Chuige sin, d'fhéadfadh Ballstáit foráil d'uirlis chomparáide a bhíonn á oibriú ag údarás náisiúnta nó ag cuideachta phríobháideach.

(34) Ba cheart do na custaiméirí deiridh a bheith in ann gás in-athnuaite féinghinte a ídiú, a stóráil agus ba cheart dóibh a bheith rannpháirteach sna margai gáis nádúrtha uile trí sheirbhísí coimhdeacha a sholáthar don chóras, mar shampla, trí stóráil fuinnimh. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann forálacha éagsúla a bheith acu ina ndlí náisiúnta a mhéid a bhaineann le cánacha agus tobhaigh ar chustaiméirí gníomhacha aonair agus ar chustaiméirí gníomhacha a bhíonn ag gníomhú go comhpháirteach.

(35) Ba cheart catagóirí áirithe tionscnamh fuinnimh ó na saoránaigh a aithint mar 'phobail fuinnimh saoránach' i margadh an gháis nádúrtha ar leibhéal an Aontais chun aitheantas a thabhairt don ról atá acu i ndíchcarbónú an chórais fuinnimh. Ba cheart do na pobail sin úsáid an gháis in-athnuaite sa chóras gáis nádúrtha a éascú. Chun creat cumasúcháin a sholáthar dóibh, ba cheart cóir chothrom, cothroime iomaíochta agus catalóg dea-shainithe ceart agus oibleagáidí a leagan síos ina dtugtar léiriú ginearálta ar an struchtúr ballraíochta, ar na ceanglais rialachais agus cuspóirí na bpobal fuinnimh saoránach i dTreoir (AE) 2019/944.

(36) Ní fhágann na forálacha ar phobail fuinnimh saoránach go gcoisctear tionscnaimh eile ó na saoránaigh, amhail Comhphobail Fuinnimh In-athnuaite i dTreoir (AE) 2018/2001 nó tionscnaimh a eascraíonn as comhaontuithe sa dlí phríobháideach, a bheith ann. Ba cheart ballraíocht i bpobail fuinnimh saoránach a bheith ar oscailt do gach catagóir eintiteas. Mar sin féin, ba cheart na cumhachtaí cinnteoireachta laistigh de phobal fuinnimh saoránach a bheith teoranta do na baill sin nó na geallsealbhoirí sin nach bhfuil ag gabháil do ghníomhaíocht tráchtála ar mhórsála agus nach réimse príomhúil de ghníomhaíocht eacnamaíoch í an earnáil fuinnimh dóibh. Ciallaíonn sé sin nach mór do na pobail fuinnimh saoránach agus do bhaill agus geallsealbhoirí aonair neamhspleáchas airgeadais agus eacnamaíoch a bheith acu ó na heintitis atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí den chineál sin, d'ainneoin na féidearthachta atá ag na pobail fuinnimh saoránach bainistiú na suiteálacha atá ag teastáil dá gcuid gníomhaíochtaí a tharmligean, lena n-áirítear suiteáil, oibriú, láimhseáil sonraí agus cothabháil.

(37) Is modh tábhachtach iad na billí agus an fhaisnéis bhilleála chun eolas agus cumhacht a thabhairt do na custaiméirí deiridh. Is iad billí fuinnimh an t-ábhar inní is mó agus an fhoinsé gearán is coitianta i measc tomhaltóirí, rud a rannchuidíonn leis na leibhéil sheasmhacha ísle de shástacht agus rannpháirtíocht tomhaltóirí in earnáil an gháis. Tá na forálacha maidir le faisnéis bhilleála in earnáil an gháis chun deiridh ar na cearta a dheonaítear do chustaiméirí san earnáil leictreachais. Dá bhrí sin, is gá iad a ailíniú agus ceanglais íosta maidir le billeáil agus faisnéis bhilleála in earnáil an gháis a leagan síos chun go mbeidh rochtain ag custaiméirí ar fhaisnéis atá trédhearcach agus éasca le tuiscint. Ba cheart faisnéis faoina dtomhaltas agus faoina gcostais a chur in iúl do na custaiméirí deiridh sna billí, faisnéis lena féidir comparáid a dhéanamh idir tairiscintí agus athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile, mar aon le faisnéis faoina gcearta tomhaltóirí (amhail réiteach díospóidí). Ina theannta sin, ba cheart billí a úsáid mar uirlis chun dul i mbun plé gníomhach le tomhaltóirí sa mhargadh ionas gur féidir

le tomhaltóirí a bpatrúin tomhaltais a bhainistiú agus roghanna níos glaise a dhéanamh.

- (38) Tá tábhacht le soláthar tráthrialta faisnéise billeála atá beacht agus bunaithe ar thomhaltas gáis iarbhír, arna éascú le méadrú cliste, chun cabhrú le custaiméirí smacht a bheith acu ar a dtomhaltas gáis agus ar a gcostais gháis. Mar sin féin, ba cheart rochtain a bheith ag custaiméirí, go háirithe custaiméirí teaghlaigh, ar shocrúithe solúbtha d'íocaíocht iarbhír a mbillí.

↓ 2009/73/CE Aithris 47
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (39) Is gné thábhachtach den soláthar do chustaiméirí é an rochtain ar shonraí tomhaltais atá oibiachtúil agus trédhearcach. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain a bheith ag tomhaltóirí ar a gcuid sonraí tomhaltais agus ar phraghsanna agus costais seirbhísí a bhaineann leo ionas gur féidir leo iarraidh ar iomaitheoirí tairiscint a dhéanamh ar bhonn ~~na sonraí~~ ☒ na faisnéise ☒ . Ba cheart an ceart a bheith ag tomhaltóirí freisin a bheith ar an eolas go cuí faoina dtomhaltas fuinnimh. Le réamhíocaíochtaí, ⇒ níor cheart míbhuntáiste díréireach a leagan ar úsáideoirí, agus san am céanna ⇐ ~~reflect the likely consumption of natural gas and~~ ba cheart córais íocaíochta éagsúla a bheith neamh-idirdhealaitheach. Le faisnéis faoi chostais fuinnimh a sholáthar do thomhaltóirí sách minic, ~~eruthófar~~ ☒ ba cheart ☒ dreasacht ☒ a í ☒ <a chruthú> maidir le coigealtas fuinnimh mar go dtabharfar aiseolas díreach do chustaiméirí maidir leis na héifeachtaí atá ag an infheistíocht san éifeachtúlacht fuinnimh agus ag athrú iompair.

↓ 2009/73/CE Aithris 52
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (40) ⇒ I dtaca le cinneadh a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta faoi chórais méadrúcháin chliste a chur chun feidhme, ⇐ ~~Ba~~ ba cheart a bheith in ann ☒ cinneadh den chineál sin ☒ ~~the introduction of intelligent metering systems~~ a bhunú ar mheasúnú eacnamaíoch. ⇒ Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú eacnamaíoch sin na tairbhí fadtéarmacha a bhaineann le córais méadrúcháin chliste a chur chun feidhme do thomhaltóirí agus don slabhra luacha iomlán. ⇐ Dá mba rud é go gcinntí de bharr an mheasúnaithe sin nach bhfuil tabhairt isteach na gcórais méadráithe sin réasúnta ó thaobh na gné eacnamaíche de ná costéifeachtach ach amháin i gcás tomhaltóirí a bhfuil tomhaltas gáis ⇒ nádúrtha ⇐ áirithe acu, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann é sin a chur san áireamh ~~agus córais méadráithe chliste a gcur chun feidhme acu~~ ☒ agus iad ag dul ar aghaidh leis an gcur chun feidhme ☒. ⇒ Mar sin féin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe den sórt sin go tráthrialta mar fhreagairt ar athruithe suntasacha sna toimhdí bunúsacha, nó gach 4 bliana ar a laghad, i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha atá ag éabhlú go tapa. ⇐

- (41) Chun cuidiú le rannpháirtíocht ghníomhach na gcustaiméirí deiridh sa mhargadh, ba cheart aird chuí a thabhairt d'úsáid na gcaighdeán ábhartha atá ar fáil leis na córais méadrúcháin chliste atá le cur chun feidhme, lena n-áirítear na córais lena gcumasaítear idir-inoibritheacht ar leibhéal na samhla sonraí agus ar leibhéal shraith na feidhme, dea-chleachtais agus an tábhacht a bhaineann le malartú sonraí a chur chun cinn, mar aon le seirbhísí fuinnimh tothchaíocha agus nuálacha. Thairis sin, níor cheart na córais méadrúcháin chliste a chuirtear chun feidhme a bheith ina mbacainn ar athrú a dhéanamh ó sholáthróir amháin go ceann eile, agus ba cheart iad a bheith feistithe le feidhmiúlachtaí atá oiriúnach dá gcuspóir a chuireann ar chumas tomhaltóirí rochtain tráthúil a bheith acu ar shonraí faoina dtomhaltas, a n-iompar fuinnimh a mhodhnú, luach saothair a fháil as, agus coigiltí a fháil ar a mbillí leictreachais.
- (42) Ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil méadraithe chliste á gcur chun feidhme go córasach acu i gcóras an gháis nádúrtha an deis a thabhairt do thomhaltóirí leas a bhaint as méadar cliste a shuiteáil, ar iarratas uathu agus faoi dhálaí cothroma réasúnta, agus ba cheart do na Ballstáit faisnéis ábhartha a sholáthar dóibh.
- (43) Faoi láthair, tá samhlacha difriúla don bhainistiú sonraí forbartha sna Ballstáit nó á bhforbairt iontu tar éis do chórais méadrúcháin chliste a bheith curtha chun feidhme. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit, go neamhspleách ar an tsamhail bainistithe sonraí, rialacha trédhearcacha i bhfeidhm, lena n-áirítear rochtain a fháil ar shonraí faoi dhálaí neamh-idirdhealaitheacha agus lena n-áirítear an leibhéal cibearshlándála agus cosanta sonraí is airde chomh maith le neamhchlaontacht na n-eintiteas a bhíonn ag próiseáil sonraí.

- (44) Tugtar ráthaíocht do chosaint níos mó do thomhaltóirí trí mhodhanna éifeachtacha maidir le réiteach díospóidí a bheith ar fáil do gach tomhaltóir. Ba cheart do na Ballstáit ☒ foráil a dhéanamh maidir le ☒ nósanna imeachta atá tapa agus éifeachtach a thabhairt isteach chun gearáin a láimhseáil.

- (50) ~~Is fadhb í an bhochtaineacht fuinnimh atá ag teacht chun cinn sa Chomhphobal. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a ndéantar difear dóibh pleananna gníomhaíochta náisiúnta nó creataí iomchuí eile a fhorbairt chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, mura bhfuil sé sin déanta acu go fóill, agus é ina chuspóir acu an líon daoine atá thíos leis an staid sin a laghdú. In aon chás, ba cheart do na Ballstáit an soláthar fuinnimh is gá a áirithiú do chustaiméirí leochaileacha. Agus é sin á dhéanamh acu, d'fhéadfaí leas a bhaint as cur chuige comhtháite, mar a dhéantar i gceat an bheartais shóisialta, agus d'fhéadfaí a áireamh leis na bearta beartais shóisialta nó feabhas ar an~~

↓ nua

- (45) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is iomchuí, amhail sochair a sholáthar trí bhithin a gcóras slándála sóisialta chun an soláthar is gá a áirithiú do chustaiméirí leochaileacha, nó foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht d'fheabhsuithe ar an éifeachtúlacht fuinnimh, chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh nuair a shainaithnítear í de bhun Airteagal 3(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, lena n-áirítear i gcomhthéacs na bochtaineachta i gcoitinne. D'fhéadfadh na bearta sin a bheith éagsúil de réir na ndálaí ar leith sna Ballstáit atá i gceist agus d'fhéadfaí bearta den bheartas sóisialta nó fuinnimh a áireamh orthu i ndáil le billí gáis a íoc, le hinfheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh cónaithe, nó le cosaint tomhaltóirí amhail coimircí i gcoinne dínascadh.
- (46) De bhun Rialachán (AE) 2018/1999 agus Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², chuir an Coimisiún treoir tháscach ar fáil¹³ maidir le táscairí iomchuí chun an bhochtaineacht fuinnimh a mheas agus chun 'líon suntasach de theaghlaigh atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh' a shainiú.
- (47) Le simpliú agus sruthlíniú na bpróiseas riaracháin um dheonú ceadanna agus le teorainneacha ama soiléire a leagan síos do na cinntí atá le glacadh ag na húdaráis inniúla chun údarú a eisiúint, ba cheart a áirithiú gur féidir saoraidí táirgthe hidrigine agus bonneagar córais hidrigine a chur chun feidhme ar luas atá leordhóthanach. Ba cheart a iarraidh ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta. Beidh gá leis na húdruithe (amhail ceadúnais, ceadanna, lamháltais nó formheasanna) arna ndeonú faoin dlí náisiúnta le haghaidh tógáil agus oibriú píblínte gáis nádúrtha atá ann cheana agus acmhainní gréasáin eile a mharthanú a luaithe a athróidh an t-íompróir fuinnimh ghásaigh arna iompar i bpíblíne gáis ó ghás nádúrtha go hidrigin (ion). Ba cheart go gcoiscfí leis sin moill mhíchú i ndáil le hathrú cuspóra a dhéanamh ar phíblínte gáis nádúrtha atá ann cheana agus ar acmhainní gréasáin eile le haghaidh an iompair hidrigine. Ba cheart cás ina bhfuil na coinníollacha maidir le húdruithe a dheonú do bhonneagar an chórais hidrigine éagsúil go hábharach a sheachaint mura bhfuil údar cuí leis. D'fhéadfadh breithnithe teicniúla sláinte a bheith ina n-údar cuí le cur chuige difreáilte i ndáil le húdruithe atá ann cheana a mharthanú nó údruithe nua a eisiúint. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin maidir le nósanna imeachta údaraithe gan dochar don dlí idirnáisiúnta ná do dhlí an Aontais, lena n-áirítear forálacha chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint. I gcás a bhfuil bonn cirt cuí leis ar fhorais gurb ann d'imthosca urghnácha, ba cheart a bheith in ann síneadh

¹¹ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

¹² Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach leictreachais agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

¹³ Moladh ón gCoimisiún an 14.10.2020 maidir le bochtaineacht fuinnimh, C(2020) 9600 final

bliana ar a mhéid a chur leis na teorainneacha ama le haghaidh nósanna imeachta údaraithe.

- (48) Trí Threoir a thabhairt do na hiarratasóirí trí bhíthin pointe teagmhála riaracháin ar feadh na bpróiseas riaracháin maidir le hiarratas a dhéanamh ar chead agus maidir le cead a dheonú, tá sé beartaithe an chastacht le haghaidh forbróirí tionscadail a laghdú agus éifeachtúlacht agus trédhearcacht a mhéadú. Dá bhféadfadh iarratasóirí na doiciméid ábhartha a chur isteach i bhfoirm dhigiteach agus dá mbeadh lámhleabhar i ndáil leis na nósanna imeachta ar fáil, chuirfí leis an éifeachtúlacht. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na húdaráis a chuireann nósanna imeachta údaraithe chun feidhme rannpháirteach go gníomhach in aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais amhail eolas neamhleor, acmhainní daonna agus digiteacha lena gcuirtear bac ar an líon nósanna imeachta údaraithe atá ag dul i méid.

↓ 2009/73/CE Aithris 6

- (49) Mura ndéanfar na gréasáin a dheighilt go héifeachtach ó ghníomhaíochtaí táirgthe agus soláthair (díchuachadh éifeachtach), tá riosca idirdhealaithe ann, ní hamháin in oibriú an ghréasáin, ach sna dreasachtaí do ghnóthais atá comhtháite go hingearach i dtaca le hinfheistíocht leordhóthanach a dhéanamh sna gréasáin atá acu freisin.

↓ 2009/73/CE Aithris 7

- (50) Mar sin féin, ní raibh díchuachadh éifeachtach na n-oibreoirí córais tarchurtha ina thoradh ar na rialacha maidir le díchuachadh dlíthiúil agus feidhmiúil dá bhforáiltear i dTreoir 2003/55/CE. Dá bhrí sin, ag an gcrúinniú a thionóil sí an 8 agus an 9 Márta 2007, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tograí reachtacha a fhorbairt maidir le deighilt éifeachtach na ngníomhaíochtaí soláthair agus táirgthe ó na hoibríochtaí gréasáin.

↓ 2009/73/CE Aithris 8
(oiriúnaithe)

- (51) Ní féidir díchuachadh éifeachtach a áirithiú ach amháin trí dheireadh a chur leis an dreasacht do ghnóthais atá comhtháite go hingearach i dtaobh idirdhealú a dhéanamh i gcoinne iomaitheoirí i dtaca le rochtain ar an ngréasán agus i dtaca leis an infheistíocht. Is léir gur bealach éifeachtach cobhsaí é an díchuachadh úinéireachta, a fhágann go gceapfar úinéir an ghréasáin mar oibreoir an chórais agus go mbeidh sé neamhspleách ar aon leasanna soláthair agus táirgthe, chun an choinbhleacht leasa is gné dhílis den ghnó a réiteach agus chun slándáil an tsoláthair a áirithiú. Ar an gcúis sin, thagair Parlaimint na hEorpa, sa rún uaithi an 10 Iúil 2007 maidir leis na hionchais don mhargadh inmheánach sa ghás agus sa leictreachas⁴⁴, do dhíchuachadh úinéireachta ar an leibhéal tarchurtha mar an uirlis is éifeachtaí chun infheistíochtaí sa bhonneagar a spreagadh ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus rochtain chóir ar an ngréasán d'iontrálaithe nua agus ar thrédhearcacht a spreagadh sa mhargadh. Faoin

¹⁴ ~~IO C 175 E, 10.7.2008, lch. 206.~~

díchuachadh úinéireachta, ba cheart a chur de cheangal ar na Ballstáit, dá bhrí sin, a áirithiú nach mbeidh an duine céanna nó na daoine céanna i dteideal rialú a fheidhmiú ar ghnóthas táirgthe nó soláthair agus, ag an am céanna, rialú nó aon cheart a fheidhmiú ar oibreoir córais tarchurtha nó ar chóras tarchurtha. Os a choinne sin, ba cheart go bhfágfadh rialú ar chóras tarchurtha nó ar oibreoir córais tarchurtha nach bhféadfaí rialú ná aon cheart a fheidhmiú ar ghnóthas táirgthe nó soláthair. Laistigh de na teorainneacha sin, ba cheart do ghnóthas táirgthe nó soláthair a bheith in ann scairsheilbh mhionlaigh a bheith aige in oibreoir córais tarchurtha nó i gcóras tarchurtha.

↓ 2009/73/CE Aithris 9

- (52) Ba cheart d'aon chóras um dhíchuachadh a bheith éifeachtach ó thaobh aon choinbhleacht leasa idir táirgeoirí, soláthróirí agus oibreoirí córais tarchurtha a bhaint, chun dreasachtaí a chruthú do na hinfheistíochtaí is gá agus chun rochtain na n-iontrálaithe nua ar an margadh a rathú faoi chóras rialála atá trédhearcach agus éifeachtach, agus níor cheart córas rialála ró-throm a chruthú do na húdaráis rialála náisiúnta.

↓ 2009/73/CE Aithris 10

- (53) Is ó Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) a thógtar an sainmhíniú ar an téarma 'rialú'¹⁵.

↓ 2009/73/CE Aithris 11

- (54) ~~Toise go gceanglaítear, faoin díchuachadh úinéireachta, athstruchtúrú a dhéanamh ar ghnóthais i geásanna áirithe, ba cheart am breise a thabhairt do na Ballstáit a chinneann díchuachadh úinéireachta a chur chun feidhme, chun na forálacha ábhartha a chur i bhfeidhm. I bhfianaise na nasc ingearach idir earnáil an leictreachais agus earnáil an gháis, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le díchuachadh sa dá earnáil.~~

↓ nua

- (55) I gcodarsnacht leis sin, maidir le hearnáil na hidrigine, d'fhéadfaí teacht chun cinn gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach a sheachaint trí rialacha soiléire oscailte a leagan síos ar an gcéad dul síos. Is fearr sin ná ceanglais maidir le díchuachadh *ex-post* costasach a mbeadh am ag teastáil lena gcur chun feidhme.

¹⁵ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

↓ 2009/73/CE Aithris 12

- (56) Faoin díchuachadh úinéireachta, agus chun neamhspleáchas iomlán a áirithiú idir oibriú an ghréasáin agus leasanna soláthair agus táirgthe agus chun cosc a chur le malartuithe faisnéise rúnda, níor cheart an duine céanna a bheith ina chomhalta de na boird bhainistíochta d'oibreoir córais tarchurtha nó córas tarchurtha araon agus gnóthais a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe nó soláthair. Ar an gcúis chéanna, níor cheart an duine céanna a bheith i dteideal comhaltaí a cheapadh ar bhord bainistíochta oibreora córais tarchurtha nó córais tarchurtha ná rialú nó aon cheart a fheidhmiú ar ghnóthas táirgthe nó soláthair.
-

↓ 2009/73/CE Aithris 13

- (57) Trí oibreoir córais nó oibreoir tarchurtha a chur ar bun atá neamhspleách ar na leasanna soláthair agus táirgthe, ba cheart do ghnóthas atá comhtháite go hingearach a bheith in ann úinéireacht ar shócmhainní gréasáin a choinneáil agus, ag an am céanna, deighilt éifeachtach idir leasanna a áirithiú, ar choinníoll go ndéanann oibreoir córais neamhspleách nó oibreoir tarchurtha neamhspleách den sórt sin gach feidhm de chuid oibreora córais agus ar choinníoll sásraí mionsonraithe rialála agus sásraí forleathana rialála i bhfeidhm.
-

↓ 2009/73/CE Aithris 14
(oiriúnaithe)

- (58) Más rud é an 3 Meán Fómhair 2009, ~~go bhfuil~~ go raibh ☒ , gnóthas a bhfuil córas tarchurtha ina sheilbh aige ina chuid de ghnóthas atá comhtháite go hingearach, ba cheart rogha a thabhairt do na Ballstáit idir an díchuachadh úinéireachta agus oibreoir córais nó oibreoir tarchurtha a chur ar bun atá neamhspleách ar leasanna soláthair agus táirgthe.
-

↓ 2009/73/CE Aithris 15

- (59) Chun leasanna geallsealbhóirí i ghnóthas atá comhtháite go hingearach a chaomhnú go hiomlán, ba cheart rogha a bheith ag na Ballstáit an díchuachadh úinéireachta a chur chun feidhme trí dhífheistiú díreach nó trí scaireanna an ghnóthais chomhtháite a dheighilt ina scaireanna den ghnóthas gréasáin agus scaireanna den ghnóthas soláthair agus táirgthe atá fágtha, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais a eascraíonn as díchuachadh úinéireachta.
-

↓ 2009/73/CE Aithris 16
(oiriúnaithe)

- (60) An éifeachtacht iomlán atá ag réitigh an oibreora córais neamhspleách nó an oibreora tarchurtha neamhspleách, ba cheart í a áirithiú trí bhíthin rialacha sonracha breise. Cuireann na rialacha maidir leis an oibreoir tarchurtha neamhspleách creat rialála

iomchuí ar fáil chun iomaíocht chothrom, infheistíocht leordhóthanach, rochtain d'iontrálaithe margaidh nua agus comhtháthú na margaí gáis a ráthú. Ba cheart díchuachadh éifeachtach trí na forálacha maidir le hoibreoirí tarchurtha neamhspleácha a bheith bunaithe ar cholún de bhearta eagraíochtúla agus de bhearta a bhaineann le rialachas na n-oibreoirí córais tarchurtha agus ar cholún de bhearta a bhaineann le hinfeistíocht, rud a nascann acmhainneachtaí táirgeachta nua sa ghréasán agus comhtháthú margaidh trí chomhar réigiúnach. Ba cheart neamhspleáchas an oibreora tarchurtha, *inter alia*, a áirithiú freisin trí thréimhsí ‘marana’ áirithe, nach ndéantar lena linn aon bhainistiú ná aon ghníomhaíocht ábhartha eile lena dtugtar rochtain ar an bhfaisnéis chéanna a d’fhéadfadh a bheith faighte i suíomh bainistíochta, a fheidhmiú sa ghnóthas atá comhtháite go hingearach. ~~Samhail an oibreora tarchuir neamhspleách i leith díchuachadh éifeachtach, tá sí i gcomhréir leis na ceanglais a leag an Chomhairle Eorpach síos ag an gcuiniciú a bhí aici an 8 agus an 9 Márta 2007.~~

↓ 2009/73/CE Aithris 17
⇒ nua

- (61) Chun iomaíocht a chur chun cinn sa mhargadh inmheánach sa ghás, ba cheart do chustaiméirí móra neamhtheaghlaigh ⇒ , atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí tráchtála ar mórscaála, ⇐ a bheith in ann a gcuid soláthróirí a roghnú agus conarthaí a dhéanamh le roinnt soláthróirí chun a gcuid riachtanas gáis a áirithiú. Ba cheart na custaiméirí sin a chosaint i gcoinne clásail eiseachais a bhfuil d’éifeacht acu tairiscintí iomaíochta nó tairiscintí comhlántacha a eisiamh.

↓ 2009/73/CE Aithris 18
(oiriúnaithe)

- (62) ☒ Ba cheart é a bheith ☒ ~~Tá sé~~ de cheart ag Ballstát díchuachadh iomlán úinéireachta ina chríoch a roghnú. I gcás ina bhfuil an ceart sin á fheidhmiú ag Ballstát, ~~ní~~ ☒ níor cheart é a bheith ☒ de cheart ag gnóthas oibreoir córais neamhspleách ná oibreoir tarchurtha neamhspleách a chur ar bun. Thairis sin, an gnóthas a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe nó soláthair, ~~ní féidir leis~~ ☒ níor cheart don ghnóthas sin ☒ rialú ná aon cheart a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ar oibreoir córais tarchurtha ó Bhallstát a bhfuil díchuachadh iomlán úinéireachta roghnaithe aige.

↓ 2009/73/CE Aithris 19
(oiriúnaithe)

- (63) ~~Faoin Treoir seo Tá Beidh~~ eagrú margaidh de chineálacha éagsúla ann sa mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha. Na bearta a d’fhéadfadh na Ballstáit a dhéanamh chun cothrom iomaíochta a áirithiú, ba cheart iad a bheith bunaithe ar cheanglais sháraitheacha an leasa ghinearálta. Ba cheart dul i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht na mbeart le ~~Conradh~~ ☒ CFAE ☒ agus le dlí an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒

- (64) Agus díchuachadh éifeachtach á chur chun feidhme, ba cheart prionsabal an neamhidirdhealaithe idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a urramú. Chuige sin, níor cheart an duine céanna a bheith in ann rialú ná aon cheart a fheidhmiú, de shárú ar na rialacha maidir le díchuachadh úinéireachta nó ar an rogha maidir le hoibreoir córais neamhspleách, leis féin nó go comhpháirteach, ar chomhdhéanamh, vótáil nó cinneadh chomhlachtaí na n-oibreoirí córais tarchurtha nó na gcóras tarchurtha ná comhlachtaí na ngnóthas táirgthe nó soláthair. Maidir leis an díchuachadh úinéireachta agus réiteach an oibreora córais neamhspleách, ar choinníoll go bhfuil an Ballstát atá i gceist in ann a léiriú go bhfuil an ceanglas comhlíonta, ba cheart dhá chomhlacht phoiblí ar leith a bheith in ann na gníomhaíochtaí táirgthe agus soláthair a rialú ar thaobh amháin agus na gníomhaíochtaí tarchurtha a rialú ar an taobh eile.

- (65) Ba cheart feidhm a bheith ag deighilt lánéifeachtach idir gníomhaíochtaí gréasáin agus gníomhaíochtaí soláthair agus táirgthe ar fud an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒, maidir le gnóthais de chuid an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ agus gnóthais nach gnóthais de chuid an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ iad araon. Lena áirithiú go bhfanfaidh gníomhaíochtaí gréasáin agus gníomhaíochtaí soláthair agus táirgthe ar fud an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ neamhspleách ar a chéile, ba cheart an chumhacht a thabhairt d'údaráis rialála chun deimhniúchán a dhiúltú d'oibreoirí córais tarchurtha nach gcomhlíonann na rialacha maidir le díchuachadh. Lena áirithiú go gcuirfear na rialacha sin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒, ba cheart do na húdaráis rialála tuairim an Choimisiúin a chur san áireamh an méid is mó is féidir nuair a dhéanann siad cinntí maidir le deimhniúchán. Lena áirithiú, ina theannta sin, go n-urramófar oibleagáidí idirnáisiúnta an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ agus chun an dlúthpháirtíocht agus slándáil fuinnimh laistigh den ~~Chomhphobal~~ ☒ Aontas ☒ a áirithiú, ba cheart é a bheith de cheart ag an gCoimisiún tuairim a thabhairt maidir le deimhniúchán i ndáil le húnéir córais tarchurtha nó le hoibreoir córais tarchurtha atá faoi rialú ag duine nó daoine ó thríú tír nó tríú tíortha.

- (66) Ba cheart gréasáin píblínte le haghaidh hidrigine a bheith ina mhodh tábhachtach inbhuanaithe éifeachtúil chun hidrigin a iompar, ar tír agus amach ón gcósta araon. Mar thoradh ar an gcaiteachas ard caipitil a éilítear lena dtógáil, d'fhéadfadh gréasáin píblínte hidrigine a bheith ina monaplachtaí nádúrtha. Léirigh an taithí i ndáil le rialáil na margáí gáis nádúrtha an tábhacht a bhaineann le rochtain oscailte agus neamhidirdhealaitheach ar ghréasán píblínte a áirithiú d'fhonn iomaíocht sna margáí tráchtearraí a chosaint. Dá bhrí sin, ba cheart prionsabail sheanbhunaithe i ndáil le hoibriú an ghréasáin, amhail rochtain tríú páirtí, a bheith infheidhme maidir le gréasáin hidrigine ar tír agus amach ón gcósta san Aontas.

- (67) Ba cheart oibriú na ngréasán hidrigine a dheighilt ó ghníomhaíochtaí táirgthe agus soláthair fuinnimh chun aon riosca i ndáil le coinbhleachtaí leasa ar son na n-oibreoirí gréasáin a sheachaint. Leis an deighilt struchtúrtha sin maidir le húinéireacht na ngréasán hidrigine agus rannpháirtíochtaí i dtáirgeadh agus soláthar fuinnimh, deimhnítear nach mbeidh coinbhleachtaí leasa den chineál sin ann. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann brath ar ‘oibreoir gréasáin hidrigine atá comhtháite’, an tsamhail dhíchuachta malartaí, go dtí 2030 chun idirthréimhse a sholáthar do na gréasáin hidrigine atá ann cheana atá comhtháite go hingearach. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann an tsamhail ‘oibreoir gréasáin hidrigine neamhspleách’ a úsáid freisin chun a chur ar a gcumas d’úinéirí gréasáin hidrigine atá comhtháite go hingearach úinéireacht ar a ngréasáin a choinneáil agus oibriú neamh-idirdhealaitheach na ngréasán sin tar éis 2030 a áirithiú san am céanna.
- (68) Cé gur féidir le comhoibriú na ngréasán hidrigine agus gáis nó comhoibriú na n-eangach leictreachais sineirgí a chruthú agus gur cheart é a cheadú dá bhrí sin, ba cheart gníomhaíochtaí i ndáil le hoibriú an ghréasáin hidrigine a eagrú in eintiteas dlíthiúil ar leith chun trédhearcacht maidir le maoiniú agus úsáid na dtaraifí rochtana a áirithiú.
- (69) Ba cheart oibriú na ngréasán hidrigine a dheighilt ó ghníomhaíochtaí táirgthe agus soláthair fuinnimh chun aon riosca i ndáil le coinbhleachtaí leasa ar son na n-oibreoirí gréasáin a sheachaint. Leis an deighilt struchtúrtha sin maidir le húinéireacht na ngréasán hidrigine agus rannpháirtíocht i dtáirgeadh agus soláthar fuinnimh, ba cheart a dheimhniú nach mbeidh coinbhleachtaí leasa den chineál sin ann. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann brath ar oibreoir gréasáin hidrigine atá comhtháite, is é sin an tsamhail dhíchuachta malartaí, go dtí 2030 chun idirthréimhse a sholáthar do na gréasáin hidrigine atá ann cheana atá comhtháite go hingearach. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann úsáid oibreoir gréasáin hidrigine neamhspleách a thairiscint freisin chun a chur ar a gcumas d’úinéirí gréasáin hidrigine atá comhtháite go hingearach úinéireacht ar a ngréasáin a choinneáil agus oibriú neamh-idirdhealaitheach gréasán den chineál sin tar éis 2030 a áirithiú san am céanna.
- (70) Chun trédhearcacht maidir leis na costais agus an maoiniú a bhaineann le gníomhaíochtaí rialáilte a áirithiú, ba cheart gníomhaíochtaí a bhaineann le hoibriú gréasáin hidrigine a dheighilt ó ghníomhaíochtaí eile le haghaidh iompróirí fuinnimh eile a bhaineann le hoibriú an ghréasáin, ar a laghad maidir le foirm dhlíthiúil agus cuntais na n-oibreoirí gréasáin.
- (71) Ba cheart na gréasáin hidrigine a bheith faoi réir rochtana tríú páirtí chun iomaíocht agus cothrom iomaíochta a áirithiú i margadh an tsoláthair fuinnimh. Ba cheart rochtain tríú páirtí rialáilte ar bhonn taraifí rochtana rialáilte a bheith ina riail réamhshocraithe san fhadtárma. Chun an tsolúbthacht is gá a áirithiú le haghaidh oibreoirí agus chun na costais riaracháin a laghdú le linn chéim bhorrtha an mhargaidh hidrigine, ba cheart an rogha a bheith ag na Ballstáit úsáid rochtana idirbheartaithe tríú páirtí a cheadú go dtí 2023.
- (72) Tá infhaighteacht saoraidí mórsála stórála hidrigine atá faoi thalamh teoranta agus dáiltear go míchothrom iad ar fud na mBallstát. I bhfianaise an róil a d’fhéadfadh dea-thionchar a imirt ar fheidhmiú an iompair hidrigine agus na margaí hidrigine, ba cheart an rochtain ar áiteanna mórsála stórála faoi thalamh a bheith faoi réir rochtana rialáilte tríú-páirtí chun cothroime iomaíochta a áirithiú do rannpháirtithe sa mhargadh.
- (73) Is bealach le hidrigin a allmhairiú atá sna críochfoirt i ndáil le hidrigin leachtach nó amóinia leachtach a chomhshó ina hidrigin ghásach, ach téann siad in iomaíocht le

modhanna iompair hidrigine eile. Cé gur cheart rochtain tríú páirtí ar chríochfoirt den chineál sin a áirithiú, ba cheart an rogha a bheith ag na Ballstáit córas i ndáil le rochtain idirbheartaithe tríú páirtí a fhorchur d'fhonn na costais riaracháin ar oibreoirí agus ar údaráis rialála a laghdú.

- (74) Ba cheart na gréasáin hidrigine atá ann cheana atá comhtháite go hingearach a chomhtháthú sa chreat rialála tar éis idirthréimhse.
- (75) Ba cheart braislí hidrigine logánaithe a bheith ina mbunchloch thábhachtach de gheilleagar hidrigine na hEorpa. D'fhéadfadh braislí den chineál sin tairbhiú de cheanglais rialála shimplithe le linn chéim bhorrtha an mhargaidh hidrigine.
- (76) D'fhéadfadh idirnascairí píblínte le tríú tíortha feidhmiú mar mhodh iompair le haghaidh allmhairí agus onnmhairí hidrigine. Ba cheart na rialacha oibríochtúla maidir le hidirnascairí hidrigine le tríú tíortha den chineál sin agus na rialacha maidir le deimhniú hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin a chumhdach i gcomhaontú idir-rialtasach chun creat rialála comhleanúnach agus cur i bhfeidhm leanúnach an chreata sin le haghaidh an bhonneagair iomláin a áirithiú.
- (77) Chun feidhmiú éifeachtúil ghréasáin hidrigine na hEorpa a áirithiú, ba cheart d'oibreoirí gréasáin hidrigine a bheith freagrach as oibriú, cothabháil agus forbairt an ghréasáin iompair hidrigine i ndlúthchomhar le hoibreoirí hidrigine eile mar aon le hoibreoirí córais eile a bhfuil a ngréasáin nasctha leo nó lenar féidir a ngréasáin a nascadh, lena n-áirítear comhtháthú córas fuinnimh a éascú.
- (78) Ba cheart a chur de chúram ar oibreoirí gréasáin hidrigine leibhéal leordhóthanach acmhainneachta trasteorann a thógáil chun hidrigin a iompar lena bhfreastalófar ar na héilimh uile ar acmhainneacht, ar éilimh iad atá réasúnta ó thaobh na gné eacnamaíche de agus atá indéanta go teicniúil, agus lena gcumasófar comhtháthú margaidh.
- (79) I roinnt cásanna, ag brath ar thopagrafaíocht na ngréasán hidrigine agus ar phobal na n-úsáideoirí deiridh atá nasctha leis na gréasáin hidrigine i measc nithe eile, d'fhéadfadh sé go mbeidh gá le bainistíocht cáilíochta hidrigine arna déanamh ag oibreoirí gréasáin hidrigine (e.g. íonú). Dá bhrí sin, is féidir leis na húdaráis rialála é a chur de chúram ar oibreoirí gréasáin hidrigine bainistíocht cáilíochta hidrigine éifeachtúil ina ngréasáin a áirithiú i gcás inar gá le haghaidh na bainistíochta córais. Le linn dóibh tabhairt faoi ghníomhaíochtaí den chineál sin, ba cheart do na hoibreoirí gréasáin hidrigine na caighdeáin cháilíochta hidrigine is infheidhme a chomhlíonadh.
- (80) I gcás ina ndiúltaíonn oibreoirí an chórais gáis nádúrtha nó oibreoirí gréasáin hidrigine iarrataí ar rochtain nó ar nascadh de dheasca easpa acmhainneachta, ba cheart diúltuithe den sórt sin a bheith cuí-réasúnaithe, agus ba cheart ceangal a chur ar oibreoirí feabhas a chur ar a gcóras chun na naisc nó an rochtain a iarrtar a chumasú nuair is eacnamúil é sin a dhéanamh.

↓ (AE) 2019/692 Aithris 3
(oiriúnaithe)

- (81) ~~Tá sé mar aidhm ag an Treoir seo~~ ☒ Ba cheart ☒ dul i ngleic leis na bacainní atá ar chomhlánú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha de dheasca rialacha margaidh an Aontais nár comhlíonadh maidir le línte tarchurtha gáis go dtí tríú tíortha agus uathu freisin. ~~Beartaítear leis na leasuithe a thugtar isteach leis an Treoir seo~~ ☒ Is gá ☒ a áirithiú go mbeidh na rialacha is infheidhme maidir le línte tarchurtha gáis a

nascann dhá Bhallstát nó níos mó, go mbeidh siad infheidhme freisin, laistigh den Aontas, maidir le línte tarchurtha gáis go dtí tríú tíortha agus uathu. Ar an gcaoi sin, ~~suifear~~ ☒ ba cheart ☒ comhsheasmhacht an chreata dhlíthiúil ☒ a shuí ☒ laistigh den Aontas agus saobhadh na hiomaíochta i margadh inmheánach fuinnimh an Aontais agus dochar do chinnteacht an tsoláthair a sheachaint san am céanna. Ina theannta sin, ~~feabhsófar~~ ☒ ba cheart go gcuirfeadh sé feabhas ar ☒ an trédhearcacht agus go ~~soláthrófar~~ ☒ soláthrófaí ☒ deimhneacht dhlíthiúil do rannpháirtithe sa mhargadh, go háirithe infheisteoirí faoi leith sa bhonneagar gáis agus úsáideoirí gréasáin, i dtaca leis an gcóras dlí is infheidhme.

↓ nua

- (82) Ba cheart do na Ballstáit agus do na Comhpháirtithe Conarthacha sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh¹⁶ dul i ndlúthchomhar ar chúrsaí a bhaineann le margadh gáis comhtháite a fhorbairt agus dícharbónú an mhargaidh sin agus níor cheart dóibh aon bheart a dhéanamh a chuirfeadh comhtháthú breise na margaí gáis, ná slándáil soláthair na mBallstát agus na gComhpháirtithe Conarthacha, i mbaol. D'fhéadfaí a áireamh leis sin comhar i ndáil le hinniúlachtaí stórála agus cuireadh a thabhairt do shaineolaithe na ngrúpaí réigiúnacha riosca gáis is ábhartha.

↓ (AE) 2019/692 Aithris 5

- (83) I dtaca le píblínte a nascann tionscadal táirgthe ola nó gáis tríú tír le monarcha próiseála nó le críochfort cósta laistigh de Bhallstát, is mar ghréasáin píblínte réamhtheachtacha a chaithfear lena leithéid. I dtaca le píblínte a nascann tionscadal táirgthe ola nó gáis i mBallstát le monarcha próiseála nó le críochfort cósta laistigh de thríú tír, ní mar ghréasáin píblínte réamhtheachtacha a chaithfear lena leithéid chun críche na Treorach seo, ós rud é nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag píblínte den sórt sin ar an margadh inmheánach fuinnimh.

↓ (AE) 2019/692 Aithris 6

- (84) Ba cheart an tsaoirse a bheith ag na hoibreoirí córais tarchurtha comhaontuithe teicniúla a thabhairt i gcrích le hoibreoirí córais tarchurtha nó eintitis eile i dtríú tíortha maidir le saincheistanna a bhaineann le feidhmiú agus idirnascaidh na gcóras tarchurtha, ar choinníoll go bhfuil ábhar na gcomhaontuithe sin i gcomhréir le dlí an Aontais.

↓ (AE) 2019/692 Aithris 7

- (85) Ba cheart comhaontuithe teicniúla maidir le feidhmiú línte tarchurtha, idir oibreoirí córais tarchurtha nó eintitis eile a bheith i bhfeidhm i gcónaí, ar choinníoll go bhfuil siad i gcomhréir le dlí an Aontais agus cinntí ábhartha an údaráis rialála ~~náisiúnta~~.

¹⁶ IO L 198, 20.7.2006, lch. 18.

↓ (AE) 2019/692 Aithris 8

- (86) Nuair atá comhaontuithe teicniúla den sórt sin i bhfeidhm, ní cheanglaítear leis an Treoir seo go dtabharfaí comhaontú idirnáisiúnta i gcrích idir Ballstát agus tríú tír ná comhaontú idir an tAontas agus tríú tír maidir le hoibriú líne tarchurtha gáis lena mbaineann.
-

↓ (AE) 2019/692 Aithris 9
(oiriúnaithe)

- (87) ~~Bainfidh~~ ☒ Ba cheart ☒ infheidhmeacht ~~Treoir 2009/73/CE~~ ☒ na Treorach seo maidir ☒ le línte tarchurtha gáis go dtí tríú tíortha agus uathu a theorannú do chríoch na mBallstát amháin. Maidir le línte tarchurtha gáis amach ón gcósta, ba cheart ~~Treoir 2009/73/CE~~ ☒ an Treoir seo ☒ a bheith infheidhme maidir le huiscí teorann an Bhallstáit ina bhfuil an chéad phointe idirnáisc chuig gréasán na mBallstát eile.
-

↓ (AE) 2019/692 Aithris 10

- (88) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann do na comhaontuithe reatha a tugadh i gcrích idir Ballstát agus tríú tír maidir le hoibriú líne tarchurtha fanacht i bhfeidhm, i gcomhréir leis an Treoir seo.
-

↓ (AE) 2019/692 Aithris 11

- (89) Maidir le comhaontuithe nó codanna de na comhaontuithe sin le tríú tíortha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar rialacha comhchoiteanna an Aontais, ba cheart nós imeachta comhtháite agus trédhearcach a bhunú chun údarú a thabhairt do Bhallstát, arna iarraidh sin dó, comhaontú a leasú, a shíneadh, a oiriúnú, a athnuachan nó a thabhairt i gcrích le tríú tír maidir le hoibriú líne tarchurtha nó hoibriú gréasáin píblínte réamhtheachtaí idir an Ballstát agus tríú tír. Leis an nós imeachta, níor cheart moill ar chur chun feidhme na Treorach seo, níor cheart dochar a dhéanamh do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit, agus ba cheart feidhm a bheith aige maidir le comhaontuithe atá ann cheana féin agus do chomhaontuithe nua.
-

↓ (AE) 2019/692 Aithris 12

- (90) Más rud é gur léir go dtagann ábhar an chomhaontaithe i bpáirt faoi inniúlacht an Aontais agus i bpáirt faoi inniúlacht Ballstáit, is den fíor-riachtanach a áirithiú go mbeidh dlúthchomhar idir an Ballstát sin agus institiúidí an Aontais.

- (91) D'fhoilligh ☒ coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun ☒ cinntí a ghlacadh lena gceadaítear nó lena ndiúltaítear do Bhallstát comhaontú a leasú, a shíneadh, a oiriúnú nó a athnuachan, nó a thabhairt i gcrích le tríú tír, ~~ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún~~. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷.

- (92) Gné fhiór-riachtanach de shlándáil an phobail is ea slándáil an tsoláthair fuinnimh agus, dá bhrí sin, tá dlúthbhaint aici le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh sa ghás agus comhtháthú mhargaí gáis leithlisithe na mBallstát. Ní féidir le gás teacht chomh fada le saoránaigh an Aontais ach amháin tríd an ngréasán. Margáí gáis atá oscailte agus ag feidhmiú agus, go háirithe, na gréasáin agus na sócmhainní eile a bhaineann le gás a sholáthar, tá siad riachtanach do shlándáil an phobail, d'iomaíochas an gheilleagair agus d'fholláine shaoránaigh an Aontais. Dá bhrí sin, níor cheart a cheadú do dhaoine ó thríú tíortha córas tarchurtha nó oibreoir córais tarchurtha a rialú ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais maidir le deighilt éifeachtach a bhfuil feidhm acu ~~sa Chomhphobal~~ ☒ san Aontas ☒. Gan dochar d'oibleagáidí idirnáisiúnta an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒, measann an ~~Comhphobal~~ ☒ tAontas ☒ go bhfuil tábhacht mhór ag baint le hearnáil na gcóras tarchurtha gáis don ~~Chomhphobal~~ ☒ Aontas ☒ agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le coimircí breise maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh don ~~Chomhphobal~~ ☒ Aontas ☒ a chaomhnú ionas go seachnófar aon bhagairt ar an ord poiblí agus ar shlándáil an phobail ~~sa Chomhphobal~~ ☒ san Aontas ☒ agus aon bhagairt ar leas shaoránaigh an Aontais. Éilíonn slándáil an tsoláthair fuinnimh don ~~Chomhphobal~~ ☒ Aontas ☒, go háirithe, measúnú ar neamhspleáchas i dtaobh oibriú gréasáin, ar leibhéal spleáchas an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ agus na mBallstát aonair ar sholáthar fuinnimh ó thríú tíortha, agus ar an gcaoi a gcaitear le trádáil agus infheistíocht intíre agus eachtrach san fhuinneamh i dtríú tír ar leith. Dá bhrí sin, ba cheart slándáil an tsoláthair a mheas i bhfianaise imthosca fíorasacha gach cáis agus i bhfianaise na gceart agus na n-oibleagáidí a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, go háirithe na comhaontuithe idirnáisiúnta idir an ~~Comhphobal~~ ☒ tAontas ☒ agus an tríú tír lena mbaineann. I gcás inarb iomchuí, ~~⇒ ba cheart ⇐ molta~~ don Choimisiún moltaí a chur isteach i dtaobh comhaontuithe ábhartha a chaibidlíú le tríú tíortha lena dtugtar aghaidh ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh don ~~Chomhphobal~~ ☒ Aontas ☒ nó chun na saincheisteanna is gá a chur san áireamh i gcaibidlíocht eile leis na tríú tíortha sin.

¹⁷ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, ich. 13).

- (93) Ba cheart tuilleadh beart a dhéanamh chun taraifí trédhearcacha neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú maidir le rochtain ar an iompar. Ba cheart na taraifí sin a bheith infheidhme maidir le gach úsáideoir ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina mbeidh saoráid stórála, línephacáil nó seirbhís choimhdeach á bhfeidhmiú i margadh atá iomaíoch a dhóthain, d'fhéadfaí rochtain a cheadú ar bhonn sársaí trédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha atá bunaithe ar an margadh.
-

- (94) Is gá neamhspleáchas na n-oibreoirí córais stórála a áirithiú chun feabhas a chur ar rochtain tríú páirtí ar shaoráidí stórála a bhfuil gá teicniúil agus/nó eacnamaíoch leo chun rochtain éifeachtúil a sholáthar ar an gcóras ar mhaithe le soláthar a chur ar fáil do chustaiméirí. Is iomchuí, dá bhrí sin, saoráidí stórála a oibriú trí eintitis atá leithleach go dlíthiúil agus a bhfuil cearta cinnteoireachta éifeachtúla acu maidir leis na sócmhainní is gá chun saoráidí stórála a chothabháil, a oibriú agus a fhorbairt. Is gá freisin cur leis an trédhearcacht maidir leis an acmhainneacht stórála a thairgtear do thríú páirtithe, trína chur d'oibleagáid ar na Ballstáit creat soiléir, neamh-idirdhealaitheach a shainiú agus a fhoilsiú, lena gcinntear an córas rialála iomchuí is infheidhme maidir le saoráidí stórála. Níor cheart go bhfágfadh an oibleagáid sin go bhfuil gá le cinneadh nua maidir le córais rochtana ach ba cheart é a bheith ina thoradh uirthi go mbeidh feabhas ar an trédhearcacht maidir leis an gcóras rochtana ar shaoráid stórála. Baineann tábhacht ar leith leis na ceanglais rúndachta maidir le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de i gcás ina bhfuil sonraí de chineál straitéiseach i gceist nó i gcás nach bhfuil ach úsáideoir amháin ann i leith saoráid stórála.
-

- (95) Le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an ngréasán dáileacháin, cinntear rochtain iartheachtach do chustaiméirí ar an leibhéal miondíola. An raon feidhme atá ann maidir le hidirdhealú i dtaobh rochtain agus infheistíocht tríú páirtithe, is lú atá sí, áfach, ar an leibhéal dáileacháin ná ar an leibhéal tarchurtha, áit ar mó i gcoitinne a bhíonn plódú agus tionchar na leasanna táirgthe ná mar a bhíonn siad ar an leibhéal dáileacháin. ~~Ina theannta sin, níor ceanglaíodh díchuachadh dlíthiúil agus feidhmiúil a dhéanamh ar oibreoirí córais dáileacháin, de bhun Threoir 2003/55/CE, ach amháin ón 1 Iúil 2007 ar aghaidh agus ní mór meastóireacht a dhéanamh go fóill ar a chuid éifeachtaí sin ar an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha. Is féidir leis a bheith ina thoradh ar na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le díchuachadh dlíthiúil agus feidhmiúil go mbainfear díchuachadh éifeachtach amach ar choinníoll go saineofar na rialacha ar shli níos soiléire, go geuirfear chun feidhme go cuí iad agus go ndéanfar dlúthfhairéachán orthu. Dá bhrí sin, ionas go mbeidh cothrom iomaíochta ann ar an leibhéal miondíola~~ ☒ Chun cothrom iomaíochta ar an leibhéal miondíola a leagan síos☒, ba cheart faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-oibreoirí córais dáileachán ionas go mbeidh cosc orthu leas a bhaint as a gcomhtháthú ingearach

maidir lena seasamh iomaíoch ar an margadh, go háirithe i ndáil le custaiméirí teaghlaigh agus custaiméirí beaga neamhtheaghlaigh.

↓ 2009/73/CE Aithris 26

- (96) Ba cheart do na Ballstáit bearta nithiúla a dhéanamh chun cuidiú le húsáid níos forleithne a bhaint as an mbithghás agus as gás ó bhithmhais, agus ba cheart rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an gcóras gáis a dheonú dá dtáirgeoirí siúd, ar choinníoll go mbeidh an rochtain sin comhoiriúnach leis na rialacha teicniúla agus na caighdeáin sábháilteachta ábhartha ar bhonn leanúnach.

↓ nua

- (97) Is minic a bhíonn táirgeoirí gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin nasctha leis an líonra dáileacháin. Chun a nglacadh agus a gcomhtháthú sa mhargadh a éascú, ní mór dóibh rochtain saor ó bhac a fháil ar an margadh mórdhíola agus ar na pointí trádála fíorúla is ábhartha. Is leis an gcaoi a sainmhínítear na córais iontrála-scoir a chinntear rannpháirtíocht sa mhargadh miondíola. I roinnt mhaith Ballstát, níl táirgeoirí atá nasctha leis an líonra dáileacháin ina gcuid den chóras iontrála-scoir. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain an gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin ar an margadh mórdhíola a éascú trí shainmhíniú ar an gcóras iontrála-scoir a thabhairt agus trína áirithiú sa deireadh go bhfuil na saoráidí táirgthe atá nasctha leis an gcóras dáileacháin ina gcuid de. Ina theannta sin, déantar foráil le Rialachán [an Rialachán athmhúnlaith maidir le Gás mar atá beartaithe in COM(2021)xxx] go n-oibreoidh na hoibreoirí córais dáileacháin agus oibreoirí córais tarchurtha i gcomhar chun sreabha cúltreo ón ngréasán dailte go dtí an gréasán tarchurtha nó modh malartach a chumasú chun comhtháthú margaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a éascú.

↓ 2009/73/CE Aithris 27
(oiriúnaithe)

- (98) Ionas go seachnófar ualach díréireach airgeadais agus riaracháin a chur ar oibreoirí córais dáileacháin bhig, ba cheart é a bheith ar chumas na mBallstát, más gá sin, na gnóthais lena mbaineann a dhíolmhú ó na ceanglais dhlíthiúla maidir le díchuachadh dáileacháin.

↓ 2009/73/CE Aithris 28
(oiriúnaithe)

- (99) I gcás ina n-úsáidfear córas dáileacháin iata lena áirithiú go mbeidh an éifeachtúlacht is fearr is féidir ag soláthar fuinnimh comhtháite a dteastaíonn caighdeáin oibríochtúla shonracha chuige, nó i gcás ina ndéanfar córas dáileacháin iata a chothabháil go príomha lena úsáid ag úinéir an chórais, ba cheart é a bheith indéanta an t-oibreoir córais dáileacháin a dhíolmhú ó oibleagáidí a bheadh ina n-ualach riaracháin gan ghá mar gheall ar chineál áirithe an ghaoil idir an t-oibreoir córais dáileacháin agus úsáideoirí an chórais. Fágann cineál speisialaithe a gcuid oibríochtaí gur féidir le ☒

go bhféadfadh ☒ córais dáileacháin iata a bheith san áireamh i suímh thionsclaíocha, suímh thráchtála nó suímh seirbhísí comhroinnte amhail foirgnimh stáisiúin traenach, aerfoirt, ospidéal, láithreáin mhór champála ag a bhfuil saoráidí comhtháite nó suímh de chuid thionscal na gceimiceán.

- (100) De réir mar a dhéanfar toirteanna méadaitheacha gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhtháthú i gcóras an gháis nádúrtha, tiocfaidh athrú ar chaighdeán an gháis a iompraítear agus a ídítear san Eoraip. Chun feidhmiú éifeachtúil an chórais gáis nádúrtha a áirithiú, ba cheart oibreoirí córais tarchurtha a bheith freagrach as cáilíocht gáis ina saoráidí a bhainistiú. I gcás ina dtugtar isteach gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin ar an leibhéal dáileacháin agus i gcás inar gá chun a dtionchar ar cháilíocht gáis a bhainistiú, is féidir leis na húdaráis rialála a chur de chúram ar oibreoirí córais dáileacháin bainistíocht éifeachtúil maidir le cáilíocht gáis ina saoráidí a áirithiú. Le linn dóibh taise i ndáil le bainistíocht cáilíochta gáis a dhéanamh, ba cheart d'oibreoirí córais dáileacháin agus oibreoirí córais tarchurtha na caighdeáin is infheidhme maidir le cáilíocht gáis a chomhlíonadh.

↓ 2009/73/CE Aithris 29 (nua)

- ~~(29) Le Treoir 2003/55/CE, tugadh isteach ceanglas ar na Ballstáit rialálaithe a bhunú ag a bhfuil inniúlachtaí sonracha. Léiríonn an taithí, áfach, gur minic a chuirtear bae ar éifeachtacht na rialála de bharr nach bhfuil rialálaithe neamhspleách ar an rialtas, agus de bharr cunhaicthe agus rogha nach leor iad. Ar an gcúis sin, ag an gcuinne dá cuid an 8 agus an 9 Márta 2007, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tograí reachtacha a fhorbairt lena ndéanfaí foráil maidir le comhehuibhiú breise a dhéanamh ar chunhaicthe na rialálaithe náisiúnta fuinnimh agus neartú a dhéanamh ar a neamhspleáchas. Ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta sin a bheith in ann carnáil an leictreachais agus carnáil an gháis araon a chumhdach.~~

↓ 2009/73/CE Aithris 30
(oiriúnaithe)

- (101) Is gá do rialálaithe fuinnimh a bheith in ann cinntí a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna rialála ábhartha go léir má tá an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha chun feidhmiú i gceart, agus a bheith neamhspleách go hiomlán ar aon leasanna poiblí nó príobháideacha eile. ~~Ní fhágtar leis sin nach féidir athbhreithniú breithiúnach ná maoirseacht pharlaiminteach a dhéanamh i geomhréir le dlí bunreachtúil na mBallstát. Ina theannta sin, ní hionann buiséad an rialálaí a bheith formheasta ag an reachtóir náisiúnta agus bae a bheith ar neamhspleáchas buiséadach.~~ Na forálacha a bhaineann leis an neamhspleáchas maidir le cur chun feidhme buiséad leithdháilte an údarais rialála, ba cheart iad a chur chun feidhme faoi chuimsiú an chreata a shainítear sa dlí buiséadach náisiúnta agus sna rialacha buiséadacha náisiúnta. Agus é ag cuidiú le neamhspleáchas an údarais rialála náisiúnta ar aon leas polaitiúil nó eacnamaíoch trí scéim uainíochta iomchuí, ba cheart é a bheith indéanta do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar an bhfáil atá ar acmhainní daonna agus ar mhéid an bhoird.

- (102) Chun a áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach ar an margadh ag gach páirtí sa mhargadh, lena n-áirítear iontrálaithe nua, tá gá le sásraí cothromaíochta atá neamh-idirdhealaitheach agus a léiríonn an costas. Ba cheart an méid sin a bhaint amach trí shásraí trédhearcacha atá bunaithe ar an margadh a bhunú maidir le gás a sholáthar agus a cheannach, ar sásraí iad a bhfuil gá leo faoi chuimsiú ceanglais chothromaíochta. Ba cheart ról gníomhach a bheith ag údaráis rialála náisiúnta lena áirithiú go bhfuil na praghsanna taraifí comhardúcháin neamh-idirdhealaitheach agus go léiríonn siad an costas. San am céanna, ba cheart dreasachtaí iomchuí a sholáthar chun comhardú a dhéanamh ar an ionchur gáis agus an aistarraingt gáis agus gan an córas a chur i mbaol.

- (103) Ba cheart údaráis rialála náisiúnta a bheith in ann taraifí, nó na modheolaíochtaí is bun le ríomh na dtaraifí, a shocrú nó a fhorghnó, ar bhonn togra ón oibreoir córais tarchurtha nó ón oibreoir nó na hoibreoirí córais dáileacháin nó ón oibreoir córais gáis nádúrtha leachtaithe (GNL), nó ar bhonn togra a chomhaontófar idir ~~an t-oibreoir~~ nó na hoibreoirí sin agus úsáideoirí an ghréasáin. Agus na cúraimí sin á gcur i gcrích, ba cheart d'údaráis rialála náisiúnta a áirithiú go bhfuil na taraifí tarchurtha agus dáileacháin neamh-idirdhealaitheach agus go léiríonn siad an costas, agus ba cheart dóibh a chur san áireamh na costais ghréasáin fhadtéarmacha, imeallacha arna seachaint ar toradh iad ar bhearta i ndáil le bainistiú ar éileamh.

- (104) Ba cheart do na húdaráis rialála a chur chun cinn, i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸, margadh inmheánach sa hidrigin atá oscailte, iomaíoch, slán agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil lena ngabhann sreafaí trasteorann saor ó bhac. Ní mór do na húdaráis rialála a bheith in ann cinntí a dhéanamh maidir le gach saincheist rialála má tá an margadh inmheánach sa hidrigin le feidhmiú go cuí.

- (105) Ba cheart é a bheith de chumhacht ag rialálaithe fuinnimh cinntí ceangailteacha a eisiúint maidir le gnóthais gáis nádúrtha ⇒ nó hidrigine ⇐, agus pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorghnó ar ghnóthais gáis nádúrtha ⇒ nó hidrigine ⇐ a mhainneoidh a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh, nó a mholadh go bhforchuirfidh cúirt inniúil pionóis den sórt sin orthu. Ba cheart a thabhairt de

¹⁸

Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo.

chumhacht freisin do rialálaithe fuinnimh cinneadh a dhéanamh, gan beann ar chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta, ar bhearta iomchuí lena n-áiríteofar sochair do chustaiméirí trí iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn is gá chun go mbeidh an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha ⇨ agus sa hidrigin ⇩ ag feidhmiú go cuí. Tá bunú clár um scaoileadh gáis ar cheann de na bearta féideartha is féidir a úsáid chun iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus feidhmiú cuí an mhargaidh a áirithiú. ~~Ina theannta sin, ba cheart na cumhachtaí a thabhairt do rialálaithe fuinnimh cuidiú a thabhairt chun ardchaighdeán seirbhíse poiblí a áirithiú i gcomhréir le hoscailt an mhargaidh, chun custaiméirí leochaileacha a chosaint, agus chun éifeachtacht iomlán beart cosanta tomhaltóirí a bhaint amach. Ba cheart na forálacha sin a bheith gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin maidir le rialacha iomaíochta a chur i bhfeidhm lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar chumaise a mbaineann gné Chomhphobail leo, agus do na rialacha maidir leis an margadh inmheánach amhail saorghluaiseacht chaipitil. Féadfaidh sé gur cúirt nó binse eile a bhfuil de chumhacht aige athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh é an comhlacht neamhspleách a bhfuil ceart achomhairc chuige ag páirtí a ndearna cinneadh rialála náisiúnta difear dó.~~

↓ 2009/73/CE Aithris 33
(oiriúnaithe)

- (106) Ina theannta sin, ba cheart na cumhachtaí a thabhairt do rialálaithe fuinnimh cuidiú a thabhairt chun ardchaighdeán seirbhíse poiblí a áirithiú i gcomhréir le hoscailt an mhargaidh, chun custaiméirí leochaileacha a chosaint, agus chun éifeachtacht iomlán beart cosanta tomhaltóirí a bhaint amach. Ba cheart na forálacha sin a bheith gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin maidir le rialacha iomaíochta a chur i bhfeidhm lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar chumaise a mbaineann gné ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ leo, agus do na rialacha maidir leis an margadh inmheánach amhail saorghluaiseacht chaipitil. Féadfaidh sé gur cúirt nó binse eile a bhfuil de chumhacht aige athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh é an comhlacht neamhspleách a bhfuil ceart achomhairc chuige ag páirtí a ndearna cinneadh ~~rialála náisiúnta~~ ó údarás rialála difear dó.

↓ 2009/73/CE Aithris 34

- (107) Ba cheart a áireamh le haon chomhchuibhiú ar chumhachtaí na n-údarás rialála ~~náisiúnta~~ na cumhachtaí chun dreasachtaí a sholáthar do ghnóthais ~~gáis nádúrtha~~, agus chun pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar ghnóthais ~~gáis nádúrtha~~ nó a mholadh go bhforchuirfidh cúirt inniúil pionóis den sórt sin. Ina theannta sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag údarás rialála chun faisnéis ábhartha a iarraidh ó ghnóthais ~~gáis nádúrtha~~, imscrúduithe iomchuí leordhóthanacha a dhéanamh agus díospóidí a réiteach.

↓ nua

- (108) Ba cheart do na húdaráis rialála agus do ACER faisnéis faoin margadh hidrigine a sholáthar chun trédhearcacht a áirithiú, lena n-áirítear gnéithe amhail soláthar agus

éileamh, an bonneagar iompair, cáilíocht seirbhíse, trádáil trasteorann, infheistíochtaí, praghsanna tomhaltóirí agus leachtacht mhargaidh.

- (109) Tá ról tábhachtach ag oibreoirí córais tarchurtha maidir le infheistíochtaí costéifeachtacha i ngréasáin gáis a áirithiú. Chun go mbeidh pleanáil optamaithe in earnálacha na n-iompróirí fuinnimh agus chun an bhearna a líonadh idir cuir chuige éagsúla náisiúnta agus uile-Aontais maidir leis an bpleanáil gréasáin, tugtar isteach ceanglais bhreise chun pleanáil chomhsheasmhach a áirithiú. Ba cheart a chur san áireamh leis an bpleanáil gréasáin an líon méadaithe idirnasca idir gás nádúrtha agus leictreachas chomh maith le hidrigin.
- (110) Agus an plean forbartha gréasáin á fhorbairt, is tábhachtach go gcuireann oibreoirí bonneagair bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh¹⁹ san áireamh, go háirithe, an tomhaltas ionchais a úsáidtear le haghaidh forbairt cásanna comhpháirteacha.
- (111) Cuirtear i dtábhacht sa straitéis maidir le comhtháthú córas fuinnimh an tábhacht a bhaineann le pleanáil chomhordaithe agus oibriú comhordaithe an chórais fuinnimh chun cuspóirí dícharbónaithe a bhaint amach. Dá bhrí sin, is gá plean forbartha gréasáin a tharraingt suas bunaithe ar comhchreat atá forbartha ar bhonn trasearnála. Agus pleananna earnálacha ar leithligh á gcoinneáil, ba cheart d'oibreoirí bonneagair oibriú i dtreo leibhéal comhtháthaithe níos airde agus riachtanais an chórais a théann thar iompróirí fuinnimh áirithe á gcur san áireamh.
- (112) Is gné thábhachtach iad na pleananna forbartha gréasáin chun bearnaí sa bhonneagar a aithint agus chun faisnéis faoin mbonneagar is gá a thógáil nó is gá a dhíchóimisiúnú agus a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cuspóirí eile, amhail iompar hidrigine. Tá an méid sin fíor gan beann ar an tsamhail dhíchúachta a roghnaítear le haghaidh na n-oibreoirí gréasáin.
- (113) Chun faisnéis a sholáthar faoi bhonneagar is féidir a dhíchóimisiúnú laistigh den phlean forbartha gréasáin, d'fhéadfadh sé go gciallaíonn an méid sin an bonneagar a fhágáil sa chaoi agus nach n-úsáidtear é, é a dhíchóimeáil nó é a úsáid chun críoch eile, amhail iompar hidrigine. Cuirtear san áireamh leis an gcuspóir i ndáil le trédhearcacht mhéadaithe go bhfuil bonneagar ar athraíodh a chuspóir níos saoire i gcomparáid le bonneagar nuathógtha agus, dá bhrí sin, ba cheart go-éascófaí aistriú costéifeachtach leis.
- (114) Sna Ballstáit ina bhforbrófar gréasáin hidrigine, ba cheart go n-áiríteofar le tuairisciú ar fhorbairt an bhonneagair hidrigine go bhfuil tógáil an chórais hidrigine bunaithe ar réamh-mheastachán éilimh réalaióch réamhbhreathnaitheach lena n-áirítear riachtanais fhéideartha ó thaobh an chórais leictreachais. I gcás ina gcinntídh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le muirir thiomnaithe mar bhealach leis an mbonneagar hidrigine nua a chomhchistiú, ba cheart tacú leis an údarás rialála lena mheasúnú ar na muirir sin tríd an tuarascáil. Ba cheart an tuarascáil a chur faoi bhráid an údaráis rialála ar bhonn rialta a chinntídh an t-údarás rialála. I bhfianaise chineál borrrha an mhargadh hidrigine, ba cheart seicheamhú díréireach agus leanúnach maidir leis an oibleagáid tuairiscithe a sheachaint mar sin féin.
- (115) Leis an bhfaisnéis atá ar fáil sa phlean forbartha gréasáin, ba cheart réamhaisnéis a chumasú i ndáil leis na tionchair ar tharaifí bunaithe ar an bpleanáil agus ar an

¹⁹ Moladh ón gCoimisiún an 28.9.2021 maidir le Tús Áite don Éifeachtúlacht Fuinnimh: ó phrionsabail go cleachtas. Treoirínte agus samplaí maidir lena chur chun feidhme i gcinnteoireacht san earnáil fuinnimh agus in earnálacha eile, COM (2021) 7014 final

díchoimisiúnú lena ndéantar difear don sócmhainnbhunú rialáilte mar a luaitear in Airteagal 51 den Treoir seo.

- (116) In ionad plean forbartha gréasáin náisiúnta a sholáthar ar leibhéal an Bhallstáit aonair, ba cheart an rogha a bheith ag na Ballstáit plean forbartha gréasáin a tharraingt suas ar an leibhéal réigiúnach lena n-áirítear níos mó ná Ballstát amháin agus i gcomhréir le comhtháthú réigiúnach deonach an mhargaidh gáis.
- (117) I gcodarsnacht le leictreachas, meastar go dtiocfaidh laghdú ar ról an gháis nádúrtha, rud a dhéanfaidh dochar don éileamh ar infheistíochtaí bonneagair. Dá bhrí sin, leis an bplean forbartha gréasáin ní mór cothromaíocht a bhaint amach i ndáil le himní maidir leis an iomaíocht agus sócmhainní tréigthe a sheachaint. Dá réir sin, níor cheart oibreoirí córais tarchurtha faoi úinéireacht díchuachta a chumhdach le hAirteagal 51(7).

↓ 2009/73/CE Aithris 35
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (118) Ba cheart infheistíochtaí i mórbhonneagar nua a chur chun cinn go tréan agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh ⇒ gás ⇐ ~~sa ghás nádúrtha~~ a áirithiú an tráth céanna. Chun cur leis an tionchar dearfach atá ag tionscadail bhonneagair dhíolmhaithe ar iomaíocht agus ar shlándáil an tsoláthair, ba cheart spéis an mhargaidh a thástáil le linn chéim phleanála an tionscadail agus ba cheart rialacha maidir le bainistiú ar phlódú a chur chun feidhme. I gcás ina mbeidh bonneagar suite ar chríoch níos mó ná Ballstát amháin, ba cheart do ACER déileáil leis an iarraidh ar dhíolúine, mar rogha deiridh, ionas go gcuirfí a himpleachtaí trasteorann san áireamh ar bhealach níos fearr agus chun an láimhseáil riaracháin a gheobhaidh sí a fheabhsú. Thairis sin, mar gheall ar an bpróifíl riosca eisceachtúil a bhaineann leis na mórtionscadail bhonneagair dhíolmhaithe sin a thógáil, ba cheart é a bheith indéanta maoluithe páirteacha ⇒ nó iomlána ⇐ a dheonú go sealadach do ghnóthais a bhfuil leasanna soláthair agus táirgthe acu i ndáil leis na rialacha maidir le díchuachadh i leith na dtionscadal lena mbaineann. Ba cheart feidhm a bheith ag an bhféidearthacht maidir le maoluithe sealadacha, ar chúiseanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair, go háirithe, maidir le píblínte nua laistigh den ~~Chomhphobal~~ ☒ Aontas ☒ lena n-íompraítear gás ó thríú tíortha isteach ~~sa Chomhphobal~~ ☒ san Aontas ☒. Na díolúintí ⇒ agus maoluithe ⇐ arna ndeonú faoi Threoir 2003/55/CE agus faoi Threoir 2009/73/CE maile le leasuithe, ☒ ba cheart ☒ feidhm a bheith acu go dtí an dáta sceidealta éaga faoi mar a chinnfear sa chinneadh ⇒ nó sa mhaolú ⇐ i dtaobh díolúine a dheonú.

↓ nua

- (119) Is gá dul chun cinn a dhéanamh i dtreo margaí hidrigine atá idirnasctha san Aontas agus ar an gcaoi sin, infheistíochtaí i mbonneagar trasteorann hidrigine a éascú. Faoi gcóras rochtana tríú páirtí rialáilte, in éagmais taraifí iompair trasteorann tar éis an 31 Nollaig 2030, le córas ranníocaíochta airgeadais ba cheart dreasachtaí airgid do rannpháirtithe sa mhargadh a sholáthar chun idirnascairí trasteorann a chur chun cinn.

↓	2009/73/CE	Aithris	36
(oiriúnaithe)			

- (120) ~~Tá easpa leachtachta agus trédhearcachta ag goilleadh ar an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha, rud a chuireann bac ar leithdháileadh éifeachtúil aemhainní, ar fhálú riosca agus ar iontráil nua.~~ Ní mór cur leis an muinín as an margadh, a leachtacht agus an líon rannpháirtithe sa mhargadh, agus, dá bhrí sin, ní mór cur leis an maoirseacht rialála ar ghnóthais atá gníomhach maidir le gás a sholáthar. Ba cheart na ceanglais sin a bheith gan dochar do dhlí an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ atá ann cheana maidir leis na margaí airgeadais, agus iad a bheith comhoiriúnach leis an dlí sin. Ní mór do rialálaithe fuinnimh agus do rialálaithe an mhargaidh airgeadais comhoibriú le chéile chun go mbeidh siad araon in ann forléargas a bheith acu ar na margaí lena mbaineann.
-

↓	2009/73/CE	Aithris	37
(oiriúnaithe)			

- (121) Is ó thríú tíortha den chuid is mó atá gás nádúrtha á allmhairiú isteach ~~sa Chomhphobail~~ ☒ san Aontas ☒ , agus tá an treoht sin ag dul i dtreise. Ba cheart a chur san áireamh i ndlí an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ saintréithe an gháis nádúrtha, amhail dolúbthacht struchtúrach áirithe a eascraíonn as comhchruinniú na soláthróirí, as na conarthaí fadtéarmacha nó as an easpa leachtacht iartheachtach. Dá bhrí sin, tá gá le trédhearcacht níos mó, lena n-áirítear maidir le foirmiú praghsanna.
-

↓	2009/73/CE	Aithris	38
(oiriúnaithe)			
⇒ nua			

- (122) Sula nglacfaidh an Coimisiún ~~Treoir~~línite lena ndéanfar sainiú breise ar na ceanglais maidir le taifid a choimeád, ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus do Choiste na Rialtóirí Urrús Eorpacha ~~(“CRUE”)~~ ⇒ (CESR) ⇐, a bhunaítear le Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún²⁰, dul i gcomhairle lena chéile agus comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir lena n-ábhar. Ba cheart do ACER agus ~~(“CRUE”)~~ ⇒ (CESR) ⇐ comhoibriú lena chéile freisin chun tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir lena cheart idirbhearta i gconarthaí soláthair gáis agus i ndíorthaigh gháis a bheith faoi réir ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus/nó iarthrádála agus, más rud é gur cheart, cén t-ábhar is ceart a bheith sna ceanglais sin.
-

↓	2009/73/CE	Aithris	39
---	------------	---------	----

- (123) Ba cheart do na Ballstáit nó, i gcás ina bhfuil foráil déanta ag Ballstát amhlaidh, don údarás rialála, a spreagadh go bhforbrófar conarthaí soláthair in-idirbhriste.

²⁰ IO L 25, 29.1.2009, lch. 18.

↓	2009/73/CE	Aithris	40
(oiriúnaithe)			

- (40) ~~Ar mhaithe le slándáil an tsoláthair, ba cheart faireachán a dhéanamh ar an geothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh i mBallstáit aonair, agus ina dhiaidh sin ba cheart tuarascáil a ullmhú ar an staid ar leibhéal an Chomhphobail, agus an acmhainneacht idirnáise idir limistéir á eur san áireamh. Ba cheart an faireachán sin a dhéanamh luath go leor chun go bhféadfar bearta iomchuí a dhéanamh más rud é go mbeidh slándáil an tsoláthair i mbaol. Ba cheart do thógáil agus eothabháil an bhonneagair gréasáin is gá, lena n-áirítear acmhainneacht idirnáise, cuidiú chun soláthar cobhsaí gáis a áirithiú.~~
-

↓	2009/73/CE	Aithris	41
(oiriúnaithe)			

- (124) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, agus na ceanglais cháilíochta is gá á gcur san áireamh acu, go ndeonófar rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an gcóras gáis don bhithghás agus do ghás ó bhithmhais, go háirithe bithmheatán, ar choinníoll go mbeidh an rochtain sin comhoiriúnach go buan leis na rialacha teicniúla agus na caighdeáin sábháilteachta ábhartha. Ba cheart a áirithiú leis na rialacha agus na caighdeáin sin gur féidir na gáis sin a instealladh, go teicniúil agus go sábháilte, sa chóras gáis nádúrtha agus a iompar tríd, agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar shaintréithe ceimiceacha na ngás sin freisin trí mheán na rialacha agus na gcaighdeán sin.
-

↓	2009/73/CE	Aithris	42
(oiriúnaithe)			
⇒ nua			

- (125) ~~Leanfaidh conarthaí fadtéarmacha de bheith~~ ☒ Tá conarthaí fadtéarmacha ☒ ina gcuid thábhachtach de sholáthar gáis na mBallstát ⇒ . Mar sin féin, níor cheart iad a bheith ina bhacainn maidir le teacht isteach gás in-athnuaite agus ísealcharbóin, agus is ar an gcúis sin nach bhféadfar fad na gconarthaí maidir leis an soláthar gáis iontaise a reáchtáil tar éis 2049. Beidh na conarthaí sin i gcomhréir le ⇐ agus ba cheart iad a choimeád mar rogha do ghnóthais soláthair gáis a mhéid nach bhféadfaidh siad go mbainfeadh an bonn ó cuspóir na Treorach seo agus tá siad ag teacht leis an gConradh ☒ le CFAE ☒, lena n-áirítear na rialacha iomaíochta. Is gá dá bhrí sin conarthaí fadtéarmacha a chur san áireamh maidir le planáil a dhéanamh ar an acmhainneacht soláthair agus iompair a bheidh ag gnóthais gáis nádúrtha.
-

↓	2009/73/CE	Aithris	43
(oiriúnaithe)			

- (126) Chun a áirithiú go gcoimeádfar ardchaighdeán seirbhíse poiblí san ☒ Aontas ☒ ~~Chomhphobal~~, ba cheart fógra rialta a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta go léir atá á ndéanamh ag na Ballstáit chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a fhoilsiú go rialta ina ndéanfar anailís ar bhearta

arna ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta chun cuspóirí seirbhíse poiblí a bhaint amach agus a n-éifeachtúlacht a chur i gcomparáid lena chéile, d'fhonn moltaí a dhéanamh maidir le bearta atá le déanamh ar an leibhéal náisiúnta chun ardchaighdeán seirbhíse poiblí a bhaint amach.

↓	2009/73/CE	Aithris	44
(oiriúnaithe)			

- (127) Is ceanglas bunúsach de chuid na Treorach seo é ceanglais na seirbhíse poiblí a urramú, agus tá sé tábhachtach go sonrófar sa Treoir seo caighdeán íosta chomhchoiteanna, a urramóidh na Ballstáit ar fad, ina gcuirfear san áireamh na cuspóirí maidir le cosaint chomhchoiteann, slándáil an tsoláthair, cosaint an chomhshaoil agus leibhéil choibhéiseacha iomaíochta sna Ballstáit go léir. Tá sé tábhachtach gur féidir na ceanglais seirbhíse poiblí a léirmhíniú ar bhonn náisiúnta, ag cur san áireamh imthosca náisiúnta agus faoi réir dlí an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ a urramú.

↓	2009/73/CE	Aithris	45
(oiriúnaithe)			

- (128) Ba cheart é a bheith indéanta go mbainfear amach leis na bearta a chuirfidh na Ballstáit chun feidhme cuspóirí an chomhtháthaithe shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear, go háirithe, dreasachtaí eacnamaíocha leordhóthanacha a sholáthar, ag baint úsáid, i gcás inarb iomchuí, as na huirlisí náisiúnta agus na huirlisí ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ go léir atá ann cheana. Ba cheart é a bheith indéanta a áireamh leis na huirlisí sin sásraí dliteanais chun an infheistíocht is gá a ráthú.

↓	2009/73/CE	Aithris	46
(oiriúnaithe)			

- (129) Sa mhéid gur Státchabhair faoi Airteagal ~~87(1)~~ ☒ 107(1) ☒ den Chonradh iad na bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit chun oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, tá oibleagáid faoi Airteagal ~~88(3)~~ ☒ 108(3) ☒ den Chonradh fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith.

↓	2009/73/CE	Aithris	53
---	------------	---------	----

- (130) Ba cheart do na praghsanna margaidh na dreasachtaí cearta a thabhairt chun an gréasán a fhorbairt.

↓	2009/73/CE	Aithris	54
---	------------	---------	----

- (131) Ba cheart do na Ballstáit an tábhacht is mó is féidir a leagan ar iomaíocht chóir agus rochtain éasca do sholáthróirí éagsúla a chur chun cinn chun go bhféadfaidh

tomhaltóirí leas iomlán a bhaint as na deiseanna atá le tapú i margadh inmheánach léirscaoilte gáis nádúrtha sa ghás.

↓ 2009/73/CE Aithris 55
(oiriúnaithe)

- (132) Chun cuidiú le slándáil an tsoláthair, agus meon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit á choinneáil ar bun an tráth céanna, go háirithe i gcás géarchéim soláthair fuinnimh, is mór an tábhacht é ☒ foráil a dhéanamh maidir le ☒ creat i ndáil le comhar réigiúnach de mheon dlúthpháirtíochta. Féadfaidh an comhar sin a bheith ag brath, má chinneann na Ballstáit amhlaidh, ar an gcéad dul síos ar shásraí atá bunaithe ar an margadh. Níor cheart é a bheith ina thoradh ar an gcomhar ar mhaithe leis an dlúthpháirtíocht réigiúnach agus dhéthaobhach a chur chun cinn go leagfar ualach díreireach ar rannpháirtithe sa mhargadh ná go ndéanfar idirdhealú eatarthu.
-

↓ 2009/73/CE Aithris 56
(oiriúnaithe)

- (133) D'fhonn margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a chruthú, ba cheart do na Ballstáit comhtháthú a gcuid margaí náisiúnta agus an comhar idir oibreoirí córais ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ agus ar an leibhéal réigiúnach a chothú, agus na córais leithlisithe a ionchorprú lena gcomhdhéantar oileáin gháis arb ann dóibh go fóill ~~sa Chomhphobail~~ ☒ san Aontas ☒.
-

↓ nua

- (134) D'fhéadfadh tairbhí éagsúla a bheith mar thoradh ar chomhtháthú deonach na margaí réigiúnacha, go háirithe, cumaisc mhargaidh, ag brath ar shainiúlachtaí na margaí. Le comhtháthú margaidh, d'fhéadfadh an deis a bheith ann an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an mbonneagar ar choinníoll nach mbeidh tionchar diúltach aige sin ar mhargaí comharsanacha, mar shampla trí tharaifí trasteorann a mhéadú. Is deis é freisin an iomaíocht, an leachtacht agus an trádáil a mhéadú chun sochar na gcustaiméirí deiridh sa réigiún, trí sholáthróirí a mhealladh nach dtiocfadh murach sin mar gheall ar mhéid beag an mhargaidh. Le comhtháthú margaidh, is féidir limistéir níos mó a chruthú inar féidir rochtain a fháil ar níos mó foinsí soláthair freisin. D'fhéadfadh éagsúlú den chineál sin difear a dhéanamh do na praghsanna sa mhargadh mórdhíola, a bhuí leis an iomaíocht fheabhsaithe idir foinsí, ach d'fhéadfadh sé feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair freisin i gcás nach mbeidh aon phlódú inmheánach sa limistéar conasctha nua. D'fhéadfadh an comhtháthú margaidh a bheith ina bhunús chun tacú a thuilleadh le claochlú an mhargaidh gáis nádúrtha, lena n-áirítear cur in úsáid na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin. Ba cheart do na Ballstáit, údarais rialála agus oibreoirí córas tarchurtha oibriú i gcomhar chun comhtháthú réigiúnach a éascú.

↓	2009/73/CE	Aithris	57
(oiriúnaithe)			

- (135) Ba cheart forbairt fíormhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha, trí ghréasán atá nasctha ar fud an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒, a bheith ar cheann de phríomhchuspóirí na Treorach seo agus, dá bhrí sin, ba cheart saincheisteanna rialála maidir le hidirnaise thrasteorann agus margaí réigiúnacha a bheith ar cheann de phríomhchúraimí na n-údarás rialála, i ndlíthchomhar ☒ le ACER ☒ ~~leis an nGníomhaireacht~~ i gcás inarb ábhartha.

↓	2009/73/CE	Aithris 58
⇒ nua		

- (136) Ba cheart é a bheith ar cheann de phríomhchuspóirí na Treorach seo freisin rialacha comhchoiteanna maidir le fíormhargadh inmheánach a áirithiú, mar aon le soláthar leathan gáis. Chuige sin, sholáthródh praghsanna margaidh neamhshaofa dreasacht don ⇒ trádáil ⇐ ~~idirnaise~~ trasteorann agus bheadh cóineasú praghsanna ina thoradh orthu ~~san fhadtréimhse~~.

↓	2009/73/CE	Aithris 59
---	------------	------------

- (137) Ba cheart do na húdaráis rialála faisnéis a sholáthar ar an margadh freisin ionas go bhféadfaidh an Coimisiún a ról a fheidhmiú i dtaobh breathnú agus faireachán a dhéanamh ar an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus ar an gcaoi a dtiocfaidh sé chun cinn sa ghearrthréimhse, sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse, lena n-áirítear gnéithe amhail soláthar agus éileamh, bonneagar tarchurtha agus dáileacháin, cáilíocht seirbhíse, trádáil trasteorann, bainistiú ar phlódú, infheistíochtaí, praghsanna mórdhíola agus praghsanna tomhaltóirí, leachtacht mhargaidh agus feabhsuithe i dtaobh an chomhshaoil agus na héifeachtúlachta. Ba cheart do na húdaráis rialála ~~naisiúnta~~ tuairisciú do na húdaráis iomaíochta agus don Choimisiún faoi na Ballstáit sin ina gcuireann praghsanna bac ar an iomaíocht agus ar fheidhmiú cuí an mhargaidh.

↓	2009/73/CE	Aithris	60
(oiriúnaithe)			
⇒ nua			

- (138) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit aidhm na Treorach seo, eadhon margadh inmheánach sa ghás nádúrtha ⇒ agus sa hidrigin ⇐ atá go hiomlán oibríochtúil a chruthú, a ghnóthú go leordhóthanach, ☒ ach ☒ gur fearr is féidir ~~de bhrí sin~~ ☒, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta sin, ☒ é a ghnóthú ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ☒ an Aontais ☒, féadfaidh an ~~Chomhphobal~~ ☒ tAontas ☒ bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ☒ ar an Aontas Eorpach ☒. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

↓ 2009/73/CE Aithris 61
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (139) Faoi Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹ ~~an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na gréasáin gáis nádúrtha~~²², féadfaidh an Coimisiún Treoirínte ☒ nó cóid ghréasáin ☒ a ghlacadh chun an méid comhchuibhithe is gá a bhaint amach. Na Treoirínte☒ nó cóid ghréasáin ☒ den chineál sin, ar ~~bearta eir chun feidhme ceangailteacha~~ ⇒ rialacha ceangailteachta iad a glacadh i bhfoirm Rialacháin ón gCoimisiún☐, is úsáideach an uirlis iad i dtaca le forálacha áirithe den Treoir seo freisin, uirlis is féidir a chur in oiriúint go tapa nuair is gá.

↓ 2009/73/CE Aithris 62

~~Maidir leis na bearta is gá chun an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na geumhachtaí eir chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún~~²³.

↓ 2009/73/CE Aithris 63

- (140) Ba cheart, go háirithe, an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na Treoirínte is gá a ghlacadh d'fhonn an leibhéal íosta comhchuibhithe a sholáthar atá riachtanach chun aidhm na Treorach seo a bhaint amach. ~~Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur ceapadh iad chun cilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú, trína forlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnserúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.~~

↓ 2009/73/CE Aithris 64
(oiriúnaithe)

~~I gcomhréir le pointe 34 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr~~²⁴, spreagtar na Ballstáit chun a geuid táblaí féin a tharraingt suas, ar a son féin agus ar mhaithe le leas an Chomhphobail, ina léireofar, a mhéid is féidir, an comhghaol idir an Treoir seo agus na bearta trasuí, agus chun iad a chur ar fáil go poiblí.

- (141) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin, ghlac na Ballstáit mar

²¹ Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

²² Féach leathanach 36 den Iris Oifigiúil seo.

²³ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

²⁴ IO C 321, 31.12.2003, lch. 1.

chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. Maidir leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí leis na doiciméid sin a tharchur, go háirithe tar éis bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás an Coimisiún v an Bheilg (cás C-543/17).

↓ 2009/73/CE Aithris 65
(oiriúnaithe)

- (65) ~~Ag féachaint do raon feidhme na leasuithe atá á ndéanamh leis seo ar Threoir 2003/55/CE, is innhianaithe, ar mhaithe le soiléireacht agus le eifeachóirí, na forálacha i dtrácht a athmhúnú trína dtabhairt le chéile in aon téacs amháin i dTreoir nua.~~

↓ 2009/73/CE aithris 38
⇒ nua

- (142) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh²⁵. ⇒ Dá réir sin, ba cheart an Treoir seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin, go háirithe an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint a ráthaítear le hAirteagal 8 den Chairt. Tá sé fíor-riachtanach go gcomhlíonann aon phróiseáil sonraí faoin Treoir seo Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵. ⇐

↓ nua

- (143) Chun an leibhéal íosta comhchuibhithe is gá a sholáthar chun aidhm na Treorach seo a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean don Choimisiún i dtaca le gnéithe neamhriachtanacha de réimsí sonracha áirithe atá bunriachtanach chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr²⁶. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna a fhaigheann saineolaithe na mBallstát iad, agus bíonn cead i gcónaí ag a gcuid saineolaithe freastal ar chruinnithe grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (144) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun ceanglais idir-inoibritheachta seirbhísí fuinnimh agus nósanna imeachta neamh-

²⁵ IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

²⁶ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

idirdehalaitheacha agus trédhearcacha maidir le rochtain a fháil ar shonraí a chinneadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

- (145) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis an Treoir a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar an Treoir a bhí ann roimhe seo.
- (146) Chun cur chun feidhme rianúil agus éifeachtach na bhforálacha a leagtar síos sa Treoir seo a áirithiú, tugann an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla ²⁷ lena gcuirtear saineolas teicniúil saincheaptha ar fáil chun athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear na hathchóirithe lena gcuirtear chun cinn margadh inmheánach iomaíoch sa ghás nádúrtha agus sa hidrigin, lena gcumasaítear comhtháthú gás in-athnuaite agus ísealcharbóin agus lena méadaítear comhar agus comhordú idir oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin. Maidir leis an tacaíocht theicniúil, mar shampla, baineann sé leis an gcumas riaracháin a neartú, na creataí reachtacha a chomhchuibhiú agus dea-chleachtais ábhartha a roinnt.
- (147) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn I a thrasuí sa dlí náisiúnta agus maidir le dáta chur i bhfeidhm na dTreoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, Cuid B.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Treoir seo rialacha comhchoiteanna maidir le ⇒ gáis de réir bhrí Airteagal 2, pointe (2) a úsáideann an córas gáis nádúrtha a shainmhínítear i bpointe (3) den Airteagal sin ⇐ ~~gás nádúrtha~~ a tharchur, a dháileadh, a sholáthar agus a stóráil. Leagtar síos léi na rialacha a bhaineann le heagrú agus feidhmiú na hearnála ☒ sin ☒ ~~gáis nádúrtha~~, rochtain ar an margadh, na critéir agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le húdaruithe a dheonú i dtaobh ~~gás nádúrtha~~ ⇒ gáis a úsáideann an córas gáis nádúrtha ⇐ a tharchur, a dháileadh, a sholáthar agus a stóráil, agus i dtaobh córais a oibriú.

~~2. Na rialacha a bhunaítear leis an Treoir seo maidir le gás nádúrtha, lena n-áirítear GNL, beidh feidhm acu freisin ar bhealach neamh-idirdhealaitheach maidir leis an~~

²⁷ Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil

~~mbithghás agus le gás ó bhithmhais nó cineálacha eile gáis a mhéid is féidir gáis den sórt sin a instealladh go teicniúil agus go sábháilte sa chóras gáis nádúrtha agus a iompar tríd.~~

↓ nua

2. Leis an Treoir seo, bunaítear na rialacha maidir le gás nádúrtha a iompar, a sholáthar agus a stóráil agus maidir le haistriú an chórais gáis nádúrtha i gcóras atá bunaithe ar gháis inbhuanaithe agus ísealcharbóin.
3. Leis an Treoir seo bunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le hidrigin a iompar, a sholáthar agus a stóráil trí úsáid an chórais hidrigine. Leagtar síos léi na rialacha a bhaineann le heagrú agus feidhmiú na hearnála sin, rochtain ar an margadh, na critéir agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le húdaruithe a dheonú i dtaobh gréasán, i dtaobh hidrigin a sholáthar agus a stóráil, agus i dtaobh córais a oibriú.
4. Leis an Treoir seo bunaítear na rialacha maidir le bunú de réir a chéile córais hidrigine idirnasctha ar fud an Aontais Eorpaigh a rannchuidíonn le laghdú glanastaíochtaí gás ceaptha teasa eárnálacha is deacair a dhícharbónú agus ar an dóigh sin, tacaítear le dícharbónú chóras fuinnimh an Aontais Eorpaigh.

↓ 2009/73/CE

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

↓ nua

- (1) ciallaíonn ‘gás nádúrtha’ na gáis uile arb éard atá iontu go príomha meatán, lena n-áirítear ó bithghás agus ó bhithmhais go háirithe bithmheatán, nó cineálacha eile gáis, ar féidir iad a chur isteach sa chóras gáis nádúrtha agus a iompar tríd go teicniúil agus go sábháilte.
- (2) ciallaíonn ‘gás in-athnuaite’ bithghás mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (28) de Threoir 2018/2001, lena n-áirítear bithmheatán, agus breoslaí gásacha in-athnuaite ar cuid iad de bhreoslaí de thionscnamh neamhbhitheolaíoch mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (36) den Treoir sin’;
- (3) ciallaíonn ‘gáis’ gás nádúrtha agus hidrigin;
- (4) ciallaíonn ‘córas gáis nádúrtha’ córas bonneagar, lena n-áirítear píblínte, críochfoirt GNL agus saoráidí stórála, a iompraíonn gáis, arb éard atá iontu go príomha meatán, lena n-áirítear bithghás agus bithmhais, go háirithe bithmheatán, nó cineálacha eile gáis, ar féidir iad a chur isteach sa chóras píblíne gáis nádúrtha agus a iompar tríd go teicniúil agus go sábháilte.
- (5) ciallaíonn ‘córas hidrigine’ córas bonneagair, lena n-áirítear gréasáin hidrigine, stóráil hidrigine agus críochfoirt hidrigine, ina bhfuil hidrigin d’ardghrád íonachta;

- (6) ciallaíonn ‘saoráid stórála hidrigine’ saoráid a úsáidtear chun hidrigin d’ardghrád íonachta a stocáil:
- (a) lena n-áirítear an chuid de chríochfort hidrigine a úsáidtear le haghaidh stórála ach nach n-áirítear léi an chuid a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí táirgthe, agus nach n-áirítear léi saoráidí a fhorchoimeádtar go heisiach le haghaidh oibreoirí gréasáin hidrigine atá i mbun a gcuid feidhmeanna;
 - (b) lena n-áirítear stóráil mhór hidrigine, go háirithe faoi thalamh ach nach n-áirítear suiteálacha stórála hidrigine níos lú is éasca a mhacasamhlú léi;
- (7) ciallaíonn ‘línephacáil hidrigine’ stóráil hidrigine ar ardghrád íonachta trí chomhbhrú i ngréasáin hidrigine, seachas saoráidí a fhorchoimeádtar le haghaidh oibreoirí gréasáin hidrigine atá i mbun a gcuid feidhmeanna;
- (8) ciallaíonn ‘críochfort hidrigine’ suiteáil a úsáidtear chun hidrigin leachtach nó amóinia leachtach a claochlú i hidrigin ghásach chun í a chur isteach sa ghréasán hidrigine nó chun hidrigin ghásach a leachtú, lena n-áirítear seirbhísí coimhdeacha agus stóráil shealadach is gá le haghaidh phróiseas an chlaochlaithe agus chun hidrigin a chur isteach sa ghréasán hidrigine ina dhiaidh sin, ach ní aon chuid den chríochfort hidrigine a úsáidtear le haghaidh stórála.
- (9) ciallaíonn ‘cáilíocht hidrigine’ íonacht hidrigine agus éilleáin i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta hidrigine is infheidhme le haghaidh an chórais hidrigine;
- (10) ciallaíonn ‘hidrigin ísealcharbóin’ hidrigin, a fhaigheann a luach fuinnimh ó fhoinsí nach foinsí inathnuaite iad, a chomhlíonann an tairseach 70 % um laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa;
- (11) ciallaíonn ‘gás ísealcharbóin’ an chuid de bhreoslaí gásacha i mbreoslaí carbóin athchúrsáilte mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (35) de Threoir (AE) 2018/2001, hidrigin ísealcharbóin agus breoslaí gásacha sintéiseacha a fhaigheann a luach fuinnimh ó hidrigin ísealcharbóin, a chomhlíonann an tairseach 70 % um laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa.
- (12) ciallaíonn ‘breoslaí ísealcharbóin’ breoslaí carbóin athchúrsáilte mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/2001, hidrigin ísealcharbóin agus breoslaí gásacha sintéiseacha agus breoslaí leachtacha sintéiseacha a fhaigheann a luach fuinnimh ó hidrigin ísealcharbóin, a chomhlíonann an tairseach 70 % um laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa.
- (13) ciallaíonn ‘gnóthas hidrigine’ duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann ceann amháin ar a laghad de na feidhmeanna seo a leanas: hidrigin a tháirgeadh, a iompar, a sholáthar, a cheannach nó a stóráil, nó críochfort hidrigine a oibriú, agus atá freagrach as na cúraimí tráchtála, teicniúla agus/nó cúraimí maidir le coinneáil ar bun a bhaineann leis na feidhmeanna sin, ach nach n-áirítear na custaiméirí deiridh leis;

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (14) ciallaíonn ‘gnóthas gáis nádúrtha’ duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann ceann amháin ar a laghad de na feidhmeanna seo a leanas: gás nádúrtha, lena n-áirítear GNL, a tháirgeadh, a tharchur, a dháileadh, a sholáthar, a cheannach nó a stóráil,  agus  atá freagrach as na cúraimí tráchtála, teicniúla

~~agus/nó cúraimí maidir le coinneáil ar bun a bhaineann leis na feidhmeanna sin, ach ní áireofar leis sin custaiméirí deiridh~~ ☒ nach n-áirítear custaiméirí deiridh léi ☒;

- (152) ciallaíonn ‘gréasán réamhtheachtach píblínte’ aon phíblíne nó gréasán píblínte a oibrítear agus/nó a fhoirgnítear mar chuid de thionscadal táirgthe ola nó gáis ⇒ nádúrtha ⇐, nó a úsáidtear chun gás nádúrtha a iompar ó thionscadal amháin nó níos mó den sórt sin chuig monarcha próiseála nó críochfort nó críochfort deiridh cósta ag a dtugtar gás nó ola i dtír;
- (162) ciallaíonn ‘tarchur’ gás nádúrtha a iompar trí ghréasán, arb é atá ann den chuid is mó píblínte ardbhrú, seachas gréasán réamhtheachtach píblínte agus seachas an chuid de na píblínte ardbhrú a úsáidtear go príomha i gcomhthéacs an dáileacháin áitiúil ar ghás nádúrtha d’fhonn é a sheachadadh ar chustaiméirí, ach nach n-áirítear an soláthar leis;
- (174) ciallaíonn ‘oibreoir córais tarchurtha’ duine nádúrtha nó dlítheanach a chomhlíonann feidhm an tarchuir agus atá freagrach as an gcóras tarchurtha i limistéar áirithe agus, i gcás inarb infheidhme, na hidirnaisc atá aige le córais eile, a oibriú, a áirithiú go ndéanfar é nó iad a choinneáil ar bun agus, más gá, é nó iad a fhorbairt, agus atá freagrach as cumas an chórais san fhadtréimhse a áirithiú i dtaobh freastal ar éilimh réasúnta maidir le gás ⇒ nádúrtha ⇐ a iompar;
- (185) ciallaíonn ‘dáileadh’ gás nádúrtha a iompar trí ghréasáin píblínte áitiúla nó réigiúnacha d’fhonn é a sheachadadh do chustaiméirí, ach nach áirítear soláthar leis;
- (196) ciallaíonn ‘oibreoir córais dáileacháin’ duine nádúrtha nó dlítheanach a chomhlíonann feidhm an dáileacháin agus atá freagrach as an gcóras dáileacháin i limistéar áirithe agus, i gcás inarb infheidhme, na hidirnaisc atá aige le córais eile a oibriú, a áirithiú go ndéanfar é nó iad a choinneáil ar bun agus, más gá, é nó iad a fhorbairt, agus atá freagrach as cumas an chórais san fhadtréimhse a áirithiú i dtaobh freastal ar éilimh réasúnta maidir le gás ⇒ nádúrtha ⇐ a dháileadh;

↓ nua

- (20) ciallaíonn ‘gréasán hidrigine’ gréasán píblínte a úsáidtear chun hidrigin ar ardchaighdeán íonachta a iompar d’fhonn í a sheachadadh chuig custaiméirí, ach nach n-áirítear an soláthar leis.
- (21) ciallaíonn ‘iompar hidrigine’ iompar hidrigine trí ghréasán hidrigine d’fhonn í a sheachadadh chuig custaiméirí, ach nach n-áirítear an soláthar leis, gan beann ar an mbrú, ar an gclúdach geografach nó ar ghrúpa custaiméirí nasctha an ghréasáin.
- (22) ciallaíonn ‘oibreoir gréasáin hidrigine’ duine nádúrtha nó dlítheanach a chomhlíonann feidhm an iompair hidrigine agus atá freagrach as an ngréasán hidrigine i limistéar áirithe agus, i gcás inarb infheidhme, na hidirnaisc atá aige le gréasáin hidrigine eile, a oibriú, a áirithiú go ndéanfar é nó iad a choinneáil ar bun agus, más gá, é nó iad a fhorbairt, agus atá freagrach as cumas an chórais san fhadtréimhse a áirithiú i dtaobh freastal ar éilimh réasúnta maidir le hidrigin a iompar;

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

- (237) ciallaíonn ‘soláthar’ gás nádúrtha, lena n-áirítear GNL, ⇒ nó hidrigin, lena n-áirítear hidrigin leachtach ⇔ a dhíol, lena n-áirítear athdhíol, le custaiméirí;
- (248) ciallaíonn ‘gnóthas soláthair’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chomhlíonann feidhm an tsoláthair;
- (259) ciallaíonn ‘saoráid stórála’ saoráid a úsáidtear chun gás nádúrtha a stocáil agus atá faoi úinéireacht agus/nó á hoibriú ag gnóthas gáis nádúrtha, lena n-áirítear an chuid de shaoráidí GNL a úsáidtear le haghaidh stórála ach nach n-áirítear léi an chuid a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí táirgthe, agus nach n-áirítear léi saoráidí a fhorchoimeádtar go heisiach le haghaidh oibreoirí córais tarchurtha atá i mbun a gcuid feidhmeanna;
- (2619) ciallaíonn ‘oibreoir córais stórála’ duine nádúrtha nó dlítheanach a chomhlíonann feidhm na stórála ⇒ gáis nádúrtha ⇔ agus atá freagrach as saoráid stórála a oibriú;
- (2711) ciallaíonn ‘saoráid GNL’ críochfort a úsáidtear chun gás nádúrtha a leachtú nó chun GNL a allmhairiú, a dhiluchtú agus a athghású, agus áirítear léi ☒ lena n-áirítear ☒ seirbhísí coimhdeacha agus an stóráil shealadach is gá don phróiseas athghásaithe agus don seachadadh ina dhiaidh sin chuig an gcóras tarchurtha ach ní áirítear léi ☒ nach n-áirítear ☒ aon chuid de chríochfoirt GNL a úsáidtear le haghaidh stórála léi;
- (2812) ciallaíonn ‘oibreoir córais GNL’ duine nádúrtha nó dlítheanach a chomhlíonann an fheidhm i dtaca le gás nádúrtha a leachtú, nó a dhéanann GNL a allmhairiú, a dhíualú agus a athghású, agus atá freagrach as saoráid GNL a oibriú;
- (2913) ciallaíonn ‘córas’ aon ghréasán tarchurtha, gréasán dáileacháin, saoráid GNL agus/nó saoráid stórála atá faoi úinéireacht agus/nó a oibríonn gnóthas gáis nádúrtha, lena n-áirítear línephacáil agus a chuid saoráidí a sholáthraíonn seirbhísí coimhdeacha agus iad siúd de chuid na ngnóthas gaolmhara is gá chun rochtain ar tharchur, dáileadh agus GNL a sholáthar;
- (3014) ciallaíonn ‘seirbhísí coimhdeacha’ na seirbhísí uile is gá chun gréasáin tarchurtha, gréasáin dáileacháin, saoráidí GNL agus/nó saoráidí stórála a rochtain agus a oibriú, lena n-áirítear cothromú lóid, tamhgháis a chumasc agus a instealladh, ach nach n-áirítear leo saoráidí a fhorchoimeádtar go heisiach le haghaidh oibreoirí córais tarchurtha atá i mbun a gcuid feidhmeanna;
- (3115) ‘ciallaíonn línephacáil ⇒ gáis nádúrtha ⇔ gás ⇒ nádúrtha ⇔ a stóráil trína chomhbhrú i gcórais tarchurtha agus dáileacháin gáis, ach nach n-áirítear léi saoráidí a fhorchoimeádtar le haghaidh na n-oibreoirí córais tarchurtha atá i mbun a gcuid feidhmeanna;
- (3216) ciallaíonn ‘córas idirnasctha’ roinnt córas atá nasctha le chéile;

↓ 2019/692 Airteagal 1.1

- (3317) ciallaíonn ‘idirnascaire’ líne tharchuir a thrasnaíonn teorainn nó a shíneann thar theorainn idir Ballstáit chun córas tarchurtha náisiúnta na mBallstát sin a nascadh nó

líne tharchuir idir Ballstát agus tríú tír chomh fada le críoch an Bhallstáit sin nó chomh fada le farraige theorann an Bhallstáit sin;

↓ nua

- (34) ciallaíonn ‘idirnascaire hidrigine’ gréasán hidrigine a thrasnaíonn teorainn nó a shíneann thar theorainn idir Ballstáit, nó idir Ballstát agus tríú tír chomh fada le críoch an Bhallstáit sin nó chomh fada le farraige theorann an Bhallstáit sin;

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (3518) ciallaíonn ‘líne dhíreach’ píblíne gáis nádúrtha atá comhlántach leis an gcóras idirnasctha;
- (3619) ciallaíonn ‘gnóthas gáis nádúrtha comhtháite’ gnóthas atá comhtháite go hingearach nó go cothrománach;
- (3720) ciallaíonn ‘gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach’ gnóthas gáis nádúrtha nó grúpa gnóthas gáis nádúrtha ⇒ nó gnóthas hidrigine nó grúpa gnóthas hidrigine ⇐ ina bhfuil an duine céanna nó na daoine céanna i dteideal rialú a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, agus ina gcomhlíonann an gnóthas nó an grúpa gnóthas ceann amháin ar a laghad d’fheidhmeanna an tarchuir, an dáileacháin, ⇒ an iompair hidrigine, na hoibríochta críochfoirt hidrigine, ⇐ stóráil GNL ⇒ nó na stórála gáis nádúrtha nó hidrigine ⇐, agus ceann amháin ar a laghad de na feidhmeanna a bhaineann le gás nádúrtha ⇒ nó hidrigin ⇐ a tháirgeadh nó a sholáthar;
- (3821) ciallaíonn ‘gnóthas atá comhtháite go cothrománach’ gnóthas a dhéanann ceann amháin ar a laghad de na feidhmeanna a bhaineann le gás nádúrtha a tháirgeadh, a tharchur, a dháileadh, a sholáthar nó a stóráil, agus gníomhaíocht eile nach mbaineann le hearnáil an gháis ⇒ nádúrtha ⇐;
- (3922) ciallaíonn ‘gnóthas gaolmhar’ gnóthas cleamhnaithe, ~~de réir bhrí Airteagal 41 de Sheachtú Treoir 83/349/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1983 bunaithe ar Airteagal 44(2)(g)²⁸ den Chonradh maidir le cuntais chomhdhlúite²⁹ agus/nó gnóthas gaolmhar, de réir bhrí Airteagal 33(1) den Treoir sin~~ ☒ mar a shainmhínítear i bpointe (12) d’Airteagal 2 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰, ☒ agus/nó gnóthas ar leis na scairshealbhóirí céanna é;
- (4023) ciallaíonn ‘úsáideoir córais’ duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann soláthar ar fáil don chóras nó a gcuireann an córas soláthar ar fáil dó;

²⁸ ~~Rinneadh coigeartú ar theideal Threoir 83/349/CEE lena chur san áireamh an t-athuimhriú ar airtéagail an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh i geomhréir le hAirteagal 12 de Chonradh Amsterdam, ba d’Airteagal 54(3)(g) a bhí an tagairt bhunaidh.~~

²⁹ ~~IO L 193, 18.7.1983, lch. 1.~~

³⁰ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

- (4124) ciallaíonn ‘custaiméir’ custaiméir mórdhíola nó custaiméir deiridh ~~gáis nádúrtha~~
 ⇒ gás ⇐ nó gnóthas ~~gáis nádúrtha~~ ⇒ nó hidrigine ⇐ a cheannaíonn ~~gás nádúrtha~~
 ⇒ gás ⇐;
- (4225) ciallaíonn ‘custaiméir teaghlaigh’ custaiméir a cheannaíonn ~~gás nádúrtha~~ ⇒ gás ⇐ dá úsáid teaghlaigh féin;
- (4326) ciallaíonn ‘custaiméir neamhteaghlaigh’ custaiméir a cheannaíonn ~~gás nádúrtha~~
 ⇒ gás ⇐ nach dá úsáid teaghlaigh féin ~~éiad~~;
- (4427) ciallaíonn ‘custaiméir deiridh’ custaiméir a cheannaíonn ~~gás nádúrtha~~ ⇒ gás ⇐ dá úsáid féin;
- ~~(28) ciallaíonn ‘custaiméir incháilithe’ custaiméir atá saor chun gás a cheannach ón soláthraí is rogha leis féin, de réir bhrí Airteagal 37;~~
- (4529) ciallaíonn ‘custaiméir mórdhíola’ duine nádúrtha nó dlítheanach seachas oibreoir córais tarchurtha nó oibreoir córais dáileacháin a cheannaíonn ~~gás nádúrtha~~
 ⇒ gás ⇐ chun críche athdhíola laistigh den chóras ina bhfuil sé bunaithe nó lasmuigh de;

↓ nua

- (46) ciallaíonn ‘micrifhiontar’ fiontar ina bhfostaítear níos lú ná 10 bhfostaí agus nach mó ná EUR 2 mhilliún a láimhdeachas bliantúil agus/nó iomlán a chlár comhardaithe bhliantúil;
- (47) ciallaíonn ‘fiontar beag’ fiontar ina bhfostaítear níos lú ná 50 fostaí agus nach mó ná EUR 10 milliún a láimhdeachas bliantúil agus/nó iomlán a chlár comhardaithe bhliantúil;

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

- ~~(30) ciallaíonn ‘pleanáil fadtéarmach’ an phleanáil i dtaobh na haemhainneachta soláthair agus iompair atá ag gnóthais ~~gáis nádúrtha~~ ar bhonn fadtéarmach, d’fhonn freastal ar éileamh an chórais ar ~~ghás nádúrtha~~, éagsúlú a dhéanamh ar fhoinsí agus soláthairtí a áirithiú do chustaiméirí;~~
- ~~(31) ciallaíonn ‘margadh atá ag teacht chun cinn’ Ballstát ina ndearnadh an chéad soláthar tráchtála faoina chéad chonradh fadtéarmach maidir le soláthar ~~gáis nádúrtha~~ tráth nach faide ná 10 mbliana roimhe seo;~~
- (4832) ciallaíonn ‘slándáil’ idir slándáil an tsoláthair ~~gáis nádúrtha~~ agus an tsábháilteacht theicniúil;
- ~~(33) ciallaíonn ‘bonneagar nua’ bonneagar nach geríoch nó far faoin 4 Lúnasa 2003;~~
- (4934) ciallaíonn ‘conradh soláthair ~~gáis~~’ conradh chun ~~gáis nádúrtha~~ a sholáthar, ach nach n-áirítear leis díorthach ~~gáis~~;
- (5035) ciallaíonn ‘díorthach ~~gáis~~’ ionstraim airgeadais a shonraítear i bpointí 5, 6 nó 7 de Roinn C d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le margat in ionstraimí airgeadais ~~☒~~ Roinn C d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE maidir le

hionstraimí airgeadais margai³¹ ☒ , i gcás ina mbaineann an ionstraim sin le gás nádúrtha;

(51~~36~~) ciallaíonn ‘rialú’ aon cheart, aon chonradh nó aon mhodh eile a mbaineann an fhéidearthacht leo, ar leithligh nó go comhpháirteach agus ag féachaint do na breithnithe fíorais nó dlí lena mbaineann, tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar ghnóthas, ar an gcaoi seo a leanas go háirithe:

(a) trí úinéireacht nó tríd an gceart na sócmhainní uile de chuid gnóthais, nó cuid díobh, a úsáid;

(b) trí chearta nó conarthaí a mbíonn tionchar cinntitheach acu ar chomhdhéanamh, vótáil nó cinntí na gcomhlachtaí de chuid gnóthais;³²

↓ nua

(52) ciallaíonn ‘conradh fadtéarmach’ conradh soláthair is mó ná aon bhliain amháin.

(53) ciallaíonn ‘córas iontrála-scoir’ comhbhailiú na gcóras tarchurtha agus dáileacháin uile a bhfuil feidhm ag aon réimeas comhardúcháin sonrach amháin ina leith;

(54) ciallaíonn ‘crios comhardúcháin’ córas iontrála-scoir a bhfuil feidhm ag réimeas comhardúcháin sonrach ina leith;

(55) ciallaíonn ‘pointe trádála fíorúil’ pointe tráchtála neamh-fhisiceach laistigh de chóras iontrála-scoir ina ndéantar gáis a mhalartú idir díoltóir agus ceannaitheoir gan an gá acmhainn tarchurtha nó dáileacháin a chur in áirithint.

(56) ciallaíonn ‘pointe iontrála’ pointe atá faoi réir nósanna imeachta áirithinte ag úsáideoirí gréasáin nó táirgeoirí lena soláthraítear rochtain ar chóras iontrála-scoir.

(57) ciallaíonn ‘pointe scoir’ pointe atá faoi réir nósanna imeachta áirithinte ag úsáideoirí gréasáin nó custaiméirí deiridh lena gcumasaítear do shreafaí gáis amach as córas iontrála-scoir.

(58) ciallaíonn ‘pointe idirnaisc’ pointe fisiceach nó fíorúil a nascann córais chongaracha iontrála-scoir nó a nascann córas iontrála-scoir le hidirnascaire, sa mhéid atá na pointí sin faoi réir nósanna imeachta áirithinte ag úsáideoirí gréasáin;

(59) ciallaíonn ‘pointe idirnaisc fíorúil’ dhá phointe idirnaisc nó níos mó a nascann dhá chóras chongaracha iontrála-scoir, atá comhtháite le chéile ar mhaithe le seirbhís toillte aonair a sholáthar;

(60) ciallaíonn ‘rannpháirtí sa mhargadh’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil gás á cheannach, á dhíol nó á tháirgeadh aige, ar oibreoir seirbhísí stórála é, lena n-áirítear trí orduithe a dhéanamh chun trádáil a dhéanamh, i gceann amháin nó níos mó de na margai gáis, lena n-áirítear i margai cothromúcháin;

(61) ciallaíonn ‘táille scortha conartha’ muirear nó pionós a ghearrann soláthróirí nó rannpháirtithe sa mhargadh ar chustaiméirí as conradh soláthair nó seirbhíse gáis a fhoirceannadh;

(62) ciallaíonn ‘táille a bhaineann le soláthróir a athrú’ muirear nó pionós, lena n-áirítear táillí foirceanta conartha, a ghearrann soláthróirí, rannpháirtithe sa mhargadh nó

³¹ IO L ~~145~~, 30.4.2004, lch. 1 ☒ 173, 12.6.2014, lch. 349–496 ☒.

oibreoirí córas go díreach nó go hindíreach ar chustaiméirí as soláthróirí a athrú nó as rannpháirtithe sa mhargadh a athrú;

(63) ciallaíonn ‘faisnéis bhilleála’ an fhaisnéis a thugtar ar bhille custaiméara deiridh, seachas iarraidh ar íocaíocht;

(64) ciallaíonn ‘gnáthmhéadar’ méadar analógach nó méadar leictreonach gan an cumas sonraí a tharchur ná a ghlacadh araon;

(65) ciallaíonn ‘méadrú cliste’ córas leictreonach atá in ann an leictreachas a chuirtear isteach san eangach nó an leictreachas a idítear ón eangach a thomhas, lena soláthraítear níos mó faisnéise ná gnáthmhéadar, agus atá in ann sonraí a tharchur agus a fháil chun críoch faisnéise, faireacháin agus rialaithe, ag úsáid cumarsáid leictreonach de chineál áirithe;

(66) ciallaíonn ‘idir-inoibritheacht’, i gcomhthéacs an mhéadraithe chliste, dhá cheann nó níos mó de ghréasáin, córais, feistí, feidhmchláir nó comhpháirteanna fuinnimh nó cumarsáide a bheith in ann idir-oibriú, agus faisnéis a mhalartú agus a úsáid chun feidhmeanna riachtanacha a dhéanamh;

(67) ciallaíonn ‘is déanaí atá ar fáil’, i gcomhthéacs na sonraí méadrúcháin chliste, a sholáthraítear laistigh de thréimhse atá ag teacht leis an tréimhse réitigh is gaire sa mhargadh náisiúnta;

(68) ciallaíonn ‘na teicnící is fearr atá ar fáil’, i gcomhthéacs na cosanta sonraí agus na slándála i dtimpeallacht méadrúcháin chliste, na teicnící is éifeachtaí, is airde agus is oiriúnaí go praiticiúil chun bonn a sholáthar, i bprionsabal, le haghaidh chomhlíonadh rialacha cosanta sonraí agus slándála an Aontais;

(69) ciallaíonn ‘bochtaineacht fuinnimh’ an bhochtaineacht fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe (49) d’Airteagal 2 de Threoir (AE) 2021/0203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(70) ciallaíonn ‘pobal fuinnimh saoránach’ eintiteas dlíthiúil:

(a) atá bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach agus oscailte, agus atá á rialú go héifeachtach ag comhaltaí nó scairshealbhóirí ar daoine nádúrtha, údarais áitiúla, lena n-áirítear bardais, nó fiontair bheaga iad;

(b) a bhfuil sé de phríomhchuspóir aige sochair chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a sholáthar dá bhaill nó dá scairshealbhóirí nó do na ceantair áitiúla ina n-oibríonn sé seachas chun brabús airgeadais a dhéanamh; agus

(c) a dhéanann gás in-athnuaite a tháirgeadh, a dháileadh, a sholáthar, a thomhailt nó a stóráil i gcóras gáis nádúrtha, nó a sholáthraíonn seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh nó seirbhísí maidir le coinneáil ar bun dá bhaill nó dá scairshealbhóirí;

(71) ciallaíonn ‘custaiméir gníomhach’ custaiméir deiridh gáis nádúrtha, nó grúpa custaiméirí deiridh, a ghníomhaíonn go comhpháirteach agus a ídíonn nó a stóráilann gás a tháirgtear laistigh dá áitreabh atá suite laistigh de theorainneacha cúnga nó, i gcás ina gceadaíonn Ballstát amhlaidh, laistigh d’áitreabh eile, nó a dhíolann gás in-athnuaite féintáirgthe tríd an gcóras gáis nádúrtha a úsáid, nó atá rannpháirteach i scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh, ar choinníoll nach iad na gníomhaíochtaí sin a phríomhghníomhaíocht tráchtála ná a phríomhghníomhaíocht ghairmiúil;

Caibidil II

Rialacha ginearálta maidir le heagrú ~~na hearnála~~ an mhargaidh agus rochtain ar an mbonneagar

Airteagal 337

~~Oscailt an mhargaidh agus an chomhalartach~~  Margaí le haghaidh gás atá iomaíoch, dírithe ar an tomhaltóir agus neamh-idirdhealaitheach 

1. Áiríteoidh na Ballstáit ~~gurb iad na custaiméirí incháilithe~~  go mbeidh na custaiméirí uile in ann gáis a cheannach óna rogha soláthróra agus áiríteoidh siad go mbeidh an tsaoirse ag na custaiméirí uile níos mó ná aon chonradh soláthair gáis nádúrtha nó hidrigine amháin a bheith acu san am céanna, ar choinníoll gur bunaíodh an nasc agus na pointí méadrúcháin is gá. 

↓ nua

2. Áiríteoidh na Ballstáit nach gcuirfidh a reachtaíocht náisiúnta bacainn mhíchúí roimh thrádáil trasteorann gáis, roimh fheidhmiú agus teacht chun cinn trádála leachta le haghaidh gáis, roimh rannpháirtíocht tomhaltóirí, roimh infheistíochtaí, go háirithe i ngáis in-athnuaite agus ísealcharbóin, ná roimh stóráil fuinnimh idir na Ballstáit, agus áiríteoidh siad go léireoidh praghsanna gáis an soláthar agus an t-éileamh iarbhrí.
3. Áiríteoidh na Ballstáit nach ann d'aon bhacainní míchúí laistigh den mhargadh inmheánach le haghaidh gáis a mhéid a bhaineann le dul isteach sa mhargadh agus imeacht as, trádáil sa mhargadh agus oibriú an mhargaidh.
4. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh na gnóthais fuinnimh faoi réir rialacha, táillí agus cóireáil a bheidh trédhearcach, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, go háirithe i ndáil le rochtain ar na margaí mórdhíola, le rochtain ar shonraí, le próisis chun athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile agus córais bhilleála agus, i gcás inarb infheidhme, le ceadúnú.
5. Áiríteoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh rannpháirtithe sa mhargadh ó thríú tíortha dlí an Aontais is infheidhme agus an dlí náisiúnta is infheidhme, agus iad ag oibriú laistigh den mhargadh inmheánach le haghaidh gáis.

↓ 2009/73/CE Airteagal 37

~~(a) go dtí an 1 Iúil 2004, custaiméirí incháilithe mar a shonraítear in Airteagal 18 de Threoir 98/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh~~

~~1998 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha³²; Foilseoidh na Ballstáit na critéir maidir le sainiú na geustaiméirí incháilithe sin faoin 31 Eanáir gach bliain;~~

~~(b) amhail ón 1 Iúil 2004, gach custaiméir neamhtheaghlaigh;~~

~~(c) amhail ón 1 Iúil 2007, gach custaiméir.~~

~~2. Chun éagothroime a sheachaint maidir leis na margaí gáis a oscar:~~

~~(a) ní thoirmisefear conarthaí i leith soláthair le custaiméirí incháilithe i geóras Ballstáit eile más rud é go bhfuil an custaiméir incháilithe sa dá chóras lena mbaineann; agus~~

~~(b) i gcás ina ndiúltófar d'idirbhearta mar a thuairiscítear i bpointe (a) toise nach bhfuil an custaiméir incháilithe ach i gceann amháin den dá chóras, féadfaidh an Coimisiún, agus an staid sa mhargadh agus an leas coiteann á geur san áireamh aige, é a chur d'oibleagáid ar an bpáirtí a dhiúltaigh don idirbheart forghníomhú a dhéanamh ar an soláthar a iarradh, ar iarraidh ó cheann de Bhallstáit an dá chóras.~~

↕ nua

Airteagal 4

Praghsanna soláthair atá bunaithe ar an margadh

1. Beidh saoirse ag soláthróirí an praghas ag a soláthróidh siad gáis do na custaiméirí a chinneadh. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí iomchuí chun iomaíocht éifeachtach idir na soláthróirí a áirithiú.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na custaiméirí teaghlaigh atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh agus atá leochaileach a chosaint de bhun Airteagal 25 trí bheartas sóisialta nó trí mhodhanna eile seachas idirghabhálacha poiblí i leith shocrú na bpraghsanna le haghaidh soláthar gáis.
3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na Ballstáit idirghabhálacha poiblí a chur i bhfeidhm i leith shocrú na bpraghsanna le haghaidh soláthar gáis nádúrtha do chustaiméirí teaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh nó atá leochaileach. Beidh na hidirghabhálacha poiblí sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i míreanna 4 agus 5.
4. Maidir le hidirghabhálacha poiblí i leith shocrú na bpraghsanna le haghaidh soláthar gáis nádúrtha:
 - (a) saothróidh siad leas eacnamaíoch ginearálta agus ní rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach chun an leas eacnamaíoch ginearálta sin a bhaint amach;
 - (b) beidh siad sainmhínithe, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus infhíoraithe;
 - (c) déanfaidh siad rochtain chomhionann ar ghnóthais gáis nádúrtha an Aontais a ráthú do chustaiméirí;
 - (d) beidh teorainn ama leo agus beidh siad comhréireach ó thaobh a dtairbhíthe de;

³² IO L 204, 21.7.1998, lch. 1.

- (e) ní éireoidh costais bhreise astu ar bhealach idirdhealaitheach do rannpháirtithe sa mhargadh.
5. Aon Bhallstát a dhéanfaidh idirghabhálacha poiblí i leith shocrú na bpraghsanna le haghaidh soláthar gáis nádúrtha a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, déanfaidh siad freisin pointe (d) d'Airteagal 3(3) agus Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/1999 a chomhlíonadh, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil líon suntasach de theaghlaigh atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh sa Bhallstát lena mbaineann.
6. Ar mhaithe le hidirthréimhse chun iomaíocht éifeachtach le haghaidh conarthaí soláthair gáis nádúrtha a bhunú idir soláthróirí, agus chun praghsáil miondíola margadhbhunaithe gáis atá go hiomlán éifeachtach a bhaint amach i gcomhréir le mír 1, féadfaidh na Ballstáit idirghabhálacha poiblí a chur i bhfeidhm i leith shocrú na bpraghsanna le haghaidh soláthar gáis nádúrtha do chustaiméirí teaghlaigh agus do mhicrifhiontair nach dtairbhíonn d'idirghabhálacha poiblí de bhun mhír 3.
7. Idirghabhálacha poiblí de bhun mhír 6, comhlíonfaidh siad na critéir a leagtar amach i mír 4 agus:
- (a) beidh sraith de bhearta ag gabháil leo chun iomaíocht éifeachtach a bhaint amach mar aon le modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i ndáil leis na bearta sin;
 - (b) socrófar iad trí úsáid a bhaint as modheolaíocht lena n-áirithítear cóir neamh-idirdhealaitheach ar sholáthróirí;
 - (c) socrófar iad ag praghas a bheidh os cionn an chostais, ar leibhéal ag a bhféadfaidh iomaíocht éifeachtach praghsanna tarlú;
 - (d) beidh siad deartha chun aon tionchar diúltach ar an margadh gáis nádúrtha mórdhíola a íoslaghdú;
 - (e) áiritheoidh siad go mbeidh an fhéidearthacht ag gach tairbhí de na hidirghabhálacha poiblí sin tairiscintí margaidh iomaíocha a roghnú agus go ndéanfar, gach ráithe ar a laghad, na tairbhíthe sin a chur ar an eolas go díreach faoi thairiscintí agus coigiltis a bheith ar fáil sa mhargadh iomaíoch, agus go dtabharfar cúnamh dóibh athrú go tairiscint mhargadhbhunaithe;
 - (f) áiritheoidh siad, de bhun Airteagail 18 agus 19, go mbeidh tairbhíthe uile na n-idirghabhálacha poiblí sin i dteideal méadair chliste a fháil suiteáilte gan aon réamhchostas breise do na custaiméirí sin, agus go dtairgfear suiteáil na méadar sin dóibh, agus go gcuirfear ar an eolas iad go díreach faoin bhféidearthacht méadair chliste a shuiteáil agus go dtabharfar an cúnamh is gá dóibh;
 - (g) ní leanfaidh astu tras-fhóirdheonú díreach idir custaiméirí a fhaigheann soláthar ar phraghsanna saormhargaidh agus custaiméirí a fhaigheann soláthar ar phraghsanna soláthair rialáilte.
8. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na bearta a dhéantar i gcomhréir le míreanna 3 agus 6 laistigh d'aon mhí amháin tar éis a nglactha agus féadfaidh siad iad a chur i bhfeidhm láithreach. Beidh míniú ag gabháil leis an bhfógra ar an bhfáth nárbh fhéidir le hionstraimí eile an cuspóir atá á shaothrú a ghnóthú go leordhóthanach, conas a chomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i míreanna 4 agus 7 agus cad iad na héifeachtaí a bheidh ag na bearta ar tugadh fógra ina leith ar an iomaíocht. Tabharfar tuairisc san fhógra ar raon feidhme na dtairbhíthe, ré na mbeart

agus líon na gcustaiméirí teaghlaigh a ndéanann na bearta difear dóibh, agus tabharfar míniú inti ar an gcaoi a ndearnadh na praghsanna rialáilte a chinneadh.

9. Ón 15 Márta 2025, agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, mar chuid de na tuarascálacha comhtháite maidir le dul chun cinn náisiúnta fuinnimh agus aeráide, déanfaidh na Ballstáit tuarascálacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, maidir le riachtanas agus comhréireacht na n-idirghabhálacha poiblí faoin Airteagal seo, agus maidir le measúnú ar an dul chun cinn i dtreo iomaíocht éifeachtach a bhaint amach idir soláthróirí agus an t-aistriú go praghsanna margadhbhunaithe. Na Ballstáit a chuireann praghsanna rialáilte i bhfeidhm i gcomhréir le mír 6, tuairisceoidh siad ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 7, lena n-áirítear ar a mhéid atá soláthróirí a cheanglaítear orthu na hidirghabhálacha sin a chur i bhfeidhm ag comhlíonadh na gcoinníollacha, chomh maith leis an tionchar atá ag praghsanna rialáilte ar chúrsaí airgeadais na soláthróirí sin.
10. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme an Airteagail seo, agus déanfaidh sé tuarascáil ar an gcur chun feidhme sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, chun críche praghsáil miondíola margadhbhunaithe an gás nádúrtha a bhaint amach, agus, más iomchuí, gabhfaidh togra reachtach léi nó tiocfaidh togra reachtach ina diaidh. Féadfar an tuarascáil sin a chomhcheangal leis an tuarascáil maidir le cur chun feidhme Airteagal 5 de Threoir (AE) 2019/944. Féadfar críochdháta do na praghsanna rialáilte a bheith ar áireamh sa togra reachtach sin.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal 53

Oibleagáidí seirbhíse poiblí agus cosaint do chustaiméirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit, ar bhonn a n-eagrúcháin institiúidigh agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta, go bhfeidhmeofar gnóthais gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐, gan dochar do mhír 2, i gcomhréir le prionsabail na Treorach seo d'fhonn margadh iomaíoch, slán atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach ~~sa ghás nádúrtha~~ ⇒ i ngáis ⇐, agus ní dhéanfaidh siad idirdhealú idir na gnóthais sin maidir lena gcearta ná lena n-oibleagáidí.
2. Ag féachaint go hiomlán d'fhorálacha ábhartha ~~☒~~ CFAE ~~☒~~ an Chonartha, go háirithe ~~Airteagal 86~~ ☒ Airteagal 106 ☒ de, féadfaidh na Ballstáit oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ar ghnóthais ⇒ gáis nádúrtha agus hidrigine ⇐ ~~atá ag feidhmiú in earnáil an gháis~~, ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne, ar oibleagáidí iad a d'fhéadfadh a bheith bainteach le slándáil, lena n-áirítear slándáil an tsoláthair, rialacht, ⇒ agus ⇐ cáilíocht agus praghas soláthairtí, agus cosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite agus cosaint na haeráide. Beidh na hoibleagáidí sin sainithe go soiléir, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, infhíoraithe agus ráthófar leo go mbeidh comhionannas rochtana ag gnóthais gáis nádúrtha ⇒ agus gnóthais hidrigine ⇐ ~~an Chomhphobail~~ ☒ an Aontais ☒ ar thomhaltóirí náisiúnta. ~~Maidir le slándáil an tsoláthair, éifeachtúlacht fuinnimh/bainistiú ar éileamh agus chun comhlíonadh a~~

~~dhéanamh ar spriocanna comhshaoil agus spriocanna i dtaobh fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, mar a thagraítear sa mhír seo, féadfaidh na Ballstáit cur chun feidhme pleanáil fhadtéarmach a thabhairt isteach, agus é á chur san áireamh acu go bhféadfadh tríú páirtithe rochtain ar an geóras a lorg.~~

↓ nua

3. Ní rachaidh na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis thar a bhfuil riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíonfar na caighdeáin soláthair gáis de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2017/1938 agus beidh siad comhleánúnach le torthaí na measúnuithe riosca náisiúnta a dhéanfar de bhun Airteagal 7(3), mar a shonraítear sna Pleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach a ullmhaítear de bhun Airteagal 9(1), pointí (c), (d) agus (k) den Rialachán céanna.
4. I gcás ina dtabharfar cúiteamh airgeadais nó cineálacha eile cúitimh a dheonaíonn Ballstát as comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo, déanfar é ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

3. ~~Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun eustaiméirí deiridh a chosaint, agus, go háirithe, áiritheoidh siad go mbeidh coimireí leordhóthanaacha ann chun eustaiméirí leochaileacha a chosaint. Sa chomhthéacs sin, saincoidh gach Ballstát coineheap na geustaiméirí leochaileacha agus d'fhéadfadh an coineheap sin tagairt a dhéanamh do bhochtaineacht fuinnimh agus, *inter alia*, do thoirmease a chur ar dhínascadh an gháis chuig na eustaiméirí sin ag tráthanna criticiúla. Áiritheoidh na Ballstáit go geuirfear i bhfeidhm na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann le eustaiméirí leochaileacha. Go háirithe, déanfaidh siad bearta iomchuí chun na eustaiméirí deiridh, atá i gceantair iargúlta agus atá nasetha leis an geóras gáis, a chosaint. Féadfaidh na Ballstáit soláthróir na rogha deiridh a cheapadh i leith eustaiméirí atá nasetha leis an geóras gáis. Áiritheoidh siad ardleibhéil cosanta do thomhaltóirí, go háirithe maidir le trédhearcacht i dtaobh téarmaí agus coinníollacha conarthacha, faisnéis ghinearálta agus sásraí chun díospóidí a réiteach. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an eustaiméir incháilithe in ann aistriú go furasta chuig soláthróir nua. Maidir le eustaiméirí teaghlaigh ar a laghad, áireofar leis na bearta sin na cinn a leagtar amach in Iarscríbhinn I.~~
4. ~~Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí, amhail pleananna náisiúnta a fhoirmlíu i dtaobh gníomhaíocht fuinnimh, sochair slándála sóisialta a sholáthar chun an soláthar gáis is gá a áirithiú do eustaiméirí leochaileacha, nó foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht a thabhairt d'fheabhsuithe ar an éifeachtúlacht fuinnimh, chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh i gcás ina n-aithnítear gurb ann di, lena n-áirítear i geomhthéacs níos leithne na bochtaineachta. Ní chuirfidh bearta den sórt sin bae ar oseailt éifeachtaí an mhargaidh a leagtar amach in Airteagal 37 ná ar fheidhmiú an mhargaidh agus tabharfar fógra ina leith don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí sin, i geomhréir le mír 11 den Airteagal seo. Ní áireofar le fógra den sórt sin bearta a dhéanfar laistigh den chóras slándála sóisialta ginearálta.~~

~~5. Áiritheoidh na Ballstáit, i geás na geustaiméirí go léir atá nasetha leis an ngréasán gáis, go mbeidh siad i dteideal a geuid gáis a fháil ó sholáthróir, faoi réir chomhaontú an tsoláthróra, beag beann ar an mBallstát ina bhfuil an soláthróir cláráithe, fad agus a leanfaidh an soláthróir na rialacha trádála agus cothromaíochta is infheidhme agus faoi réir ceanglais maidir le slándáil an tsoláthair. I dtaca leis sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá lena áirithiú nach mbeidh nósanna imeachta riaracháin ina mbac ar ghnóthais soláthair atá cláráithe cheana i mBallstát eile.~~

~~6. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:~~

~~(a) i geás inar mian le custaiméir athrú go soláthróir eile, agus na coinníollacha eonarthacha a chomhlíonadh an tráth céanna, go geuirfidh an t-oibreoir nó na hoibreoirí lena mbaineann an t-athrú i gcrích laistigh de 3 seachtaine; agus~~

~~(b) go mbeidh custaiméirí i dteideal na sonraí tomhaltais ábhartha go léir a fháil.~~

~~Áiritheoidh na Ballstáit go ndeonófar na cearta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír do chustaiméirí ar bhealach atá neamh-idirdhealaitheach maidir le costas, iarracht agus am.~~

~~7. Cuirfidh na Ballstáit bearta iomchuí chun feidhme chun na cuspóirí a bhaint amach i dtaobh comhtháthú sóisialta agus caenamaíoch agus i dtaobh chosaint an chomhshaoil, lena bhféadfaí a áireamh modhanna chun an t-athrú aeráide a chomhrac, agus slándáil an tsoláthair. Féadfar a áireamh leis na bearta sin, go háirithe, dreasachtaí caenamaíocha leordhóthanacha a sholáthar, agus úsáid á baint, i geás inarb iomchuí, as na huirlisí náisiúnta agus Comhphobail go léir atá ann cheana, chun an bonneagar gréasáin is gá a chothabháil agus a thógáil, lena n-áirítear aemhainneacht idirnáise.~~

~~8. Chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, déanfaidh na Ballstáit, nó, i geás ina ndearna Ballstát foráil amhlaidh, an t-údarás rialála, moladh láidir go mbainfidh gnóthais gáis nádúrtha an úsáid is fearr is féidir as gás, mar shampla trí sheirbhísí bainistithe fuinnimh a sholáthar, foirmlí praghsála nuálacha a fhorbairt, nó córais méadráithe eiliste nó cangacha eiliste a thabhairt isteach, i geás inarb iomchuí sin.~~

~~9. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar pointí teagmhála aonair chun an fhaisnéis uile is gá a sholáthar do thomhaltóirí maidir lena gcearta, an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair agus na modhanna chun díospóidí a réiteach atá ar fáil dóibh i geás díospóide. Féadfaidh na pointí teagmhála sin a bheith ina geuid de phointí ginearálta faisnéise do thomhaltóirí.~~

~~Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásra neamhspleách amhail ombudsman fuinnimh nó comhlacht tomhaltóirí ann chun a áirithiú go ndéileálfar go héifeachtúil le gearáin agus le réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt.~~

~~10. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan forálacha Airteagal 4 maidir le dáileadh a chur i bhfeidhm a mhéid a d'fhágfadh a geur i bhfeidhm go geuirfí bac, le dlí nó le gníomh, ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear ar ghnóthais gáis nádúrtha ar mhaithe leis an leas caenamaíoch i geoitinne agus a mhéid nach ndéanfaí difear d'fhorbairt na trádála a oiread a bheadh contrártha do leasanna an Chomhphobail. Áirítear le leasanna an Chomhphobail, inter alia, iomaíocht maidir le custaiméirí incháilithe i geomhréir leis an Treoir seo agus le hAirteagal 86 den Chonradh.~~

~~511. Ar chur chun feidhme na Treorach seo, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis na bearta uile arna nglacadh chun oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, lena n-áirítear cosaint do thomhaltóirí agus cosaint an chomhshaoil,~~

agus maidir lena n-éifeacht fhéideartha ar iomaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, gan beann ar cé acu atá maolú ar fhorálacha na Treorach seo de dhíth i leith na mbeart sin nó nach bhfuil. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún ina dhiaidh sin gach 2 bhliain faoi aon athrú ar na bearta sin, gan beann ar cé acu atá maolú ar an Treoir seo de dhíth ina leith nó nach bhfuil.

~~12. Bunóidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na geallsealbhoirí ábhartha, lena n-áirítear na Ballstáit, na húdaráis rialála náisiúnta, eagraíochtaí tomhaltóirí agus gnóthais gáis nádúrtha, seicliosta soiléir, gonta do thomhaltóirí fuinnimh ina mbeidh faisnéis phraiticiúil a bhaineann leis na cearta atá ag tomhaltóirí fuinnimh. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh soláthróirí gáis nó oibreoirí córais dáileacháin, i gcomhar leis an údaráis rialála, na bearta is gá chun cóip den seicliosta do thomhaltóirí fuinnimh a sholáthar dá dtomhaltóirí agus chun a áirithiú go gcuirfear ar fáil go poiblí é.~~

Airteagal 67

Cur chun feidhme comhair réigiúnaigh ☒ agus comhtháthú ☒

1. Comhoibreoidh na Ballstáit agus na húdaráis rialála lena chéile chun a gcuid margái náisiúnta a chomhtháthú ar leibhéal réigiúnach amháin nó níos mó, ~~mar chéad chéim~~ i dtreo ⇒ margái réigiúnacha a chruthú, i gcás inar chinn na Ballstáit chomh maith leis na húdaráis rialála amhlaidh, agus níos mó i dtreo ⇐ margadh inmheánach a chruthú atá léirscaoilte ina iomláine. Go háirithe, déanfaidh na húdaráis rialála, i gcás ina mbeidh foráil déanta ag na Ballstáit maidir leis sin, nó na Ballstáit féin, an comhar idir oibreoirí córais tarchurtha ⇒ gáis nádúrtha ⇐ ⇒ agus oibreoirí gréasáin hidrigine ⇐ a chur chun cinn agus a éascú ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear i dtaobh saincheisteanna trasteorann ⇒ , ⇐ agus é ina aidhm acu margadh inmheánach iomaíoch a chruthú ⇒ le haghaidh gás ⇐ ~~sa ghás nádúrtha~~, comhsheasmhacht a gcreata dhlíthiúil, rialála agus theicniúil a chothú agus éascú a dhéanamh ar chomhtháthú na gcóras leithlisithe lena gcomhdhéantar oileáin gháis arb ann dóibh go fóill ~~sa Chomhphobal~~ ☒ san Aontas ☒. Áireofar sna limistéir gheografacha a chumhdaítear leis an gcomhar réigiúnach sin comhar i limistéir gheografacha a shainítear i gcomhréir le hAirteagal 2842(3) de Rialachán (CE) ~~Uimh. 715/2009~~. Féadfaidh an comhar sin limistéir gheografacha eile a chumhdach. ⇒ I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil na rialacha ar leibhéal an Aontais ábhartha maidir le comhtháthú réigiúnach na margái le haghaidh gás, soláthróidh sé treoir iomchuí lena gcuirfear san áireamh sainiúlachtaí na margái sin agus an tionchar ar na margái comharsanachta. ⇐
2. Comhoibreoidh ☒ an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (‘ACER’ ☒ ~~an Ghníomhaireacht~~ ☒) ☒ le húdaráis rialála ~~náisiúnta~~ agus le hoibreoirí córais tarchurtha chun comhoiriúnacht na gcreataí rialála idir na réigiúin ⇒ agus laistigh díobh ⇐ a áirithiú d’fhonn margadh inmheánach iomaíoch ~~sa ghás nádúrtha~~ ⇒ i ngáis ⇐ a chruthú. I gcás ina measfaidh ☒ ACER ☒ ~~an Ghníomhaireacht~~ go bhfuil gá le rialacha ceangailteacha maidir leis an gcomhar sin, déanfaidh sí moltaí iomchuí.
- ~~3. Áiritheoidh na Ballstáit, tríd an Treoir seo a chur chun feidhme, go mbeidh córas comhtháite amháin nó níos mó ag oibreoirí córais tarchuir ar an leibhéal réigiúnach lena gcomhdaítear dhá Bhallstát nó níos mó i gcomhair leithdháileadh aemhainneachta agus chun slándáil an ghréasáin a sheiceáil.~~
34. I gcás ina mbeidh oibreoirí córais tarchurtha atá comhtháite go hingearach páirteach i ngnóthas comhpháirteach arna bhunú chun an comhar sin a chur chun feidhme,

bunóidh an gnóthas comhpháirteach clár comhlíontachta ina leagfar amach na bearta a bheidh le déanamh lena áirithiú go n-eisiafar iompar idirdhealaitheach agus iompar frithiomaíoch, agus cuirfidh sé chun feidhme an clár comhlíontachta sin. Leagfar amach sa chlár comhlíontachta sin na hoibleagáidí sonracha atá ar fhostaithe chun an cuspóir a chomhlíonadh i dtaobh iompar idirdhealaitheach agus iompar frithiomaíoch a eisiáimh. Beidh sé faoi réir a fhormheasta ag ~~ACER~~ ~~an nGníomhaireacht~~. Na hoifigigh chomhlíontachta de chuid na n-oibreoirí córais tarchurtha atá comhtháite go hingearach, déanfaidh siad faireachán neamhspleách ar chomhlíonadh an chláir.

Airteagal 74

Nós imeachta um údarú

1. In imthosca ina gceanglaítear údarú (mar shampla, ceadúnas, cead, lamháltas, toiliú nó formheas) i leith saoráidí gáis nádúrtha ⇒, saoráidí táirgthe hidrigine agus bonneagar córais hidrigine ⇐ a fhoirgniú nó a oibriú, deonóidh na Ballstáit nó aon údarás inniúil a ainmneoidh siad údaruithe chun saoráidí, ⇒ bonneagar, ⇐ píblínte agus trealamh gaolmhar den sórt sin a thógáil agus/nó a oibriú ar a gcíoch, i gcomhréir le míreanna 2 go 114. Féadfaidh na Ballstáit nó aon údarás inniúil a ainmneoidh siad údaruithe a dheonú freisin ar an mbonn céanna maidir le ~~gás nádúrtha~~ ⇒ gáis ⇐ a sholáthar agus maidir le custaiméirí mórdhíola.
2. I gcás ina mbeidh córas údarúcháin ag na Ballstáit, leagfaidh siad síos critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha a bheidh le comhlíonadh ag gnóthas a dhéanfaidh iarratas ar údarú chun ⇒ gáis a sholáthar nó chun ⇐ saoráidí gáis nádúrtha ⇒, saoráidí táirgthe hidrigine nó bonneagar córais hidrigine ⇐ ~~a thógáil nó chun gás nádúrtha a sholáthar~~ ⇒ a fhoirgniú agus/nó a oibriú ⇐. Cuirfear ar fáil go poiblí na critéir agus na nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha maidir le húdaruithe a dheonú. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear san áireamh, i gcás inarb iomchuí, i nósanna imeachta um údarú do shaoráidí, ⇒ bonneagar, ⇐ píblínte agus trealamh gaolmhar ~~den sórt sin~~ ~~sa ghás nádúrtha~~ ⇒, tábhacht an tionscadail don mhargadh inmheánach ~~sa ghás nádúrtha~~ ⇒ le haghaidh gáis ⇐.

↓ nua

3. Ní mhairfidh na nósanna imeachta um údarú le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 níos faide ná 2 bhliain, lena n-áirítear nósanna imeachta ábhartha uile na n-údarás inniúil. I gcás a bhfuil bonn cirt cuí leis ar fhorais gurb ann d'imthosca urghnácha, féadfar síneadh suas le bliain amháin eile a chur leis an tréimhse 2 bhliain sin.
4. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar na bearta reachtacha agus neamhreachacha is gá chun nósanna imeachta um údarú a chuíchóiriú, lena n-áirítear aon chéim nós imeachta a bhaineann le nósanna imeachta um measúnú tionchair ar an gcomhshaol. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún Eorpach maidir le torthaí an mheasúnaithe sin mar chuid dá bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear sa nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 3 agus in Airteagail 7 go 12 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus i gcomhréir leis an nós imeachta sin, agus mar chuid dá dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999.

5. Beidh feidhm ag na sprioc-amanna a bhunaítear i mír 3 gan dochar d'oibleagáidí faoin dlí comhshaoil is infheidhme de chuid an Aontais, d'achomhairc, leigheasanna agus imeachtaí eile breithiúnacha os comhair cúirte nó binse agus d'achomhairc agus leigheasanna neamhbhreithiúnacha agus do shásraí réitigh díospóide malartacha, lena n-áirítear nósanna imeachta gearáin, achomhairc agus leigheasanna neamhbhreithiúnacha, agus féadfar síneadh a chur leo ionas go mairfidh siad ar feadh na tréimhse a mhairfidh na nósanna imeachta sin.
6. Bunóidh nó ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála amháin nó níos mó. Treoróidh na pointí teagmhála sin, ar iarraidh sin ó iarratasóir, agus saor in aisce, an nós imeachta um údarú ar fad le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 agus éascóidh siad an nós imeachta sin, go dtí go ndéanfaidh na húdaráis fhreagracha an nós imeachta a sheachadadh ag deireadh an nós imeachta. Ní cheanglófar ar an iarratasóir teagmháil a dhéanamh le níos mó ná pointe teagmhála amháin le haghaidh an phróisis ar fad.
7. Maidir le húdaruíthe faoin dlí náisiúnta chun píblínte gáis nádúrtha agus sócmhainní gréasáin eile a fhoirgniú agus a oibriú, ar píblínte agus sócmhainní iad a úsáidtear chun gás nádúrtha a iompar, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag na húdaruíthe sin freisin maidir le píblínte agus sócmhainní gréasáin chun hidrigin a iompar.
8. Áiríteoidh na Ballstáit go dtuigfear leis na cearta conarthacha talamhúsáide atá ann cheana chun píblínte gáis nádúrtha agus sócmhainní gréasáin eile a fhoirgniú agus a oibriú, go gcuimseofar freisin píblínte agus sócmhainní gréasáin eile chun hidrigin a iompar.

↓ 2009/73/CE
⇒ nua

93. Áiríteoidh na Ballstáit, maidir le haon diúltú údarú a dheonú, gur cúiseanna oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha a bheidh leis sin agus go dtabharfar don iarratasóir iad. Tabharfar fógra don Choimisiún, mar eolas, i dtaobh na gcúiseanna le diúltú den sórt sin. Bunóidh na Ballstáit nós imeachta lena gcuirfear ar chumas an iarratasóra achomharc a dhéanamh i gcoinne diúltú den sórt sin.
104. Chun forbairt a dhéanamh ar limistéir a bhfuil soláthar nua acu, agus ar mhaithe leis an oibriú éifeachtúil i gcoitinne, agus gan dochar d'Airteagal ~~3038~~, féadfaidh na Ballstáit diúltú údarú breise a dheonú chun córais píblínte dáileacháin ⇒ le haghaidh gáis nádúrtha ⇐ a thógáil agus a oibriú i limistéar áirithe nuair a bheidh córais píblínte den sórt sin tógtha sa limistéar sin nó nuair a bheidh sé ~~beartaithe~~ ⇒ ceadaithe ⇐ iad a thógáil ann, agus mura bhfuil an acmhainneacht atá ann cheana nó atá beartaithe sáithithe.

↓ nua

Airteagal 8

Breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a dheimhniú

1. Deimhneofar gáis in-athnuaite i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 30 de Threoir (AE) 2018/2001.
2. Chun a áirithiú gur 70 % ar a laghad an laghdú a bheidh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann as breoslaí ísealcharbóin agus hidrigin ísealcharbóin a úsáid i gcomhréir leis na sainmhínithe in Airteagal 2, pointí (10) agus (12) faoi Airteagal 2, cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha a thaispeáint go gcomhlíontar an tairseach sin agus na ceanglais a bhunaítear sa mhodheolaíocht dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo. Chun na gcríoch sin, cuirfidh siad de cheangal ar na hoibreoirí eacnamaíocha córas cothromúcháin maise a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 30(1) agus (2) de Threoir (AE) 2018/2001.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha faisnéis iontaofa i dtaobh chomhlíonadh na tairisí 70 % um laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i mír 2 agus maidir leis an modheolaíocht chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú dá dtagraítear i mír 5, agus go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin, na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis a fhorbairt. Ceanglóidh na Ballstáit ar na hoibreoirí eacnamaíocha caighdeán leordhóthanach iniúchóireachta neamhspleáiche ar an bhfaisnéis a chuirfear isteach a chur i bhfeidhm, agus fianaise a sholáthar go bhfuil an méid sin déanta acu. Fíorófar leis an iniúchóireacht go bhfuil na córais atá á n-úsáid ag na hoibreoirí eacnamaíocha cruinn, iontaofa agus cosanta ar chalaóis.
4. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos i mír 2 gan beann ar cé acu a dhéantar na breoslaí ísealcharbóin a tháirgeadh laistigh den Aontas nó a allmhairiú isteach ann nó nach ndéantar. Déanfar an fhaisnéis faoi thionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbreoslaí ísealcharbóin nó hidrigine ísealcharbóin in aghaidh an tsoláthróra breosla a chur ar fáil do thomhaltóirí ar shuíomhanna gréasáin na n-oibreoirí, na soláthróirí nó na n-údarás ábhartha inniúil agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil.
5. Faoi 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht a shonrú chun laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí ísealcharbóin a mheasúnú. Áiritheofar leis an modheolaíocht nach dtabharfar creidmheas as astaíochtaí a sheachaint i gcás dé-ocsaíd charbóin ar tugadh creidmheas astaíochta as í a ghabháil cheana faoi fhorálacha eile dlí.
6. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go soláthraítear le scéimeanna deonacha náisiúnta nó idirnáisiúnta lena leagfar síos caighdeáin maidir le táirgeadh breoslaí ísealcharbóin nó hidrigin ísealcharbóin sonraí cruinne ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críocha an Airteagail seo agus go léiríonn siad comhlíonadh na modheolaíochta dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.
7. I gcás ina soláthróidh oibreoir eacnamaíoch fianaise nó sonraí a fuarthas i gcomhréir le scéim a bhí faoi réir aitheantas de bhun mhír 6, ní cheanglóidh Ballstát ar an oibreoir eacnamaíoch tuilleadh fianaise a sholáthar maidir le comhlíonadh na gcritéar as a bhfuil an scéim aitheanta ag an gCoimisiún.
8. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát maoirseacht ar oibriocht na gcomhlachtaí deimhniúcháin atá i mbun iniúchóireacht neamhspleách faoi scéim dheonach. Arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla, cuirfidh na comhlachtaí deimhniúcháin isteach an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun maoirseacht a dhéanamh ar an iniúchóireacht, lena n-áirítear dáta beacht na n-iniúchóireachtaí, an tráth a rinneadh iad agus an áit ina

ndearnadh iad. I gcás ina n-aimsíonn na Ballstáit saincheistanna maidir le neamhchomhlíonadh, cuirfidh siad sin in iúl don scéim dheonach gan mhoill.

9. Arna iarraidh sin do Bhallstát, a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar iarraidh ó oibreoir eacnamaíoch, scrúdóidh an Coimisiún, ar bhonn na fianaise uile a bheidh ar fáil, ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na critéir maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos san Airteagal seo, an mhodheolaíocht a forbraíodh i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo, agus na tairseacha um laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 2, pointí (9) agus (10). Laistigh de 6 mhí ón iarraidh sin a fháil, cinnfidh an Coimisiún an bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) glacadh leis an bhfianaise a soláthraíodh cheana chun a thaispeáint go bhfuil na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí ísealcharbóin á gcomhlíonadh; nó
- (b) de mhaolú ar mhír 7, a cheangal ar sholáthróirí foinse na mbreoslaí ísealcharbóin tuilleadh fianaise a sholáthar maidir lena mhéid atá siad i gcomhréir leis na critéir maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus leis an tairseach 70 % um laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa.

10. Ceanglóidh na Ballstáit freisin ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha faisnéis a iontráil i mbunachar sonraí an Aontais maidir leis na hidirbhearta a rinneadh agus maidir le saintréithe inbhuanaitheachta breoslaí ísealcharbóin i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear in Airteagal 28 de Threoir (AE) 2018/2001.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal 98

Rialacha teicniúla

Áiritheoidh na húdaráis rialála, i gcás ina mbeidh foráil déanta maidir leis sin ag na Ballstáit, nó na Ballstáit féin, go saineofar critéir shábháilteachta theicniúla agus go bhforbrófar agus go gcuirfear ar fáil go poiblí rialacha teicniúla lena mbunófar an dearadh íosta teicniúil agus na íoscheanglais oibriochtúla maidir le saoráidí GNL, saoráidí stórála, córais eile tarchurtha nó dáileacháin, agus línte díreacha ⇒ chomh maith leis an gcóras hidrigine, ⇐ a nascadh leis an gcóras. Áiritheofar leis na rialacha teicniúla sin idir-inoibritheacht na gcóras agus beidh siad oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach. Féadfaidh ☒ ACER ☒ ~~an Ghníomhaireacht~~ moltaí iomchuí a dhéanamh maidir le comhoiriúnacht na rialacha sin a bhaint amach, i gcás inarb iomchuí sin. Tabharfar fógra i leith na rialacha sin don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 58 de Threoir (AE) 2015/1535 ~~98/34/CE~~ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³³ ~~an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na geaighdeán teicniúil agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise~~³⁴.

³³ Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta um faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, Ith. 1).

³⁴ IO L 204, 21.7.1998, Ith. 37.

I gcás inarb ábhartha, cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar na hoibreoirí córais tarchurtha, ar na hoibreoirí córais dáileacháin agus ar na hoibreoirí gréasáin hidrigine atá ar a gcéir rialacha teicniúla a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 9, go háirithe i dtaca le rialacha maidir le nascadh leis an ngréasán agus ina n-áirítear ceanglais maidir le cáilíocht gáis, boladh a chur sa ghás, agus brú gáis. Ceanglóidh na Ballstáit freisin ar na hoibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin na taraifí nasctha, lena nasctar gás ó fhoinsí in-athnuaite a bhunaítear ar chritéir thrédhearcacha neamh-idirdhealaitheacha, a fhoilsiú.

CAIBIDIL III

TOMHALTÓIRÍ A CHUMHACHTÚ AGUS A CHOSAINT AGUS MARGAÍ MIONDÍOLA

Airteagal 10

Bunchearta conarthacha

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na custaiméirí deiridh uile i dteideal soláthar gáis a fháil ó sholáthróir, faoi réir chomhaontú an tsoláthróra, gan beann ar an mBallstát ina bhfuil an soláthróir sin cláraithe, ar choinníoll go gceolfaidh an soláthróir leis na rialacha trádála agus cothromúcháin is infheidhme. Maidir leis sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta uile atá riachtanach chun a áirithiú nach ndéanfar, de dheasca nósanna imeachta riaracháin, idirdhealú in aghaidh soláthróirí atá cláraithe cheana i mBallstát eile.
2. Gan dochar do rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí, go háirithe Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 93/13/CEE ón gComhairle, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cearta dá bhforáiltear i míreanna 3 go 12 den Airteagal seo ag na custaiméirí deiridh.
3. Beidh ag na custaiméirí deiridh an ceart chun conradh a bheith acu lena soláthróir ina sonraítear an méid seo a leanas:
 - (a) céannacht agus seoladh an tsoláthróra;
 - (b) na seirbhísí a sholáthraítear, leibhéal cáilíochta na seirbhísí a thairgtear, chomh maith leis an am don nascadh tosaigh;
 - (c) na cineálacha seirbhíse cothabhála a thairgtear;
 - (d) na bealaí inar féidir faisnéis cothrom le dáta a fháil faoi na taraifí, na muirir chothabhála uile is infheidhme agus faoi na táirgí nó seirbhísí cuachta;
 - (e) ré an chonartha, na coinníollacha chun an conradh agus na seirbhísí a athnuachan agus a scor, lena n-áirítear táirgí nó seirbhísí atá cuachta leis na seirbhísí sin, agus cé acu a cheadaítear foirceannadh an chonartha gan aon mhuirear a íoc nó nach gceadaítear;
 - (f) aon chúiteamh agus na socrúithe aisíocaíochta is infheidhme mura gcomhlíonfar na leibhéil cáilíochta seirbhíse arna gconrú, lena n-áirítear billeáil mhíchruinn nó dhéanach;

- (g) an modh chun tús a chur le nós imeachta um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt i gcomhréir le hAirteagal 24;
- (h) faisnéis a bhaineann le cearta tomhaltóirí, lena n-áirítear faisnéis maidir le gearáin a láimhseáil agus an fhaisnéis uile dá dtagraítear sa mhír seo, arna cur in iúl go soiléir ar an mbille nó ar shuíomh gréasáin an ghnóthais hidrigine nó gáis nádúrtha,

Beidh na coinníollacha cóir agus beidh siad ar eolas go maith roimh ré. In aon chás, soláthrófar an fhaisnéis sula ndéanfar an Conradh a thabhairt i gcrích nó a dhearbhu. I gcás ina ndéanfar conarthaí a thabhairt i gcrích trí idirghabhálaithe, cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) go (f) ar fáil freisin sula gcuirfear an Conradh i gcrích;

Déanfar achoimre ar na príomhchoinníollacha conarthacha a thabhairt do chustaiméirí deiridh ar shlí fheiceálach agus i bhfriotal a bheidh beacht agus simplí.

4. Tabharfar fógra iomchuí do na custaiméirí deiridh faoi aon intinn athrú a dhéanamh ar choinníollacha conarthacha agus cuirfear ar an eolas iad, tráth a thugtar an fógra sin, faoina gceart an Conradh a fhoirceannadh. Déanfaidh soláthróirí, ar bhealach trédhearcach agus sothuigthe, fógra a thabhairt go díreach dá gcustaiméirí deiridh faoi aon choigeartú ar an bpraghas soláthair agus faoi na cúiseanna leis an gcoigeartú, na réamhchoinníollacha a ghabhann leis agus lena raon feidhme, tráth nach déanaí ná 2 sheachtain, nó tráth nach déanaí ná mí amháin i gcás na gcustaiméirí teaghlaigh, roimh theacht i bhfeidhm an choigeartaithe. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil saoirse ag na custaiméirí deiridh a gconradh a fhoirceannadh mura nglacfaidh siad le coinníollacha nua conarthacha nó leis na coigeartuithe ar an bpraghas soláthair ar thug a soláthróir fógra dóibh ina leith.
5. Déanfaidh soláthróirí faisnéis thrédhearcach a sholáthar do na custaiméirí deiridh faoi na praghsanna agus na taraifí is infheidhme agus faoi na téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha, maidir le rochtain ar sheirbhísí gáis agus úsáid na seirbhísí sin.
6. Déanfaidh soláthróirí rogha leathan modhanna íocaíochta a thairiscint do chustaiméirí deiridh. Ní dhéanfaidh modhanna íocaíochta den sórt sin idirdhealú míchuí idir custaiméirí. Aon difríocht sna muirir a bhaineann le modhanna íocaíochta nó le córais réamhíocaíochta, beidh sí oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach agus ní rachaidh sí thar na costais dhíreacha atá le seasamh ag an íocaí as modh íocaíochta sonrach nó as córas réamhíocaíochta a úsáid, i gcomhréir le hAirteagal 62 de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵.
7. Ní dhéanfar na custaiméirí teaghlaigh, a bhfuil rochtain acu ar chórais réamhíocaíochta, a chur faoi mhíbhuntáiste de thairbhe na gcóras réamhíocaíochta.
8. Déanfaidh soláthróirí téarmaí agus coinníollacha ginearálta atá cóir agus trédhearcach a thairiscint do na custaiméirí deiridh. Na téarmaí agus coinníollacha ginearálta, is i dteanga shoiléir agus shothuigthe a thabharfar iad agus ní bheidh bacainní neamhchonarthacha ar fheidhmiú chearta na gcustaiméirí iontu, mar

³⁵

Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

shampla doiciméadú conarthach iomarcach. Déanfar na custaiméirí a chosaint ar mhodhanna díolacháin atá éagórach nó míthreorach.

9. Beidh ag na custaiméirí deiridh an ceart ar chaighdeán maith seirbhíse agus ar láimhseáil gearán ag a soláthróirí. Déanfaidh na soláthróirí gearáin a láimhseáil ar bhealach simplí, cóir agus pras.
10. Déanfaidh soláthróirí an fhaisnéis iomchuí a sholáthar do na custaiméirí teaghlaigh gáis nádúrtha faoi bhearta malartacha ar an díscor fada go leor roimh aon dínascadh atá pleanáilte. Féadfar a áireamh sna bearta malartacha sin faisnéis faoi fhoinsí tacaíochta chun dínascadh a sheachaint, córais réamhíocaíochta, iniúchtaí fuinnimh, seirbhísí comhairliúcháin fuinnimh, pleananna íocaíochta malartacha, comhairle i dtaca le bainistiú fiach nó moratóirí ar dhínascadh agus ní bheidh costas breise do na custaiméirí a bhfuil an díscor ag tarlú dóibh i gceist leo.
11. Déanfaidh na soláthróirí cuntas clabhsúir deiridh a sholáthar do na custaiméirí deiridh tar éis aon athrú soláthróra tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis d'athrú den sórt sin tarlú.

Airteagal 11

An ceart chun athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile agus rialacha maidir le táillí a bhaineann le soláthróir a athrú

1. Beidh an ceart ag custaiméirí athrú ó sholáthróir gáis amháin go ceann eile nó ó rannpháirtí amháin sa mhargadh go ceann eile. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh an custaiméir ar mian leis athrú ó sholáthróirí nó ó rannpháirtithe sa mhargadh, agus coinníollacha conarthacha á n-urramú, i dteideal athrú den sórt sin a dhéanamh laistigh de 3 seachtaine ar a mhéad ó dháta na hiarrata. Faoin mbliain 2026 ar a dhéanaí, ní mhairfidh an próiseas chun athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile nó ó rannpháirtí sa mhargadh go ceann eile níos faide ná 24 uair an chloig agus beidh sé indéanta an méid sin a dhéanamh le linn aon lá oibre.
2. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar an ceart athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile nó ó rannpháirtí amháin sa mhargadh go ceann eile a dheonú do chustaiméirí ar bhealach neamh-idirdhealaitheach ó thaobh costais, díchill agus ama de.
3. Áiríteoidh na Ballstáit nach ngearrfar aon táille a bhaineann le soláthróir a athrú le haghaidh gáis, ar a laghad, ar chustaiméirí teaghlaigh agus ar fhiontair bheaga. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a cheadú do sholáthróirí nó do rannpháirtithe sa mhargadh táillí foirceanta conartha a ghearradh ar chustaiméirí i gcás ina ndéanfaidh na custaiméirí sin conarthaí soláthair ar théarma seasta, ar phraghas seasta, a fhoirceannadh go deonach roimh thráth a n-aibíochta, ar choinníoll:
 - (a) go bhfuil siad ina gcuid de chonradh a rinne an custaiméir go toiliúil; agus
 - (b) go gcuirtear iad in iúl don chustaiméir sula ndéanfar an conradh.

Beidh na táillí sin comhréireach agus ní bheidh siad níos mó ná an cailteanas eacnamaíoch díreach don soláthróir nó don rannpháirtí sa mhargadh de thoradh an custaiméir an conradh a fhoirceannadh, lena n-áirítear costais aon infheistíochtaí cuachta nó seirbhísí cuachta atá soláthraithe don chustaiméir cheana mar chuid den chonradh. Is ar an soláthróir nó ar an rannpháirtí sa mhargadh a bheidh an t-ualach an cailteanas eacnamaíoch díreach a chruthú. Déanfaidh an t-údarás rialála, nó údarás inniúil náisiúnta eile faireachán ar incheadaitheacht táillí foirceanta conartha.

4. Beidh custaiméirí teaghlaigh le haghaidh gás i dteideal a bheith rannpháirteach i scéimeanna comhchoiteanna chun athrú ó sholáthróirí go cinn eile. Déanfaidh na Ballstáit gach bacainn rialála nó riaracháin a bheadh ann i leith athrú comhchoiteann a dhíchur, agus soláthróidh siad creat lena n-áiríteofar cosaint do thomhaltóirí ionas go seachnófar aon chleachtas mí-úsáideach.

Airteagal 12

Uirlisí comparáide

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain, saor in aisce, ag na custaiméirí teaghlaigh gáis nádúrtha ar a laghad, agus ag na micrifhiontair, ar uirlis amháin ar a laghad lena gcuirtear i gcomparáid tairiscintí soláthróirí, lena n-áirítear tairiscintí cuachta. Déanfar na custaiméirí a chur ar an eolas go bhfuil na huirlisí sin le fáil agus beidh an fhaisnéis sin ina mbillí nó in éineacht lena mbillí nó déanfar ar bhealach eile é. Comhlíonfaidh an huirlisí ar a laghad na ceanglais seo a leanas:

- (a) beidh siad neamhspleách ó rannpháirtithe sa mhargadh agus áiríteofar leo go dtabharfar cóir chomhionann do ghnóthais gáis i dtorthaí an chuardaigh;
- (b) cuirfidh siad in iúl go soiléir cé hiad a gcuid úinéirí agus cén duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag oibriú agus ag rialú na huirlise, chomh maith le faisnéis a thabhairt i dtaobh an chaoi a bhfuil na huirlisí á maoiniú;
- (c) leagfaidh siad amach na critéir shoiléire oibiachtúla a mbeidh an chomparáid bunaithe orthu, lena n-áirítear seirbhísí, agus foilseoidh siad iad;
- (d) úsáidfídh siad friotal atá soiléir agus gan débhrí;
- (e) beidh an fhaisnéis a thabharfaidh siad cruinn agus cothrom le dáta agus luafar an uair dheireanach a tugadh chun dáta í;
- (f) beidh siad inrochtana ag daoine faoi mhíchumas, trína bheith inbhraite, inoibrithe, intuigthe agus stóinseach;
- (g) cuirfidh siad nós imeachta éifeachtach ar fáil chun tuairisciú a dhéanamh ar aon fhaisnéis mhícheart faoi na tairiscintí atá foilsithe;
- (h) déanfaidh siad comparáidí, ach fós beidh an méid sonraí pearsanta a iarrtar teoranta do na sonraí atá go hiomlán riachtanach chun an chomparáid a dhéanamh.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh uirlis amháin ar a laghad ann a chumhdóidh margadh an gháis nádúrtha ina iomláine. I gcás ina mbeidh níos mó ná uirlis amháin ann a chumhdóidh an margadh, áireofar sna huirlisí sin, ar bhealach chomh hiomlán agus is praiticiúil, raon tairiscintí gáis a chumhdóidh cuid shuntasach den mhargadh agus, i gcás nach gcumhdóidh na huirlisí sin an margadh go hiomlán, ráiteas soiléir chuige sin, sula dtaispeánfar na torthaí.

2. Féadfaidh aon eintiteas na huirlisí a oibriú, lena n-áirítear cuideachtaí príobháideacha agus údaráis phoiblí agus comhlachtaí poiblí.
3. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go mbeidh ar áireamh sna huirlisí comparáide dá dtagraítear i mír 1 critéir chomparáideacha a bhaineann le cineál na seirbhísí a thairgeann na soláthróirí.
4. Déanfaidh na Ballstáit údarás inniúil a cheapadh le bheith freagrach as marcanna iontaoibhe a eisiúint le haghaidh uirlisí comparáide a chomhlíonann na ceanglais a

leagtar amach i mír 1, agus as a áirithiú go leanfaidh na huirlisí comparáide sin a bhfuil marc iontaoibhe ag gabháil leo de na ceanglais sin a chomhlíonadh. Beidh an t-údarás sin neamhspleách ar aon rannpháirtí sa mhargadh agus ar aon oibreoir uirlise comparáide.

5. Aon uirlis a dhéanann comparáid idir tairiscintí rannpháirtithe sa mhargadh, beidh sí incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar mharc iontaoibhe i gcomhréir leis an Airteagal seo ar bhonn deonach agus neamh-idirdhealaitheach.
6. De mhaolú ar mhíreanna 4 agus 5, féadfaidh Ballstáit a roghnú gan foráil do mharcanna iontaoibhe a eisiúint d'uirlisí comparáide más rud é go bhfuil uirlis chomparáid a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 1 á soláthar ag údarás poiblí nó comhlacht poiblí.

Airteagal 13

Custaiméirí gníomhacha

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil custaiméirí deiridh i dteideal gníomhú mar chustaiméirí gníomhacha gan a bheith faoi réir ceanglais theicniúla, ceanglais riaracháin, nósanna imeachta agus muirear, agus muirir gréasáin nach bhfuil costléiritheach;
2. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis na custaiméirí gníomhacha:
 - (a) go bhfuil siad i dteideal oibriú go díreach;
 - (b) go bhfuil siad i dteideal gáis nádúrtha in-athnuaite féintáirgthe a dhíol tríd an gcóras gáis nádúrtha a úsáid,
 - (c) go bhfuil siad i dteideal a bheith rannpháirteach i scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh;
 - (d) go bhfuil siad i dteideal bainistiú na suiteálacha atá ag teastáil dá gcuid gníomhaíochtaí a tharmligean chuig tríú páirtí, lena n-áirítear suiteáil, oibriú, láimhseáil sonraí agus coinneáil ar bun, gan an tríú páirtí a bheith measta mar bheith ina chustaiméir gníomhach;
 - (e) faoi réir muirir atá costléiritheach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, rud a áirithíonn go rannchuidíonn siad ar bhealach leormhaith agus cothrom le comhroinnt costais fhoriomlán an chórais;
 - (f) go bhfuil siad freagrach ar bhonn airgeadais as na míchothromaíochtaí sa chóras gáis nádúrtha arb iad is cúis leo, nó tarmligfidh siad a bhfreagracht chothromaíochta i gcomhréir le hAirteagal 3 (e) de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx].
3. Féadfaidh na Ballstáit forálacha éagsúla a bheith acu ina ndlí náisiúnta is infheidhme maidir leis na custaiméirí gníomhacha aonair agus custaiméirí gníomhacha a bhíonn ag gníomhú go comhpháirteach, ar choinníoll go ndéantar na cearta agus na hoibleagáidí uile faoin Airteagal seo a chur i bhfeidhm i leith gach custaiméir ghníomhaigh. Aon éagsúlacht sa chóir i leith custaiméirí gníomhacha a bhíonn ag gníomhú go comhpháirteach, beidh sí comhréireach agus cuí-réasúnaithe.
4. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis na custaiméirí gníomhacha a bhfuil úinéireacht acu ar shaoráidí ina stóráiltear gás in-athnuaite:

- (a) go mbeidh acu an ceart nascadh leis an eangach laistigh de thréimhse réasúnach ama tar éis dóibh iarraidh chuige sin a dhéanamh, ar choinníoll go mbeidh na coinníollacha is gá, amhail freagracht chothromúcháin, comhlíonta;
- (b) nach mbeidh siad faoi réir aon mhuirear dúbailte, lena n-áirítear muirir gréasáin, maidir le gás in-athnuaite stóráilte atá fós ina n-áitreabh;
- (c) nach mbeidh siad faoi réir ceanglais cheadúnais nó táillí ceadúnais atá díréireach;
- (d) go gceadófar dóibh roinnt seirbhísí a sholáthar san am céanna, más indéanta é sin go teicniúil.

Airteagal 14

Pobail fuinnimh saoránach

1. Déanfaidh na Ballstáit creat rialála cumasúcháin a sholáthar do na pobail fuinnimh saoránach a áiritheoidh an méid seo a leanas:
 - (a) go mbeidh rannpháirtíocht i bpobal fuinnimh saoránach oscailte agus deonach;
 - (b) go mbeidh baill nó scairshealbhóirí de phobal fuinnimh saoránach i dteideal an pobal a fhágáil, agus sa chás sin beidh feidhm ag Airteagal 11;
 - (c) nach gcaillfidh baill nó scairshealbhóirí de phobal fuinnimh saoránach a gcearta agus a n-oibleagáidí mar chustaiméirí teaghlaigh nó mar chustaiméirí gníomhacha;
 - (d) faoi réir cúiteamh cothrom arna mheas ag an údarás rialála, go ndéanfaidh na hoibreoirí córais dáileacháin ábhartha comhoibriú le pobail fuinnimh saoránach chun aistriú gás nádúrtha in-athnuaite laistigh de phobail fuinnimh saoránach a éascú;
 - (e) go mbeidh na pobail fuinnimh saoránach faoi réir nósanna imeachta agus muirir atá neamh-idirdhealaitheach, cothrom, comhréireach agus trédhearcach, lena n-áirítear i ndáil le nascadh le heangach, clárú agus ceadúnú, chomh maith le muirir ghréasáin atá trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus costléiritheach, rud a áirithíonn go rannchuidíonn siad ar bhealach leormhaith agus cothrom le comhroinnt costais fhoriomlán an chórais gáis nádúrtha.
2. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil sa chreat rialála cumasúcháin i gcás na bpobal fuinnimh saoránach:
 - (a) go bhfuil siad oscailte do rannpháirtíocht trasteorann;
 - (b) go bhfuil siad i dteideal úinéireacht a bheith acu ar gréasáin dáileacháin, nó na gréasáin sin a bhunú, a cheannach nó a léasú, agus go gceadaítear dóibh iad a bhainistiú go neamhspleách faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo;
 - (c) go bhfuil siad faoi réir na ndíolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 28(2);
3. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis na pobail fuinnimh saoránach:
 - (a) go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar gach margadh gáis nádúrtha ar bhealach neamh-idirdhealaitheach;
 - (b) go gcaithfear leo ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach maidir lena ngníomhaíochtaí, a gcearta agus a n-oibleagáidí mar chustaiméirí

deiridh, táirgeoirí, soláthróirí, oibreoirí córais dáileacháin nó rannpháirtithe sa mhargadh;

- (c) go mbeidh siad freagrach ar bhonn airgeadais as na míchothromaíochtaí sa chóras gáis nádúrtha arb iad is cúis leo, nó tarmligfidh siad a bhfreagracht chothromaíochta i gcomhréir le hAirteagal 3 (e) de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx];
- (d) go gcaithfear leo mar chustaiméirí gníomhacha i gcomhréir le pointe (e) de mhír 2 agus le pointí (a), (c) agus (d) de mhír 4 d'Airteagal 13 [Na Custaiméirí Gníomhacha];
- (e) go mbeidh siad i dteideal socrú a dhéanamh laistigh den phobal fuinnimh saoránach i dtaobh roinnt an gháis a tháirgeann na haonaid táirgthe atá faoi úinéireacht an phobail, faoi réir na gceanglas eile a leagtar síos san Airteagal seo agus faoi réir cearta agus oibleagáidí a bheith á gcoimeád ag comhaltaí an phobail mar chustaiméirí deiridh.

Chun críocha an chéad fhomhír, pointe (e), i gcás ina ndéantar gáis nádúrtha in-athnuaite a roinnt, ní dochar an méid sin do mhuirir, taraifí agus tobhaigh an ghréasáin is infheidhme, i gcomhréir le hanailís costais agus tairbhe thrédhearcach ar na hacmhainní fuinnimh dailte atá forbartha ag an údarás inniúil náisiúnta.

4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an ceart gréasán dáileacháin a bhainistiú a dheonú do na pobail fuinnimh saoránach ina limistéar oibriúcháin agus na nósanna imeachta ábhartha a bhunú, gan dochar do Chaibidil VI ná do na rialacha agus rialacháin eile is infheidhme maidir leis na hoibreoirí córais dáileacháin.

I gcás ina ndeonaítear ceart den sórt sin, áiritheoidh na Ballstáit maidir leis na pobail fuinnimh saoránach:

- (a) go mbeidh cead acu gás nach gás in-athnuaite é a iompar i gcás ina bhfuil an gás sin le haghaidh custaiméir gáis nádúrtha nach comhalta den phobal fuinnimh saoránach é nó nach bhfuil gá leis le haghaidh oibriú córais slándáil;
- (b) go mbeidh siad i dteideal comhaontú maidir le hoibriú a ngréasáin a thabhairt i gcrích leis an oibreoir córais dáileacháin nó oibreoir córais tarchurtha ábhartha a bhfuil a ghréasán nasctha leis;
- (c) go mbeidh siad faoi réir muirir gréasáin iomchuí ag na pointí nasctha idir a ngréasán agus an gréasán dáileacháin lasmuigh den phobal fuinnimh saoránach;
- (d) nach ndéanfaidh siad idirdhealú in aghaidh na gcustaiméirí atá fós nasctha leis an gcóras dáileacháin ná nach ndéanfaidh siad aon díobháil dóibh.

Airteagal 15

Billí agus faisnéis bhilleála

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na billí agus an fhaisnéis bhilleála beacht, éasca le tuiscint, soiléir, gonta, furasta le húsáid agus curtha i láthair ar bhealach a éascóidh do na custaiméirí deiridh comparáid a dhéanamh agus go gcomhlíonfaidh siad na híoscheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Arna iarraidh sin dóibh, gheobhaidh na custaiméirí deiridh míniú soiléir agus intuigthe ar an gcaoi ar cuireadh a mbille le chéile, go háirithe nuair nach bhfuil na billí sin bunaithe ar thomhaltas iarbhir.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh na custaiméirí deiridh a mbillí uile agus a bhfaisnéis bhilleála uile saor in aisce.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar an rogha do na custaiméirí deiridh billí agus faisnéis bhilleála leictreonach a fháil, agus go ndéanfar socruithe solúbtha d'íocaíocht iarbhir an bhille a thairiscint dóibh.
4. I gcás ina bhforáiltear sa chonradh go bhféadfaí athrú ar tháirge nó ar phraghas a thabhairt isteach amach anseo, nó má fhoráiltear sa chonradh do lascaine, déanfar sin a lua ar an mbille in éineacht leis an dáta ar a dtarlóidh an t-athrú sin.
5. Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le heagraíochtaí tomhaltóirí aon uair a bheidh siad ag smaoineamh ar athruithe a dhéanamh ar na ceanglais maidir le hinneachar na mbillí.

Airteagal 16

Córais méadrúcháin chliste sa chóras gáis nádúrtha

1. Chun an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus chun na custaiméirí deiridh a chumhachtú, molfaidh na Ballstáit nó, i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag Ballstát, molfaidh an t-údarás rialála go láidir do ghnóthais gáis nádúrtha úsáid gáis nádúrtha a bharrfheabhsú, *inter alia* trí sheirbhísí bainistithe fuinnimh a sholáthar agus trí chórais méadrúcháin chliste atá idir-inoibritheach a thabhairt isteach, go háirithe le córais bainistithe fuinnimh do thomhaltóirí agus le heangaí cliste, i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí an Aontais is infheidhme.
2. Áiritheoidh na Ballstáit imscaradh córas méadrúcháin chliste ina gcóir. Féadfaidh an t-imscaradh sin a bheith faoi réir measúnú costais agus tairbhe a dhéanfar i gcomhréir na bprionsabal a leagtar síos in Iarscríbhinn II.
3. Na Ballstáit sin a rachaidh ar aghaidh le córais méadrúcháin chliste a imscaradh, glacfaidh siad agus foilseoidh siad na riachtanais íosta fheidhmiúla agus theicniúla le haghaidh na gcóras méadrúcháin chliste a bheidh le himscaradh ar a gcóir, i gcomhréir le hAirteagal 18 agus le hIarscríbhinn II. Áiritheoidh na Ballstáit idir-inoibritheacht na gcóras méadrúcháin chliste sin chomh maith lena gcumas aschur a sholáthar do chórais bhainistithe fuinnimh do thomhaltóirí. Ina leith sin, beidh aird chuí ag na Ballstáit ar úsáid na gcaighdeán ábhartha atá ar fáil, lena n-áirítear na cinn sin lena gcumasaítear an idir-inoibritheacht, ar na dea-chleachtais agus ar a thábhachtaí atá sé eangacha cliste a fhorbairt agus an margadh inmheánach don ghás nádúrtha a fhorbairt.
4. Na Ballstáit sin a rachaidh ar aghaidh leis na córais méadrúcháin chliste a imscaradh, áiritheoidh siad gur ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a rannchuideoidh na custaiméirí deiridh leis na costais a bhaineann leis an imscaradh, agus aird á tabhairt acu ar na tairbhí fadtéarmacha a bheidh ann don slabhra luacha ina iomláine. Déanfaidh na Ballstáit nó, i gcás ina bhforálann Ballstát dá leithéid, na húdaráis inniúla ainmnithe, faireachán go tráthrialta ar an imscaradh sin ina gcóir chun tabhairt i gcóir na dtairbhí do na tomhaltóirí a rianú.
5. I gcás ina bhfuil measúnú diúltach déanta ar imscaradh na gcóras méadrúcháin chliste de thoradh an mheasúnaithe costais agus tairbhe dá dtagraítear i mír 2, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an measúnú a athbhreithniú gach 4 bliana ar a laghad, mar fhreagairt ar athruithe ar na toimhdí bunúsacha agus mar fhreagairt ar fhorbairtí teicneolaíochta agus margaidh. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don

Choimisiún maidir le toradh an mheasúnaithe costais agus tairbhe nuashonraithe nuair a bheidh sé ar fáil.

6. Na forálacha maidir le córais méadrúcháin chliste atá sa Treoir seo, beidh feidhm acu maidir le suiteálacha a bheidh ann sa todhchaí agus maidir le suiteálacha a thagann in ionad seanmhéadair chliste. Féadfaidh na córais méadrúcháin chliste a suiteáladh cheana, nó ar thosaigh ‘tús na n-oibreacha’ ina leith, roimh [dháta an teachta i bhfeidhm], leanúint de bheith ag feidhmiú thar a saolré. Mar sin féin, na córais méadrúcháin chliste nach gcomhlíonann ceanglais Airteagal 20 agus Iarscríbhinn II, ní fhéadfar iad a fhágáil i mbun oibríochta níos faide ná an [12 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].
7. Chun críoch mhír 6, ciallaíonn ‘tús oibreacha’ tús oibreacha foirgnithe ar an infheistíocht nó an chéad ghealltanais ceangailteach trealamh a ordú nó aon ghealltanais eile a bhfuil sé mar thoradh air go mbeidh an infheistíocht dochúlaithe, cibé acu is túisce. Ní mheastar gur tús oibreacha é talamh a cheannach ná obair ullmhúcháin amhail ceadúnais a fháil agus réamhstaidéir indéantachta a dhéanamh. Maidir le táthcheangail, ciallaíonn ‘tús oibreacha’ an tráth a fhaightear na sócmhainní a bhaineann go díreach leis an mbunaíocht arna fáil.

Airteagal 17

Córais méadrúcháin chliste sa chóras gáis nádúrtha

1. Áiritheoidh na Ballstáit imscaradh na gcóras méadrúcháin chliste is féidir an tomhaltas a thomhas go cruinn, faisnéis a sholáthar faoi am iarbhir úsáide agus atá in ann sonraí a tharchur agus a ghlacadh chun críoch faisnéise, faireacháin agus rialaithe, ag úsáid cumarsáid leictreonach de chineál áirithe;
2. Áiritheoidh na Ballstáit slándáil na gcóras méadrúcháin agus na cumarsáide sonraí a thagann astu, agus príobháideacht na gcustaiméirí deiridh, i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas, chomh maith lena n-idir-inoibritheacht agus aird chuí á tabhairt ar úsáid na gcaighdeán iomchuí.
3. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais idir-inoibritheachta le haghaidh méadrú chliste agus nósanna imeachta chun a áirithiú, dóibh siúd atá incháilithe, rochtain ar shonraí a thagann as na córais mhéadrúcháin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 18

Feidhmiúlachtaí na gcóras méadrúcháin chliste sa chóras gáis nádúrtha

I gcás ina bhfuil measúnú dearfach déanta ar imscaradh na gcóras méadrúcháin chliste de thoradh an mheasúnaithe costais agus tairbhe dá dtagraítear in Airteagal 16(2), nó i gcás ina bhfuil córais méadrúcháin chliste imscartha go córasach tar éis an [dáta an teachta i bhfeidhm], déanfaidh na Ballstáit na córais sin a imscaradh i gcomhréir le caighdeán Eorpacha, leis na ceanglais seo a leanas agus le hIarscríbhinn II:

- (a) leis na córais méadrúcháin chliste tomhaisfear go cruinn an tomhaltas gáis nádúrtha agus beifear in ann faisnéis a sholáthar do na custaiméirí deiridh faoin am iarbhir úsáide, lena n-áirítear sonraí tomhaltais stairiúil atá bailíochtaithe a chuirfear ar fáil go héasca agus ar bhealach slán agus léireofar iad do na custaiméirí deiridh ar

iarratas agus gan aon chostas breise, agus déanfar na sonraí tomhaltais is déanaí atá ar fáil ach nach bhfuil bailíochtaithe a chur ar fáil go héasca agus ar bhealach slán do na custaiméirí deiridh gan aon chostas breise, trí chomhéadan caighdeánaithe nó trí chianrochtain, chun tacú le cláir éifeachtúlachta fuinnimh uathoibrithe, agus seirbhísí eile;

- (b) comhlíonfaidh slándáil na gcóras méadrúcháin chliste agus na cumarsáide sonraí rialacha slándála ábhartha de chuid an Aontais, agus aird chuí á tabhairt ar na teicnící is fearr atá ar fáil chun an leibhéal is airde cibearshlándála a áirithiú, agus fós na costais agus prionsabail na comhréireachta á meabhrú;
- (c) comhlíonfaidh príobháideacht na gcustaiméirí deiridh agus cosaint a sonraí rialacha ábhartha cosanta sonraí agus rialacha príobháideachta de chuid an Aontais;
- (d) má iarrann na custaiméirí deiridh iad, cuirfear sonraí maidir lena dtomhaltas gáis nádúrtha ar fáil dóibh i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 23, trí chomhéadan caighdeánaithe cumarsáide nó trí chianrochtain, nó do thríú páirtí atá ag gníomhú thar a gceann, i bhformáid shothuigthe, a chuirfidh ar a gcumas tairiscintí a chur i gcomparáid ar bhonn ‘macasamhail le macasamhail’;
- (e) tabharfar comhairle agus faisnéis iomchuí do na custaiméirí deiridh roimh nó ag an tráth a shuiteálfar na méadair chliste, go háirithe maidir lena bpoitéinseal iomlán i ndáil le bainistiú léimh an mhéadair agus faireachán ar thomhaltas fuinnimh, agus maidir le bailiú agus próiseáil sonraí pearsanta i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid an Aontais;
- (f) fágfaidh na córais méadrúcháin chliste gur féidir na custaiméirí deiridh a mhéadrú agus a réiteach de réir an taifigh ama chéanna leis an tréimhse réitigh is gaire a shocrú sa mhargadh náisiúnta.

Chun críocha phointe (d) den chéad fhomhír, beidh sé indéanta ag custaiméirí deiridh a gcuid sonraí méadraithe a aisghabháil nó a tharchur chuig páirtí eile, gan aon chostas breise agus i gcomhréir lena gceart chun iniomparthacht sonraí faoi rialacha cosanta sonraí an Aontais.

Airteagal 19

Teidlíocht i leith méadar cliste le haghaidh gás nádúrtha

1. I gcás ina bhfuil measúnú diúltach déanta ar imscaradh na gcóras méadrúcháin chliste de thoradh an mheasúnaithe costais agus tairbhe dá dtagraítear in Airteagal 16(2), agus nach ndéantar córais méadrúcháin chliste a imscaradh go córasach, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil gach custaiméir deiridh i dteideal, arna iarraidh sin dó, cé gurb é féin a sheasfaidh na costais ghaolmhara, méadar cliste a fháil suiteáilte nó, i gcás inarb infheidhme, uasghrádaithe, faoi choinníollacha córa, réasúnacha agus cost-éifeachtacha, ar méadar é a chomhlíonfaidh na ceanglais seo a leanas:
 - (a) go mbeidh aige, más indéanta go teicniúil é, na feidhmiúlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 18, nó go mbeidh aige íos-tacar feidhmiúlachtaí atá le sainiú agus le foilsiú ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta agus i gcomhréir le hIarscríbhinn II;
 - (b) go mbeidh sé idir-inoibrithe agus ábalta an nascthacht is inmhiannaithe don bhonneagar méadraithe le córais bainistithe fuinnimh do thomhaltóirí a sholáthar.

2. I gcás n-iarrann custaiméir méadar cliste de bhun mhír 1, déanfaidh na Ballstáit, nó i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag Ballstát, na húdaráis inniúla ainmnithe:
 - (a) a áirithiú go ndéanfar an méid seo a leanas a shonrú go sainráite maille le tuairisc shoiléir sa tairiscint a thabharfar don chustaiméir deiridh a d'iarr suiteáil an mhéadair chliste:
 - (i) na feidhmeanna agus an idir-inoibritheacht is féidir leis an méadar cliste a thacú agus na seirbhísí is féidir a sholáthar chomh maith leis na sochair is féidir a fháil go réalaíoch ach an méadar cliste sin a bheith ag an gcustaiméir an tráth sin;
 - (ii) aon chostais ghaolmhara atá le hiompar ag an gcustaiméir deiridh;
 - (b) a áirithiú go ndéanfar an méadar cliste a shuiteáil laistigh d'achar réasúnta ama, agus in aon chás, tréimhse nach déanaí ná 4 mhí tar éis na hiarrata ón gcustaiméir;
 - (c) go tráthrialta, agus gach 2 bhliain ar a laghad, na costais ghaolmhara a athbhreithniú agus a chur ar fáil go poiblí, agus éabhlóid na gcostas sin a rianú i bhfianaise fhorbairtí na teicneolaíochta agus aon uasghrádú a d'fhéadfadh a bheith déanta ar an gcóras méadrúcháin.

Airteagal 20

Méadair choinbhinsiúnacha gáis nádúrtha

1. Más rud é nach mbeidh méadair chliste ag custaiméirí deiridh gáis nádúrtha, áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar gnáthmhéadair aonair do chustaiméirí deiridh a thomhaisfidh go cruinn a dtomhaltas iarbhir.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na custaiméirí deiridh gáis nádúrtha in ann a ngnáthmhéadair a léamh gan dua, bíodh sin go díreach nó go hindíreach trí chomhéadan ar líne nó trí chomhéadan iomchuí eile.

Airteagal 21

Bainistiú sonraí

1. Agus na rialacha maidir le bainistiú agus malartú sonraí á leagan síos acu, sonróidh na Ballstáit, nó i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag Ballstát, an t-údarás inniúil atá ainmnithe na rialacha a ghabhann le rochtain ag páirtithe incháilithe ar shonraí an chustaiméara deiridh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le creat dlí an Aontais is infheidhme. Chun críocha na Treorach seo, tabharfar le fios le sonraí go n-áireofar sonraí méadrúcháin agus tomhaltais chomh maith leis na sonraí a theastaíonn tráth a athraíonn custaiméir ó sholáthróir go ceann eile, agus seirbhísí eile.
2. Eagróidh na Ballstáit an bainistiú sonraí chun rochtain agus malartú éifeachtúil agus slán a áirithiú maidir leis na sonraí, chomh maith le cosaint sonraí agus slándáil sonraí.

Go neamhspleách ar an tsamhail bainistithe sonraí a chuirfear i bhfeidhm i ngach Ballstát, déanfaidh na páirtithe atá freagrach as an mbainistiú sonraí rochtain ar shonraí an chustaiméara deiridh a sholáthar d'aon pháirtí incháilithe, i gcomhréir le mír 1. Beidh na sonraí a bheidh iarrtha ar fáil do na páirtithe incháilithe ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go comhuaineach. Beifear in ann na sonraí a rochtain

go héasca, agus cuirfear na nósanna imeachta ábhartha chun rochtain a fháil ar shonraí ar fáil go poiblí.

3. Na rialacha maidir le rochtain ar shonraí agus stóráil sonraí chun críocha na Treorach seo, comhlíonfaidh siad dlí ábhartha an Aontais.

Próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar faoi chuimsiú na Treorach seo, déanfar í i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

4. Déanfaidh na Ballstáit nó, i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag Ballstát, na húdaráis inniúla atá ainmnithe na páirtithe atá freagrach as bainistiú sonraí a údarú agus a dheimhniú nó, i gcás inarb infheidhme, a mhaoirsiú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad ceanglais na Treorach seo.

Gan dochar do chúraimí na n-oifigeach cosanta sonraí faoi Rialachán (AE) 2016/679, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ceangal a chur ar na páirtithe atá freagrach as bainistiú sonraí oifigigh chomhlíontachta a cheapadh a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart arna ndéanamh ag na páirtithe sin chun rochtain neamh-idirdhealaitheach ar na sonraí agus comhlíonadh cheanglais na Treorach seo a áirithiú.

Féadfaidh na Ballstáit oifigigh chomhlíontachta nó comhlachtaí comhlíontachta dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 44(2) den Treoir seo a cheapadh chun oibleagáidí faoin mír seo a chomhlíonadh.

5. Ní ghearrfar aon chostais bhreise ar na custaiméirí deiridh as rochtain ar a sonraí ná as a iarraidh go ndéanfaí a gcuid sonraí a chur ar fáil.

Beidh na Ballstáit freagrach as na muirir ábhartha a shocrú maidir le rochtain na bpáirtithe incháilithe ar na sonraí.

Déanfaidh na Ballstáit nó, i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag Ballstát, na húdaráis inniúla ainmnithe a áirithiú go mbeidh aon mhuirear a ghearrann eintitis rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí sonraí réasúnach agus go mbeidh údar cuí leis.

Airteagal 22

Ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta le haghaidh rochtain ar na sonraí

1. Chun iomaíochas sa mhargadh miondíola gáis nádúrtha a chur chun cinn agus chun costais riaracháin iomarcacha a sheachaint do na páirtithe incháilithe, éascóidh na Ballstáit lán-idir-inoibritheacht na seirbhísí fuinnimh laistigh den Aontas.
2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais idir-inoibritheachta agus nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha chun rochtain a fháil ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 21(1). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnóthais gáis nádúrtha na ceanglais idir-inoibritheachta agus na nósanna imeachta chun rochtain a fháil ar na sonraí dá dtagraítear i mír 2 a chur bhfeidhm. Beidh na ceanglais agus na nósanna imeachta sin bunaithe ar na cleachtais náisiúnta atá ann cheana.

Airteagal 23

Pointí teagmhála aonair

Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar pointí teagmhála aonair a sholáthróidh do na custaiméirí an fhaisnéis uile is gá maidir lena gcearta, an dlí is infheidhme agus na sásraí um réiteach díospóidí a bheidh ar fáil dóibh i gcás díospóide. Féadfaidh na pointí teagmhála aonair sin a bheith ina gcuid de phointí faisnéise tomhaltóra ginearálta agus d'fhéadfadh na heintitis chéanna a bheith i gceist leo agus atá i gceist i gcás na bpointí teagmhála aonair le haghaidh leictreachais dá dtagraítear in Airteagal 26 de Threoir 2019/944/AE maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas.

Airteagal 24

An ceart chun díospóidí a réiteach lasmuigh den chúirt

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag na custaiméirí deiridh ar shásraí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt atá simplí, cóir, trédhearcach, neamhspleách, éifeachtach agus éifeachtúil chun díospóidí a réiteach i dtaca leis na cearta agus na hoibleagáidí a bhunaítear faoin Treoir seo, agus go mbeidh sé sin acu trí shásra neamhspleách amhail ombudsman fuinnimh nó comhlacht tomhaltóirí, nó trí údarás rialála. I gcás inar tomhaltóir é an custaiméir deiridh de réir bhrí Threoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²³⁾, comhlíonfaidh na sásraí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt sin ceanglais cháilíochta na Treorach sin agus déanfar foráil ann, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, maidir le córais aisíocaíochta agus cúitimh.
2. I gcás inar gá sin, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhoibreoidh eintitis um réiteach malartach díospóidí le chéile chun sásraí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt atá simplí, cóir, trédhearcach, neamhspleách, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar i gcás aon díospóid a eascraíonn as táirgí nó seirbhísí atá ceangailte nó cuachta le haon táirge nó seirbhís a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo.
3. Beidh rannpháirtíocht gnóthas gás i sásraí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt do chustaiméirí teaghlaigh éigeantach mura rud é go léiríonn an Ballstát lena mbaineann don Choimisiún go bhfuil sásraí eile ann atá chomh héifeachtach céanna.

Airteagal 25

Custaiméirí leochaileacha

Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun na custaiméirí deiridh a chosaint, agus, go háirithe, áiritheoidh siad go mbeidh coimircí leormhaithe ann chun na custaiméirí leochaileacha a chosaint. Sa chomhthéacs sin, saineoidh gach Ballstát coincheap na gcustaiméirí leochaileacha a d'fhéadfadh tagairt a dhéanamh don bhochtaineacht fuinnimh. Féadfaidh sé go n-áireofar ar na bearta chun tomhaltóirí leochaileacha a chosaint, *inter alia*, toirmeasc a chur ar dhíscor chuig na custaiméirí sin ag tráthanna criticiúla.

Go háirithe, déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun na custaiméirí deiridh, atá i gceantair iargúlta agus atá nasctha leis na córais gáis nádúrtha nó hidrigine, a chosaint. Féadfaidh na Ballstáit soláthróir na rogha deiridh a cheapadh i leith custaiméirí teaghlaigh agus, i gcás ina measann na Ballstáit é a bheith iomchuí, i leith fiontair bheaga a mheasann sé a bheith ina gcustaiméirí leochaileacha atá nasctha leis an gcóras gáis. Áiritheoidh siad ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí, go háirithe maidir le trédhearcacht i dtaobh téarmaí agus coinníollacha conarthacha, faisnéis ghinearálta agus sásraí um réiteach díospóidí.

↓ 2009/73/CE

~~Airteagal 45~~

~~Margaí miondíola~~

~~Chun teacht chun cinn margaí miondíola atá ag feidhmiú go maith agus atá trédhearcach sa Chomhphobal a éascú, áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar sainiú ar ról agus freagrachtaí na n-oibreoirí córais tarchuir, na n-oibreoirí córais dáileacháin, na ngnóthas soláthair agus na geustaiméirí, agus, más gá, páirtithe eile sa mhargadh eile maidir le soeruithe conarthacha, tiomantas do chustaiméirí, rialacha maidir le malartú sonraí agus maidir le rialú sonraí, úinéireacht sonraí agus freagracht as méadrú.~~

~~Cuirfear na rialacha sin ar fáil go poiblí, ceapfar iad agus is é a aidhm a bheidh leo rochtain na geustaiméirí agus na soláthróirí ar ghréasáin a éascú, agus beidh siad faoi réir athbhreithniú ag na húdaráis rialála nó ag údaráis náisiúnta ábhartha eile.~~

↓ nua

Caibidil IV

Rochtain tríú páirtí ar bhonneagar

ROINN I

ROCHTAIN AR BHONNEAGAR GÁIS NÁDÚRTHA

~~Airteagal 26~~

Rochtain ar an margadh le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin

Déanfaidh na Ballstáit rochtain na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin ar an margadh agus ar an mbonneagar a chumasú gan beann ar cé acu atá saoráidí táirgthe na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin nasctha leis na gréasáin dáileacháin nó tarchurtha nó nach bhfuil.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

~~Airteagal 27~~³²

Rochtain tríú páirtí ☒ ar dháileadh agus tarchur gáis nádúrtha agus críochfoirt GNL ☒

1. Áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfear chun feidhme córas um rochtain tríú páirtí ar an gcóras tarchurtha agus dáileacháin, agus ar shaoráidí GNL, bunaithe ar tharaifí foilsithe, córas is infheidhme maidir le gach custaiméir ~~meáilithe~~, lena n-áirítear gnóthais soláthair, agus a chuirfear i bhfeidhm go hoibiachtúil agus gan idirdhealú a dhéanamh idir úsáideoirí córais. Áiríteoidh na Ballstáit go bhformheasfaidh údaráis rialála dá dtagraítear in Airteagal ~~70~~³⁹⁽¹⁾ na taraifí sin, nó na modheolaíochtaí is bun

lena ríomh, sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 724, agus go bhfoilseofar na taraifí sin – agus na modheolaíochtaí, i gcás nach ndéanfar ach modheolaíochtaí a fhormheas – sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm. ⇒ Ní féidir lascainí taraife a dheonú ach amháin má fhoráiltear dó sin le reachtaíocht an Aontais. ⇐

~~2. Beidh rochtain ag oibreoíróirí córais tarchuir, más gá sin chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh lena n-áirítear maidir le tarchur trasteorann, ar ghréasán de chuid oibreoíróirí córais tarchuir eile.~~

~~23~~ Le forálacha na Treorach seo, ní choiscfear conarthaí fadtéarmacha ⇒ le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin ⇐ a thabhairt i gcrích a mhéid a chomhlíonann siad rialacha iomaíochta an Chomhphobail ☒ Aontais ☒ ⇒ agus a rannchuidíonn siad le dícharbónú. Ní thabharfar aon chonradh fadtéarmach maidir le soláthar gáis iontaise gan choinne i gcrích a mhairfidh níos faide ná deireadh na bliana 2049 ⇐.

↓ nua

3. Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir leis na pobail fuinnimh saoránach a bhainistíonn gréasáin dáileacháin.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

Airteagal 2834

Rochtain ar ghréasáin píblínte réamhtheachtacha ☒ gáis nádúrtha ☒

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go mbeidh gnóthais gáis nádúrtha agus custaiméirí incháilithe, gan beann ar an áit a bhfuil siad, in ann rochtain a fháil ar ghréasáin réamhtheachtacha píblínte, lena n-áirítear saoráidí a sholáthraíonn seirbhísí teicniúla ar gné theagmhasach iad den rochtain sin, i gcomhréir leis an Airteagal seo, cé is moite de na codanna de na gréasáin agus na saoráidí sin a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí táirgthe áitiúla ar shuíomh ceantair ina dtáirgtear an gás. Tabharfar fógra don Choimisiún faoi na bearta i gcomhréir le forálacha Airteagal 8854.

2. An rochtain dá dtagraítear i mír 1, soláthrófar í ar bhealach a chinnfidh an Ballstát i gcomhréir leis na hionstraimí dlíthiúla ábhartha. Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm na cuspóirí maidir le rochtain chothrom oscailte, margadh iomaíoch sa ghás nádúrtha a bhaint amach agus aon mhí-úsáid as ceannasacht a sheachaint, agus iad ag cur san áireamh slándáil agus rialtacht soláthairtí, acmhainneacht atá ar fáil nó is féidir a chur ar fáil go réasúnach, agus cosaint an chomhshaoil. Féadfar na ~~níthe~~ ☒ riachtanais ☒ seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) an gá atá le rochtain a dhiúltú i gcás ina bhfuil neamhréireacht sonraíochtaí teicniúla i gceist, ar neamhréireacht í nach féidir í a shárú go réasúnach;
- (b) an gá atá ann deacrachtaí a sheachaint ar deacrachtaí iad nach féidir a shárú go réasúnach agus a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do tháirgeadh éifeachtúil hidreacarbón, anois agus an táirgeadh atá beartaithe amach anseo, lena n-

áirítear hidreacarbóin arna dtáirgeadh ó cheantair atá imeallach ó thaobh na hinmharthanachta eacnamaíche;

- (c) an gá atá le hurramú na riachtanas réasúnach, a bhfuil bunús iomchuí leo, atá ag úinéir nó oibreoir an ghréasáin réamhtheachtaigh píblínte maidir le gás a iompar agus a phróiseáil agus na leasanna atá ag na húsáideoirí uile eile an ghréasáin réamhtheachtaigh píblínte nó na saoráidí ábhartha próiseála nó láimhseála, ar úsáideoirí iad a d'fhéadfadh sin difear a dhéanamh dóibh; agus
- (d) an gá atá lena ndlíthe agus a nósanna imeachta riaracháin a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí ~~an-Chomhphobail~~ ☒ an Aontais ☒, maidir le húdarú a dheonú i leith táirgthe nó forbairt réamhtheachtach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh socruithe um réiteach díospóidí i bhfeidhm acu, lena n-áirítear údarás atá neamhspleách ar na páirtithe agus a bhfuil rochtain aige ar an bhfaisnéis ábhartha uile, ionas go bhféadfadh réiteach gasta a fháil ar dhíospóidí a bhaineann le rochtain ar ghréasáin réamhtheachtacha píblínte, agus aird á tabhairt ar na critéir i mír 2 agus an líon páirtithe a bhféadfadh baint a bheith acu le caibidlíocht a dhéanamh ar rochtain ar na gréasáin sin.

↓ 2019/692 Airteagal 1.4

4. I gcás díospóidí trasteorann, cuirfear i bhfeidhm na socruithe um réiteach díospóidí don Bhallstát a bhfuil dlínse aige ar an ngréasán réamhtheachtach píblínte a bhfuil rochtain á diúltú aige. Más rud é, i ndíospóidí trasteorann, go gcumhdaíonn níos mó ná Ballstát amháin an ghréasáin lena mbaineann, rachaidh na Ballstáit lena mbaineann i gcomhairle lena chéile d'fhonn a áirithiú go gcuirfear forálacha na Treorach seo i bhfeidhm go comhsheasmhach. I gcás ina dtagann an gréasán píblínte réamhtheachtach as tríú tír agus go ndéanann sé nasc le Ballstát amháin, ar a laghad, rachaidh na Ballstáit lena mbaineann i gcomhairle le chéile agus rachaidh an Ballstát ina bhfuil an chéad phointe isteach chuig gréasán an Bhallstáit eile i gcomhairle leis an tríú tír lena mbaineann as a dtagann an gréasán réamhtheachtach píblínte, d'fhonn a áirithiú, ó thaobh an ghréasáin lena mbaineann, go gcuirfear an Treoir seo i bhfeidhm go comhsheasmhach ar chríoch na mBallstát.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

Airteagal ~~2933~~

Rochtain ar stóráil ☒ gáis nádúrtha ☒

1. Ar mhaithe le heagrú a dhéanamh ar an rochtain ar shaoráidí stórála agus ar línephacáil i gcás ina mbeidh gá teicniúil ~~agus~~ nó eacnamaíoch leis sin ar mhaithe le rochtain éifeachtúil ar an gcóras chun soláthar a chur ar fáil do chustaiméirí, agus ar mhaithe le heagrú a dhéanamh ar an rochtain ar sheirbhísí coimhdeacha, féadfaidh na Ballstáit ceachtar den dá nós imeachta dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4, nó an dá cheann acu sin a roghnú. Feidhmeofar na nósanna imeachta sin i gcomhréir le critéir atá oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

↓ nua

Agus an nós imeachta maidir le rochtain ar stóráil á roghnú faoin Airteagal seo, cuirfidh na Ballstáit san áireamh torthaí na measúnuithe riosca comhchoiteanna agus náisiúnta a dhéantar faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1938.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

Saineoidh agus foilseoidh na húdaráis rialála, ~~i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag na Ballstáit, nó na Ballstáit féin,~~ critéir ar dá réir a fhéadfar an córas rochtana is infheidhme maidir le saoráidí stórála agus línephacáil a chinneadh. Cuirfidh siad ar fáil go poiblí, nó cuirfidh siad d'oibleagáid ar oibreoirí córais stórála agus oibreoirí córais tarchurtha a chur ar fáil go poiblí, na saoráidí stórála, nó na codanna de na saoráidí stórála sin, agus an línephacáil a chuirfear ar fáil faoi na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4.

~~An oibleagáid dá dtagraítear sa dara habairt den dara fómhír, beidh sí gan dochar don cheart chun roghnaithe a dheonaítear do na Ballstáit sa chéad fómhír.~~

2. Ní bheidh feidhm ag ~~forálacha mhí~~ mír1 maidir le seirbhísí coimhdeacha agus stóráil shealadach a bhaineann le saoráidí GNL agus atá riachtanach don phróiseas athghásaithe agus do sheachadadh ina dhiaidh sin chuig an gcóras tarchurtha.

3. I gcás rochtain chaibidlithe, ~~déanfaidh na Ballstáit nó, i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag na Ballstáit,~~ na húdaráis rialála, na bearta is gá ionas go mbeidh gnóthais ~~gáis nádúrtha~~ agus custaiméirí incháilithe, atá laistigh den chríoch nó lasmuigh di agus a chumhdaítear leis an gcóras idirnasctha, in ann rochtain ar shaoráidí stórála agus ar línephacáil a chaibidliú, nuair a bheidh gá teicniúil agus/nó eacnamaíoch leis sin chun rochtain éifeachtúil ar an gcóras a sholáthar, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí coimhdeacha eile a eagrú. Beidh sé d'oibleagáid ar na páirtithe dul i mbun caibidliochta de mheon macánta maidir le rochtain ar stóráil, ar línephacáil agus ar sheirbhísí coimhdeacha eile.

Déanfar conarthaí le haghaidh rochtain ar stóráil, ar línephacáil agus ar sheirbhísí coimhdeacha eile a chaibidliú leis an oibreoir córais stórála ábhartha ~~nó le gnóthais gáis nádúrtha~~. Ceanglóidh na húdaráis rialála ~~i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag na Ballstáit,~~ nó na Ballstáit féin, ar oibreoirí córais stórála agus ar ghnóthais gáis nádúrtha a bpríomhchoinníollacha tráchtála a fhoilsiú maidir le húsáid stórála, línephacála agus seirbhísí coimhdeacha eile ~~faoin 1 Eanáir 2005 agus~~ go bliantúil ~~gach bliain ina dhiaidh sin.~~

Agus na coinníollacha ☒ sin ☒ ~~dá dtagraítear sa dara fómhír~~ á bhforbairt acu, rachaidh oibreoirí stórála ~~agus gnóthais gáis nádúrtha~~ i gcomhairle le húsáideoirí córais.

4. I gcás rochtain rialáilte, déanfaidh na húdaráis rialála, ~~i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag na Ballstáit, nó na Ballstáit féin,~~ na bearta is gá chun an ceart a thabhairt do ghnóthais gáis nádúrtha agus custaiméirí incháilithe, atá laistigh den chríoch nó lasmuigh di agus a chumhdaítear leis an gcóras idirnasctha, rochtain a bheith acu ar stóráil, línephacáil agus ar sheirbhísí coimhdeacha eile, ar bhonn tarairí foilsithe ~~agus/nó téarmaí agus oibleagáidí eile i leith an stóráil agus an línephacáil sin a úsáid,~~ nuair a bheidh gá teicniúil ~~agus/nó~~ eacnamaíoch leis sin chun rochtain éifeachtúil ar

an gcóras a sholáthar, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí coimhdeacha eile a eagrú. Rachaidh na húdaráis rialála, ~~i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag na Ballstáit, nó na Ballstáit féin,~~ i gcomhairle le húsáideoirí córais agus na taraifí sin nó na modheolaíochtaí i leith na dtaraifí sin á bhforbairt acu. Féadfar an ceart rochtana do chustaiméirí incháilithe a thabhairt trína chur ar a gcumas conarthaí soláthair a dhéanamh le gnóthais ~~gáis nádúrtha~~ iomaíocha seachas úinéir ~~agus~~ nó oibreoir an chórais nó gnóthas gaolmhar.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

Airteagal 30~~38~~

Línte díreacha ☒ le haghaidh gáis nádúrtha ☒

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an méid seo a leanas a chumasú:
 - (a) i gcás gnóthais ~~gáis nádúrtha~~ atá bunaithe laistigh dá gcríoch, go soláthróidh siad gás do na custaiméirí incháilithe trí líne dhíreach; agus
 - (b) i gcás aon chustaiméir ~~incháilithe~~ den sórt sin laistigh dá gcríoch, go soláthróidh gnóthais gáis nádúrtha gás dóibh trí líne dhíreach.
2. In imthosca ina gceanglaítear údarú ~~(ceadúnas, cead, lamháltas, toiliú nó formheas, mar shampla)~~ i leith línte díreacha a fhoirgniú nó a oibriú, leagfaidh na Ballstáit nó aon údarás inniúil a ainmneoidh siad síos na critéir maidir le húdaruithe a dheonú i dtaobh línte den sórt sin a thógáil nó a oibriú ina gcríoch. Beidh na critéir sin oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.
3. Féadfaidh na Ballstáit údarú a eisiúint chun líne dhíreach a fhoirgniú faoi réir diúltú do rochtain ar chóras ar bhonn Airteagal ~~34~~35~~~~ nó faoi réir nós imeachta um réiteach díospóidí a oscailt faoi Airteagal ~~73~~41~~~~.

↓ nua

ROINN II

ROCHTAIN AR STÓRÁIL HIDRIGINE

Airteagal 31

Rochtain tríú tír ar ghréasáin hidrigine

1. Áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfear chun feidhme córas rochtana rialáilte tríú páirtí ar ghréasáin hidrigine bunaithe ar tharaifí foilsithe agus a chuirtear i bhfeidhm go hoibiachtúil agus gan idirdhealú a dhéanamh idir aon úsáideoirí gréasáin hidrigine.
1. Áiríteoidh na Ballstáit go bhformheasfaidh údarás rialála dá dtagraítear in Airteagal 70 na taraifí sin, nó na modheolaíochtaí is bun lena ríomh, sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 72, agus go bhfoilseofar na taraifí sin – agus na modheolaíochtaí, i gcás nach ndéanfar ach modheolaíochtaí a fhormheas – sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

3. Beidh rochtain ag na hoibreoirí gréasáin hidrigine, más gá sin chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh lena n-áirítear maidir le hiompar gréasáin trasteorann hidrigine, ar an ngréasán de chuid oibreoirí gréasáin hidrigine eile.
4. Go dtí an 31 Nollaig 2030, féadfaidh Ballstát a chinneadh gan mír 1 a chur i bhfeidhm. I gcás den sórt sin, áiritheoidh an Ballstát go gcuirfear chun feidhme córas rochtana arna chaibidliú ag tríú páirtí ar ghréasáin hidrigine i gcomhréir le critéir oibiachtúla, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha. Déanfaidh na húdaráis rialála na bearta is gá chun go mbeidh na húsáideoirí gréasáin hidrigine in ann rochtain ar ghréasáin hidrigine a chaibidliú. Beidh sé d'oibleagáid ar na páirtithe dul i mbun caibidlíochta de mheon macánta maidir le rochtain ar ghréasáin hidrigine.
5. I gcás ina n-úsáidfear rochtain chaibidlithe, cuirfidh na húdaráis rialála treoir ar fáil d'úsáideoirí gréasáin hidrigine maidir leis an tionchar a bheidh ar tharaifí caibidlithe nuair a thabharfar isteach rochtain rialáilte tríú páirtí.

Airteagal 32

Rochtain tríú páirtí ar chríochfoirt hidrigine

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear chun feidhme córas rochtana tríú páirtí ar chríochfoirt hidrigine a bheidh bunaithe ar rochtain caibidlithe ar mhodh oibiachtúil, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ar mhodh a ghlacfaidh na húdaráis rialála na bearta is gá chun go mbeidh úsáideoirí na gcríochfort hidrigine in ann rochtain ar na críochfoirt sin a chaibidliú. Beidh sé d'oibleagáid ar na páirtithe dul i mbun caibidlíochta de mheon macánta maidir le rochtain.
2. Déanfaidh na húdaráis rialála faireachán ar na coinníollacha maidir le rochtain tríú páirtí ar chríochfoirt hidrigine agus a dtionchar ar na margaí hidrigine agus, i gcás inar gá sin chun iomaíochas a choimirciú, déanfaidh siad bearta chun rochtain a fheabhsú i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i mír 1.

Airteagal 33

Rochtain ar stóráil hidrigine

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear chun feidhme córas rochtana rialáilte tríú páirtí ar stóráil hidrigine, agus ar línephacáil nuair is gá sin go teicniúil agus/nó ó thaobh na heacnamaíochta de chun rochtain éifeachtúil ar an gcóras a chur ar fáil chun soláthar a dhéanamh do chustaiméirí, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí coimhdeacha a eagrú, bunaithe ar tharaifí foilsithe agus arna gcur i bhfeidhm go hoibiachtúil agus gan idirdhealú a dhéanamh idir aon úsáideoirí córais hidrigine. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás rialála taraifí, nó na modheolaíochtaí is bunús lena ríomh, a fhorghéas sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 72(1).

ROINN III

ROCHTAIN AGUS NASCADH A DHIÚLTÚ

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal 3435

Rochtain ☒ agus nascadh ☒ a dhiúltú

1. Féadfaidh gnóthais gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐ rochtain ~~ar an gcóras~~ ⇒ ar an gcóras gáis nádúrtha nó córais hidrigine ⇐ ⇒ nó nascadh leis ⇐ a dhiúltú ar bhonn easpa acmhainneachta ~~nó i gcás ina geuirfí cose orthu, de bharr na rochtana ar an gcóras, na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus a shanntar dóibh nó ar bhonn deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha agus airgeadais i dtaobh conarthaí lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta, ag féachaint do na critéir agus na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 48 agus don rogha arna déanamh ag an mBallstát i geomhréir le mír 1 den Airteagal sin.~~ Tabharfar cúiseanna a bhfuil bunús cuí leo le haon diúltú den sórt sin.
2. ⇒ Agus cuspóirí náisiúnta agus cuspóirí an Aontais maidir le dícharbónú á gcur san áireamh, ⇐ Féadfaidh ⇒ déanfaidh ⇐ na Ballstáit ~~na~~ bearta ⇒ iomchuí ⇐ ~~is gá a dhéanamh~~ chun a áirithiú, i gcás an ghnóthais gáis nádúrtha ⇒ nó hidrigine ⇐ a dhiúltóidh rochtain ar an gcóras ⇒ gáis nádúrtha ⇐ ⇒ nó hidrigine ⇐ ⇒ nó nascadh leis ⇐ ar bhonn easpa acmhainneachta nó ceal naisc, go ndéanfaidh sé na feabhsuithe is gá, a mhéid is eacnamúil é sin a dhéanamh, nó nuair a bheidh custaiméir féideartha toilteanach íoc astu. ~~In imthoesea ina geuirfidh na Ballstáit Airteagal 4(4) i bhfeidhm, déanfaidh na Ballstáit na bearta sin.~~

↓ nua

3. Ní fhéadfar rochtain ar an gcóras le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a dhiúltú ach amháin faoi réir fhorálacha Airteagail 18 agus 33 de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx].

↓ 2009/73/CE

Airteagal 36

Bonneagar nua

1. ~~Féadfar mórbhonneagar gáis nua, i.e. idirnascairí, saoráidí GNL agus saoráidí stórála, arna iarraidh sin, a dhíolmhú, ar feadh tréimhse shainithe ama, ó fhorálacha Airteagail 9, 32, 33 agus 34 agus Airteagal 41(6), (8) agus (10) faoi na coinníollacha seo a leanas:~~
 - ~~(a) ní mór go bhfágfaidh an infheistíocht go mbeidh feabhas ar iomaíocht maidir le gás a sholáthar agus go mbeidh feabhas ar shlándáil an tsoláthair;~~

~~(b) ní mór an riosca a bhaineann leis an infheistíocht a bheith ar leibhéal a fhágann nach ndéanfaí an infheistíocht mura ndéanófaí díolúine;~~

~~(c) ní mór an bonneagar a bheith faoi úinéireacht duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh atá ar leithligh, ar a laghad i dtéarmaí a fhoirme dlíthiúla, ó na hoibreoirí córais ar ina geórais a thógfar an bonneagar sin;~~

~~(d) ní mór muirir a ghearradh ar úsáideoirí an bhonneagair sin; agus~~

↓ 2019/692 Airteagal 1.5(a)

~~(e) níor cheart don díolúine dochar a dhéanamh don iomaíocht sna margat ábhartha ar dócha go ndéanfaidh an infheistíocht difear dóibh, d'fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha, d'fheidhmiú éifeachtach na geórais rialáilte lena mbaineann, nó do shlándáil an tsoláthair gáis nádúrtha san Aontas.”;~~

↓ 2009/73/CE

~~2. Beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir le méaduithe suntasacha aemhainneachta sa bhonneagar atá ann cheana agus maidir le modhuithe ar an mbonneagar sin lena geumasaítear foinsí nua soláthair gáis a fhorbairt.~~

↓ 2019/692 Airteagal 1.5(b)

~~3. Féadfaidh an t-údarás rialála dá dtagraítear i gCaibidil VIII, ar bhonn gach cáis ar leith, cinneadh a dhéanamh maidir leis an díolúine dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2.~~

~~Sula nglacfar an cinneadh maidir leis an díolúine, rachaidh an t-údarás rialála náisiúnta, nó i geás inarb iomhuí údarás inniúil eile an Bhallstáit sin, i geomhairle leis na húdaráis seo a leanas:~~

~~(a) údaráis rialála náisiúnta na mBallstát ar dócha a ndéanfaidh an bonneagar nua difear dóibh; agus~~

~~(b) údaráis ábhartha na dtríú tíortha, i geás ina bhfuil an bonneagar i dtrácht nasctha le gréasán an Aontais faoi dhlínse Ballstáit, agus go dtagann sé nó go gcríochnaíonn sé i dtríú tír amháin nó níos mó.~~

~~I geás ina ndeachthas i geomhairle le húdaráis tríú tíortha, agus sa chás nach bhfreagraíonn siad den chomhairliúchán laistigh de thréimhse réasúnta ama nó den spriocdháta a leagtar síos nach faide ná 3 mhí é, féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta lena mbaineann an cinneadh is gá a ghlacadh.~~

↓ 2009/73/CE

~~4. I geás ina mbeidh an bonneagar atá i gceist suite i gcríoch níos mó ná Ballstáit amháin, féadfaidh an Ghníomhaireacht tuairim chomhairleach a chur faoi bhráid údaráis rialála na mBallstát lena mbaineann, ar tuairim i a fhéadfar a úsáid mar bhunús dá gcinneadh, laistigh de~~

~~2 mhí ón dáta a mbeidh an iarraidh ar dhiolúine faighte ag an údarás deireanach de na húdaráis rialála sin.~~

↓ 2019/692 Airteagal 1.5(c)

~~I geás ina dtiocfaidh na húdaráis rialála go léir lena mbaineann ar chomhaontú i leith na hiarrata ar dhiolúine laistigh de 6 mhí ón dáta a bhfuair an t-údarás deireanach de na húdaráis rialála í, cuirfidh siad a geinneadh in iúl don Ghníomhaireacht. I geás gur líne tharehuir idir Ballstát agus tríú tír an bonneagar lena mbaineann, sula nglacfar cinneadh, féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta, nó i geás inarb iomchuí, údarás inniúil eile de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an chéad phointe idirnaise chuig gréasán an Bhallstáit eile, dul i geomhairle le húdarás ábhartha na tríú tíre sin sula nglacfar cinneadh, d'fhonn a áirithiú, maidir leis an mbonneagar lena mbaineann, go geuirfear an Treoir seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i geríoch an Bhallstáit agus, i geás inarb infheidhme, in uisceí teorann an Bhallstáit sin. I geás ina ndeachthas i geomhairle le húdarás an tríú tír, agus sa chás nach bhfreagraíonn sé don chomhairliúchán laistigh de thréimhse réasúnta ama nó an laistigh de spriocdháta nach faide ná trí mhí é, féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta lena mbaineann an cinneadh is gá a ghlacadh."~~

↓ 2009/73/CE

~~Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht na cúraimí a leagfar leis an Airteagal seo ar údaráis rialála na mBallstát lena mbaineann:~~

- ~~(a) i geás nach mbeidh na húdaráis rialála go léir lena mbaineann in ann teacht ar chomhaontú laistigh de thréimhse 6 mhí ón dáta a bhfuair an t-údarás deireanach de na húdaráis rialála sin an iarraidh ar dhiolúine; nó~~
- ~~(b) arna iarraidh sin go comhpháirteach de na húdaráis rialála lena mbaineann.~~

~~Féadfaidh na húdaráis rialála go léir lena mbaineann a iarraidh, go comhpháirteach, go geuirfear síneadh suas le 3 mhí leis an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a) den tríú fomhír.~~

~~5. Sula ndéanfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh, rachaidh sí i geomhairle leis na húdaráis rialála ábhartha agus leis na hiarratasóirí.~~

~~6. Féadfar a chumhdach le díolúine aemhainneacht iomlán nó cuid d'aemhainneacht an bhonneagair nua, nó aemhainneacht iomlán nó cuid d'aemhainneacht an bhonneagair atá ann cheana le méadú suntasach aemhainneachta,~~

~~Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh díolúine a dheonú, breithneofar, ar bhonn eas ar chás, an gá atá le coinníollacha a fhórchur maidir le ré na díolúine agus maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar an mbonneagar. Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh na geoinníollacha sin, cuirfear san áireamh, go háirithe, an aemhainneacht bhreise a bheidh le tógáil nó an modhnú ar an aemhainneacht atá ann cheana, tréimhse ionchasach an tionseadail agus dálaí náisiúnta.~~

~~Sula ndeonóidh sé díolúine, déanfaidh an t-údarás rialála cinneadh faoi na rialacha agus na sásraí maidir le haemhainneacht a bhainistiú agus a leithdháileadh. Ceanglófar sna rialacha go n-iarfarr ar gach úsáideoir ionchasach de chuid an bhonneagair a spéis a léiriú in aemhainneacht ar conradh sula ndéanfar leithdháileadh aemhainneachta sa bhonneagar nua, lena n-áirítear dá úsáid féin. Ceanglóidh an t-údarás rialála go n-áireofar i rialacha um~~

bainistiú ar phlódú an oibleagáid maidir le haemhainneacht neamhúsáidte a thairiseint ar an margadh, agus ceanglóidh sé go mbeidh úsáideoirí an bhonneagair i dteideal a n-aemhainneachta eonarthai a thrádáil ar an margadh tánaisteach. Agus measúnú á dhéanamh aige ar na critéir dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1, cuirfidh an t-údarás rialála san áireamh torthaí an nós imeachta sin um leithdháileadh aemhainneachta.

Maidir leis an geinneadh i dtaobh díolúine, lena n-áirítear aon choinnioll dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo, beidh sé cuí réasúnaithe agus foilseofar é.

7. D'ainneoin mhír 3, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go geuirfidh a n-údarás rialála nó an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, a thuairim nó a tuairim maidir leis an iarraidh ar dhíolúine faoi bhráid an chomhlachta ábhartha sa Bhallstát, chun eríocha an chinneadh fhoirmiúil. Foilseofar an tuairim sin in éineacht leis an geinneadh.

8. Déanfaidh an t-údarás rialála cóip de gach iarraidh ar dhíolúine a tharchur chuig an gCoimisiún gan mhoill ar an iarraidh sin a fháil dó. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra faoin geinneadh don Choimisiún gan mhoill, mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha go léir i dtaea leis an geinneadh. Féadfar an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhfoirm chomhhiomlán, ionas go mbeidh ar chumas an Choimisiúin teacht ar chinneadh a mbeidh bonn maith faoi. Cuimseofar an méid seo a leanas, go háirithe, san fhaisnéis sin:

- (a) na cúiseanna mionsonraithe ar ar a mbonn a dheonaigh nó a dhiúltaigh an t-údarás rialála, nó an Ballstát, an díolúine, mar aon le tagairt do mhír 1 lena n-áirítear an pointe nó na pointí ábhartha den mhír sin ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis airgeadais lena dtugtar údar leis an ngá atá leis an díolúine;
- (b) an anailís a dhéanfar ar an éifeacht a bheidh ag deonú na díolúine ar an iomaíocht agus ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha;
- (c) na cúiseanna atá leis an tréimhse agus an seiar d'aemhainneacht iomlán an bhonneagair gáis atá i dtrácht agus a bhfuil an díolúine á deonú ina leith;
- (d) i gcás ina mbaineann an díolúine le hidirnascaire, toradh an chomhairliúcháin leis na húdaráis rialála lena mbaineann; agus
- (e) an méid a chuidíonn an bonneagar le héagsúlú an tsoláthair gáis.

9. Laistigh de thréimhse 2 mhí ón lá tar éis dó fógra a fháil, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh lena gceanglófar ar an údarás rialála leasú a dhéanamh ar an geinneadh chun díolúine a dheonú, nó an cinneadh sin a tharraingt siar. Féadfar síneadh breise 2 mhí a chur leis an tréimhse 2 mhí sin i gcás ina lorgóidh an Coimisiún faisnéis bhreise. Tosóidh an tréimhse bhreise sin ar an lá tar éis an fhaisnéis iomlán a fháil. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse thosaigh 2 mhí freisin le toiliú an Choimisiúin agus an údaráis rialála araon.

Más rud é nach soláthrófar an fhaisnéis arna hiarraidh laistigh den tréimhse a leagtar síos san iarraidh, measfar go mbeidh an fógra tarraingthe siar mura rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, gur cuireadh síneadh ama leis an tréimhse le toiliú an Choimisiúin agus an údaráis rialála araon, nó gur ehuir an t-údarás rialála an Coimisiún ar an eolas, i ráiteas cuí réasúnaithe, go measann sé go bhfuil an fógra curtha i gcrích.

An cinneadh ón gCoimisiún maidir leis an geinneadh i dtaobh díolúine a leasú nó a tharraingt siar, comhlíonfaidh an t-údarás rialála é laistigh de thréimhse aon mhíosa amháin agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

Caomhnóidh an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

~~Maidir le formheas an Choimisiúin i ndáil le cinneadh i dtaobh díolúine, rachaidh sé as feidhm 2 bhliain ón dáta a nglacfar é sa chás nach mbeidh tús curtha le tógáil an bhonneagair fós, agus 5 bliana ón dáta a nglacfar é sa chás nach mbeidh an bonneagar ag feidhmiú fós, mura rud é go geinnfidh an Coimisiún gurb ann d'aon mhoill mar gheall ar bhacainní móra nach raibh aon neart orthu ag an duine ar deonaíodh an díolúine dó.~~

~~10. Féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a ghlacadh chun na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm agus chun an nós imeachta a leagan amach a bheidh le leanúint maidir le míreanna 3, 6, 8 agus 9 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm. Maidir leis na bearta sin, a cheaptar chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú trína forlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 51(3).~~

↓ nua

Caibidil V

Na rialacha is infheidhme maidir le tarchur, stóráil agus oibreoirí córais gáis nádúrtha

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

Airteagal 35~~43~~

Cúraimí na n-oibreoirí córais tarchuir, córais stórála agus/nó chóras GNL

1. Déanfaidh gach oibreoir córais tarchurtha, córais stórála agus/nó chóras GNL an méid seo a leanas:
 - (a) saoráidí stórála agus/nó GNL atá slán, iontaofa agus éifeachtúil a oibriú, a choinneáil ar bun agus a fhorbairt i ndea-chaoi eacnamaíoch chun margadh oscailte a áirithiú, agus aird chuí á tabhairt ar an gcomhshaol, ⇒ ar na hoibleagáidí a leagtar síos i [Rialachán (AE) 2022/ ... (Rialachán Meatáin)] ⇐ agus modhanna leordhóthanacha a áirithiú i dtaobh oibleagáidí seirbhíse a chomhlíonadh;
 - (b) ~~gan idirdhealú a dhéanamh~~ dhéanfaidh siad idirdhealú idir úsáideoirí córais nó aicmí úsáideoirí córais, ~~go háirithe~~ go háirithe i bhfabhar gnóthais ghaolmhara dá chuid féin;
 - (c) faisnéis leordhóthanach a sholáthar d'aon oibreoir córais tarchurtha eile, d'aon oibreoir córais stórála eile, d'aon oibreoir córais GNL eile agus/nó d'aon oibreoir córais dáileacháin chun a áirithiú go bhféadfar gás nádúrtha a iompar agus a stóráil ar bhealach atá comhoiriúnach leis an gcóras idirnasctha a oibriú ar bhealach slán, éifeachtúil; agus
 - (d) an fhaisnéis a sholáthar d'úsáideoirí córais a theastaíonn uathu chun rochtain éifeachtúil a bheith acu ar an gcóras.

2. Tógfaidh gach oibreoir córais tarchurtha acmhainneacht leordhóthanach trasteorann chun go mbeidh sé in ann comhtháthú a dhéanamh ar bhonneagar tarchurtha Eorpach lena bhfreastalófar ar na héilimh uile ar acmhainneacht ar éilimh iad atá barainneach agus atá indéanta go teicniúil, agus slándáil an tsoláthair gáis á cur san áireamh.

↴ nua

3. Comhoibreoidh na hoibreoirí córais tarchurtha leis na hoibreoirí córais dáileacháin chun rannpháirtíocht éifeachtach rannpháirtithe sa mhargadh atá nasctha leis an eangach i margaí miondíola, mórdhíola agus cothromúcháin a áirithiú.
4. Áiritheoidh na hoibreoirí córais tarchurtha go ndéanfar bainistiú éifeachtúil ar cháilíocht gáis ina gcuid saoráidí i gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme maidir le cáilíocht gáis.

↓ 2009/73/CE

- ~~53.~~ Na rialacha a ghlacfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha maidir leis an gcóras tarchurtha gáis a chothromú, beidh siad oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, agus áireofar leo rialacha maidir le muirear a ghearradh ar úsáideoirí córais de chuid a ngréasán i leith éagothroime fuinnimh. Na téarmaí agus na coinníollacha, lena n-áirítear rialacha agus taraifí, maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin ag oibreoirí córais tarchurtha, bunófar iad de bhun modheolaíocht atá comhoiriúnach le hAirteagal ~~724~~ (7), ar bhealach atá neamh-idirdhealaitheach agus costléiritheach, agus foilseofar iad.
- ~~64.~~ Féadfaidh na húdaráis rialála, i gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag na Ballstáit, nó na Ballstáit féin, a cheangal ar oibreoirí córais tarchurtha íoschaighdeáin a chomhlíonadh maidir leis an gcóras tarchurtha, lena n-áirítear an acmhainneacht idirnáisc, a choinneáil ar bun agus a fhorbairt.

↴ nua

7. Féadfaidh Ballstáit a fhoráil go mbeidh ceann amháin nó níos mó de na freagrachtaí a liostaítear i mír 1 sannta chuig oibreoir córais tarchurtha seachas an t-oibreoir sin a bhfuil úinéireacht aige ar an gcóras tarchurtha chuig a mbeadh na freagrachtaí lena mbaineann infheidhme thairis sin. An t-oibreoir córais tarchurtha dó a bhfuil na cúraimí sannta, beidh sé deimhnithe faoi shamhail an oibreora úinéireachta díchuachta, faoi shamhail an oibreora córais neamhspleách nó faoi shamhail an oibreora córais tarchurtha neamhspleách, agus comhlíonfaidh sé na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 54, ach ní bheidh sé de cheangal air úinéireacht a bheith aige ar an gcóras tarchurtha a bhfuil sé freagrach as.
8. Comhlíonfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha na ceanglais dá bhforáiltear i gCaibidil IX agus beidh sé deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 57. Beidh an méid seo gan dochar don fhéidearthacht a bheith ag na hoibreoirí córas tarchurtha atá deimhnithe faoi shamhail an oibreora córais úinéireachta díchuachta neamhspleách nó faoi shamhail an oibreora córais tarchurtha neamhspleách go ndéanfaidís, ar a dtionscnamh féin agus faoina maoirseacht, cúraimí áirithe a tharmligean chuig

oibreoirí córais tarchurtha eile, atá deimhnithe faoi shamhail an oibreora córais úinéireachta díchuachta neamhspleách nó faoi shamhail an oibreora tarchurtha neamhspleách, i gcás nach ndéanann tarmligean na gcúraimí sin cearta cinnteoireachta éifeachtacha agus neamhspleácha an oibreora córais tarchurtha a dhéanann an tarmligean a chur i gcontúirt.

9. Comhoibreoidh na hoibreoirí córais GNL agus na hoibreoirí córais stórála, laistigh de Bhallstát amháin agus go réigiúnach, chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is éifeachtúla as acmhainneachtaí saoráidí agus as sineirgí idir na saoráidí sin, agus sláine agus oibriú an chórais á gcur san áireamh.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

- 105 Is de réir nósanna imeachta atá trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus bunaithe ar an margadh a gheobhaidh na hoibreoirí córais tarchurtha an fuinneamh a úsáideann siad chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

Airteagal ~~36~~ 46

Rúndacht i ndáil leis na hoibreoirí córais tarchurtha agus úinéirí córais tarchurtha

1. Gan dochar d’Airteagal ~~68~~ 30 ná d’aon dualgas dlíthiúil eile i dtaobh faisnéis a nochtadh, caomhnóidh gach oibreoir córais tarchurtha, córais stórála ~~agus~~ nó córais GNL, agus gach úinéir córais tarchurtha, rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a fhaightear le linn a ghníomhaíochtaí a chur i gcrích, agus déanfaidh sé a chosc go nochtfar ar bhealach idirdhealaitheach faisnéis faoina chuid gníomhaíochtaí féin lena bhféadfaí buntáiste tráchtála a thabhairt. Go háirithe, ní nochtfaidh sé aon fhaisnéis íogair tráchtála do na codanna eile den ghnóthas, ach amháin más gá sin chun idirbheart gnó a dhéanamh. Chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán na rialacha maidir le díchuachadh faisnéise, áiritheoidh na Ballstáit, maidir le húinéir an chórais tarchurtha, lena n-áirítear, i gcás oibreoirí iloibríochtaí, an t-oibreoir córais dáileacháin, agus maidir leis an gcuid eile den ghnóthas, nach n-úsáidfídh siad seirbhísí coiteanna, amhail seirbhísí coiteanna dlí, cé is moite d’fheidhmeanna nach bhfuil iontu ach feidhmeanna riaracháin nó feidhmeanna TF, agus na feidhmeanna sin amháin.
2. Ní bhainfidh oibreoirí córais tarchurtha, córais stórála ~~agus~~ nó córais GNL, i gcomhthéacs díolacháin nó ceannacháin gáis nádúrtha ag gnóthais ghaolmhara, mí-úsáid as faisnéis íogair tráchtála a fhaightear ó thríú páirtithe i gcomhthéacs rochtain ar an gcóras a sholáthar nó caibidlíocht a dhéanamh i leith na rochtana sin.
3. Cuirfear ar fáil go poiblí an fhaisnéis is gá le haghaidh iomaíocht éifeachtach agus fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh. Beidh an oibleagáid sin gan dochar d’fhaisnéis íogair tráchtála a chosaint.

↓ nua

Airteagal 37

Cumhachtaí cinnteoireachta maidir le saoráidí táirgthe nua le haghaidh gáis carbóin in-athnuaite agus ísealcharbóin a nascadh leis an gcóras tarchurtha

1. Déanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha nósanna imeachta trédhearcacha agus éifeachtúla a leagan síos agus a fhoilsiú maidir le nascadh neamh-idirdhealaitheach suiteálacha táirgthe nua gás in-athnuaite agus ísealcharbóin. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir a bhformheasa ag na húdaráis rialála.
2. Ní bheidh na hoibreoirí córais tarchurtha i dteideal iarrataí ar nascadh is réasúnach ó thaobh na heacnamaíochta de agus is indéanta go teicniúil a dhiúltú do shaoráid táirgthe nua le haghaidh gás in-athnuaite agus ísealcharbóin.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal 38~~23~~

Cumhachtaí cinnteoireachta maidir le ~~saoráidí stórála, saoráidí athghásaithe GNL agus~~ ~~eustaiméirí tionsclaíocha~~ a nascadh leis an gcóras tarchurtha ☒ agus an gréasán hidrigine ☒

1. Bunóidh agus oibreoidh an t-oibreoir córais tarchurtha ⇒ agus an t-oibreoir córais hidrigine ⇐ nósanna imeachta agus taraifí trédhearcacha, éifeachtúla maidir le saoráidí stórála ⇒ gáis nádúrtha agus hidrigine ⇐, saoráidí athghásaithe GNL ⇒, críochfoirt hidrigine ⇐ agus custaiméirí tionsclaíocha a nascadh ar bhealach neamh-idirdhealaitheach leis an gcóras tarchurtha ⇒ agus leis an ngréasán hidrigine ⇐. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir a bhformheasa ag an údarás rialála.
2. Ní bheidh an t-oibreoir córais tarchurtha ⇒ agus an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇐ i dteideal diúltú saoráid stórála ⇒ gáis nádúrtha nó hidrigine ⇐, saoráid athghásaithe GNL ⇒, críochfort hidrigine ⇐ nó custaiméir tionsclaíoch nua a nascadh ar an mbonn go bhféadfadh teorainneacha a bheith ann amach anseo maidir leis na hacmhainní ghréasáin atá ar fáil nó ar bhonn costais bhreise a bhaineann le méadú riachtanach acmhainneachta. Áiríteoidh an t-oibreoir córais tarchurtha ⇒ agus an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇐ go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach iontrála agus fágála ann don nasc nua.

~~Airteagal 6~~

~~Dlúthpháirtíocht réigiúnach~~

1. ~~Chun soláthar slán a chosaint ar an margadh inmheánach sa ghás nádúrtha, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile chun an dlúthpháirtíocht réigiúnach agus an dlúthpháirtíocht dhéthaobhach a chur chun cinn.~~
2. ~~Cumhdóidh an comhar sin cásanna as a n-casróidh, nó ar dócha go n-casróidh astu sa ghearrthréimhse, suaitheadh tromchúiseach sa soláthar a dhéanfaidh difear do Bhallstát. Áireofar leis:~~
 - (a) ~~comhordú na mbeart éigeandála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2004/67/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis nádúrtha a chosaint³⁶;~~
 - (b) ~~idirnáise leictreachais agus gáis nádúrtha a aithint agus, más gá, iad a fhorbairt nó a uasghrádú; agus~~

³⁶ IO L 127, 29.4.2004, lch. 92.

- (e) ~~coinníollacha agus módúlachtaí praiticiúla maidir le cúnaimh frithpháirteach.~~
- ~~3. Coinneofar an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoin gcomhar sin.~~
- ~~4. Féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte maidir le comhar réigiúnach a ghlacadh de mheon dlúthpháirtíochta. Maidir leis na bearta sin, a cheaptar chun eilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú trína forlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnserúdú dá dtagraítear in Airteagal 51(3).~~

Caibidil VI

~~Distribution and supply~~ ☒ **Córas dáileacháin oibriúcháin gáis nádúrtha** ☒

Airteagal 39~~24~~

Oibreoirí córais dáileacháin a ainmniú

Ainmneoidh na Ballstáit, nó ceanglóidh siad ar ghnóthais ar leo córais dáileacháin nó atá freagrach as a n-ainmniú, ar feadh tréimhse a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit, ag féachaint don éifeachtúlacht agus don chothromaíocht eacnamaíoch, oibreoir córais dáileacháin amháin nó níos mó agus áiritheoidh siad go ngníomhóidh na hoibreoirí sin i gcomhréir le hAirteagail ~~40~~25~~~~, ~~42~~26~~~~ agus ~~43~~27~~~~.

Airteagal 40~~25~~

Cúraimí na n-oibreoirí córais dáileacháin

1. Beidh gach oibreoir córais dáileacháin freagrach as cumas an chórais san fhadtréimhse a áirithiú maidir le freastal ar éilimh réasúnta ar ghás a dháileadh, agus as córas atá slán, iontaofa agus éifeachtúil a oibriú, a choinneáil ar bun agus a fhorbairt i ndea-chaoi eacnamaíoch ina limistéar, agus aird chuí á tabhairt ar an gcomhshaol ⇒, ar na hoibleagáidí a leagtar síos i [Rialachán (AE) 2022/ ... (Rialachán Meatáin)] ⇐ agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh.

↓ nua

2. Nuair a chinnfidh na húdaráis rialála sin, féadfaidh na hoibreoirí córais dáileacháin a bheith freagrach as bainistiú éifeachtúil cáilíochta gáis a áirithiú ina saoráidí i gcomhréir leis na caighdeáin cáilíochta gáis is infheidhme, i gcás inar gá sin chun an córas a bhainistiú de bharr instealladh gás in-athnuaite agus ísealcharbóin.

↓ 2009/73/CE

- ~~32.~~ In aon chás, ní dhéanfaidh an t-oibreoir córais dáileacháin idirdhealú idir úsáideoirí córais nó aicmí úsáideoirí córais, go háirithe i bhfabhar gnóthais ghaolmhara dá chuid féin.
- ~~43.~~ Soláthróidh gach oibreoir córais dáileacháin faisnéis d'aon oibreoir córais dáileacháin eile, d'aon oibreoir córais tarchurtha eile, d'aon oibreoir córais GNL eile agus/nó d'aon oibreoir córais stórála eile, ar faisnéis leordhóthanach í lena áirithiú go

ndéanfar gás nádúrtha a iompar agus a stóráil ar bhealach atá comhoiriúnach leis an gcóras idirnasctha a oibriú ar bhealach slán éifeachtúil.

54 Soláthróidh gach oibreoir córais dáileacháin d'úsáideoirí córais an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun rochtain éifeachtúil a bheith acu ar an gcóras, lena n-áirítear chun an córas a úsáid.

65 I gcás ina mbeidh oibreoir córais dáileacháin freagrach as an gcóras dáileacháin a chothromú, beidh na rialacha a ghlacfaidh sé chun na críche sin oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, lena n-áirítear rialacha maidir le muirear a ghearradh ar úsáideoirí córais i leith éagothroime fuinnimh. Na téarmaí agus na coinníollacha, lena n-áirítear rialacha agus taraifí, le haghaidh soláthar seirbhísí den sórt sin ag oibreoirí córais dáileacháin, bunófar iad de bhun modheolaíocht atá comhoiriúnach le hAirteagal 724, ar bhealach atá neamh-idirdhealaitheach agus costléiritheach, agus foilseofar iad.

↓ nua

7. Comhoibreoidh na hoibreoirí córas dáileacháin leis na hoibreoirí córas tarchurtha chun rannpháirtíocht éifeachtach rannpháirtithe sa mhargadh atá nasctha lena n-eangach i margaí miondíola, mórdhíola agus cothromúcháin a áirithiú sa chóras iontrála-scoir a bhfuil an córas dáileacháin ina chuid de.

8. Déanfaidh na hoibreoirí córais dáileacháin nósanna imeachta trédhearcacha agus éifeachtúla a leagan síos agus a fhoilsiú maidir le nascadh neamh-idirdhealaitheach suiteálacha táirgthe nua gás in-athnuaite agus ísealcharbóin. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir a bhformheasa ag na húdaráis rialála.

9. Ní bheidh na hoibreoirí córais dáileacháin i dteideal iarrataí ar nascadh is réasúnach ó thaobh na heacnamaíochta de agus is indéanta go teicniúil a dhiúltú do shaoráid táirgthe nua le haghaidh gás in-athnuaite agus ísealcharbóin.

Airteagal 41

Cumhachtaí cinnteoireachta maidir le saoráidí táirgthe nua le haghaidh gáis carbóin in-athnuaite agus ísealcharbóin a nascadh leis an gcóras dáileacháin

Cuirfidh na húdaráis rialála d'oibleagáid ar an oibreoir córais dáileacháin nósanna imeachta trédhearcacha agus éifeachtúla a fhoilsiú maidir le nascadh neamh-idirdhealaitheach suiteálacha táirgthe nua gás in-athnuaite agus ísealcharbóin. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir a bhformheasa ag na húdaráis rialála.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

Airteagal ~~42~~²⁶

Oibreoirí córais dáileacháin a dhíchuachadh

1. I gcás ina mbeidh an t-oibreoir córais dáileacháin ina chuid de ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, beidh sé neamhspleách ar a laghad i dtéarmaí a fhoirme dlíthiúla, a eagraithe agus a chinnteoireachta ar ghníomhaíochtaí eile nach

mbaineann le dáileadh. Ní chruthófar leis na rialacha sin oibleagáid i dtaobh úinéireacht ar shócmhainní an chórais dáileacháin a dheighilt ón ngnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach.

2. De bhreis ar na ceanglais faoi mhír 1, i gcás ina mbeidh an t-oibreoir córais dáileacháin ina chuid de ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, beidh sé neamhspleách ar a laghad i dtéarmaí a eagraithe agus a chinnteoireachta ar na gníomhaíochtaí eile nach mbaineann le dáileadh. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, beidh feidhm ag na híoschritéir seo a leanas:

- (a) i gcás na ndaoine ~~sin~~ atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an oibreoir córais dáileacháin, ~~ní mór dóibh gan a bheith~~ ☒ ní bheidh siad ☒ páirteach i struchtúir chuideachta an ghnóthais gáis nádúrtha chomhtháite atá freagrach, go díreach nó go hindíreach, as an oibriú laethúil a dhéantar i dtaobh ☒ gáis ☒ ~~gás nádúrtha~~ a tháirgeadh, a tharchur ☒, a iompar ☒ agus a sholáthar;
- (b) ~~ní mór~~ ☒ déanfar ☒ bearta iomchuí ~~a dhéanamh~~ chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh leasanna gairmiúla daoine atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an oibreoir córais dáileacháin ar bhealach lena n-áirithítear go mbeidh sé in ann gníomhú go neamhspleách;
- (c) ~~ní mór~~ ☒ beidh ☒ cearta éifeachtacha cinnteoireachta ~~a bheith~~ ag an oibreoir córais dáileacháin, a bheidh neamhspleách ar an ngnóthas gáis nádúrtha comhtháite, i leith na sócmhainní is gá chun an gréasán a oibriú, a choinneáil ar bun nó a fhorbairt; ~~ce~~chun na cúraimí sin a chomhlíonadh, beidh na hacmhainní is gá ar fáil don oibreoir córais dáileacháin, lena n-áirítear acmhainní daonna, teicniúla, airgeadais agus fisiceacha; ~~Níor cheart a fhágáil leis sin nach féidir sárait~~ ☒ Ní chuirfear cosc leis sin ar shásraí ☒ comhordúcháin iomchuí a bheith ann chun a áirithiú go gcosnófar cearta maoirseachta eacnamaíche agus bainistithe na máthairchuideachta maidir le toradh ar shócmhainní, a rialaítear go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal ~~724~~724(7), i bhfochuideachta; ~~gGo~~háirithe, cuirfidh sé sin ar chumas na máthairchuideachta formheas a dhéanamh ar an bplean airgeadais bliantúil, nó aon ionstraim choibhéiseach, de chuid an oibreora córais dáileacháin agus teorainneacha domhanda a leagan síos maidir leis an leibhéal feichiúnais atá ar a fochuideachta; ~~nNí~~ cheadóidh sé don mháthairchuideachta teoracha a thabhairt maidir le hoibríochtaí laethúla, ná maidir le cinntí aonair a bhaineann le línte dáileacháin a fhoirgníú nó a uasghrádú, nach sáraíonn téarmaí an phlean airgeadais fhormheasta, ná téarmaí aon ionstraime coibhéisí; ~~agus~~
- (d) ~~ní mór don~~ ☒ déanfaidh ☒ oibreoir córais dáileacháin clár comhlíontachta a bhunú, ina leagfar amach na bearta a dhéanfar chun a áirithiú go ndéanfar iompar idirdhealaitheach a eisiamh, agus a áirithiú go ndéanfar faireachán leormhaith ar urramú an chláir sin; ~~lLe~~agfar amach sa chlár comhlíontachta na hoibleagáidí sonracha a bheidh ar fhostaithe i dtaobh an cuspóir sin a chomhlíonadh; ~~aAn~~ duine nó an comhlacht atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar an gclár comhlíontachta, an t-oifigeach comhlíontachta de chuid an oibreora córais dáileacháin, cuirfidh sé tuarascáil bhliantúil, ina leagfar amach na bearta arna ndéanamh, faoi bhráid an údarais rialála dá dtagraítear in Airteagal ~~7039~~7039(1), agus foilseofar an tuarascáil bhliantúil sin; ~~aAn~~ t-oifigeach comhlíontachta de chuid an oibreora córais dáileacháin, beidh sé iomlán neamhspleách agus, chun a chúram a chomhlíonadh, beidh rochtain aige ar an

bhfaisnéis uile is gá de chuid an oibreora córais dáileacháin agus de chuid aon ghnóthais chleamhnaithe.

3. I gcás ina mbeidh an t-oibreoir córais dáileacháin ina chuid de ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údaráis rialála nó comhlachtaí inniúla eile faireachán ar ghníomhaíochtaí an oibreora córais dáileacháin ionas nach féidir leis leas a bhaint as a chomhtháthú ingearach chun an iomaíocht a shaobhadh. Go háirithe, ní dhéanfaidh oibreoirí córais dáileacháin atá comhtháite go hingearach, ina gcumarsáid ná ina mbrandáil, mearbhall a chruthú i leith fhéiniúlacht ar leithligh bhrainte soláthair an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach.
4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan míreanna 1, 2 ná 3 a chur i bhfeidhm maidir le gnóthais gáis nádúrtha chomhtháite a fhreastalaíonn ar níos lú ná ~~100000~~100 000 custaiméir nasctha.

Airteagal ~~43~~27

Na hoibleagáidí atá ar na hoibreoirí córais dáileacháin i dtaobh na rúndachta

1. Gan dochar d’Airteagal ~~68~~30 ná d’aon dualgas dlíthiúil eile i dtaobh faisnéis a nochtadh, caomhnóidh gach oibreoir córais dáileacháin rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a fhaightear le linn a ghnó a dhéanamh, agus déanfaidh sé a chosc go nochtfar ar bhealach idirdhealaitheach faisnéis faoina chuid gníomhaíochtaí féin lena bhféadfaí buntáiste tráchtála a thabhairt.
2. Ní bhainfidh oibreoirí córais dáileacháin, i gcomhthéacs díolacháin nó ceannacháin gáis nádúrtha ag gnóthais ghaolmhara, mí-úsáid as faisnéis íogair tráchtála a fhaightear ó thríú páirtithe i gcomhthéacs rochtain ar an gcóras a sholáthar nó caibidlíocht a dhéanamh i leith na rochtana sin.

Airteagal ~~44~~28

Córais dáileacháin iata ☒ gáis nádúrtha ☒

1. I gcás córas a dháileann gás ☒ nádúrtha ☒ laistigh de shuíomh tionsclaíoch, suíomh tráchtála nó suíomh seirbhísí comhroinnte atá críocheaithe go geografach, agus nach soláthraíonn, gan dochar do mhír 4, gás do chustaiméirí teaghlaigh, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil maidir le húdaráis rialála ~~náisiúnta~~ nó údaráis inniúla eile an córas sin a aicmiú mar chóras dáileacháin iata más rud é:
 - (a) ar chúiseanna sonracha teicniúla nó sábháilteachta, go bhfuil oibriochtaí nó próiseas táirgeachta úsáideoirí an chórais sin comhtháite; nó
 - (b) go ndáileann an córas sin gás ☒ nádúrtha ☒ go príomha ar úinéir nó oibreoir an chórais nó ar a ghnóthais ghaolmhara.
2. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil maidir le húdaráis rialála ~~náisiúnta~~ an t-oibreoir córais dáileacháin iata ☒ gáis nádúrtha ☒ a dhíolmhú ón gceanglas faoi Airteagal ~~27~~32(1) go ndéanfar taraifí, nó na modheolaíochtaí is bun lena ríomh, a fhormheas sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal ~~72~~41.
3. I gcás ina ndeonófar díolúine faoi mhír 2, déanfar na taraifí is infheidhme, nó na modheolaíochtaí is bun lena ríomh, a athbhreithniú agus a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal ~~72~~41 arna iarraidh sin ag úsáideoir de chuid an chórais dáileacháin iata ☒ gáis nádúrtha ☒.

4. I gcás úsáid theagmhasach ag líon beag teaghlach a bhfuil ceangal fostaíochta nó ceangal cosúil acu le húinéir an chórais dáileacháin agus atá suite laistigh den limistéar a bhfreastalaíonn córas dáileacháin iata air, ní chuirfidh an úsáid sin bac ar dhíolúine faoi mhír 2 a dheonú.

↓ nua

5. Measfar gur córais dáileacháin iad na córais dáileacháin iata chun críocha na Treorach seo.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

Airteagal ~~45~~²⁹

Oibreoir iloibríochtaí

Ní chuirfidh Airteagal ~~26~~⁴⁴(1) cosc ar an oibriú a dhéanann oibreoir iloibríochtaí córais tarchurtha, córais GNL, córais stórála agus córais dáileacháin ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an t-oibreoir sin Airteagal ~~54~~⁹(1), nó ☒ Airteagail ☒ ~~55~~¹⁴ agus ~~56~~¹⁵, nó Caibidil ~~IX~~^{IV} nó go dtagann sé faoi Airteagal ~~49~~⁸²(6).

↓ nua

Caibidil VII

Rialacha is infheidhme maidir leis na gréasáin hidrigine tiomanta

Airteagal 46

Cúraimí na n-oibreoirí gréasáin, stórála agus críochfoirt hidrigine

1. Beidh gach oibreoir gréasáin, stórála, críochfoirt hidrigine freagrach as na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (a) bonneagar slán, iontaofa a oibriú, a choinneáil ar bun agus a fhorbairt i ndealachaoi eacnamaíoch le haghaidh hidrigin a iompar agus a stóráil agus aird chuí á tabhairt ar an gcomhshaol, i ndlúthchomhar leis na hoibreoirí gréasáin hidrigine nasctha agus comharsanacha;
 - (b) cumas fadtéarmach an chórais hidrigine a áirithiú chun freastal ar éilimh réasúnta ar iompar agus ar stóráil hidrigine;
 - (c) a áirithiú go mbeidh modhanna iomchuí ann chun a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh;

- (d) a leordhóthain faisnéise a sholáthar d'oibreoir aon ghréasáin nó córais eile a bhfuil a chóras idirnasctha leis chun oibriú slán agus éifeachtúil, forbairt chomhordaithe agus idir-inoibritheacht an chórais idirnasctha a áirithiú;
- (e) gan idirdhealú a dhéanamh idir úsáideoirí córais nó aicmí úsáideoirí bonneagair, go sonrach i bhfabhar gnóthais ghaolmhara dá chuid féin; agus
- (f) an fhaisnéis a theastaíonn ó na húsáideoirí córais le haghaidh rochtain éifeachtúil ar an mbonneagar a sholáthar dóibh;
- (g) gach beart réasúnta atá ar fáil a dhéanamh chun astaíochtaí hidrigine ina n-oibríochtaí a chosc agus a íoslaghdú agus suirbhé ar sceitheadh hidrigine agus deisiú a dhéanamh go tráthrialta ar na comhpháirteanna ábhartha uile atá faoi fhreagracht an oibreora;
- (h) tuarascáil maidir le sceitheadh hidrigine a bhrath agus, i gcás inar gá, clár deisithe nó athsholáthair a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil;

2. Tógfaidh gach oibreoir córais hidrigine acmhainneacht leordhóthanach trasteorann chun go mbeidh sé in ann comhtháthú a dhéanamh ar bhonneagar hidrigine Eorpach lena bhfreastalófar ar na héilimh uile ar acmhainneacht ar éilimh iad atá réasúnach ó thaobh na heacnamaíochta de agus indéanta go teicniúil, agus slándáil an tsoláthair hidrigine á cur san áireamh.
3. Féadfaidh oibreoirí gréasáin hidrigine a bheith freagrach as bainistiú éifeachtúil cáilíochta hidrigine a áirithiú ina ngréasáin i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta hidrigine is infheidhme, i gcás inar gá sin le haghaidh bhainistiú an chórais agus faoi réir fhormheas an údaráis rialála.

Airteagal 47

Gréasáin hidrigine atá ann cheana

1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh maolú a dheonú ar cheanglais Airteagail 31, 62, 63 agus 64 den Treoir seo, agus Airteagail 6 agus 47 de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] ar gréasáin hidrigine ar le gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach iad an [dáta an teachta i bhfeidhm]. Beidh raon feidhme an mhaolaithe teoranta don acmhainneacht ghréasáin atá i bhfeidhm an [dáta an teachta i bhfeidhm]
2. Beidh teorainn ama leis an maolú agus rachaidh sé in éag:
 - (a) i gcás ina gcuirfidh an gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach iarraidh faoi bhráid an údaráis rialála deireadh a chur leis an maolú agus ina bhformheasfaidh an t-údarás rialála an iarraidh sin;
 - (b) i gcás ina mbeidh an gréasán hidrigine a thairbhíonn den mhaolú nasctha le gréasán hidrigine eile;
 - (c) i gcás ina ndéanfar an gréasán hidrigine a thairbhíonn den mhaolú nó a acmhainneacht a leathnú;
 - (d) ar a dhéanaí an 31 Nollaig 2030.

Airteagal 48

Na gréasáin hidrigine atá teoranta ó thaobh na geografaíochta de

1. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh d'údaráis rialála maolú ó Airteagal 62 a dheonú do na gréasáin hidrigine a iompraíonn hidrigin ó phointe iontrála amháin chuig líon teoranta pointí scoir laistigh de limistéar tionsclaíoch nó tráchtála atá críocheaithe go geografach.
2. Beidh feidhm ag na maoluithe faoi mhír 1 go dtí an 31 Nollaig 2030 ar a laghad. An 1 Eanáir 2031, rachaidh an maolú in éag nuair a chomhlíonfar ceann de na coinníollacha thíos:
 - (a) i gcás inar mian le táirgeoir hidrigine in-athnuaite atá in iomaíocht rochtain a fháil ar an ngréasán;
 - (b) i gcás ina nascfar an gréasán hidrigine díolmhaithe le gréasán hidrigine eile.Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear na hiarrataí ar rochtain dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo in iúl don údarás rialála.

Airteagal 49

Idirnascairí hidrigine le tríú tíortha

1. Beidh idirnascairí hidrigine idir na Ballstáit agus tríú tíortha faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le gréasáin hidrigine mar a leagtar amach sa Treoir seo agus in [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx]. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear san áireamh i bhforfheidhmiú na rialacha sin cur i bhfeidhm éifeachtach na rialacha sin ar chríoch an Aontais agus cineál comhtháite an idirnascaire.
2. Chun na ceanglais a leagtar amach i mír 1 a chur chun feidhme, déanfaidh an tAontas, i gcás gach idirnascaire hidrigine, comhaontú idir-rialtasach a thabhairt i gcrích leis an tríú tír nasctha, nó tríú tíortha nasctha, sula n-oibreofar é, ar comhaontú é ina leagfar amach na rialacha oibriúcháin le haghaidh an idirnascaire hidrigine lena mbaineann i gcás ina gcinntídh an Coimisiún gur gá comhaontú den sórt sin chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú.
3. Féadfaidh rialacha a bheith sa chomhaontú idir-rialtasach sin, de réir mar is iomchuí, lena sonrófar cur chun feidhme na gceanglas maidir le rochtain tríú páirtí, rialáil taraife agus díchuachadh oibreoir an idirnascaire hidrigine, mar aon le rialacha maidir le deimhniú hidrigine in-athnuaite agus hidrigine ísealcharbóin, lena n-áirítear rialacha lena n-áiríteofar bailiú na sonraí riachtanacha agus cur i bhfeidhm na gcritéar maidir le cuntasáíocht hidrigine a tháirgtear ó leictreachas mar hidrigin in-athnuaite.

Airteagal 50

Rúndacht d'oibreoirí gréasán hidrigine, saoráidí stórála hidrigine agus críochfort hidrigine

1. Gan dochar do na dualgais dhlíthiúla i dtaobh faisnéis a nochtadh, caomhnóidh gach oibreoir córais hidrigine, saoráide stórála hidrigine nó críochfoirt hidrigine, agus gach úinéir córais hidrigine, rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a fhaightear le linn a ghníomhaíochtaí a chur i gcrích, agus déanfaidh sé a chosc go nochtfar ar bhealach idirdhealaitheach faisnéis faoina chuid gníomhaíochtaí féin lena bhféadfaí buntáiste tráchtála a thabhairt. Go háirithe, más cuid de ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach é oibreoir gréasáin hidrigine, oibreoir saoráide stórála hidrigine nó oibreoir críochfoirt hidrigine, nó úinéir gréasáin

hidrigine, ní nochtfaidh sé aon fhaisnéis íogair tráchtála do na codanna eile den ghnóthas, mura mbeidh gá leis sin chun idirbheart gnó a dhéanamh.

2. Ní bhainfidh an t-oibreoir gréasáin hidrigine, oibreoir saoráide stórála hidrigine nó oibreoir críochfoirt hidrigine, i gcomhthéacs díolacháin nó ceannacháin hidrigine ag gnóthais ghaolmhara, mí-úsáid as faisnéis íogair tráchtála a fhaightear ó thríú páirtithe i gcomhthéacs rochtain ar an gcóras a sholáthar nó caibidlíocht a dhéanamh i leith na rochtana sin.
3. Cuirfear ar fáil go poiblí an fhaisnéis is gá le haghaidh iomaíocht éifeachtach agus fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh. Beidh an oibleagáid sin gan dochar d'fhaisnéis íogair tráchtála a chosaint.

Caibidil VIII

Pleanáil i ndáil le gréasáin chomhtháite

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal 51~~22~~

Forbairt gréasán agus cumhachtaí i dtaobh cinntí infheistíochta a dhéanamh

1. Gach ~~bliain~~ ⇒ 2 bhliain ar a laghad ⇐, cuirfidh na hoibreoirí córas tarchurtha ☒ uile ☒ plean forbartha gréasáin deich mbliana faoi bhráid an údaráis rialála ☒ ábhartha ☒ a bheidh bunaithe ar an soláthar agus ar an éileamh mar atá siad agus mar a thuartar go mbeidh siad, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile. ⇒ Beidh plean forbartha gréasáin aonair amháin ann, ar a laghad, in aghaidh an Bhallstáit. Maidir leis na hoibreoirí bonneagair, lena n-áirítear na hoibreoirí críochfoirt GNL, na hoibreoirí stórála, na hoibreoirí córais dáileacháin chomh maith leis na hoibreoirí hidrigine, bonneagair téimh ceantair agus leictreachais, ceanglófar orthu an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar agus a mhalartú do na hoibreoirí córais tarchurtha a bhfuil gá léi chun an plean aonair a fhorbairt. ⇐ Cuimseofar sa phlean forbartha gréasáin sin bearta éifeachtúla chun leormhaitheas an chórais ⇒ gáis nádúrtha ⇐ agus slándáil an tsoláthair a ráthú ⇒, go háirithe comhlíonadh na gcaighdeán bonneagair faoi Rialachán (AE) 2017/1938. Foilseofar an plean forbartha gréasáin deich mbliana agus beidh sé inrochtana ar shuíomh gréasáin. ⇐.
2. Go háirithe, leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana:
 - (a) ~~léireofar do rannpháirtithe sa mhargadh~~ ⇒ cuimseofar ⇐ an príomhbhonneagar tarchurtha nach mór a thógáil nó a uasghrádú le linn na 10 mbliana atá le teacht;
 - (b) cuimseofar na hinfeistíochtaí uile a bhfuil cinneadh déanta ina leith cheana agus sainithneofar infheistíochtaí nua nach mór a fhorghníomhú sna 3 bliana atá le teacht; ~~agus~~

↴ nua

- (c) áireofar faisnéis maidir leis an mbonneagar is féidir a dhíchoimisiúnú nó a dhéanfar a dhíchoimisiúnú; agus
-

↓ 2009/73/CE

⇒ nua

- (de) déanfar foráil maidir le hamchlár do na tionscadail infheistíochta ⇒ agus díchoimisiúnaithe ⇐ uile;=
-

↴ nua

- (e) beidh sé bunaithe ar chomhchreat cáis arna fhorbairt idir na hoibreoirí bonneagair ábhartha, lena n-áirítear na hoibreoirí córais dáileacháin ábhartha, a bhaineann le gás agus leictreachas ar a laghad;
- (f) beidh sé comhsheasmhach le torthaí na measúnuithe riosca comhchoiteanna agus náisiúnta a dhéantar faoi Airteagal 7 de Rialachán 2017/1938;
- (g) beidh sé i gcomhréir leis an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus leis na nuashonruithe air, agus leis na tuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a chuirfear isteach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 agus tacóidh siad leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1), de Rialachán (AE) 2021/1119.
-

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

3. Agus an plean forbartha gréasáin deich mbliana á tharraingt suas aige, ⇒ cuirfidh an t-oibreoir córais tarchurtha san áireamh go hiomlán an fhéidearthacht maidir le roghanna malartacha ar mhéadú an chórais, mar shampla úsáid na freagartha ar éileamh, chomh maith leis an tomhaltas a bhfuil coinne leis tar éis chur i bhfeidhm chéad phrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, trádáil le tíortha eile agus an plean forbartha gréasáin uile-Aontais. Déanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha measúnú conas aghaidh a thabhairt ar an ngá ar fud córas leictreachais agus gáis, i gcás inar féidir, lena n-áirítear faisnéis faoi shuíomh agus méid stórála fuinnimh is fearr agus cumhacht chuig sócmhainní gáis ⇐ ~~déanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha toimhdí réasúnta maidir le teacht chun cinn an táirgthe, an tsoláthair, an tomhaltais agus na malartuithe le tíortha eile, agus cuirfidh sé san áireamh pleananna infheistíochta i gcomhair gréasáin réigiúnacha agus gréasáin uile Chomhphobail, chomh maith le pleananna infheistíochta i leith saoráidí stórála agus saoráidí athghásaithe GNL.~~
4. Rachaidh an t-údarás rialála i gcomhairle le gach úsáideoir córais iarbhir agus gach úsáideoir córais féideartha, ar bhealach oscailte trédhearcach, maidir leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana. I gcás daoine nó gnóthais a mhaíonn gur úsáideoirí córais féideartha iad, d'fhéadfadh sé go gceanglófaí orthu bunús a thabhairt leis an

maíomh sin. Foilseoidh an t-údarás rialála toradh an phróisis comhairliúcháin, go háirithe riachtanais fhéideartha i dtaobh infheistíochtaí.

5. Scrúdóidh an t-údarás rialála an gcumhdaíonn an plean forbartha gréasáin deich mbliana na riachtanais infheistíochta uile a sainaithníodh le linn an phróisis comhairliúcháin, agus an bhfuil sé ag teacht $\Rightarrow$ le hionsamhlúcháin uile-Aontais na gcásanna suaite arna ndéanamh ag ENTSO le haghaidh Gáis faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1938, le measúnuithe riosca réigiúnacha agus náisiúnta agus $\Leftarrow$ leis an bplean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Chomhphobail $\boxtimes$ Aontais $\boxtimes$ neamhcheangailteach (plean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail $\boxtimes$ Aontais $\boxtimes$) dá dtagraítear in $\boxtimes$ in Airteagal 30(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/943 $\boxtimes$ Airteagal (3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009. Má bhíonn aon amhras ann faoin gcomhsheasmhacht leis an bplean forbartha gréasáin uile-Chomhphobail $\boxtimes$ Aontais $\boxtimes$, rachaidh an t-údarás rialála i gcomhairle $\boxtimes$ le ACER $\boxtimes$ leis an nGníomhaireacht. Féadfaidh an t-údarás rialála a cheangal ar an oibreoir córais tarchurtha a phlean forbartha gréasáin deich mbliana a leasú.

$\Downarrow$ nua

Scrúdóidh na húdaráis náisiúnta inniúla an bhfuil an plean forbartha gréasáin deich mbliana ag teacht leis an bplean náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus a nuashonruithe agus leis na tuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a chuirfear isteach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999.

$\Downarrow$ 2009/73/CE

$\Rightarrow$ nua

6. Déanfaidh an t-údarás rialála faireachán agus meastóireacht ar chur chun feidhme an phlean forbartha gréasáin deich mbliana.
7. In imthosca nach bhforghníomhóidh an ~~t-oibreoir córais tarchurtha~~ $\Rightarrow$ an t-oibreoir córais neamhspleách nó an t-oibreoir tarchurtha neamhspleách $\Leftarrow$, ar chúiseanna seachas cúiseanna sáraitheacha nach bhfuil neart aige orthu, infheistíocht a bhí, faoin bplean forbartha gréasáin deich mbliana, le forghníomhú sna 3 bliana ina dhiaidh sin, áiríteoidh na Ballstáit go gceanglófar ar an údarás rialála ceann amháin ar a laghad de na bearta seo a leanas a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an infheistíocht atá i gceist má tá an infheistíocht sin fós ábhartha ar bhonn an phlean forbartha gréasáin deich mbliana is déanaí:
- (a) a cheangal ar an oibreoir córais tarchurtha na hinfeistíochtaí atá i gceist a fhorghníomhú;
 - (b) nós imeachta tairisceana a eagrú atá oscailte d'aon infheisteoir maidir leis an infheistíocht atá i gceist; nó
 - (c) a chur d'oibleagáid ar an oibreoir córais tarchurtha glacadh le méadú caipitil chun na hinfeistíochtaí is gá a mhaoiniú agus a cheadú d'infheisteoirí neamhspleácha a bheith páirteach sa chaipiteal.

I gcás inar bhain an t-údarás rialála leas as a chumhachtaí faoi phointe (b) den chéad fhomhír, féadfaidh sé a chur d'oibleagáid ar an oibreoir córais tarchurtha toiliú le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- (a) maoiniú ag aon tríú páirtí;
- (b) foirgniú ag aon tríú páirtí;
- (c) na sócmhainní nua lena mbaineann a thógáil é féin;
- (d) ~~na~~ ~~an~~ ~~na~~ sócmhainní nua lena mbaineann a oibriú é féin.

Soláthróidh an t-oibreoir córais tarchurtha do na hinfheistearaí an fhaisnéis uile is gá chun an infheistíocht a dhéanamh, nascfaidh sé sócmhainní nua leis an ngréasán tarchurtha agus déanfaidh sé a dhícheall i gcoitinne cur chun feidhme an tionscadail infheistíochta a éascú.

Beidh na socrúithe maoinithe ábhartha faoi réir a bhformheasta ag an údarás rialála.

8. I gcás inar bhain an t-údarás rialála úsáid as a chuid cumhachtaí faoin ~~geáid fhorbairt~~ ~~de~~ mhír 7, cumhdóidh na rialacháin taraife ábhartha costais na n-infheistíochtaí atá i gceist.

↓ nua

Airteagal 52

Forbairt gréasáin hidrigine a thuairisciú

1. Cuirfidh oibreoirí gréasáin hidrigine faoi bhráid an údaráis rialála, go tráthrialta mar a chinn an t-údarás sin, forléargas ar an mbonneagar gréasáin hidrigine a bhfuil sé d'aidhm acu a fhorbairt. Leis an bhforléargas sin, déanfar na nithe seo a leanas go háirithe:
 - (a) áireofar faisnéis maidir le riachtanais acmhainneachta, i dtoirt agus i bhfad, mar a caibidlíodh idir úsáideoirí gréasáin agus oibreoirí gréasáin hidrigine;
 - (b) áireofar ann faisnéis faoin méid a úsáidfear píblínte gáis nádúrtha athchuspóiracha chun hidrigin a iompar;
 - (c) beidh siad i gcomhréir leis an bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus leis na nuashonruithe air, agus leis na tuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a chuirfear isteach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 agus tacóidh siad leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1), de Rialachán (AE) 2021/1119.
2. Soláthróidh agus malartóidh na hoibreoirí stórála hidrigine agus na hoibreoirí críochfoirt hidrigine an fhaisnéis ábhartha uile a bhfuil gá léi chun an forléargas a fhorbairt leis na hoibreoirí gréasáin hidrigine.
3. Scrúdóidh an t-údarás rialála an forléargas. Cuirfidh sé riachtanas foriomlán an ghréasáin hidrigine ó thaobh na heacnamaíochta agus fuinnimh de sa scrúdú sin chomh maith leis an gcomhchreat cáis faoi Airteagal 51(2), pointe (e).
4. Cuirfidh an t-údarás rialála an scrúdú ar an bhforléargas san áireamh ina fhormheas ar mhuirir thiomnaithe de réir bhrí Airteagal 4 de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx].
5. Foilseoidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine ar bhonn rialta tuarascáil chomhpháirteach maidir le forbairt an chórais hidrigine a bheidh bunaithe ar an

bhforléargas a chuirfear faoi bhráid an údaráis rialála. Cuirfidh siad san áireamh scrúdú an údaráis rialála faoi mhír 4.

6. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh na ceanglais a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 51 maidir leis na hoibreoirí gréasáin hidrigine.

Airteagal 53

Bonneagar hidrigine trasteorann a mhaoiniú

1. I gcás ina n-áirítear tionscadal idirnascaire hidrigine sa phlean forbartha gréasáin deich mbliana uile-AE dá dtagraítear in Airteagal 29 de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] agus nach tionscadal leasa choitinn é dá dtagraítear i [gCaibidil II agus in Iarscríbhinn I pointe 3 de Rialachán xxx maidir le Treoirínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh], déanfaidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine atá cóngarach lena chéile agus a ndéantar difear dóibh plean tionscadail a dhearadh, lena n-áirítear iarraidh ar leithdháileadh costais trasteorann, agus cuirfidh siad faoi bhráid na n-údarás rialála lena mbaineann é le haghaidh formheas comhpháirteach.
2. Beidh anailís costais is tairbhe a bheidh sonrach don tionscadal ag gabháil leis an bplean tionscadail agus leis an iarraidh ar leithdháileadh costas trasteorann, agus cuirfear san áireamh na sochair thar theorainneacha na mBallstát lena mbaineann, agus plean gnó ina ndéanfar meastóireacht ar inmharthanacht airgeadais an tionscadail, ina n-áireofar réiteach maoinithe agus ina sonrófar an aontaíonn na hoibreoirí gréasáin hidrigine lena mbaineann maidir le togra cuí-réasúnaithe le haghaidh leithdháileadh costais trasteorann.
3. Déanfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na hoibreoirí gréasáin hidrigine, cinntí comhordaithe maidir le leithdháileadh na gcostas infheistíochta a bheidh le híoc ag gach oibreoir gréasáin le haghaidh an tionscadail.
4. I gcás nach féidir leis na húdaráis rialála lena mbaineann teacht ar chomhaontú maidir leis an iarraidh laistigh de 6 mhí, déanfaidh ACER cinneadh, tar éis an phróisis de bhun Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.
5. Tar éis 31 Nollaig 2030, déanfaidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine a ndéantar difear dóibh córas cúitimh airgeadais a chaibidliú chun maoiniú a áirithiú le haghaidh bonneagar hidrigine trasteorann. Agus an córas sin á fhorbairt, cuirfidh oibreoirí gréasáin hidrigine próiseas forleathan comhairliúcháin i gcrích a mbeidh baint ag na rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh uile leis.
6. Comhaontóidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine lena mbaineann maidir leis an gcóras cúitimh airgeadais laistigh de 3 bliana agus faoin 31 Nollaig 2033. Mura dtagtar ar chomhaontú laistigh den tréimhse sin, déanfaidh na húdaráis rialála lena mbaineann cinneadh i gcomhpháirt laistigh de 2 bhliain. I gcás nach féidir leis na húdaráis rialála ábhartha teacht ar chomhaontú comhpháirteach laistigh de 6 mhí, déanfaidh ACER cinneadh, tar éis an phróisis de bhun Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942.
7. Cuirfear córas an chúitimh airgeadais i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 72(1), pointe (b).
8. Maidir leis an aistriú chuig córas de shásra um chúiteamh airgeadais, ní dhéanfaidh an sásra bunaithe um chúiteamh airgeadais difear do chonarthaí acmhainneachta atá ann cheana.

9. Maidir le tuilleadh sonraí is gá chun an próiseas a leagtar amach san Airteagal seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear na próisis agus na tréimhsí ama is gá, an próiseas is gá chun athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra cúitimh agus, más gá, leasú a dhéanamh air, lena gcumasaítear éabhlóid na dtaraifí agus forbairt na ngréasán hidrigine a chur san áireamh, déanfar iad a leagan síos i gcód gréasáin a bhunófar ar bhonn Airteagal 54 de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx].

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Caibidil IX

✕ Díchuachadh oibreoirí córais tarchurtha ✕

ROINN 1

✕ ÚINÉIREACHT A DHÍCHUACHADH ✕

Airteagal 54

Córais tarchurtha agus oibreoirí córais tarchurtha a dhíchuachadh

1. Áiríteoidh na Ballstáit an méid seo a leanas ~~ón 3 Márta 2012 ar aghaidh~~:
- (a) i gcás gach gnóthais ar leis córas tarchurtha, go ngníomhóidh sé mar oibreoir córais tarchurtha;
 - (b) nach mbeidh an duine ná na daoine céanna i dteideal:
 - (i) rialú a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ar ghnóthas a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe nó soláthair, ná rialú a fheidhmiú ná aon cheart a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ar oibreoir córais tarchurtha nó ar chóras tarchurtha; ná
 - (ii) rialú a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ar oibreoir córais tarchurtha nó ar chóras tarchurtha, ná rialú a fheidhmiú ná aon cheart a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ar ghnóthas a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe nó soláthair;
 - (c) nach mbeidh an duine nó na daoine céanna i dteideal comhaltaí a cheapadh ar an mbord maoirseachta, ar an mbord riaracháin ná comhaltaí de chomhlachtaí atá ina n-ionadaithe dlíthiúla don ghnóthas, de chuid oibreoir córais tarchurtha nó córas tarchurtha, ná rialú a dhéanamh ná aon cheart a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ar ghnóthas a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe nó soláthair; ~~agus~~
 - (d) nach mbeidh an duine céanna i dteideal a bheith ina chomhalta den bhord maoirseachta, den bhord riaracháin ná de chomhlachtaí atá ina n-ionadaithe dlíthiúla don ghnóthas, de chuid gnóthais a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe nó soláthair ná de chuid oibreoir córais tarchurtha nó córas tarchurtha.

2. Áireofar, go háirithe, leis na cearta dá dtagraítear i ~~bpointí (b) agus (c)~~, bpointí (b) agus (c), de mhír 1 na nithe seo a leanas:
 - (a) an chumhacht cearta vótála a fheidhmiú;
 - (b) an chumhacht comhaltaí a cheapadh ar an mbord maoirseachta, ar an mbord riaracháin nó comhaltaí de chomhlachtaí atá ina n-ionadaithe dlíthiúla don ghnóthas; nó
 - (c) scair thromlaigh a shealbhú.
3. Chun críocha mhír 1, pointe (b), ~~áireofar sa choineas~~ ☒ tuigfear go n-áireofar leis an ☒ ☒ téarma ☒ ‘a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe nó soláthair’ ‘gnóthas a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna giniúna agus soláthair’ de réir bhrí Threoir ~~2009/72/CE~~ ☒ (AE) 2019/944 ☒ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷ ~~an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialaigh don mhargadh inmheánach sa leictreachas~~³⁸, agus áireofar ☒ tuigfear go n-áireofar ☒ leis na téarmaí ‘oibreoir córais tarchurtha’ agus ‘córas tarchurtha’ ‘oibreoir córais tarchurtha’ agus ‘córas tarchurtha’ de réir bhrí na Treorach sin.
4. Féadfaidh na Ballstáit maoluithe a cheadú ar ~~phointí (b) agus (c) de mhíreanna 1, pointí (b) agus (c) go dtí an 3 Márta 2013~~, ar choinníoll nach bhfuil na hoibreoirí córais tarchurtha ina gcuid de ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach.
5. Measfar gur comhlíonadh an oibleagáid a leagtar amach i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo más rud é, i gcás dhá ghnóthas nó níos mó ar leo córais tarchurtha, gur chruthaigh na gnóthais sin comhfhiontar a ghníomhaíonn mar oibreoir córais tarchurtha in dhá Bhallstát nó níos mó i leith na gcóras tarchurtha lena mbaineann. Ní fhéadfaidh aon ghnóthas eile a bheith ina chuid den chomhfhiontar, murar formheasadh é faoi Airteagal ~~55~~ 14 mar oibreoir córais neamhspleách nó mar oibreoir tarchurtha neamhspleách chun críocha ~~Roinn 3 Chaibidil IV~~.
6. Chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, i gcás inarb é an duine dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (d) de mhír 1 an Ballstát nó comhlacht poiblí eile, ní mheasfar gurb é an duine céanna nó gurb iad na daoine céanna dhá chomhlacht poiblí ar leithligh a bhfuil rialú á fheidhmiú acu ar oibreoir córais tarchurtha nó ar chóras tarchurtha ar thaobh amháin, agus ar ghnóthas a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe nó soláthair ar an taobh eile.
7. Áiríteoidh na Ballstáit, maidir le faisnéis íogair tráchtála dá dtagraítear in Airteagal ~~36~~ 16 agus atá ina sheilbh ag oibreoir córais tarchurtha a bhí ina chuid de ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, agus foireann oibreora córais tarchurtha den sórt sin, nach ndéanfar ceachtar acu a aistriú chuig gnóthais a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe agus soláthair.

³⁷ Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach leictreachais agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

³⁸ ~~Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Dé Luain 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa leictreachas (IO L 211, 14.8.2009, lch. 55).~~

³⁹ ~~Féach leathanach 55 den Iris Oifigiúil seo.~~

↓ 2019/692 Airteagal 1.2(a)

8. Sa chás gur le gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach an córas tarchurtha ar an 3 Meán Fómhair 2009, féadfaidh Ballstát a chinneadh gan mír 1 a chur i bhfeidhm. Maidir leis an gcuid sin den chóras tarchurtha a nascann Ballstát le tríú tír idir teorainn an Bhallstáit sin agus an chéad phointe nasctha chuig gréasán an Bhallstáit sin, sa chás gur le gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach an córas tarchurtha an 23 Bealtaine 2019, féadfaidh Ballstát a chinneadh gan mír 1 a chur i bhfeidhm.

↓ 2009/73/CE

I gcás den sórt sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann ceann de na bearta seo a leanas:

- (a) oibreoir córais neamhspleách a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal ~~55~~¹⁴, nó
- (b) forálacha Roinn 3 ~~Chapter IV~~ a chomhlíonadh.

↓ 2019/692 Airteagal 1.2(b)

9. Sa chás gur le gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach an córas tarchurtha ar an 3 Meán Fómhair 2009 agus go bhfuil socruithe i bhfeidhm lena ráthófar neamhspleáchas níos éifeachtaí oibreoir an chórais tarchurtha i gcomparáid le forálacha Roinn 3 ~~Chapter IV~~, féadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh gan mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

Maidir leis an gcuid sin den chóras tarchurtha a nascann Ballstát le tríú tír idir teorainn an Bhallstáit sin agus an chéad phointe nasctha chuig gréasán an Bhallstáit sin, sa chás gur le gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach an córas tarchurtha agus go bhfuil socruithe i bhfeidhm a ráthóidh neamhspleáchas níos éifeachtaí oibreoir an chórais tarchurtha i gcomparáid le forálacha Roinn 3 ~~Chapter IV~~ an 23 Bealtaine 2019, féadfaidh an Ballstát sin cinneadh a dhéanamh gan mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

10. Sula ndéanfar gnóthas a fhormheas agus a ainmniú mar oibreoir córais tarchurtha faoi mhír 9 den Airteagal seo, déanfar é a dheimhniú ~~☒~~ i gcomhréir leis ~~☒~~ ~~de réir~~ na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal ~~65~~¹⁰ (4), (5) agus (6) den Treoir seo agus in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, ~~agus is dá bhun sin a fhíoróidh ☒~~ Ina dhiaidh sin, ~~☒~~ fíoróidh an Coimisiún gur léir go rathaítear leis na socruithe atá i bhfeidhm neamhspleáchas níos éifeachtaí an oibreora córais tarchurtha ná mar a rathaítear le forálacha Roinn 3 ~~Chapter IV~~.
11. I gcás gnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach agus ar leo córas tarchurtha, ní chuirfear cosc orthu in aon chás bearta a dhéanamh chun mír 1 a chomhlíonadh.

12. I gcás gnóthais a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe nó soláthair, ní bheidh siad in ann, in aon chás, rialú a dhéanamh ná aon cheart a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ar na hoibreoirí córais tarchurtha dhíchuachta sna Ballstáit a chuireann mír 1 i bhfeidhm.

ROINN 2

✠ OIBREOIRÍ CÓRAIS NEAMHSPLEÁCHA ✠

Airteagal ~~55~~⁴⁴

Oibreoirí córais neamhspleácha

↓	2019/692	Airteagal 1.3
	(oiriúnaithe)	
⇒	nua	

1. Sa chás gurbh le gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach an córas tarchurtha ar an 3 Meán Fómhair 2009, féadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh gan Airteagal ~~56~~⁹(1) a chur i bhfeidhm, agus oibreoir córais neamhspleách a ainmniú ar mholadh ó úinéir an chórais tarchurtha.

Maidir leis an gcuid sin den chóras tarchurtha a nascann Ballstát le tríú tír idir teorainn an Bhallstáit sin agus an chéad phointe nasctha chuig gréasán an Bhallstáit sin, sa chás ~~gurbh~~ ✠ gurbh ✠ le gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach an córas tarchurtha an 23 Bealtaine 2019, féadfaidh an Ballstát sin cinneadh a dhéanamh gan Airteagal ~~59~~⁹(1) a chur i bhfeidhm agus oibreoir córais neamhspleách a ainmniú ar mholadh ó úinéir an chórais tarchurtha.

Beidh ainmniú oibreoir córais neamhspleách faoi réir formheas ón gCoimisiún.

2. Ní fhéadfaidh an Ballstát oibreoir córais neamhspleách a fhormheas agus a ainmniú ach amháin sna cásanna a leanas:

- (a) má léirigh an t-oibreoir is iarrthóir go gcomhlíonann sé ceanglais Airteagal ~~54~~⁹(1), pointí (b), (c) agus (d);
- (b) má léirigh an t-oibreoir is iarrthóir go bhfuil na hacmhainní airgeadais, teicniúla, fisiceacha agus daonna is gá aige chun a chúraimí faoi Airteagal ~~35~~⁴³ a chomhlíonadh;
- (c) má tá gealltanais tugtha ag an oibreoir is iarrthóir le plan forbartha gréasáin deich mbliana a chomhlíonadh faoi fhaireachán an údaráis rialála;
- (d) má léirigh úinéir an chórais tarchurtha go bhfuil ar a chumas a chuid oibleagáidí faoi mhír 5 a chomhlíonadh, ~~ce~~^{ch}huige sin, soláthróidh sé na dréachtsocruithe conarthacha ar fad leis an ngnóthas is iarrthóir agus le haon eintiteas ábhartha eile; ~~agus~~
- (e) inar léirigh an t-oibreoir is iarrthóir go bhfuil ar a chumas a chuid oibleagáidí faoi ~~Rialachán (CE) Uimh. 715/2009~~ ✠ [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] ✠ a chomhlíonadh, lena n-áirítear comhar na n-oibreoirí córais tarchurtha ar an leibhéal Eorpach agus an leibhéal réigiúnach.

3. I gcás gnóthais a bhfuil sé deimhnithe ag an údarás rialála ina leith gur chomhlíon siad ceanglais Airteagal ~~66~~⁶⁵ agus ceanglais mhír 2 den Airteagal seo, déanfaidh na Ballstáit iad a fhormheas agus a ainmniú mar oibreoirí córais neamhspleácha. Is é an nós imeachta deimhniúcháin i gceachtar d'Airteagal ~~65~~⁶⁴ den Treoir seo nó Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 nó in Airteagal ~~66~~⁶⁵ den Treoir seo a bheidh infheidhme.
4. Beidh gach oibreoir córais neamhspleách freagrach as rochtain tríú páirtí a dheonú agus a bhainistiú, lena n-áirítear muirir rochtana agus muirir phlódúcháin a bhailiú, as an gcóras tarchurtha a oibriú, a choinneáil ar bun agus a fhorbairt, agus as cumas an chórais san fhadtréimhse a áirithiú freisin maidir le freastal ar éileamh réasúnta trí infheistíocht a phleanáil. Agus an córas tarchurtha á fhorbairt aige, beidh an t-oibreoir córais neamhspleách freagrach as an mbonneagar nua a phleanáil (lena n-áirítear an nós imeachta um údarú), a fhoirgniú agus a choimisiúnú. Chun na críche sin, gníomhóidh an t-oibreoir córais neamhspleách mar oibreoir córais tarchurtha i gcomhréir leis an gCaibidil seo. Ní bheidh úinéir an chórais tarchurtha freagrach as rochtain tríú páirtí a dheonú ná a bhainistiú, ná as infheistíocht a phleanáil.
5. I gcás ina mbeidh oibreoir córais neamhspleách ainmnithe, déanfaidh úinéir an chórais tarchurtha an méid seo a leanas:
 - (a) soláthróidh sé an comhar agus an tacaíocht ábhartha uile don oibreoir córais neamhspleách chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh, lena n-áirítear go háirithe an fhaisnéis ábhartha uile;
 - (b) maoineoidh sé na hinfeistíochtaí a chinnfidh an t-oibreoir córais neamhspleách agus a dhéanfaidh an t-údarás rialála a fhormheas, nó toileoidh sé le maoiniú ó aon pháirtí leasmhar lena n-áirítear an t-oibreoir córais neamhspleách; ~~Beidh na socruithe maoinithe ábhartha faoi réir a bhformheasta ag an údarás rialála. Sula dtabharfaidh an t-údarás rialála an formheas sin, rachaidh sé i gcomhairle le húinéir an chórais tarchurtha agus le páirtithe leasmhara eile;~~
 - (c) déanfaidh sé foráil maidir le cumhdach dliteanais a bhaineann le sócmhainní an ghréasáin, cé is moite den dliteanas a bhaineann le cúraimí an oibreora córais neamhspleách; ~~agus~~
 - (d) soláthróidh sé ráthaíochtaí chun maoiniú ar aon leathnú ar an ngréasán a éascú, cé is moite de na hinfeistíochtaí sin arb amhlaidh ina leith, de bhun phointe (b), gur thoiligh sé le maoiniú ó aon pháirtí leasmhar lena n-áirítear an t-oibreoir córais neamhspleách.
6. I ndlúthchomhar leis an údarás rialála, deonófar don údarás iomaíochta náisiúnta ábhartha na cumhachtaí ábhartha uile chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh úinéir an chórais tarchurtha ar a chuid oibleagáidí faoi mhír 5.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal ~~56~~⁵⁵

Úinéirí córais tarchurtha, ~~and~~ oibreoirí córais stórála ☒ agus oibreoirí stórála hidrigine ☒ a dhíchuidh

Maidir le húinéirí córais tarchurtha ⇒ agus gréasáin hidrigine ⇐, i gcás ina mbeidh oibreoir córais neamhspleách ⇒ nó córas hidrigine neamhspleách ⇐ ceaptha, agus oibreoirí córais stórála ⇒ nó oibreoirí saoráide stórála hidrigine ⇐ atá ina gcuid de ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, beidh siad neamhspleách ar a laghad i dtéarmaí a bhfoirme dlíthiúla, a n-eagrúcháin agus a gcinnteoireachta ar ghníomhaíochtaí eile nach mbaineann le tarchur, dáileadh ⇒, iompar ⇐ ná stóráil ⇒ gás ⇐.

Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin maidir le saoráidí stórála ⇒ gáis nádúrtha ⇐ a bhfuil gá teicniúil agus/nó eacnamaíoch leo chun rochtain éifeachtúil a sholáthar ar an gcóras ar mhaithe le soláthar a chur ar fáil do chustaiméirí de bhun Airteagal 2933.

Chun neamhspleáchas úinéir an chórais tarchurtha ⇒ nó córais hidrigine ⇐ agus an t-oibreoir córais stórála ⇒ nó an t-oibreoir stórála hidrigine ⇐ dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú, beidh feidhm ag na híoschritéir seo a leanas:

- (a) i gcás daoine atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar úinéir an chórais tarchurtha ⇒ na an ghréasáin hidrigine ⇐ agus ar an oibreoir córais stórála ⇒ nó stórála hidrigine ⇐, ní bheidh siad rannpháirteach i struchtúir chuideachta an ghnóthais gáis nádúrtha chomhtháite atá freagrach, go díreach nó go hindíreach, as an oibriú laethúil a dhéantar i dtaobh ~~gás nádúrtha~~ ⇒ gáis ⇐ a tháirgeadh agus a sholáthar;
- (b) déanfar bearta iomchuí chun a áirithiú, maidir leis na leasanna gairmiúla atá ag daoine atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar úinéir an chórais tarchurtha ⇒ nó an ghréasáin hidrigine ⇐ agus ar an oibreoir córais stórála ⇒ nó stórála hidrigine ⇐, go gcuirfear san áireamh na leasanna sin ar bhealach lena n-áirithítear go bhfuil na daoine sin in ann gníomhú go neamhspleách;
- (c) beidh cearta éifeachtacha cinnteoireachta ag an oibreoir córais stórála ⇒ nó stórála hidrigine ⇐, a bheidh neamhspleách ar an ngnóthas gáis nádúrtha comhtháite, maidir leis na sócmhainní is gá chun na saoráidí stórála a oibriú, a choinneáil ar bun nó a fhorbairt. ~~Ní~~ ní fhágfar leis sin nach féidir sásraí comhordúcháin iomchuí a bheith ann chun a áirithiú go gcosnófar cearta maoirseachta eacnamaíche agus bainistithe na máthairchuideachta maidir le toradh ar shócmhainní, a rialaítear go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 7241(7), i bhfochuideachta. ~~Go háirithe,~~ ☒ ; ☒ cuirfidh sé sin ar chumas ☒ na máthairchuideachta go háirithe ☒ formheas a dhéanamh ar an bplean airgeadais bliantúil, nó ar aon ionstraim choibhéiseach, atá ag oibreoir an chórais stórála ⇒ nó stórála hidrigine ⇐ agus teorainneacha domhanda a leagan síos maidir le leibhéal na bhfiach atá ar a fochuideachta. ~~Ní~~ cheadóidh sé don mháthairchuideachta teoracha a thabhairt maidir le hoibríochtaí laethúla, ná i leith cinntí aonair a bhaineann le saoráidí stórála a fhoirgníú nó a uasghrádú, nach sáraíonn téarmaí an phlean airgeadais fholmheasta, ná téarmaí aon ionstraime coibhéisí; ~~agus~~
- (d) bunóidh an t-úinéir córais tarchurtha ⇒ nó córais hidrigine ⇐ agus an t-oibreoir córais stórála ⇒ nó stórála hidrigine ⇐ clár comhlíontachta, ina ~~leagtar~~ ☒ leagfar ☒ amach na bearta arna ndéanamh chun a áirithiú go ndéanfar iompar idirdhealaitheach a eisiáimh, agus chun a áirithiú go ndéanfar faireachán leormhaith ar urramú an chláir sin. ~~Leagfar amach sa chlár comhlíontachta~~ ☒ ann ☒ ☒ freisin ☒ na hoibleagáidí sonracha atá ar fhostaithe i dtaobh na cuspóirí sin a chomhlíonadh. ~~An~~ duine nó an comhlacht atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar an gclár comhlíontachta, cuirfidh sé tuarascáil bhliantúil, ina leagfar amach na bearta arna ndéanamh, faoi bhráid an údaráis rialála, agus foilseofar an tuarascáil bhliantúil sin.

~~Féadfaidh an Coimisiún ⇒ Tugtar de chumhacht don Choimisiún ⇐ ⇒ gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 lena bhforlíontar an Treoir seo chun treoirlínte a shocrú ⇐ a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh úinéir an chórais tarchurtha ⇒ nó an ghréasáin hidrigine ⇐ agus oibreoir an chórais stórála ⇒ nó stórála hidrigine ⇐ mír 2 den Airteagal seo go hiomlán agus go héifeachtach. Maidir leis na bearta sin, a cheaptar chun cilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a léasú trína forlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 51(3).~~

CAIBIDIL IV

ROINN 3

⊗ OIBREOIRÍ ⊗ TARCHURTHA NEAMHSPLEÁCHA ~~OIBREOIRÍ~~

Airteagal ~~57~~⁴⁷

Sócmhainní, trealamh, foireann agus féiniúlacht

1. Beidh na hoibreoirí córais tarchurtha feistithe leis na hacmhainní daonna, teicniúla, fisiceacha agus airgeadais uile is gá chun a gcuid oibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh agus chun gníomhaíocht an tarchuir gáis a chomhlíonadh, go háirithe:
 - (a) na sócmhainní is gá le haghaidh ghníomhaíocht an tarchuir gáis, lena n-áirítear an córas tarchurtha, is faoi úinéireacht an oibreora córais tarchurtha a bheidh siad;
 - (b) na pearsanra is gá le haghaidh ghníomhaíocht an tarchuir gáis, lena n-áirítear comhlíonadh na gcúraimí corparáideacha uile, beidh siad fostaithe ag an oibreoir córais tarchurtha;
 - (c) beidh toirmeasc ar phearsanra a léasú le haon chodanna eile den ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach nó uathu, agus ar sheirbhísí a dhéanamh dóibh nó a fháil uathu. Féadfaidh oibreoir córais tarchurtha, áfach, seirbhísí a dhéanamh don ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach ar choinníoll:
 - (i) nach ndéanfar idirdhealú idir úsáideoirí an chórais le soláthar na seirbhísí sin, go mbeidh an soláthar ar fáil do gach úsáideoir córais ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna agus nach bhfágfaidh an soláthar go gcuirfear srian ar iomaíocht nó go ndéanfar iomaíocht a shaobhadh nó a chosc maidir le táirgeadh nó soláthar; ~~agus~~
 - (ii) go ndéanfaidh an t-údarás rialála formheas ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le soláthar na seirbhísí sin;
 - (d) gan dochar do chinntí an chomhlachta maoirseachta faoi Airteagal ~~60~~²⁰, go gcuirfidh an gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach ar fáil in am trátha don oibreoir córais tarchurtha acmhainní airgeadais iomchuí do thionscadail infheistíochta sa todhchaí ~~agus~~ nó chun sócmhainní atá ann cheana a athsholáthar, tar éis iarraidh iomchuí a fháil ón oibreoir córais tarchurtha.
2. Áireofar le gníomhaíocht an tarchuir gáis na cúraimí seo a leanas ar a laghad i dteannta na gcúraimí a liostaítear in Airteagal ~~35~~¹³:

- (a) ionadaíocht ar an oibreoir córais tarchurtha agus teagmhálacha le tríú páirtithe agus leis na húdaráis rialála;
 - (b) ionadaíocht ar an oibreoir córais tarchurtha laistigh den Ghréasán AE d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSO le haghaidh Gáis);
 - (c) rochtain tríú páirtí a dheonú agus a bhainistiú ar bhonn neamh-idirdhealaitheach idir úsáideoirí córais nó aicmí d'úsáideoirí córais;
 - (d) na muirir uile a bhaineann leis an gcóras tarchurtha a bhailiú, lena n-áirítear muirir rochtana, muirir chomhardúcháin i leith seirbhísí coimhdeacha amhail cóireáil gáis, seirbhísí a cheannach (costais chomhardúcháin, fuinneamh i leith caillteanas);
 - (e) córas tarchurtha atá slán, éifeachtúil agus eacnamúil a oibriú, a choinneáil agus a fhorbairt;
 - (f) infheistíocht a phleanáil lena n-áirítear cumas an chórais san fhadtréimhse chun freastal ar éileamh réasúnta agus lena rathaítear slándáil an tsoláthair fuinnimh;
 - (g) comhfhiontair iomchuí a bhunú, lena n-áirítear le hoibreoir córais tarchurtha amháin nó níos mó, le malartáin gháis, agus leis na gníomhairí ábhartha eile a bhfuil sé de chuspóir acu cruthú margaí réigiúnacha a fhorbairt nó an próiseas léirscaoilte a éascú; agus
 - (h) gach seirbhís chorparáideach, lena n-áirítear seirbhísí dlí, cuntasáiochta agus TF.
3. Beidh na hoibreoirí córais tarchurtha eagraithe de réir na foirme dlíthiúla dá dtagraítear in Airteagal 1 de Threoir 2009/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁰ ~~Threoir ón gComhairle 68/151/CEE~~⁴¹.
4. Ní bheidh an t-oibreoir córais tarchurtha, ó thaobh féiniúlacht chorparáideach, cumarsáid, brandáil nó áitreabh de, ina chúis le mearbhall a chruthú i leith fhéiniúlacht ar leithligh an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach ná aon chuid de.
5. Ní dhéanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha córais ná trealamh TF, áitreabh fisiceach ná córais rochtana slándála a chomhroinnt le haon chuid den ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, ná ní bhainfidh sé leas as na sainchomhairleoirí céanna ná na conraitheoirí seachtracha céanna le haghaidh córais nó trealamh TF, ná córais rochtana slándála.
6. Is iniúchóir eile seachas an t-iniúchóir a dhéanfaidh iniúchadh ar an ngnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach nó ar aon chuid de a dhéanfaidh iniúchadh ar chuntais oibreoirí córais tarchurtha.

⁴⁰ Treoir 2009/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le comhordú coimircí a cheanglaíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 48 den Chonradh, ar mhaithe le leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe a chosaint, d'fhonn na coimircí sin a dhéanamh coibhéiseach (IO L 258, 1.10.2009, lch. 11).

⁴¹ Céad Treoir 68/151/CEE ón gComhairle an 9 Márta 1968 maidir le comhordú coimircí a cheanglaíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 58 den Chonradh, ar mhaithe le leasanna comhaltaí agus daoine eile a chosaint, d'fhonn coimircí den sórt sin a dhéanamh coibhéiseach ar fud an Chomhphobail (IO L 65, 14.3.1968, lch. 8).

Neamhspleáchas an oibreora córais tarchurtha

1. Gan dochar do chinntí an chomhlachta maoirseachta faoi Airteagal ~~6020~~, beidh ag an oibreoir córais tarchurtha na nithe seo leanas:
 - (a) cearta éifeachtacha cinnteoireachta, a bheidh neamhspleách ar an ngnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, i leith na sócmhainní is gá chun an córas tarchurtha a oibriú, a choinneáil ar bun nó a fhorbairt; ~~agus~~
 - (b) an chumhacht airgead a bhailiú ar an margadh caipitil, go háirithe trí iasachtaíocht agus méadú caipitil.
2. Gníomhóidh an t-oibreoir córais tarchurtha i gcónaí lena áirithiú go bhfuil na hacmhainní aige atá de dhíth air chun gníomhaíocht an tarchuir a chur i gcrích go cuí agus go héifeachtúil agus chun córas tarchurtha atá éifeachtúil, slán agus eacnamúil a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.
3. Ní bheidh aon scairsheilbh dhíreach ná indíreach san oibreoir córais tarchurtha ag fochuideachta de chuid an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, ar fochuideachtaí iad a dhéanann feidhmeanna táirgthe nó soláthair. Ní bheidh aon scairsheilbh dhíreach ná indíreach ag an oibreoir córais tarchurtha in aon fhochuideachta de chuid an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, ar fochuideachta í a dhéanann feidhmeanna táirgthe nó soláthair, ná ní bhfaighidh sé díbhinní ná aon sochar airgeadais eile ón bhfochuideachta sin.
4. Áiritheofar le struchtúr bainistíochta foriomlán agus le reachtanna corparáideacha an oibreora córais tarchurtha neamhspleáchas éifeachtach an oibreora córais tarchurtha i gcomhlíonadh na Caibidle seo. An gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, ní leagfaidh sé amach go díreach ná go hindíreach iompraíocht iomaíoch an oibreora córais tarchurtha i ndáil le gníomhaíochtaí ó lá go lá an oibreora córais tarchurtha agus bainistiú an ghréasáin, ná i ndáil leis na gníomhaíochtaí is gá le haghaidh ullmhú an phlean forbartha gréasáin deich mbliana arna fhorbairt de bhun Airteagal ~~5122~~.
5. Agus iad ag comhlíonadh a gcuid cúraimí ~~☒~~ a liostaítear ~~☒~~ in Airteagal ~~3543~~ agus in Airteagal ~~5747~~(2) den Treoir seo, agus i gcomhlíonadh Airteagal ~~1513~~(1), Airteagal ~~514~~(1)(a), Airteagal ~~916~~(2), (3) agus (5), Airteagal ~~3018~~(6) agus Airteagal ~~1221~~(1) de ~~Rialachán (CE) Uimh. 715/2009~~ ~~☒~~ [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] ~~☒~~, ní dhéanfaidh oibreacha córais tarchurtha idirdhealú in aghaidh daoine difriúla nó eintitis dhifriúla ná ní dhéanfaidh siad an iomaíocht i dtaobh táirgthe nó soláthair a shrianadh, a shaobhadh ná a chosc.
6. I gcás caidreamh tráchtála agus airgeadais idir an gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach agus an t-oibreoir córais tarchurtha, lena n-áirítear iasachtaí a dhéanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha leis an ngnóthas atá comhtháite go hingearach, comhlíonfaidh sé coinníollacha an mhargaidh. Coimeádfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha taifid mhionsonraithe ar an gcaidreamh tráchtála agus airgeadais sin agus cuirfidh sé ar fáil iad don údarás rialála arna iarraidh sin.
7. Cuirfidh an t-oibreoir córais tarchurtha faoi bhráid an údaráis rialála lena bhformheas na comhaontuithe tráchtála agus airgeadais uile leis an ngnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach.
8. Cuirfidh an t-oibreoir córais tarchurtha an t-údarás rialála ar an eolas faoi na hacmhainní airgeadais, dá dtagraítear in Airteagal ~~5747~~(1), pointe (d), atá ar fáil le

haghaidh tionscadail infheistíochta sa todhchaí agus/nó chun sócmhainní atá ann cheana a athsholáthar.

9. Staonfaidh an gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach ó aon bheart lena gcuirfear bac ar an oibreoir córais tarchurtha a chuid oibleagáidí sa Chaibidil seo a chomhlíonadh nó lena rachfar i gcion air i dtaca le gan a chuid oibleagáidí sa Chaibidil seo a chomhlíonadh, agus ní cheanglóidh sé ar an oibreoir córais tarchurtha cead a lorg ón ngnóthas atá comhtháite go hingearach i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí sin.
10. I gcás gnóthas a bhfuil sé deimhnithe ag an údarás rialála ina leith go bhfuil ceanglais na Caibidle seo comhlíonta aige, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann é a fhormheas agus a ainmniú mar oibreoir córais tarchurtha. Is é an nós imeachta deimhniúcháin i gceachtar d'Airteagal ~~65~~⁴⁰ den Treoir seo nó Airteagal ~~133~~³ de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 nó in Airteagal ~~66~~¹¹ den Treoir seo a bheidh infheidhme.

↓ nua

11. Poibleoidh na hoibreoirí córais tarchurtha faisnéis mhionsonraithe maidir le cáilíocht na ngás a iompraítear ar a ghréasáin, bunaithe ar Airteagail 16 agus 17 de Rialachán (AE) 2015/703

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

Airteagal ~~59~~¹⁹

Neamhspleáchas fhoireann agus lucht bainistíochta an oibreora córais tarchurtha

1. Is é comhlacht maoirseachta an oibreora córais tarchurtha arna cheapadh i gcomhréir le hAirteagal ~~60~~²⁰ a dhéanfaidh cinntí maidir le ceapadh agus athnuachan conartha, coinníollacha oibre lena n-áirítear luach saothair, agus foirceannadh téarma oifige na ndaoine atá freagrach as an mbainistiú agus/nó chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin an oibreora córais tarchurtha.
2. Tabharfar fôgra don údarás rialála i leith chéannacht na ndaoine arna n-ainmniú ag an gcomhlacht maoirseachta lena gceapadh nó lena gconradh a athnuachan mar dhaoine atá freagrach as bainistiú feidhmiúcháin chomhlachtaí riaracháin an oibreora córais tarchurtha agus/nó mar chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin an oibreora córais tarchurtha, agus na coinníollacha lena rialaítear a dtéarma oifige, fad a dtéarma oifige agus foirceannadh a dtéarma oifige, agus na cúiseanna le haon chinneadh a bheartaítear lena ndéanfar foirceannadh ar an téarma oifige sin. Ní bheidh na coinníollacha sin ná na cinntí dá dtagraítear i mír 1 ceangailteach ach amháin más rud é nach mbeidh aon agóid déanta ag an údarás rialála laistigh de 3 seachtaine ón bhfôgra a fháil.

Féadfaidh an t-údarás rialála agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí dá dtagraítear i mír 1 más rud é:

- (a) go mbeidh amhras ann faoi neamhspleáchas gairmiúil duine ainmnithe atá freagrach as na comhlachtaí riaracháin a bhainistiú agus/nó neamhspleáchas gairmiúil comhalta de chuid na gcomhlachtaí riaracháin; nó

- (b) i gcás ina ndéanfar téarma oifige a fhoirceannadh roimh am, go mbeidh amhras ann maidir le húdar a bheith leis an bhfoirceannadh sin roimh am.
3. Maidir le haon phost gairmiúil nó aon fhreagracht ghairmiúil, aon chaidreamh leasa nó gnó, díreach nó indíreach, leis an ngnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach nó le haon chuid de nó lena chuid scairshealbhóirí rialaithe seachas an t-oibreoir córais tarchurtha, ní dhéanfar iad a fheidhmiú ar feadh tréimhse 3 bliana roimh cheapadh na ndaoine atá freagrach as an oibreoir córais tarchurtha a bhainistiú ~~agus~~/nó roimh cheapadh chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin an oibreora córais tarchurtha, ar daoine iad atá faoi réir na míre seo.
 4. I gcás na ndaoine atá freagrach as an mbainistiú ~~agus~~/nó comhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, agus i gcás fostaithe de chuid an oibreora córais tarchurtha, ní bheidh aon phost gairmiúil eile acu ná ní bheidh aon fhreagracht ghairmiúil eile orthu, ná ní bheidh aon chaidreamh leasa ná gnó eile acu, go díreach nó go hindíreach, le haon chuid eile den ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach ná lena chuid scairshealbhóirí rialaithe.
 5. Na daoine atá freagrach as an mbainistiú ~~agus~~/nó comhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, agus fostaithe de chuid an oibreora córais tarchurtha, ní bheidh aon leas acu, go díreach nó go hindíreach, in aon chuid den ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach seachas an t-oibreoir córais tarchurtha, ná ní bhfaighidh siad aon sochar airgeadais, go díreach nó go hindíreach, ó aon chuid den ghnóthas atá comhtháite go hingearach seachas an t-oibreoir córais tarchurtha. Ní bheidh a luach saothair ag brath ar ghníomhaíochtaí ná ar thorthaí an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach seachas ar na gníomhaíochtaí agus na torthaí sin de chuid an oibreora córais tarchurtha.
 6. Déanfar cearta éifeachtacha achomhairc chuig an údarás rialála a ráthú maidir le haon ghearán ó na daoine atá freagrach as an mbainistiú ~~agus~~/nó ó chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin an oibreora córais tarchurtha, ar gearáin iad a bhaineann le foirceannadh a dtéarma oifige roimh am.
 7. Tar éis fhoirceannadh a dtéarma oifige leis an oibreoir córais tarchurtha, ní bheidh aon phost gairmiúil ag na daoine atá freagrach as an oibreoir córais tarchurtha a bhainistiú ~~agus~~/ná ag comhaltaí a chomhlachtaí riaracháin ná ní bheidh aon fhreagracht orthu, ná ní bheidh aon leas acu in aon chuid den ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach ná aon chaidreamh gnó leis, cé is moite den oibreoir córais tarchurtha, ná lena scairshealbhóirí rialaithe, ar feadh tréimhse nach lú ná 4 bliana.
 8. Beidh feidhm ag mír 3 maidir le tromlach na ndaoine atá freagrach as an mbainistiú ~~agus~~/nó tromlach de chomhaltaí chomhlachtaí riaracháin an oibreora córais tarchurtha.
 Na daoine atá freagrach as an mbainistiú ~~agus~~/nó comhaltaí chomhlachtaí riaracháin an oibreora córais tarchurtha, ar daoine iad nach bhfuil faoi réir mhír 3, ní bheidh aon ghníomhaíocht bhainistíochta ná aon ghníomhaíocht ábhartha eile déanta acu sa ghnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad sula gceapfar iad.
 Beidh an chéad fhómhír den mhír seo agus míreanna 4 go 7 infheidhme maidir leis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin uile agus maidir leis na daoine a thuairiscíonn go díreach dóibh i ndáil le nithe a bhaineann leis an ngréasán a oibriú, a choinneáil ar bun nó a fhorbairt.

Airteagal ~~6020~~

Comhlacht Maoirseachta

1. Beidh comhlacht maoirseachta ag an oibreoir córais tarchurtha a bheidh i gceannas ar chinntí a dhéanamh a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar luach shócmhainní na scairshealbhóirí san oibreoir córais tarchurtha, go háirithe cinntí maidir le pleananna airgeadais bliantúla agus pleananna airgeadais níos fadtéarmaí a fhortheas, maidir le leibhéal na bhfiach atá ar an oibreoir córais tarchurtha agus maidir le méid na ndíbhinní a dháilfear ar scairshealbhóirí. Ní áireofar leis na cinntí a thagann faoi shainchúram an chomhlachta maoirseachta na cinntí sin a bhaineann le gníomhaíochtaí laethúla an oibreora córais tarchurtha agus bainistiú an ghréasáin, ná cinntí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí is gá chun an plean forbartha gréasáin deich mbliana arna fhorbairt de bhun Airteagal ~~5122~~ a ullmhú.
2. Beidh an comhlacht maoirseachta comhdhéanta de chomhaltaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, comhaltaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann scairshealbhóirí tríú páirtí agus, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i reachtaíocht ábhartha Bhallstáit, comhaltaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann páirtithe leasmhara eile amhail fostaithe de chuid an oibreora córais tarchurtha.
3. Beidh feidhm ag ~~an gcéad fhomhír d'~~Airteagal ~~5949~~(2), an chéad fhomhír, agus Airteagal ~~5949~~(3) go (7) maidir le leath na gcomhaltaí de chuid an chomhlachta maoirseachta, lúide comhalta amháin, ar a laghad.
Beidh feidhm ag Airteagal ~~5949~~(2), an dara fhomhír, pointe (b), maidir le comhaltaí uile an chomhlachta maoirseachta.

Airteagal ~~6124~~

Clár comhlíontachta agus oifigeach comhlíontachta

1. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha clár comhlíontachta a bhunú agus a chur chun feidhme ina leagfar amach na bearta a dhéanfar chun a áirithiú go ndéanfar iompar idirdhealaitheach a eisiamh, agus chun a áirithiú go ndéanfar faireachán leormhaith ar chomhlíonadh an chláir sin. Leagfar amach sa chlár comhlíontachta na hoibleagáidí sonracha atá ar fhostaithe i dtaobh na cuspóirí sin a chomhlíonadh. Beidh sé faoi réir a fhortheasta ag an údarás rialála. Gan dochar do chumhachtaí an rialóra náisiúnta, déanfaidh oifigeach comhlíontachta faireachán neamhspleách ar chomhlíonadh an chláir.
2. Is é an Comhlacht Maoirseachta a cheapfaidh an t-oifigeach comhlíontachta, faoi réir a fhortheasta ag an údarás rialála. Ní fhéadfaidh an t-údarás rialála formheas an oifigigh comhlíontachta a dhiúltú ach amháin ar chúiseanna a bhaineann le heaspa neamhspleáchais nó easpa cáil ghairmiúil. Féadfaidh sé gur duine nádúrtha nó dlítheanach é an t-oifigeach comhlíontachta. Beidh feidhm ag Airteagal ~~5949~~(2) go (8) maidir leis an oifigeach comhlíontachta.
3. Beidh an t-oifigeach comhlíontachta i gceannas ar na nithe seo a leanas:
 - (a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir comhlíontachta;
 - (b) tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas, ina leagfar amach na bearta arna ndéanamh chun an clár comhlíontachta a chur chun feidhme, agus í a chur faoi bhráid an údaráis rialála;

- (c) tuairisciú don chomhlacht maoirseachta agus moltaí a eisiúint maidir leis an gclár comhlíontachta agus a chur chun feidhme;
 - (d) fógra a thabhairt don údarás rialála maidir le haon sárú suntasach i ndáil le cur chun feidhme an chláir comhlíontachta; ~~agus~~
 - (e) tuairisciú don údarás rialála maidir le haon chaidreamh tráchtála agus airgeadais idir an gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach agus an t-oibreoir córais tarchurtha.
4. Na cinntí atá beartaithe maidir leis an bplean infheistíochta nó maidir le hinfeistíochtaí aonair sa ghréasán, cuirfidh an t-oifigeach comhlíontachta faoi bhráid an údaráis rialála iad. Tarlóidh sé sin ar a dhéanaí an tráth a chuirfidh lucht bainistíochta ~~agus~~ nó comhlacht riaracháin inniúil an oibreora córais tarchurtha faoi bhráid an chomhlachta maoirseachta iad.
 5. I gcás inar chuir an gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, sa chomhthionól ginearálta nó trí vóta de chuid chomhaltaí an chomhlachta maoirseachta a cheap sé, cosc ar chinneadh a ghlacadh agus a bhfuil mar thoradh air sin go ndéanfar infheistíochtaí a chosc nó a mhoilliú, ar cinneadh é a bhí le forghníomhú sna 3 bliana le teacht faoin bplean forbartha gréasáin deich mbliana, tuairisceoidh an t-oifigeach comhlíontachta an méid sin don údarás rialála, agus gníomhóidh an t-údarás rialála ansin i gcomhréir le hAirteagal 5122.
 6. Beidh na coinníollacha lena rialaítear sainordú nó coinníollacha fostaíochta an oifigigh comhlíontachta, lena n-áirítear fad a shainordaithe, faoi réir a bhformheasta ag an údarás rialála. Áiríteofar leis na coinníollacha sin neamhspleáchas an oifigigh comhlíontachta, lena n-áirítear trí na hacmhainní uile a sholáthar dó is gá chun a chuid dualgas a chomhlíonadh. Le linn thréimhse a shainordaithe, ní bheidh aon phost gairmiúil eile ag an oifigeach comhlíontachta, ná aon fhreagracht ghairmiúil eile air, ná aon leas gairmiúil eile aige, go díreach nó go hindíreach, sa ghnóthas atá comhtháite go hingearach ná in aon chuid de, ná leis an ngnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach ná le aon chuid de, ná lena chuid scairshealbhóirí rialaithe.
 7. Tuairisceoidh an t-oifigeach comhlíontachta go rialta, ó bhéal nó i scríbhinn, don údarás rialála agus beidh sé de cheart aige tuairisciú go rialta, ó bhéal nó i scríbhinn, do chomhlacht maoirseachta an oibreora córais tarchurtha.
 8. Féadfaidh an t-oifigeach comhlíontachta freastal ar gach cruinniú de chuid chomhlachtaí bainistíochta nó riaracháin an oibreora córais tarchurtha, agus ar chruinnithe an chomhlachta maoirseachta agus an chomhthionóil. Freastalóidh an t-oifigeach comhlíontachta ar na cruinnithe uile ina dtabharfar aghaidh ar na nithe seo a leanas:
 - (a) na coinníollacha maidir le rochtain ar an ngréasán, mar a shainítear iad i ~~Rialachán (CE) Uimh. 715/2009~~ ☒ [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] ☒ , go háirithe maidir le taraifí, seirbhísí rochtana tríú páirtí, leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú, trédhearcacht, comhardú agus margáí tánaisteacha;
 - (b) tionscadail a dhéanfar chun an córas tarchurtha a oibriú, a choinneáil ar bun agus a fhorbairt, lena n-áirítear infheistíochtaí i naisc iompair nua, i leathnú acmhainneachta agus in uasmhéadú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann cheana;
 - (c) ceannacháin nó díolacháin fuinnimh is gá chun an córas tarchurtha a oibriú.

9. Déanfaidh an t-oifigeach comhlíontachta faireachán ar chomhlíonadh Airteagal ~~36~~⁴⁶ ag an oibreoir córais tarchurtha.
10. Beidh rochtain ag an oifigeach comhlíontachta ar na sonraí ábhartha uile agus ar oifigí an oibreora córais tarchurtha agus ar an bhfaisnéis uile is gá chun a chúram a chomhlíonadh.
11. Tar éis formheas roimh ré ón údarás rialála, féadfaidh an comhlacht maoirseachta an t-oifigeach comhlíontachta a bhriseadh as a phost. Brisfidh sé an t-oifigeach comhlíontachta as a phost ar chúiseanna a bhaineann le heaspa neamhspleáchais nó easpa acmhainneacht ghairmiúil arna iarraidh sin don údarás rialála.
12. Beidh rochtain ag an oifigeach comhlíontachta ar oifigí an oibreora córais tarchurtha gan fógra roimh ré.

↓ nua

ROINN 4

OIBREOIRÍ GRÉASÁIN HIDRIGINE TIOMANTA A DHÍCHUACHADH

Airteagal 62

Oibreoirí gréasáin hidrigine a dhíchuachadh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndíchuachfar na hoibreoirí gréasáin hidrigine ó [iontráil na tréimhse trasúimh+1 bliain] i gcomhréir leis na rialacha maidir leis na hoibreoirí córais tarchurtha gáis nádúrtha a leagtar amach in Airteagal 56(1) go (3).
2. Chun críoch an Airteagail seo, Airteagal 42 agus 54, agus Airteagal 35 agus 43 de Threoir (AE) 2019/944, áireofar le ‘táirgeadh nó soláthar’ táirgeadh agus soláthar hidrigine, agus áireofar le ‘tarchur’ iompar hidrigine.
3. Sa chás gur le gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach an gréasán hidrigine ar [theacht i bhfeidhm], féadfaidh Ballstát a chinneadh gan mír 1 a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, ainmneoidh an Ballstát lena mbaineann oibreoir neamhspleách gréasáin hidrigine a bheidh díchuachta i gcomhréir leis na rialacha maidir le hoibreoirí córais neamhspleácha le haghaidh gáis nádúrtha a leagtar amach in Airteagal 55. Féadfaidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine agus na hoibreoirí córais tarchurtha gáis a dhíchuachtar i gcomhréir le hAirteagal 54(1) gníomhú mar oibreoir neamhspleách gréasáin hidrigine, faoi réir na gceanglas de bhun Airteagal 63.
4. Go dtí an 31 Nollaig 2030, féadfaidh Ballstát oibreoir gréasáin comhtháite hidrigine a ainmniú a bheidh díchuachta i gcomhréir leis na rialacha maidir le hoibreoirí tarchurtha neamhspleácha le haghaidh gáis nádúrtha mar a leagtar amach i Roinn 3 de Chaibidil IX. Rachaidh an t-ainmniúchán sin in éag faoin 31 Nollaig 2030 ar a dhéanaí.
5. Beidh feidhm ag na rialacha is infheidhme maidir leis na hoibreoirí córais tarchurtha a leagtar amach in Airteagal 66 maidir leis na hoibreoirí gréasáin hidrigine.

Airteagal 63

Oibreoirí gréasáin hidrigine a dhíchuachadh go cothrománach

I gcás ina bhfuil oibreoir gréasáin hidrigine ina chuid de ghnóthas atá gníomhach i dtarchur nó dáileadh gáis nádúrtha nó leictreachais, beidh sé neamhspleách i dtéarmaí a fhoirme dlíthiúla ar a laghad.

Airteagal 64

Cuntais a dhíchuacadh le haghaidh oibreoirí córais hidrigine

Áiríteoidh na Ballstáit go gcoinneofar cuntais na n-oibreoirí córais hidrigine i gcomhréir le hAirteagal 69.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

ROINN 5

⊗ OIBREOIRÍ GÁIS NÁDÚRTHA AGUS GRÉASÁIN HIDRIGINE A AINMNIÚ AGUS A DHEIMHNIÚ ⊗

Airteagal 65

Ainmniú agus deimhniú oibreoirí córais tarchurtha ⊗ agus gréasáin hidrigine ⊗

1. Sula ndéanfar gnóthas a fhorghnóthas agus a ainmniú mar oibreoir córais tarchurtha ⇒ oibreoir gréasáin hidrigine ⇐, déanfar é a dheimhniú de réir na nósanna imeachta a leagtar síos i míreanna 4, 5 agus 6 den Airteagal seo agus in Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ⊗ [Rialachán gáis athmhúnlaite mar a moladh le COM(2021) xxx] ⊗.
2. I gcás gnóthais ar leo córas tarchurtha agus a bhfuil sé deimhnithe ag an údarás rialála náisiúnta gur chomhlíon siad ceanglais Airteagal 549 ⇒ nó 62 ⇐, de bhun an nós imeachta deimhniúcháin, déanfaidh na Ballstáit iad a fhorghnóthas agus a ainmniú mar oibreoirí córais tarchurtha ⇒ nó oibreoirí gréasáin hidrigine ⇐. Tabharfar fógra don Choimisiún faoi ainmniú oibreoirí córais tarchurtha ⇒ agus oibreoirí gréasáin hidrigine ⇐ agus déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
3. Tabharfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha ⇒ na gnóthais dheimhnithe ⇐ fógra don údarás rialála faoi aon idirbheart atá beartaithe a bhféadfadh athmhéasúnú a bheith ag teastáil ina leith maidir le ceanglais Airteagal 549 ⇒ nó Airteagal 62 ⇐ a bheith á gcomhlíonadh acu.
4. Déanfaidh na húdaráis rialála faireachán ar cheanglais Airteagal 549 ⇒ nó Airteagal 62 ⇐ a bheith á gcomhlíonadh i rith an ama ag na hoibreoirí córais tarchurtha ⇒ ag na gnóthais dheimhnithe ⇐. Osclóidh siad nós imeachta deimhniúcháin lena áirithiú go bhfuil na ceanglais sin á gcomhlíonadh acu:
 - (a) ar fhógra a fháil ó na hoibreoirí córais tarchurtha ⇒ ón ngnóthas dheimhnithe ⇐ de bhun mhír 3;
 - (b) ar a dtionscnamh féin i gcás ina bhfuil eolas acu go bhféadfadh sárú ar Airteagal 549 ⇒ nó Airteagal 62 ⇐ a bheith ina thoradh ar athrú beartaithe ar chearta nó ar thionchar ar úinéirí córais tarchurtha nó oibreoirí córais

~~tarchurtha~~ ⇒ ghnóthais deimhnithe ar úinéirí córais tarchurtha ⇐, nó i gcás ina bhfuil cúis acu lena chreidiúint go bhféadfadh sé gur tharla sárú den sórt sin; nó

(c) ar iarraidh réasúnaithe ón gCoimisiún.

5. Glacfaidh na húdaráis rialála cinneadh maidir le deimhniúchán oibreora córais tarchurtha ⇒ gáis nádúrtha ⇐ ⇒ nó oibreora gréasáin hidrigine ⇐ laistigh de ~~tréimhse 4 mhí~~ ⇒ 100 lá oibre ⇐ ó dháta an fhógra ón oibreoir córais tarchurtha ⇒ gáis nádúrtha ⇐ ⇒ nó ón oibreoir gréasáin hidrigine ⇐ nó ó dháta na hiarrata ón gCoimisiún. Tar éis don tréimhse sin dul in éag, measfar gur deonaíodh an deimhniúchán. Ní bheidh éifeacht ag cinneadh sainráite nó intuigthe an údaráis rialála go dtí go mbeidh an nós imeachta a leagtar amach i mír 6 tugtha i gcrích.
6. Tabharfaidh an t-údarás rialála fógra don Choimisiún gan mhoill faoin gcinneadh sainráite nó intuigthe maidir leis an deimhniúchán ~~oibreora córais tarchurtha~~, mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha uile i dtaca leis an gcinneadh sin. Gníomhóidh an Coimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal ~~133~~ den athmhúnlú ar ~~Rialachán (CE) Uimh. 715/2009~~ ☒ [Rialachán gáis athmhúnlaithe mar a moladh le COM(2021) xxx] ☒.
7. Féadfaidh na húdaráis rialála agus/nó an Coimisiún aon fhaisnéis a iarraidh ar oibreoirí córais tarchurtha ⇒, oibreoirí gréasáin hidrigine ⇐ agus gnóthais a dhéanann aon cheann de na feidhmeanna táirgthe nó soláthair, ar fhaisnéis í atá ábhartha maidir le comhlíonadh a gcúraimí faoin Airteagal seo.
8. Déanfaidh na húdaráis rialála agus an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chaomhnú.

Airteagal ~~66~~

Deimhniúchán i ndáil le tríú tíortha

1. I gcás ina bhfaighfear iarraidh ar dheimhniúchán ó úinéir córais tarchurtha, ~~nó~~ ó oibreoir córais tarchurtha ⇒, oibreoir gréasáin hidrigine nó úinéir gréasáin hidrigine ⇐ atá faoi rialú ag duine nó daoine ó thríú tír nó tríú tíortha, tabharfaidh an t-údarás rialála fógra don Choimisiún.

Ina theannta sin, tabharfaidh an t-údarás rialála fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon imthosca a mbeadh sé ina thoradh orthu go bhfaigheadh duine nó daoine ó thríú tír nó tríú tíortha rialú ar chóras tarchurtha, ~~nó~~ ar oibreoir córais tarchurtha ⇒, ar oibreoir córais hidrigine nó ar úinéir gréasáin hidrigine ⇐.
2. Tabharfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha ⇒ an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇐ fógra don údarás rialála faoi aon imthosca a mbeadh sé ina thoradh orthu go bhfaigheadh duine nó daoine ó thríú tír nó tríú tíortha rialú ar an gcóras tarchurtha nó ar an oibreoir córais tarchurtha.
3. Glacfaidh an t-údarás rialála dréachtchinneadh maidir le deimhniúchán oibreora córais tarchurtha ⇒ nó oibreoir gréasáin hidrigine ⇐ laistigh de ~~4 mhí~~ ⇒ 100 lá oibre ⇐ ó dháta an fhógra ón oibreoir córais tarchurtha. Diúltóidh sé an deimhniúchán a dheonú más rud é nach mbeidh sé léirithe:
 - (a) cé acu atá ceanglais Airteagal ~~549~~ ⇒ nó Airteagal 62 ⇐ á gcomhlíonadh ag an eintiteas lena mbaineann nó nach bhfuil; agus
 - (b) don údarás rialála nó d'údarás inniúil eile arna ainmniú ag an mBallstát nach bhfaigheadh deonú an deimhniúcháin go gcuirfear slándáil sholáthar fuinnimh

an Bhallstáit agus ~~an Chomhphobail~~ ☒ an Aontais ☒ i mbaol. Agus an cheist sin á breithniú, cuirfidh an t-údarás rialála nó an t-údarás inniúil eile arna ainmniú amhlaidh san áireamh:

- (i) cearta agus oibleagáidí ~~an Chomhphobail~~ ☒ an Aontais ☒ an Chomhphobail maidir leis an tríú tír sin a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear aon chomhaontú arna thabhairt i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó a bhfuil ~~an Chomhphobail~~ ☒ an tAontas ☒ ina pháirtí ann agus lena dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh;
- (ii) cearta agus oibleagáidí an Bhallstáit maidir leis an tríú tír sin a eascraíonn as comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích léi, a mhéid a chomhlíonann siad dlí an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒; agus
- (iii) fíorais shonracha agus imthosca sonracha eile an cháis agus an tríú tír lena mbaineann.

- 4. Tabharfaidh an t-údarás rialála fógra don Choimisiún gan mhoill faoin gcinneadh, mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha uile i dtaca leis an gcinneadh sin.
- 5. Forálfaidh na Ballstáit, i ndáil leis an údarás rialála nó leis an údarás inniúil ainmnithe dá dtagraítear i mír 3, pointe(b), go n-iarrfaidh sé tuairim ón gCoimisiún, sula nglacfaidh an t-údarás rialála cinneadh faoin deimhniúchán, maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) cé acu atá ceanglais Airteagal 549 ⇒ nó Airteagal 62 ⇐ á gcomhlíonadh ag an eintiteas lena mbaineann nó nach bhfuil; agus
 - (b) nach gcuirfear cinnteacht an tsoláthair fuinnimh i mbaol ~~sa Chomhphobail~~ ☒ san Aontas ☒ de thairbhe an deimhniú a dheonú.
- 6. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 5 a luaithe a gheofar í. Laistigh de thréimhse ⇒ 50 lá oibre ⇐ ~~2 mhí~~ tar éis dó an iarraidh a fháil, tabharfaidh sé a thuairim don údarás rialála ~~naisiúnta~~ nó, más é an t-údarás inniúil ainmnithe a rinne an iarraidh, don údarás sin.

Agus an tuairim á hullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún tuairimí a iarraidh ☒ ó ACER ☒ ~~ón nGníomhaireacht~~, ón mBallstát lena mbaineann, agus ó pháirtithe leasmhara. Sa chás go ndéanfaidh an Coimisiún iarraidh den sórt sin, cuirfear síneadh ⇒ 50 lá oibre eile ⇐ ~~2 mhí~~ leis an tréimhse ~~2 mhí~~ ⇒ 50 lá oibre ⇐ sin.

In éagmais tuairim ón gCoimisiún laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír, measfar nach bhfuil agóid á déanamh ag an gCoimisiún i gcoinne chinneadh an údaráis rialála.

- 7. Agus measúnú á dhéanamh aige féachaint an gcuirfear i mbaol slándáil an tsoláthair fuinnimh chuig an ~~gComhphobail~~ ☒ Aontas ☒ de bharr an rialaithe ag duine nó daoine ó thríú tír nó tríú tíortha, cuirfidh an Coimisiún san áireamh:
 - (a) fíorais shonracha an cháis agus an tríú tír nó na tríú tíortha lena mbaineann; agus
 - (b) cearta agus oibleagáidí ~~an Chomhphobail~~ ☒ an Aontais ☒ maidir leis an tríú tír sin a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear aon chomhaontú arna thabhairt i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó a bhfuil ~~an Chomhphobail~~ ☒ an tAontas ☒ ina pháirtí ann agus lena dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh;

8. Laistigh de thréimhse ⇒ 50 lá oibre ⇐ ~~2 mhí~~ tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 6, glacfaidh an t-údarás rialála náisiúnta a chinneadh críochnaitheach maidir leis an deimhniúchán. Agus a chinneadh críochnaitheach á ghlacadh aige, cuirfidh an t-údarás rialála náisiúnta san áireamh a mhéid is mó is féidir an tuairim ón gCoimisiún. In aon chás, beidh sé de cheart ag na Ballstáit a dhiúltú deimhniúchán a dheonú i gcás ina bhfágfaidh deonú deimhniúcháin go gcuirfí i mbail slándáil sholáthar fuinnimh an Bhallstáit nó slándáil sholáthar fuinnimh Ballstáit eile. I gcás inar ainmnigh an Ballstát údarás inniúil eile chun mír 3, pointe(b) a mheasúnú, féadfaidh sé a cheangal ar an údarás rialála náisiúnta a chinneadh críochnaitheach a ghlacadh i gcomhréir le measúnú an údarais inniúil sin. Foilseofar in éineacht lena chéile cinneadh críochnaitheach an údarais rialála agus an tuairim ón gCoimisiún. I gcás ina n-imeoidh an cinneadh críochnaitheach ón tuairim ón gCoimisiún, soláthróidh agus foilseoidh an Ballstát lena mbaineann, i dteannta an chinnidh sin, an réasúnaíocht is bonn leis an gcinneadh sin.
9. Ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo difear do cheart na mBallstát, i gcomhlíonadh dhlí an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒, chun rialuithe dlíthiúla náisiúnta a fheidhmiú ar mhaithe le leasanna dlísteanaacha slándála poiblí a chosaint.
10. ~~Féadfaidh an Coimisiún~~ ⇒ Cumhachtófar don Choimisiún ⇐ ⇒ gníomhartha tharmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 chun ⇐ ~~tTreoir~~ treoir ⇒ a sholáthar ⇐ ina leagtar amach sonraí an nós imeachta atá le leanúint chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm. ~~Maidir leis na bearta sin, a cheaptar chun eilimintí neamhriachtana den Treoir seo a leasú trína forlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnserúdú dá dtagraítear in Airteagal 51(3).~~
11. ~~Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin, cé is moite de mhír 3(a), maidir leis na Ballstáit atá faoi réir maoilú faoi Airteagal 49.~~

Airteagal 67~~42~~

Ainmniú ☒ oibreoirí stórála gáis nádúrtha ☒ ~~stórála~~ ☒ , stórála hidrigine, ☒ agus ☒ shaoráidí LNG agus críochfort hidrigine ☒ ~~LNG system operators~~

Ainmneoidh na Ballstáit, nó ceanglóidh siad ar ghnóthais ~~gáis nádúrtha~~ ar leo saoráidí stórála ⇒ gáis nádúrtha ⇐ ⇒ , saoráidí stórála hidrigine, ⇐ ~~nó~~ saoráidí GNL ⇒ agus críochfoirt hidrigine ⇐ a ainmniú, ar feadh tréimhse a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit, ag féachaint don éifeachtúlacht agus don chothromaíocht eacnamaíoch, oibreoir ~~eórais stórála agus eórais GNL~~ amháin nó níos mó ⇒ le haghaidh na mbonneagar sin ⇐.

CAIBIDIL VI

ROINN 6

DÍCHUACHADH AGUS TRÉDHEARCACHT NA GCUNTAS

Airteagal 68~~30~~

An ceart chun rochtain a fháil ar chuntais

1. Beidh ceart rochtana ag na Ballstáit nó ag aon údarás inniúil a ainmneoidh siad, lena n-áirítear na húdarais rialála dá dtagraítear in Airteagal 70~~39~~(1) agus na húdarais um

réiteach díospóidí dá dtagraítear in Airteagal 2434(3), a mhéid is gá chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh, ar chuntais gnóthas gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐ mar a leagtar amach in Airteagal 7131.

2. Caomhnóidh na Ballstáit agus aon údarás inniúil ainmnithe, lena n-áirítear na húdaráis rialála dá dtagraítear in Airteagal 7039(1) agus na húdaráis um réiteach díospóidí, rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le faisnéis den sórt sin a nochtadh i gcás inar gá sin chun go gcomhlíonfaidh na húdaráis inniúla a gcuid feidhmeanna.

Airteagal 6931

Cuntais a dhíchuachadh

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go gcoimeádfar cuntais gnóthas gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐ i gcomhréir le mír 2 go mír 5 ~~den Airteagal seo. I gcás ina dtairbheoidh gnóthais gáis nádúrtha de mhaolú ar an bhforáil seo ar bhonn Airteagal 49(2) agus (4), coimeádfaidh siad a gcuntais inmheánacha ar a laghad i gcomhréir leis an Airteagal seo.~~
2. Déanfaidh gnóthais gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐, is cuma cén córas úinéireachta atá acu nó cén fhoirm dhlíthiúil ina bhfuil siad, a gcuntais bhliantúla a tharraingt suas, a chur faoi bhráid iniúchóra agus a fhoilsiú i gcomhréir le rialacha an dlí náisiúnta maidir le cuntais bhliantúla cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta arna nglacadh de bhun ☒ Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴² ☒ ~~Cheathrú Treoir 78/660/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1978 bunaithe ar Airteagal 44(2)(g)⁴³ den Chonradh maidir le cuntais bhliantúla de chuid cineálacha áirithe cuideachtaí⁴⁴.~~

I gcás gnóthais nach bhfuil oibleagáid orthu faoin dlí a gcuid cuntais bhliantúla a fhoilsiú, coimeádfaidh siad cóip de na cuntais sin ar fáil don phobal ag a gceannoifig.
3. Coimeádfaidh gnóthais ~~gáis nádúrtha~~, ina gcuntasaíocht inmheánach, cuntais ar leithligh maidir le gach ceann dá ngníomhaíochtaí tarchuir, dáileacháin, GNL ⇒, críochfoirt hidrigine, stórála gáis nádúrtha agus hidrigine ⇐ ~~stórála~~ agus ⇒ iompair hidrigine ⇐ de réir mar a bheadh de cheangal orthu a dhéanamh dá mbeadh na gníomhaíochtaí i gceist á ndéanamh ag gnóthais ar leithligh, d'fhonn idirdhealú, tras-fhóirdheonú agus saobhadh na hiomaíochta a sheachaint. Coimeádfaidh siad cuntais freisin, ar féidir iad a chomhdhlúthú, i leith gníomhaíochtaí ~~gáis~~ eile nach mbaineann le tarchur, dáileadh, GNL ⇒ críochfort hidrigine, stóráil gáis nádúrtha agus hidrigine ⇐ ~~agus stóráil~~ ⇒ agus gníomhaíochtaí iompair hidrigine ⇐. ~~Go dtí an 1 Iúil 2007, coimeádfaidh siad cuntais ar leithligh i dtaobh gníomhaíochtaí soláthair do chustaiméirí incháilithe agus gníomhaíochtaí soláthair do chustaiméirí nach bhfuil incháilithe. Déanfar an t-ioncam ó úinéireacht an ghréasáin tarchurtha, nó an ghréasáin dáileacháin ⇒ nó an ghréasáin hidrigine ⇐ a shonrú sna cuntais. I gcás~~

⁴² Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aighairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

⁴³ ~~Rinneadh coigeartú ar theideal Threoir 78/660/CEE lena chur san áireamh an t-athuimhriú ar airteagail an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chonradh Amstardam; ba d'Airteagal 54(3)(g) a bhí an tagairt bhunaidh.~~

⁴⁴ ~~IO L 222, 14.8.1978, lch. 11.~~

inarb iomchuí, coimeádfaidh siad cuntais chomhdhlúite i leith gníomhaíochtaí eile, nach gníomhaíochtaí gáis iad. Áireofar sna cuntais inmheánacha clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus caillteanais i leith gach gníomhaíochta.

4. San iniúchadh ~~2~~ dá dtagraítear i mír ~~2~~ ³ fíorófar, go háirithe, go bhfuil urramú á dhéanamh ar an oibleagáid i dtaobh idirdhealú agus tras-fhóirdheontais a sheachaint, dá dtagraítear i mír 3.
5. Sonróidh na gnóthais ina gcuntasaíocht inmheánach na rialacha maidir le sócmhainní agus dliteanais, caiteachas agus ioncam a leithdháileadh, chomh maith leis na rialacha maidir le dímhéas, gan dochar do rialacha cuntasaíochta is infheidhme go náisiúnta, rialacha a leanann siad agus na cuntais ar leithligh dá dtagraítear i mír 3 á dtarraingt suas acu. Ní fhéadfar na rialacha inmheánacha sin a leasú ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Luafar na leasuithe sin agus beidh bunús cuí leo.
6. Cuirfear in iúl i nótaí a ghabhann leis na cuntais bhliantúla aon idirbheart de mhéid áirithe arna sheoladh le gnóthais ghaolmhara.

Caibidil ~~VIII~~

Údaráis Rialála ~~Náisiúnta~~

Airteagal ~~70~~ ³⁹

Ainmniú agus neamhspleáchas údarás rialála

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás rialála ~~náisiúnta~~ amháin ar an leibhéal náisiúnta.
2. Beidh mír 1 ~~den Airteagal seo~~ gan dochar d'ainmniú údarás rialála eile ar an leibhéal réigiúnach laistigh de na Ballstáit, ar choinníoll go mbeidh ionadaí sinsearach amháin, chun críoch ionadaíochta agus teagmhála ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒, ar Bhord Rialálaithe ~~na Gníomhaireachta~~ ☒ ACER ☒ i gcomhréir le hAirteagal ~~74~~ ⁴⁴(1) de ~~Rialachán (CE) Uimh. 713/2009~~ ☒ Rialachán (AE) 2019/942 ☒.
3. De mhaolú ar mhír 1 ~~den Airteagal seo~~, féadfaidh Ballstát údaráis rialála a ainmniú i leith córais bheaga i réigiún atá ar leithligh go geografach agus a raibh tomhaltas ann, in 2008, a bhí níos lú ná 3 % de thomhaltas iomlán an Bhallstáit a bhfuil sé ina chuid de. Beidh an maolú sin gan dochar do cheapadh ionadaí shinsearaigh amháin, chun críoch ionadaíochta agus teagmhála ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ☒ an Aontais ☒, ar Bhord Rialálaithe ~~na Gníomhaireachta~~ ☒ ACER ☒ i gcomhlíonadh Airteagal ~~74~~ ⁴⁴(1) de ~~Rialachán (CE) Uimh. 713/2009~~ ☒ Rialachán (AE) 2019/942 ☒.
4. Ráthóidh na Ballstáit neamhspleáchas an údaráis rialála agus áiritheoidh siad go bhfeidhmeoidh sé a chuid cumhachtaí ar bhealach atá neamhchlaonta agus trédhearcach. Chun na críche sin, áiritheoidh na Ballstáit, agus na cúraimí rialála a thugtar dóibh leis an Treoir seo agus le reachtaíocht ghaolmhar á gcomhlíonadh acu, go mbeidh an méid seo a leanas amhlaidh i leith an údaráis rialála:
 - (a) beidh sé neamhspleách ó thaobh dlí agus feidhme de ar aon eintiteas poiblí nó príobháideach eile;

(b) áiritheoidh sé, maidir lena bhaill foirne agus na daoine atá freagrach as é a bhainistiú:

(i) go ngníomhóidh siad go neamhspleách ar aon leas margaidh; agus

(ii) nach ndéanfaidh siad treoracha díreacha a lorg ná a thógáil ó aon eintiteas rialtais ná aon eintiteas poiblí ná príobháideach eile agus na cúraimí rialála á gcomhlíonadh acu. Tá an ceanglas sin gan dochar don dlúthchomhar, de réir mar is iomchuí, le húdaráis náisiúnta ábhartha eile ná do threoirlínte beartais ginearálta arna n-eisiúint ag an rialtas ☒ agus ☒ nach mbaineann leis na cumhachtaí agus dualgais rialála faoi Airteagal 7241.

5. Chun neamhspleáchas an údaráis rialála a chosaint, áiritheoidh na Ballstáit go háirithe:

(a) go bhféadfaidh an t-údarás rialála cinntí uathrialacha a dhéanamh, go neamhspleách ar aon chomhlacht polaitiúil, agus go mbeidh leithdháiltí buiséadacha bliantúla ar leithligh aige, agus neamhspleáchas maidir leis an mbuiséad leithdháilte a chur chun feidhme, agus aemhainní daonna agus airgeadais leordhóthanacha chun a chuid dualgas a chomhlíonadh; agus

↓ nua

(b) go bhfuil ag an údarás rialála na hacmhainní daonna agus airgeadais riachtanacha uile a theastaíonn uaidh chun a chuid dualgas a dhéanamh agus a chuid cumhachtaí a fheidhmiú ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil;

(c) go bhfuil ag an údarás rialála leithdháiltí buiséadacha bliantúla ar leithligh agus go bhfuil neamhspleáchas aige i gcur chun feidhme an bhuiséid sin atá leithdháilte air;

(d) go gceapfar comhaltaí bhord an údaráis rialála nó, in éagmais boird, lucht ardbhainistíochta an údaráis rialála, ar feadh téarma seasta idir 5 bliana agus 7 mbliana, ar féidir athnuachan a dhéanamh air uair amháin.

↓ 2009/73/CE

⇒ nua

(e) go gceaptar comhaltaí bhord an údaráis rialála nó, mura bhfuil bord ann, bainistíocht shinsearach an údaráis rialála, ⇒ bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha agus atá foilsithe, faoi nós imeachta neamhspleách neamhchlaonta, lena n-áirithítear go mbeidh na scileanna agus an taithí is gá ag na hiarrthóirí d'aon phost ábhartha san údarás rialála; ⇐ ar théarma seasta de 5 suas le 7 mbliana, téarma is féidir a athnuachan aon uair amháin;

↓ nua

(f) go bhfuil forálacha maidir le coinbhleacht leasa i bhfeidhm agus go leanann oibleagáidí rúndachta d'fheidhm a bheith acu tar éis dheireadh théarma oifige chomhaltaí bhord an údaráis rialála nó, mura bhfuil bord ann, bhainistíocht shinsearach an údaráis rialála;

- (g) nach bhféadfar comhaltaí bhord an údaráis rialála nó, mura bhfuil bord ann, comhaltaí bhainistíocht shinsearach an údaráis rialála a bhriseadh as a bpost ach amháin ar bhonn critéir thrédhearcachta atá i bhfeidhm.
- (h) Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go ndéanfaidh iniúchóir neamhspleách rialú *ex post* ar chuntais bhliantúla na n-údarás rialála.

↓ 2009/73/CE

Maidir ~~le pointe (b) den chéad~~ leis an gcéad fhomhír, pointe (d), áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh scéim uainíochta iomchuí ann le haghaidh an bhoird nó an lucht ardbhainistíochta. Ní fhéadfar comhaltaí an bhoird nó, in éagmais boird, daoine den lucht ardbhainistíochta a chur as oifig i rith a dtéarma ach amháin mura gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo nó má bhí siad ciontach as mí-iompar faoin dlí náisiúnta.

↓ nua

6. Faoi 5 Iúil 2022 agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le comhlíonadh phrionsabal an neamhspleáchais a leagtar amach san Airteagal seo ag na húdarais náisiúnta.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal 71~~40~~

Cuspóirí ginearálta an údaráis rialála

Agus na cúraimí rialála a sonraítear sa Treoir seo á ndéanamh aige, déanfaidh an t-údarás rialála gach beart réasúnta chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach laistigh de chreat a ndualgais agus a gcumhachtaí mar a leagtar síos in Airteagal ~~7241~~ iad, i ndlúthchomhar le húdarais náisiúnta ábhartha eile lena n-áirítear údarais iomaíochta ⇒ agus údarais ó thíortha béal dorais, tríú tíortha san áireamh, ⇐ de réir mar is iomchuí, agus gan dochar dá n-inniúlachtaí:

- (a) cur chun cinn a dhéanamh, i ndlúthchomhar ~~leis an nGníomhaireacht,~~ le húdarais rialála de chuid na mBallstát eile, ~~agus~~ leis an gCoimisiún agus ACER, ar mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha atá iomaíoch, ⇒ solúbtha, ⇐ slán agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ⇒, gáis inbhuanaithe agus ísealcharbóin agus hidrigin ⇐ laistigh den ~~Chomhphobal~~ ☒ Aontas ☒, ~~agus ar oscar éifeachtach margaidh de na custaiméirí agus na soláthróirí go léir sa Chomhphobal,~~ agus coinníollacha iomchuí a áirithiú maidir le gréasán gáis ⇒ nádúrtha ⇐ ⇒ agus hidrigine ⇐ a oibriú ar bhealach éifeachtach iontaofa, agus cuspóirí fadtéarmacha á gcur san áireamh ⇒, agus dá bhrí sin, ag cur le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach chun le spriocanna an Aontais maidir leis an aeráid agus fuinneamh a bhaint amach ⇐ ;

- (b) margai réigiúnacha ⇒ trasteorann ⇐ iomaíocha a bhíonn ag dea-fheidhmiú a fhorbairt laistigh den Chomhphobal ☒ Aontas ☒ d'fhoill na cuspóirí dá dtagraítear i mír (a) a bhaint amach;
- (c) deireadh a chur le srianta ar thrádáil gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐ idir na Ballstáit, lena n-áirítear ⇒ deireadh a chur le srianta a bhíonn ann de thoradh difríochtaí i gcáilíocht na ngás nó difríochtaí i dtoirt hidrigine a chumasctar i gcóras gáis nádúrtha nó difríochtaí i gcáilíocht na hidrigine sa chóras hidrigine, ⇐ acmhainní iomchuí ó thaobh an tarchuir ⇒ agus/nó iompair ⇐ trasteorann a fhorbairt chun freastal ar an éileamh agus feabhas a chur ar chomhtháthú na margai náisiúnta ⇒ lena n-áiríthítear idir-inoibritheacht chóras gáis nádúrtha idirnasctha an Aontais, ⇐ lena bhféadfaí an sreabhadh gáis nádúrtha ar fud an Chomhphobail ☒ Aontais ☒ a éascú;
- (d) cabhrú chun córais neamh-idirdheallaitheacha slána, iontaofa agus éifeachtacha atá dírithe ar chustaiméirí a fhorbairt, agus é sin a dhéanamh ar an mbealach is costéifeachtaí, agus leormhaitheas an chórais a chur chun cinn agus, i gcomhréir le cuspóirí ginearálta an bheartais fuinnimh ⇒ agus aeráide ⇐, éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, chomh maith le comhtháthú na táirgeachta mórsála agus mionsála gáis ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ó ghiniúint dháilte sna gréasáin tarchurtha agus dáileacháin araon ⇒ agus éascú a dhéanamh ar a n-oibriú siúd i dtaca le gréasáin fuinnimh gáis nó teasa eile ⇐;
- (e) rochtain ar an ngréasán a éascú d'acmhainneacht táirgthe nua, go háirithe deireadh a chur le bacainní a d'fhéadfadh cosc a chur ar rochtain d'iontrálaithe nua sa mhargadh agus rochtain i gcás gáis ⇒ agus hidrigin ⇐ ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh;
- (f) a áirithiú go ndéantar dreasachtaí oiriúnacha a dheonú d'oibreoirí córais agus d'úsáideoirí córais, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, chun éifeachtúlachtaí, ⇒, go háirithe éifeachtúlacht fuinnimh, ⇐ a mhéadú i bhfeidhmíocht na gcóras agus comhtháthú na margai a chothú;
- (g) a áirithiú go mbainfidh custaiméirí tairbhe as trí fheidhmiú éifeachtach a margaidh náisiúnta, iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus cabhrú chun cosaint do chustaiméirí a áirithiú ⇒ i ndlúthchomhar leis na húdaráis cosanta tomhaltóirí ábhartha ⇐;
- (h) cabhrú le hardchaighdeáin seirbhíse poiblí a bhaint amach maidir le gás nádúrtha, cuidiú chun custaiméirí leochaileacha a chosaint agus cuidiú le comhoiriúnacht na bpróiseas malartaithe sonraí is gá i dtaobh aistriú custaiméirí.

Airteagal 724

Dualgais agus cumhachtaí an údaráis rialála

1. Beidh na dualgais seo a leanas ar an údarás rialála:

- (a) tarairí tarchurtha nó dáileacháin nó na modheolaíochtaí a ghabhann leo ⇒, nó an dá cheann ⇐, a shocrú nó a fhormheas, i gcomhréir leis na critéir thrédhearcacha;

↴ nua

- (b) ón 1 Eanáir 2031 nó ón dáta a gcuirfear Airteagal 31(1) den Treoir seo i bhfeidhm, taraifí le haghaidh rochtain ar an ngréasán hidrigine nó a modheolaíochtaí, nó iad araon, a shocrú nó a fhorghnóthas i gcomhréir le critéir thrédhearcacha;
- (c) (i) méid agus fad an mhuirir thiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 4 de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] nó a mhodheolaíochtaí nó iad araon (ii) luach na sócmhainní aistrithe agus ceann scríbe aon bhrabúis agus caillteanais a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh air sin agus (iii) na ranníocaíochtaí a leithdháileadh ar an muirear tiomnaithe a shocrú nó a fhorghnóthas i gcomhréir le critéir thrédhearcacha;

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (d) a áirithiú go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha agus ⇒ na hoibreoirí córais ⇔ dáileacháin agus, i gcás inarb iomchuí, na húinéirí córais, ⇒ na hoibreoirí gréasáin hidrigine ⇔ chomh maith le haon ghnóthas gáis nádúrtha ⇒ agus gnóthas hidrigine ⇔ ⇒ agus rannpháirtithe eile sa mhargadh, lena n-áirítear pobail fuinnimh saoránach ⇔ , a gcuid oibleagáidí faoin Treoir seo ⇒ , [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx], na cóid ghréasáin agus na treoirlínte a glacadh de bhun Airteagail 52 agus 53 den Rialachán Gáis, Rialachán (AE) 2017/1938 ⇔ agus faoi reachtaíocht ábhartha eile an Chomhphobail ⇔ Aontais ⇔, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna trasteorann ⇒ , chomh maith le cinntí ó ACER ⇔ ;

↴ nua

- (e) i ndlúthchomhordú leis na húdaráis rialála eile, a áirithiú go bhfuil ENTSO le haghaidh Gais, eintiteas AE do OCDanna agus Gréasán AE Oibreoirí Gréasáin Hidrigine (ENNOH) ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Treoir seo [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx], na cóid ghréasáin agus na treoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagail 52 go 56 de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx], agus dlí ábhartha eile an Aontais, lena n-áirítear i dtaca le saincheisteanna trasteorann, mar aon le cinntí ó ACER, agus neamhchomhlíonadh ag ENTSO le haghaidh Gais, eintiteas AE do OCDanna agus ENNOH i leith a gcuid oibleagáidí faoi seach a shainaithint go comhpháirteach; i gcás nach mbeidh na húdaráis rialála in ann teacht ar chomhaontú laistigh de thréimhse 4 mhí tar éis tús a chur leis na comhairliúcháin chun neamhchomhlíonadh a shainaithint go comhpháirteach, déanfar an cheist a tharchur chuig ACER le haghaidh cinnidh, de bhun Airteagal 6(10) de Rialachán (AE) 2019/942;
- (f) faireachán a dhéanamh ar fhorbairt cháilíochtaí gáis agus ar bhainistiú cáilíochta gáis ag na hoibreoirí córais tarchurtha agus, i gcás inarb ábhartha, ag na hoibreoirí córais dáileacháin, lena n-áirítear faireachán ar fhorbairt na

gcostas a bhaineann le bainistiú cáilíocht an gháis ag na hoibreoirí córais agus ar na forbairtí a bhaineann le hidrigin a chumasc sa chóras gáis nádúrtha.

- (g) faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na cáilíochta hidrigine agus ar bhainistiú cáilíochta hidrigine ag na hoibreoirí gréasáin hidrigine i gcás inarb ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 46, lena n-áirítear faireachán ar fhorbairt na gcostas a bhaineann le bainistiú na cáilíochta hidrigine.
- (h) scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar an bhforléargas a chuirfidh na hoibreoirí gréasáin hidrigine isteach maidir le bonneagar iompair hidrigine a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 52, agus riachtanas foriomlán an ghréasáin hidrigine ó thaobh na heacnamaíochta agus fuinnimh de á chur san áireamh sa scrúdú seo chomh maith leis an gcomhchreat cáis faoi Airteagal 51(2), pointe (e) maidir le pleanáil forbartha gréasáin;
- (i) agus scrúdú agus measúnú ar fhorléargas fhorbairt an bhonneagair iompair hidrigine mar a iarrtar faoi phointe (g) á gcur san áireamh agus muirir thiomnaithe á bhformheas de réir bhrí Airteagal 4 de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx].

↓ 2019/692 Airteagal 1.6
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (je) comhoibriú le húdarás rialála nó le húdaráis rialála na mBallstát lena mbaineann agus ~~leis an nGníomhaireacht~~ ☒ le ACER ☒ i ndáil le saincheisteanna trasteorann ☒ , go háirithe trí rannpháirtíocht in obair Bhord Rialálaithe ACER de bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2019/942 ☒ I dtaca le bonneagar go dtí tríú tíortha agus uathu, féadfaidh údarás rialála an Bhallstáit ina bhfuil an chéad phointe idirnaisc chuig gréasán an Bhallstáit oibriú i gcomhar le húdaráis ábhartha na tríú tíre, lena n-áirítear údaráis Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh, tar éis dó dul i gcomhairle le húdaráis rialála na mBallstát eile lena mbaineann, ar mhaithe le, ó thaobh an bhonneagair ~~seo~~ ☒ sin ☒ de, an Treoir seo a chur i bhfeidhm i gcríoch na mBallstát;

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

- (ke) aon chinneadh ábhartha ó ☒ ACER ☒ ~~ón nGníomhaireacht~~ agus ón gCoimisiún, ar cinneadh é atá ceangailteach ó thaobh dlí de, a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme;
- (le) tuairisciú go bliantúil ar a ghníomhaíocht agus ar chomhlíonadh a dhualgas d'údaráis ábhartha na mBallstát, ☒ d'ACER ☒ ~~don Gníomhaireacht~~ agus don Choimisiún. Cumhdófar sna tuarascálacha sin na bearta a rinneadh agus na torthaí a fuarthas maidir le gach ceann de na cúraimí a liostaítear san Airteagal seo;
- (mf) a áirithiú nach bhfuil tras-fhóirdheontais ann idir gníomhaíochtaí tarchuir, dáileacháin, ☒ iompair hidrigine, ☒ stórála ☒ gáis nádúrtha agus hidrigine ☒

~~LNG~~ ⇒ agus chríochfoirt LNG agus críochfort hidrigine ⇐ agus soláthair
⇒ gáis nádúrtha agus hidrigine ⇐;

- (~~ne~~) faireachán a dhéanamh ar phleananna infheistíochta na n-oibreoirí córais tarchurtha, agus measúnú a sholáthar ina thuarascáil bhliantúil ar phleananna infheistíochta na n-oibreoirí córais tarchurtha maidir lena gcomhsheasmhacht leis an bplean forbartha gréasáin uile ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ dá dtagraítear ☒ i bpointe (x) d’Airteagal 29 de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] ☒ ~~in Airteagal 8(3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009~~; féadfar a áireamh sa mheasúnú sin moltaí maidir leis na pleananna infheistíochta sin a leasú;
- (~~oh~~) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha slándála agus iontaofachta gréasáin agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht ina leith san am atá caite, agus caighdeán agus ceanglais a leagan síos nó a fhormheas maidir le cáilíocht seirbhíse agus soláthair nó cuidiú leis an méid sin in éineacht le húdaráis inniúla eile;
- (~~pi~~) faireachán a dhéanamh ar leibhéal na trédhearcachta, lena n-áirítear i dtaca le praghsanna mórdhíola, agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh gnóthais gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐ na hoibleagáidí trédhearcachta;
- (~~qi~~) faireachán a dhéanamh ar leibhéal agus éifeachtacht oscailt an mhargaidh agus na hiomaíochta ar an leibhéal mórdhíola agus an leibhéal miondíola, lena n-áirítear faireachán ar mhalartáin gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐, ar phraghsanna do na custaiméirí teaghlaigh lena n-áirítear córais réamhiocaíochta, ar rátaí aistrithe, ar rátaí díscóir, ar mhuirir i leith seirbhísí cothabhála agus a bhforghníomhú, agus ar ghearáin ó chustaiméirí teaghlaigh, chomh maith le haon shaobhadh nó srian ar an iomaíocht, lena n-áirítear aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar, agus aon chás ábhartha a thabhairt chuig na húdaráis iomaíochta ábhartha;
- (~~rk~~) faireachán a dhéanamh ar chleachtais chonarthaacha shriantacha a bheith ag tarlú, lena n-áirítear clásail eiseachais a d’fhéadfadh cosc a chur ar chustaiméirí móra neamhtheaghlaigh ó bheith faoi chonradh an tráth céanna le níos mó ná soláthróir amháin nó srian a chur ar an rogha atá acu ina leith sin, agus, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis iomaíochta náisiúnta a chur ar an eolas faoi na cleachtais sin;
- (~~sl~~) saoirse chonarthaigh a urramú maidir le conarthaí soláthair ~~soláthair in idirbhriste agus maidir le conarthaí~~ fadtéarmacha ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach le dlí an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ agus go bhfuil siad ag teacht le beartais an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒ ⇒ agus go gcuireann siad le cuspóirí maidir le dícharbónú. Ní thabharfar aon chonarthaí fadtéarmacha maidir le soláthar gáis iontaise gan choinne i gcrích a mhairfidh níos faide ná deireadh na bliana 2049 ⇐ ;
- (~~tm~~) faireachán a dhéanamh ar an achar ama a thógann sé ar na hoibreoírí córais tarchurtha ⇒ gáis nádúrtha ⇐ agus dáileacháin ⇒ nó oibreoírí gréasáin hidrigine ⇐ naisc agus deisiúcháin a dhéanamh;
- (~~um~~) faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha rochtana ar stóráil, línephacáil agus seirbhísí coimhdeacha eile mar a fhoráiltear dóibh in Airteagal ~~2933~~ ⇒ nó Airteagal 33 ⇐ . I gcás ina saineofar an córas rochtana ar

stóráil ⇒ gáis nádúrtha ⇐ de réir Airteagal ~~2933~~(3), ní chuirfear athbhreithniú ar tharaifí san áireamh leis an gcúram sin;

- (~~ye~~) a chuidiú lena áirithiú, in éineacht le húdaráis ábhartha eile, go bhfuil na bearta cosanta tomhaltóirí, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn I, éifeachtach agus go bhfuil siad á bhforfheidhmiú;
- (~~wp~~) moltaí a fhoilsiú, ar a laghad gach bliain, maidir le comhlíonadh Airteagal ~~63~~ i gcás praghsanna soláthair, agus na moltaí sin a sholáthar do na húdaráis iomaíochta, i gcás inarb iomchuí sin;
- (~~xe~~) a áirithiú go mbeidh rochtain ⇒ neamh-idirdhealaitheach ⇐ ann ar shonraí tomhaltais na gcustaiméirí, go soláthrófar, lena húsáid ar bhonn roghnach, formáid chomhchuibhithe is furasta a thuiscint ar an leibhéal náisiúnta i leith sonraí tomhaltais, agus go mbeidh rochtain phras ag na custaiméirí uile ar shonraí den sórt sin ⇒ de bhun Airteagail 22 agus 23 ⇐ ~~faoi phointe (h) d'Iarscríbhinn I~~;
- (~~ye~~) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme rialacha a bhaineann le róil agus freagrachtaí na n-oibreoirí córais tarchurtha, na n-oibreoirí córais dáileacháin, ⇒ na n-oibreoirí gréasáin hidrigine, ⇐ na soláthróirí agus na gcustaiméirí agus páirtithe eile sa mhargadh de bhun ~~Rialachán (CE) Uimh. 715/2009~~ ☒ [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] ☒ ;
- (~~ze~~) faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na gcritéar lena gcinntear an dtagann saoráid stórála ⇒ gáis nádúrtha ⇐ faoi Airteagal ~~2933~~(3) nó (4); agus
- (~~aat~~) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart coimirce dá dtagraítear in Airteagal ~~7746~~;
- (~~bbe~~) cuidiú le comhoiriúnacht na bpróiseas malartaithe sonraí i gcás na bpróiseas margaidh is tábhachtaí ar an leibhéal réigiúnach;=

↓ nua

- (cc) na cóid ghréasáin agus treoirilínte arna nglacadh de bhun Airteagail 52 a chur chun feidhme trí bhíthin bearta náisiúnta nó, i gcás inar gá sin, trí bhíthin bearta comhordaithe réigiúnacha nó uile-Aontais;
- (dd) próiseas trédhearcach éifeachtúil a áirithiú chun an plean forbartha gréasáin náisiúnta a leagan síos i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 51 agus 52;
- (ee) an plean forbartha gréasáin a fhorghnó agus a leasú;
- (ff) faireachán a dhéanamh ar rialú agus ar bhainistiú cháilíocht an gháis ag na hoibreoirí córais tarchurtha, ag na hoibreoirí córais dáileacháin, ag na hoibreoirí córais stórála agus ag na hoibreoirí saoráidí GNL;
- (gg) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart arna ndéanamh i stát éigeandála, dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/1938 agus a leagtar síos sa phlean éigeandála náisiúnta, lena n-áirítear bearta dlúthpháirtíochta faoina Airteagal 13;

(hh) faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht láithreán gréasáin um chomparáid a dhéanamh, lena n-áirítear uirlisí chun comparáid a dhéanamh a chomhlíonann na critéir in Airteagal 12;

(ii) faireachán a dhéanamh ar dhíchur bacainní agus srianta neamhréasúnaithe ar fhorbairt an tomhaltais gáis nádúrtha in-athnuaite fhéinghinte agus na bpobal fuinnimh saoránach.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

2. I gcás ina mbeidh foráil déanta amhlaidh ag Ballstát, féadfaidh údaráis eile seachas an t-údarás rialála na dualgais faireacháin a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh. I gcás den sórt sin, cuirfear an fhaisnéis a eascraíonn as an bhfaireachán sin ar fáil don údarás rialála a luaithe is féidir.

Agus a neamhspleáchas á chaomhnú acu, gan dochar dá n-inniúlachtaí sonracha féin agus ag teacht le prionsabail na rialála níos fearr, rachaidh an t-údarás rialála, de réir mar is iomchuí, i gcomhairle le hoibreoirí córais tarchurtha ⇒ gáis nádúrtha ⇐ ⇒ agus gréasáin hidrigine ⇐ agus, de réir mar is iomchuí, comhoibreoidh sé go dlúth le húdaráis náisiúnta ábhartha eile agus na dualgais a leagtar amach i mír 1 á gcomhlíonadh aige.

Aon fhormheas a thabharfaidh údarás rialála nó ~~an Ghníomhaireacht~~ ☒ ACER ☒ faoin Treoir seo, beidh sé gan dochar d'aon úsáid, a mbeidh údar cuí léi, a bhainfidh an t-údarás rialála as a chumhachtaí amach anseo faoin Airteagal seo, ná d'aon phionóis a fhorchuirfidh údaráis ábhartha eile nó an Coimisiún.

3. De bhreis ar na dualgais a thugtar dó faoi mhír 1 den Airteagal seo, nuair a bheidh oibreoir córais neamhspleách ⇒ nó oibreoir gréasáin hidrigine neamhspleách ⇐ ainmnithe faoi Airteagal ~~55~~4 ⇒ nó Airteagal 62 ⇐, déanfaidh an t-údarás rialála an méid seo a leanas:

(a) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh a gcuid oibleagáidí faoin Airteagal seo ag úinéir an chórais tarchurtha agus ag an oibreoir córais neamhspleách ⇒ agus ag úinéir an ghréasáin hidrigine agus ag oibreoir an ghréasáin hidrigine neamhspleách ⇐, agus pionóis a eisiúint maidir le neamhchomhlíonadh i gcomhréir le mír 4, pointe (d);

(b) faireachán a dhéanamh ar an gcaidreamh agus ar an gcumarsáid idir an t-oibreoir córais neamhspleách agus úinéir an chórais tarchurtha ⇒ nó an t-úinéir gréasáin hidrigine agus an t-oibreoir gréasáin hidrigine neamhspleách ⇐, lena áirithiú go gcomhlíonfaidh an t-oibreoir córais neamhspleách ⇒ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine neamhspleách ⇐ a chuid oibleagáidí, agus go háirithe conarthaí a fhormheas agus gníomhú mar údarás réitigh díospóidí idir an t-oibreoir córais neamhspleách agus úinéir an chórais tarchurtha ⇒ nó an t-úinéir gréasáin hidrigine agus an t-oibreoir gréasáin hidrigine neamhspleách ⇐ i leith aon ghearán a chuirfidh ceachtar páirtí isteach de bhun mhír 11;

(c) gan dochar don nós imeachta faoi Airteagal ~~55~~4(2), pointe (c), don chéad phlean forbartha gréasáin deich mbliana, formheas a dhéanamh ar phleanáil na n-infheistíochtaí agus ar an bplean forbartha gréasáin ilbhliantúil a chuirfidh an

t-oibreoir córais neamhspleách ⇒ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine neamhspleách ⇐ isteach gach bliain;

- (d) a áirithiú go n-áireofar leis na taraifí rochtana gréasáin a bhaileoidh an t-oibreoir córais neamhspleách ⇒ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine neamhspleách ⇐ luach saothair don úinéir gréasáin nó do na húinéirí gréasáin, lena ndéantar foráil maidir le luach saothair leordhóthanach ar shócmhainní an ghréasáin agus ar aon infheistíocht nua a dhéanfar sna sócmhainní sin, ar choinníoll gur go heacnamúil agus go héifeachtúil a thabhfófar iad; agus
- (e) cumhacht cigireachtaí a dhéanamh, lena n-áirítear cigireachtaí gan fógra roimh ré, ag áitreabh úinéir an chórais tarchurtha agus oibreoir an chórais neamhspleách, ⇒ nó úinéir an ghréasáin hidrigine agus oibreoir an ghréasáin hidrigine neamhspleách ⇐ .

4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar na cumhachtaí d'údaráis rialála lena gcuirfear ar a gcumas na dualgais dá dtagraítear i míreanna 1, 3 agus 6 a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil gasta. Chun na críche sin, beidh na cumhachtaí seo a leanas ar a laghad ag an údarás rialála:

- (a) an cumhacht cinntí ceangailteacha a eisiúint maidir le gnóthais gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐;
- (b) an cumhacht imscrúduithe a dhéanamh maidir le feidhmiú na margáí gáis ⇒ le haghaidh gás ⇐, agus aon bheart comhréireach is gá a chinneadh agus a fhorchur chun iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus feidhmiú na margáí gáis ⇒ le haghaidh gás ⇐ a áirithiú agus ⇐ i gcás inarb iomchuí, beidh sé de chumhacht ag an údarás rialála freisin comhoibriú leis an údarás iomaíochta náisiúnta agus le rialálaithe an mhargaidh airgeadais nó leis an gCoimisiún maidir le himscrúdú a dhéanamh a bhaineann le dlí na hiomaíochta;
- (c) a cheangal ar ghnóthais gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐ aon fhaisnéis a sholáthar is ábhartha chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh, lena n-áirítear an t-údar atá le haon diúltú do rochtain tríú páirtí a dheonú, agus aon fhaisnéis maidir le bearta is gá chun an gréasán a threisiú;
- (d) pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur ar ghnóthais gáis nádúrtha ⇒ agus hidrigine ⇐ nach gcomhlíonfaidh a n-oibleagáidí faoin Treoir seo nó aon chinneadh ábhartha de chuid an údaráis rialála nó ⇐ ACER ⇐ na Gníomhaireachta, ar cinneadh é atá ceangailteach ó thaobh dlí de, nó a mholadh do chúirt inniúil pionóis den sórt sin a fhorchur. Áireofar leis sin ⇐, lena n-áirítear ⇐ an chumhacht chun pionóis suas le 10 % de láimhdeachas bliantúil an oibreora córais tarchurtha ⇒ nó an oibreora gréasáin hidrigine ⇐ nó suas le 10 % de láimhdeachas bliantúil an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach a fhorchur ar an oibreoir córais tarchurtha ⇒ nó ar an oibreoir gréasáin hidrigine ⇐ nó ar an ngnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach, de réir mar a bheidh, nó a mholadh go ndéanfar na pionóis sin a fhorchur, maidir le neamhchomhlíonadh a n-oibleagáidí féin de bhun na Treorach seo; agus
- (e) cearta iomchuí imscrúduithe agus cumhachtaí ábhartha maidir le teoracha i dtaobh réiteach díospóidí faoi mhíreanna 11 agus 12.

↓ nua

5. An t-údarás rialála atá suite sa Bhallstáit ina bhfuil a shuíomh ag ENTSO le haghaidh Gáis, Gréasán AE d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Hidrigine nó ag eintiteas AE do OCDanna, beidh de chumhacht aige pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar na heintitis sin i gcás nach gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí faoin Treoir seo, [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] nó faoi aon chinneadh ábhartha ón údarás rialála nó ó ACER atá ceangailteach ó thaobh dlí, nó moladh a dhéanamh go ngearrfaidh cúirt inniúil pionóis den sórt sin orthu.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

65. De bhreis ar na dualgais agus na cumhachtaí a thugtar dó faoi mhíreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, nuair a bheidh oibreoir ~~córais tarchurtha~~ ⇒ tarchuir neamhspleách ⇔ ⇒ nó oibreoir gréasáin hidrigine atá comhtháite ⇔ ainmnithe i gcomhréir le Caibidil ~~IXIV~~, Roinn 3, tabharfar na dualgais agus na cumhachtaí seo a leanas ar a laghad don údarás rialála:
- (a) pionóis a eisiúint i gcomhréir le mír 4, pointe (d) as ucht iompar idirdhealaitheach i bhfabhar an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach;
 - (b) faireachán a dhéanamh ar an gcumarsáid idir an t-oibreoir córais tarchurtha ⇒ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine atá comhtháite ⇔ agus an gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach ionas go n-áiríteofar go gcomhlíonfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha ⇒ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine atá comhtháite ⇔ a chuid oibleagáidí;
 - (c) gníomhú mar údarás réitigh díospóidí idir an gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach agus an t-oibreoir córais tarchurtha ⇒ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine atá comhtháite ⇔ i leith aon ghearán a chuirfear isteach de bhun mhír 11;
 - (d) faireachán a dhéanamh ar an gcaidreamh tráchtála agus airgeadais, lena n-áirítear iasachtaí, idir an gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach agus an t-oibreoir córais tarchurtha ⇒ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine atá comhtháite ⇔ ;
 - (e) formheas a dhéanamh ar gach comhaontú tráchtála agus gach comhaontú airgeadais idir an gnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach agus an t-oibreoir córais tarchurtha ⇒ nó an t-oibreoir gréasáin hidrigine ⇔ , ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh siad coinníollacha an mhargaidh;
 - (f) údar a iarraidh ar an ngnóthas gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach nuair a thabharfaidh an t-oifigeach comhlíontachta fógra i gcomhréir le hAirteagal ~~6421(4)~~, ~~Airteofar leis an údar sin,~~ go háirithe, ~~l~~ ☒ lena n-áirítear ☒ fianaise nár tharla aon iompar idirdhealaitheach a bhí chun tairbhe an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach;

- (g) cigireachtaí a dhéanamh, lena n-áirítear cigireachtaí gan fógra, ar áitribh an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach agus an oibreora córais tarchurtha ⇒ an an t-oibreoir gréasáin hidrigine atá comhtháite ⇐ ; agus
- (h) cúraimí uile an oibreora córais tarchurtha ⇒ nó an oibreoir gréasáin hidrigine atá comhtháite go hingearach ⇐ nó cúraimí sonracha dá chuid a shannadh d'oibreoir córais neamhspleách ⇒ nó d'oibreoir gréasáin hidrigine neamhspleách, ⇐ arna cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 6414 i gcás sárú leanúnach a bheith á dhéanamh ag an oibreoir córais tarchurtha ⇒ nó ag an oibreoir gréasáin hidrigine atá comhtháite ⇐ ar a chuid oibleagáidí faoin Treoir seo, go háirithe i gcás iompar idirdhealaitheach a bheith ag tarlú arís agus arís eile chun tairbhe an ghnóthais gáis nádúrtha atá comhtháite go hingearach.

76.

Beidh na húdaráis rialála freagrach as a shocrú nó a fhormheas, fada go leor roimh a dteacht i bhfeidhm, ar a laghad na modheolaíochtaí a úsáidfear chun iad seo a leanas a ríomh nó chun na téarmaí agus na coinníollacha ina leith a leagan síos:

- (a) naisc le gréasáin náisiúnta ⇒ gáis nádúrtha ⇐ agus rochtain orthu, lena n-áirítear taraifí tarchuir agus dáileacháin, agus téarmaí, coinníollacha agus taraifí maidir le rochtain ar shaoráidí GNL ☒ , agus ar an mbealach sin ☒ = Ffágfaidh na taraifí nó na modheolaíochtaí sin gur féidir na hinfheistíochtaí is gá sna gréasáin agus sna saoráidí GNL a dhéanamh ar bhealach lenar féidir leis na hinfheistíochtaí sin inmharthanacht na ngréasán agus na saoráidí GNL a áirithiú;

↓ nua

- (b) nascadh le gréasáin hidrigine náisiúnta agus rochtain orthu, lena n-áirítear, ón 1 Eanáir ar aghaidh, taraifí an ghréasáin hidrigine, agus na téarmaí agus na coinníollacha maidir le taraifí chun rochtain a fháil ar stóráil hidrigine agus ar chríochfoirt hidrigine, lena n-áirítear taraifí i gcás inarb infheidhme;

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

- (c) seirbhísí cothromaíochta a sholáthar a dhéanfar ar an mbealach is eacnamaíche agus lena soláthrófar dreasachtaí iomchuí d'úsáideoirí gréasán chun comhardú a dhéanamh ar a n-ionchur gáis agus a n-aistarraingt gáis. Soláthrófar na seirbhísí cothromaíochta ar bhealach cóir neamh-idirdhealaitheach agus beidh siad bunaithe ar chritéir oibiachtúla; agus

↓ nua

- (d) muirir thiomnaithe a fhormheas agus faireachán a dhéanamh orthu i gcomhréir le hAirteagal 4 de [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx].

(e) rochtain ar bhonneagair thrasteorann, lena n-áirítear na nósanna imeachta maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú.

87. Foilseofar na modheolaíochtaí nó na téarmaí agus coinníollacha dá dtagraítear i mír 7.

98. Agus na taraifí nó na modheolaíochtaí agus na seirbhísí cothromaíochta á socrú nó á bhformheas acu, áiríteoidh na húdaráis rialála go dtabharfar dreasacht iomchuí do na hoibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin ⇒ agus, ón 1 Eanáir 2031, do na hoibreoirí gréasáin hidrigine ⇐, sa ghearrthréimhse agus san fhadtréimhse araon, chun cur le héifeachtúlachtaí, chun comhtháthú an mhargaidh agus slándáil an tsoláthair a chothú agus chun tacú leis na gníomhaíochtaí taighde gaolmhara.

109. Déanfaidh na húdaráis rialála faireachán ar an mbainistiú ar phlódú i dtaobh gréasáin náisiúnta tarchurtha ~~gáis~~ ⇒ agus gréasáin náisiúnta hidrigine ⇐ lena n-áirítear idirnascairí, agus ar chur chun feidhme na rialacha maidir le bainistiú ar phlódú. Chuige sin, cuirfidh na hoibreoirí córais tarchurtha ⇒, na hoibreoirí gréasáin hidrigine ⇐ nó na hoibreoirí margaidh a gcuid rialacha maidir le bainistiú ar phlódú, lena n-áirítear leithdháileadh acmhainneachta, faoi bhráid na n-údarás rialála ~~náisiúnta~~. Féadfaidh údaráis rialála ~~náisiúnta~~ leasuithe ar na rialacha sin a iarraidh.

Airteagal 73

⊠ Cinní agus gearáin ⊠

140. Beidh sé d'údarás ag na húdaráis rialála a cheangal ar oibreoirí córais tarchurtha ⇒ gáis nádúrtha ⇐, córais stórála, córais GNL agus córais dáileacháin, ⇒ na hoibreoirí stórála hidrigine agus críochfoirt hidrigine, agus, ón 1 Eanáir 2031 ar aghaidh, na hoibreoirí gréasáin hidrigine ⇐ más gá, na téarmaí agus na coinníollacha, lena n-áirítear na taraifí agus na modheolaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo, a mhodhnú chun a áirithiú go mbeidh siad comhréireach agus go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach iad. Sa chás go saineofar an córas rochtana ar stóráil de réir Airteagal ~~2933~~(3), ní chuirfear modhnú taraifí san áireamh leis an gcúram sin. I gcás moill a bheith ann maidir le taraifí tarchuir agus dáileacháin ⇒ gáis nádúrtha ⇐ a shocrú ⇒ agus, i gcás inarb iomchuí, taraifí gréasáin hidrigine, ⇐ beidh sé de chumhacht ag údaráis rialála taraifí nó modheolaíochtaí sealadacha tarchuir agus dáileacháin a shocrú nó a fhormheas ⇒ agus taraifí gréasáin hidrigine agus modheolaíochtaí ⇐ agus a chinneadh céard iad na bearta cúitimh iomchuí má chlaonann na taraifí nó na modheolaíochtaí deiridh ó na taraifí nó na modheolaíochtaí sealadacha sin.

244. Aon pháirtí a bhfuil gearán aige in aghaidh oibreoir córais tarchurtha ⇒ gáis nádúrtha ⇐, córais stórála, córais GNL nó córais dáileacháin ⇒ nó oibreoir gréasáin hidrigine, stórála hidrigine nó críochfoirt hidrigine ⇐ i ndáil leis na hoibleagáidí atá ar an oibreoir sin faoin Treoir seo, féadfaidh sé an gearán a tharchur chuig an údarás rialála, a eiseoidh cinneadh, ag gníomhú dó mar údarás réitigh díospóidí, laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis dó an gearán a fháil. Féadfar síneadh 2 mhí a chur leis an tréimhse sin i gcás ina lorgóidh na húdaráis rialála faisnéis bhreise. Féadfar síneadh ama eile a chur leis an tréimhse shínithe sin le comhaontú ón ngearánaí. Beidh

éifeacht cheangailteach ag cinneadh an údaráis rialála ach amháin má chuirtear ar neamhní é ar bhonn achomhairc, agus go dtí go ndéantar é sin.

- ~~312~~ Aon pháirtí a ndéanfar difear dó agus a bhfuil sé de cheart aige gearán a dhéanamh faoi chinneadh maidir le modheolaíochtaí a rinneadh de bhun an Airteagail seo nó, i gcás ina mbeidh dualgas comhairliúcháin ar an údarás rialála, faoi na taraifí nó na modheolaíochtaí atá beartaithe, féadfaidh sé, laistigh de 2 mhí ar a dhéanaí, nó laistigh de thréimhse níos giorra arna foráil ag na Ballstáit, tar éis fhoilsiú an chinnidh nó an togra maidir le cinneadh, gearán a chur isteach ina n-iarrtar athbhreithniú. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag gearán den sórt sin.
- ~~413~~ Cruthóidh na Ballstáit sásraí iomchuí éifeachtúla le haghaidh rialála, rialaithe agus trédhearcachta ionas go seachnófar aon mhí-úsáid ceannasachta, go háirithe mí-úsáid a dhéanfaidh díobháil do thomhaltóirí, agus aon iompraíocht chreachach. Leis na sásraí sin, cuirfear forálacha ~~an-Chomhartha~~ ☒ CFAE ☒, go háirithe Airteagal ~~82~~ ☒ 102 ☒ de, san áireamh.
- ~~514~~ Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar na bearta iomchuí, lena n-áirítear gníomhaíocht riaracháin nó imeachtaí coiriúla i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, i gcoinne na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach i gcás nach ndearnadh urramú ar na rialacha rúndachta a fhorchuirtear leis an Treoir seo.
- ~~615~~ Na gearáin dá dtagraítear i míreanna ~~241~~ agus ~~312~~, beidh siad gan dochar d'fheidhmiú ceart achomhairc faoi dhlí ~~an-Chomhphobail~~ ☒ an Aontais ☒ nó faoin dlí náisiúnta.
- ~~716~~ Déanfar cinntí a dhéanfaidh údaráis rialála a lánreásúnú agus tabharfar údar iomlán leo ionas gur féidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh. Beidh na cinntí ar fáil don phobal agus caomhnófar rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de san am céanna.
- ~~817~~ Áiríteoidh na Ballstáit gurb ann do shásraí oiriúnacha ar an leibhéal náisiúnta faoina mbeidh ceart achomhairc ag páirtí a ndéanfaidh cinneadh de chuid údarás rialála difear dó, chuig comhlacht atá neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann agus ar aon rialtas.

Airteagal ~~74~~2

~~Córas rialála le haghaidh~~ ☒ **Comhar réigiúnach idir údaráis rialála ☒ maidir le saincheisteanna trasteorann**

1. Rachaidh údaráis rialála i ndlúthchomhairle lena chéile agus comhoibreoidh siad lena chéile ⇒, agus go háirithe laistigh de ACER ⇐ agus déanfaidh siad aon fhaisnéis is gá chun a gcúraimí faoin Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt dá chéile agus ~~don Chomhairleacht~~ ☒ do ACER ☒. Maidir leis an bhfaisnéis a mhalartófar, áiríteoidh an t-údarás is faighteoir an leibhéal céanna rúndachta agus a cheanglófar ar an údarás tionscnaimh.
2. Comhoibreoidh na húdaráis rialála, ar an leibhéal réigiúnach ar a laghad, chun:
 - (a) a chothú go gcruthófar socruithe oibriúcháin chun an bainistiú is fearr is féidir a dhéanamh ar an ngréasán, chun malartuithe comhpháirteacha gáis ⇒ agus hidrigine ⇐ agus leithdháileadh acmhainneachta trasteorann a chur chun cinn, agus chun leibhéal leordhóthanach acmhainneachta idirnáisc a chumasú, lena n-áirítear trí idirnáisc nua, laistigh den réigiún agus idir réigiúin ionas gur féidir

iomaíocht éifeachtach a fhorbairt agus slándáil an tsoláthair a fheabhsú gan idirdhealú a dhéanamh idir gnóthais soláthair i mBallstáit éagsúla;

- (b) comhordú a dhéanamh ar fhorbairt na gcód gréasáin uile i leith na n-oibreoirí córais tarchurtha ábhartha ⇒ , oibreoirí gréasáin hidrigine ábhartha ⇐ agus gníomhairí margaidh ábhartha eile; agus
- (c) comhordú a dhéanamh ar fhorbairt na rialacha lena rialaítear bainistiú ar phlódú;=

⇓ nua

- (d) comhlíonadh rialála na n-eintiteas dlíthiúil a chomhlíonann cúraimí na n-oibreoirí tarchurtha agus na n-oibreoirí gréasáin ar an leibhéal trasteorann nó réigiúnach a áirithiú.

↓ 2009/73/CE

⇒ nua

- 3. Beidh sé de cheart ag na húdaráis rialála náisiúnta socrúithe comhair a dhéanamh lena chéile ar mhaithe leis an gcomhar rialála a chothú.
- 4. Déanfar na bearta dá dtagraítear i mír 2, de réir mar is iomchuí, i ndlúthchomhairliúchán leis na húdaráis náisiúnta ábhartha eile agus gan dochar dá n-inniúlachtaí sonracha.
- ~~5. Féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a ghlacadh maidir le líon na ndualgas atá ar na húdaráis rialála i dtaobh comhoibriú lena chéile agus leis an nGníomhaireacht. Maidir leis na bearta sin, a cheaptar chun cilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú trína forlíonadh, glaeфар iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnserúdú dá dtagraítear in Airteagal 51(3).~~

⇓ nua

- 5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 83 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí threoirlínte a bhunú maidir lena mhéid a bheidh sé de dhualgais ar na húdaráis rialála comhoibriú le chéile agus le ACER.

↓ 2019/692 Airteagal 1.7

⇒ nua

- 6. Féadfaidh na húdaráis rialála, nó, i gcás inarb iomchuí, údaráis inniúla eile, dul i gcomhairle le húdaráis ábhartha tríú tíortha ⇒ , lena n-áirítear Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh, ⇐ agus oibreoidh siad i gcomhar leo maidir le bonneagar gáis ⇒ agus hidrigine ⇐ a oibriú go dtí tríú tíortha agus uathu d'fhonn a áirithiú, maidir leis an mbonneagar lena mbaineann, go gcuirfear an Treoir seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcríoch agus i bhfarraige teorann Ballstáit.

Airteagal 7543

Comhlíonadh na ☒ gcód agus na ☒ ~~TT~~treoirlínte

1. Féadfaidh aon údarás rialála agus an Coimisiún tuairim ~~na nGníomhaireacht~~ ☒ ACER ☒ a iarraidh faoi chomhlíonadh cinneadh arna dhéanamh ag údarás rialála leis ⇒ na cóid ghréasáin agus ⇐ na cóid ghréasáin agus ~~TT~~treoirlínte dá dtagraítear sa Treoir seo nó i ~~Rialachán (CE) Uimh. 715/2009~~ ☒ [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] ☒.
2. Soláthróidh ~~an nGníomhaireacht~~ ☒ ACER ☒ a thuairim don údarás rialála a d'iarr an tuairim sin nó don Choimisiún, faoi seach, agus don údarás rialála a rinne an cinneadh atá i gceist, laistigh de 3 mhí ón dáta a fuarthas an iarraidh.
3. I gcás nach gcomhlíonfaidh an t-údarás rialála a rinne an cinneadh an tuairim ☒ ó ACER ☒ ~~ón nGníomhaireacht~~ laistigh de 4 mhí ón dáta a fuarthas an tuairim sin, cuirfidh ☒ ACER ☒ ~~an nGníomhaireacht~~ an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.
4. Féadfaidh aon údarás rialála an Coimisiún a chur ar an eolas i gcás ina measfaidh sé, maidir le cinneadh atá ábhartha i dtaobh trádáil trasteorann agus ar cinneadh é a rinne údarás rialála eile, nach gcomhlíontar leis an gcinneadh sin na ~~TT~~treoirlínte dá dtagraítear sa Treoir seo ná i ~~Rialachán (CE) Uimh. 715/2009~~ ☒ [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] ☒ laistigh de 2 mhí ó dháta an chinnidh sin.
5. I gcás ina n-aimsíonn an Coimisiún, laistigh de 2 mhí tar éis ☒ do ACER ☒ ~~don nGníomhaireacht~~ é a chur ar an eolas i gcomhréir le mír 3, nó d'údarás rialála é a chur ar an eolas i gcomhréir le mír 4, nó ar a thionscnamh féin, laistigh de trí mhí ó dháta an chinnidh, go n-ardaíonn an cinneadh ón údarás rialála amhras tromchúiseach i dtaca lena comhoiriúnacht leis na ⇒ cóid ghréasáin agus leis na ⇐ ~~TT~~treoirlínte dá dtagraítear sa Treoir seo nó i ~~Rialachán (CE) Uimh. 715/2009~~ ☒ [an t-athmhúnlú ar an Rialachán Gáis mar a moladh le COM(2021) xxx] ☒, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh scrúdú breise a dhéanamh ar an gcás. I gcás den sórt sin, iarraidh sé ar an údarás rialála agus ar na páirtithe sna himeachtaí teacht os comhair an údaráis rialála chun barúlacha a chur isteach.
6. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh an cas a scrúdú a thuilleadh, eiseoidh sé cinneadh críochnaitheach laistigh de 4 mhí ó dháta an chinnidh sin:
 - (a) gan agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh ón údarás rialála; nó
 - (b) a chur de cheangal ar an údarás rialála lena mbaineann a chinneadh a tharraingt siar ar an mbonn nár comhlíonadh ⇒ na cóid ghréasáin agus ⇐ na ~~TT~~treoirlínte.
7. I gcás nach mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún an cas a scrúdú a thuilleadh ná nach mbeidh cinneadh críochnaitheach déanta aige laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos i míreanna 5 agus 6 faoi seach, measfar nach ndearna sé agóid i gcoinne an chinnidh ón údarás rialála.
8. An cinneadh ón gCoimisiún i dtaobh cinneadh ón údarás rialála a tharraingt siar, comhlíonfaidh an t-údarás rialála é laistigh de thréimhse 2 mhí agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

9. ~~Féadfaidh an Coimisiún Treoirlínte a ghlacadh lena leagfar amach mionsonraí an nós imeachta a bheidh le leanúint ag na húdaráis rialála, ag an nGníomhaireacht agus ag an nCoimisiún maidir le comhlíonadh na dTreoirlínte dá dtagraítear san Airteagal seo i geás cinntí arna ndéanamh ag údaráis rialála. Maidir leis na bearta sin, a cheaptar chun cilimintí neamhriachtanacha den Treoir seo a leasú trína forlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhadh grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 51(3).~~ ⇒ Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 67 lena bhforlíontar an Treoir seo trí threoirlínte a bhunú ina leagtar amach mionsonraí an nós imeachta atá le leanúint chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm. ⇐

Airteagal 7644

Coimeád taifead

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar na gnóthais soláthair a choimeád ar fáil do na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear an t-údarás rialála, na húdaráis náisiúnta iomaíochta agus an Coimisiún, chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh, ar feadh 5 bliana ar a laghad, na sonraí ábhartha a bhaineann le gach idirbheart i gconarthaí soláthair gáis ⇒ nádúrtha ⇐ agus ⇒ hidrigine ⇐ i ndíorthaigh gháis ⇒ nádúrtha ⇐ ⇒ agus hidrigine ⇐ le custaiméirí mórdhíola agus le hoibreoirí córais tarchurtha, ~~mar aon~~ le hoibreoirí stórála agus oibreoirí GNL ⇒ chomh maith le hoibreoirí gréasáin hidrigine, oibreoirí stórála agus oibreoirí críochfoirt ⇐.
2. Áireofar leis na sonraí mionsonraí maidir le saintréithe na n-idirbheart ábhartha, amhail fad, seachadadh agus rialacha maidir le rialú, an chainníocht, dátaí agus amanna an fhorghníomhaithe agus praghsanna na n-idirbheart agus na modhanna chun an custaiméir mórdhíola lena mbaineann a aithint, chomh maith le sonraí i dtaobh na gconarthaí soláthair gáis ⇒ nádúrtha ⇐ ⇒ agus hidrigine ⇐ agus na ndíorthach gáis ⇒ nádúrtha ⇐ ⇒ agus hidrigine ⇐ uile nach bhfuil socraithe.
3. Féadfaidh an t-údarás rialála a chinneadh gnéithe den fhaisnéis sin a chur ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh ar choinníoll nach scaoilfear faisnéis íogair tráchtála faoi ghníomhaithe margaidh aonair ná faoi idirbhearta aonair. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le faisnéis faoi ionstraimí airgeadais a thagann faoi raon feidhme Threoir ~~2014/65/AE~~ ~~2004/39/CE~~.
4. ~~Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún~~ ⇒ Tugtar de chumhacht don Choimisiún ⇒ gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Treoir seo i gcomhréir le hAirteagal 83, trí ⇐ Threoirlínte a ghlacadh ⇒ a bhunú ⇐ ina saineofar na modhanna agus na socruithe maidir le coimeád taifead chomh maith le foirm agus ábhar na sonraí a choimeádfar. ~~Glacfar na bearta sin, bearta a dearadh chun gnéithe neamhbhunúsacha den Treoir a leasú le forlíonadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialaithe lena ngabhadh grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 51(3).~~
5. Maidir le hidirbhearta i ndíorthaigh gháis ⇒ nádúrtha ⇐ ⇒ agus hidrigine ⇐ de chuid gnóthais soláthair le custaiméirí mórdhíola agus oibreoirí córais tarchurtha ⇒ gáis nádúrtha ⇐, ~~chomh maith le hoibreoirí stóras agus oibreoirí GNL~~ ⇒ chomh maith le hoibreoirí gréasáin, stórála agus críochfoirt hidrigine ⇐, ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo go dtí go nglacfaidh an Coimisiún na ~~t~~ Treoirlínte dá dtagraítear i mír 4.

6. Ní chruthófar le forálacha an Airteagail seo oibleagáidí breise i leith na n-údarás dá dtagraítear i mír 1 i gcás eintitis a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/65/AE ~~2004/39/CE~~.
7. Sa chás go mbeidh gá ag na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 le rochtain a bheith acu ar shonraí a choimeádann na heintitis a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/65/AE ~~2004/39/CE~~, cuirfidh na húdaráis atá freagrach faoin Treoir sin na sonraí is gá ar fáil dóibh.

Caibidil ~~X~~XI

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal ~~77~~46

Bearta coimirce

1. I gcás géarchéim thobann sa mhargadh fuinnimh nó i gcás ina mbeidh sábháilteacht nó slándáil fhisiceach daoine, gaireas nó suiteálacha, nó sláine an chórais, faoi bhagairt, féadfaidh na Ballstát ~~na bearta coimirce is gá a dhéanamh go sealadach~~ ⇒ staid éigeandála a dhearbhu de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE 2017/1938 agus na forálacha dá bhforáiltear sa phlean éigeandála náisiúnta a ghlacadh ⇐ .
- ~~2. I gcás bearta den sórt sin, is é an suaitheadh is lú is féidir a dhéanfar maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ní bheidh a raon feidhme níos leithne ná mar atá fíor-riachtanach chun leigheas a fháil ar na deacrachtaí tobanna atá tagtha chun cinn.~~
- ~~3. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra faoi na bearta sin, gan mhoill, do na Ballstáit eile agus don Choimisiún, agus féadfaidh an Coimisiún a chinneadh nach mór don Bhallstát lena mbaineann na bearta sin a leasú nó a dhíothú, a mhéid a dhéantar an iomaíocht a shaothradh dá mbarr agus a mhéid a dhéanann siad dochar don trádáil ar bhealach a thagann salach ar an leas coiteann.~~

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

Airteagal ~~78~~47

Cothrom na Féinne

1. I gcás bearta a fhéadfaidh na Ballstáit a dhéanamh de bhun na Treorach seo chun cothrom na Féinne a áirithiú, beidh siad comhoiriúnach ☒ le CFAE ☒ ~~leis an gConradh~~, go háirithe Airteagal ~~30~~ ☒ 36 ☒ de, agus le reachtaíocht an ~~Chomhphobail~~ ☒ Aontais ☒.
2. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 1, beidh siad comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach. Ní fhéadfar na bearta sin a chur i bhfeidhm ach amháin tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún agus tar éis don Choimisiún iad a fhormheas.
3. Gníomhóidh an Coimisiún de bhun an fhógra dá dtagraítear i mír 2 laistigh de 2 mhí tar éis an fógra a fháil. Tosóidh an tréimhse sin ar an lá tar éis an fhaisnéis iomlán a

fháil. Sa chás nár ghníomhaigh an Coimisiún laistigh den tréimhse 2 mhí sin, measfar nach ndearna sé agóid i gcoinne na mbeart ar tugadh fógra ina leith.

Airteagal 48

Maoluithe maidir le gealltanais lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta

~~1. Má bhíonn deacrachtaí tromchúiseacha caenamaíocha agus airgeadais ag gnóthas gáis nádúrtha, nó má mheasann sé go mbeadh deacrachtaí den sórt sin aige, de bharr na ngealltanais a thug sé, ar gealltanais iad lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta agus ar glacadh leo i geonradh ceannacháin gáis amháin nó níos mó, féadfaidh sé iarratas ar mhaolú sealadach ar Airteagal 32 a chur faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann nó an údaráis inniúil ainmnithe. I geomhréir le rogha na mBallstát, déanfar iarratais a thíolacadh ar bhonn eas ar chás roimh an diúltú don rochtain ar an geóras nó dá éis. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit an rogha a thabhairt don ghnóthas gáis nádúrtha iarratas a thíolacadh roimh an diúltú don rochtain ar an geóras nó dá éis. I geás inar dhiúltaigh gnóthas gáis nádúrtha rochtain a thabhairt, déanfar an t-iarratas a thíolacadh gan mhoill. Beidh gach faisnéis ábhartha maidir le cineál agus méid na faidhbe ag gabháil leis na hiarratais, mar aon le gach faisnéis ábhartha maidir leis na hiarrachtaí a rinne an gnóthas gáis nádúrtha an fhadhb a réiteach.~~

~~Mura bhfuil réitigh mhalartacha ar fáil le réasún, agus mír 3 á cur san áireamh, féadfaidh an Ballstát nó an t-údarás inniúil ainmnithe cinneadh a dhéanamh maolú a dheonú.~~

~~2. Tabharfaidh an Ballstát, nó an t-údarás inniúil ainmnithe, fógra don Choimisiún gan mhoill faoin geinneadh a rinne sé maolú a dheonú, mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha go léir i dtaca leis an maolú. Éadfar an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhfoirm chomhiomlán, ionas go bhféadfaidh an Coimisiún teacht ar chinneadh a mbeidh bonn maith faoi. Laistigh de 8 seachtaine ón bhfógra sin a fháil, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go ndéanfaidh an Ballstát, nó an t-údarás inniúil ainmnithe lena mbaineann, an cinneadh maidir le maolú a dheonú a leasú nó a tharraingt siar.~~

~~Mura geomhlíonfaidh an Ballstát nó an t-údarás inniúil ainmnithe lena mbaineann an iarraidh sin laistigh de thréimhse 4 seachtaine, déanfar cinneadh eríochnaitheach go gasta i geomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 51(2).~~

~~Caomhnóidh an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de.~~

~~3. Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis na maoluithe dá dtagraítear i mír 1, euirfidh na Ballstáit, nó an t-údarás inniúil ainmnithe, agus an Coimisiún san áireamh, go háirithe, na critéir seo a leanas:~~

- ~~(a) an cuspóir i dtaoibh margadh iomaíoch gáis a bhaint amach;~~
- ~~(b) an gá atá ann oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh agus slándáil an tsoláthair a áirithiú;~~
- ~~(c) suíomh an ghnóthais gáis nádúrtha sa mhargadh gáis agus staid iarbhair na híomaíochta sa mhargadh sin;~~

- (d) ~~a thromhúisí atá na deacrachtaí caenamaíocha agus airgeadais a bhíonn ag gnóthais gáis nádúrtha agus ag gnóthais tarchuir nó ag custaiméirí incháilithe;~~
- (e) ~~dátaí sínithe agus téarmaí an chonartha nó na geonarthaí i gceist, lena n-áirítear a mhéid a cheadaítear athruithe margaidh fúthu;~~
- (f) ~~na hiarrachtaí arna ndéanamh teacht ar réiteach ar an bhfadhb;~~
- (g) ~~a mhéid a d'fhéadfadh an gnóthas a bheith ag súil leis le réasún, agus é ag glacadh leis na gealltanais i gceist lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta, ag féachaint d'fhorálacha na Treorach seo, gur dóigh go dtiocfadh deacrachtaí tromhúiseacha chun cinn;~~
- (h) ~~leibhéal nasetha an chórais le córais eile agus méid na hidir-inoibritheachta sna córais sin; agus~~
- (i) ~~na héifeachtaí a bheadh ag deonú maolaithe ar chur i bhfeidhm ceart na Treorach seo maidir le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha.~~

~~Níor cheart é a bheith ina thoradh ar chinneadh maidir le hiarraidh ar mhaolú i dtaobh conarthaí lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta arna dtabhairt i gcrích roimh an 4 Lúnasa 2003 go mbeidh cás ann ina bhfuil sé dodhéanta asraonta malartacha a aimsiú atá innharthana ó thaobh na gné caenamaíche de. Ar aon ehumá, measfar nach bhfuil deacrachtaí tromhúiseacha ann i geás nach dtitfidh díolacháin gáis nádúrtha faoi bhun leibhéal na ráthaíochtaí ceannacháin íosta atá i geonarthaí ceannacháin gáis lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta nó a mhéid is féidir an conradh ceannacháin gáis lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta a oiriúnú nó is féidir leis an ngnóthas gáis nádúrtha asraonta malartacha a aimsiú.~~

- ~~4. I geás gnóthais gáis nádúrtha nár deonaíodh maolú dóibh amhail dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ní dhiúltoídh siad rochtain ar an geóras, nó ní dhiúltoídh siad rochtain ar an geóras a thuilleadh, mar gheall ar ghealltanais lena ngabhann dearbhoibleagáid íocaíochta ar gealltanais iad ar glacadh leo i geonradh ceannacháin gáis. Áiritheoidh na Ballstáit go geomhlíonfar forálacha ábhartha Airteagail 32 go 44.~~
- ~~5. Beidh bunús cuí le haon mhaolú arna dheonú faoi na forálacha thuas. Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.~~
- ~~6. Faoi 4 Lúnasa 2008, cuirfidh an Coimisiún isteach tuarascáil athbhreithniúcháin maidir leis an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo, ionas go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle breithniú a dhéanamh, in am trátha, an gá é a choigeartú.~~

↓ 2019/692 Airteagal 1.8
(oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal ~~79~~^{48a}

Comhaontuithe teicniúla maidir le hoibriú ☒ línte píblínte gáis nádúrtha agus hidrigine
le tríú tíortha ☒ ~~línte tarchuir~~

Ní dhéanann an Treoir seo difear do shaoirse oibreoirí an chórais tarchurtha ⇨, oibreoirí gréasáin hidrigine ⇨ ná d'oibreoirí eacnamaíocha eile a choimeád i bhfeidhm nó comhaontuithe teicniúla maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú ~~líní tarchur~~ ⇨ píblíní ⇨ idir Ballstát agus tríú tír a thabhairt i gcrích, a mhéid atá na comhaontuithe sin i gcomhréir le dlí an Aontais agus iad ag luí le cinntí ábhartha údaráis rialála náisiúnta na mBallstát lena mbaineann. Cuirfear údaráis rialála na mBallstát lena mbaineann ar an eolas maidir leis na comhaontuithe sin.

↓ 2009/73/CE

~~Airteagal 49~~

~~Margaí atá ag teacht chun cinn agus margaí leithlisithe~~

~~1. Ballstáit nach bhfuil nase díreach idir iad agus córas idirnasetha aon Bhallstáit eile agus nach bhfuil ach aon príomhsholáthróir seachtraigh amháin acu, féadfaidh siad maolú a dhéanamh ar Airteagail 4, 9, 37 agus/nó 38. Measfar gur príomhsholáthróir é gnóthas soláthair a bhfuil seiar is mó ná 75 % den mhargadh aige. Rachaidh aon mhaolú den sórt sin in éag go huathoibríoch i geás nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha dá dtagraítear san fhomhír seo. Tabharfar fógra don Choimisiún faoi aon mhaolú den sórt sin.~~

~~Féadfaidh an Chipir maolú a dhéanamh ar Airteagail 4, 9, 37 agus/nó 38. Rachaidh maolú den sórt sin in éag ón nóiméad nach mbeidh an Chipir incháilithe mar mhargadh leithlisithe.~~

~~Ní bheidh feidhm ag Airteagail 4, 9, 37 agus/nó 38 maidir leis an Eastóin, an Laitvia agus/nó an Fhionlainn go dtí go mbeidh nase díreach idir aon cheann de na Ballstáit sin agus córas idirnasetha aon Bhallstáit eile is moite den Eastóin, den Laitvia, den Liotuáin agus den Fhionlainn. Tá an fhomhír seo gan dochar do mhaoluithe faoin gcéad fhomhír den mhír seo.~~

~~2. I geás Ballstát a cháilíonn mar mhargadh atá ag teacht chun cinn agus a mbeadh fadhbanna suntasacha aige de bharr eiríochtaí feidhme na Treorach seo, féadfaidh sé maolú a dhéanamh ar Airteagail 4 agus 9, Airteagal 13(1) agus (3), Airteagail 14 agus 24, Airteagal 25(5), Airteagail 26, 31 agus 32, Airteagal 37(1) agus/nó Airteagal 38. Rachaidh maolú den sórt sin in éag go huathoibríoch ón nóiméad nach gcaileoidh an Ballstát a thuilleadh mar mhargadh atá ag teacht chun cinn. Tabharfar fógra don Choimisiún faoi aon mhaolú den sórt sin.~~

~~Féadfaidh an Chipir maolú a dhéanamh ar Airteagail 4 agus 9, Airteagal 13(1) agus (3), Airteagail 14 agus 24, Airteagal 25(5), Airteagail 26, 31 agus 32, Airteagal 37(1) agus/nó Airteagal 38. Rachaidh maolú den sórt sin in éag ón nóiméad nach mbeidh an Chipir incháilithe mar mhargadh atá ag teacht chun cinn.~~

~~3. Ar an dáta a rachaidh an maolú dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2 in éag, beidh mar thoradh ar an sainmhíniú ar chustaiméirí incháilithe go n-osclofar an margadh méid is comhionann le 33 % ar a laghad de thomhaltas bliantúil iomlán gáis an mhargaidh gáis náisiúnta. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, beidh feidhm ag Airteagal 37(1)(b), agus, 3 bliana ina dhiaidh sin, beidh feidhm ag Airteagal 37(1)(c). Go dtí go mbeidh feidhm ag Airteagal 37(1)(b), féadfaidh an Ballstát dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chinneadh gan Airteagal 32 a chur i bhfeidhm a mhéid a~~

~~bhaineann le seirbhísí coimhdeacha agus stóráil shealadach don phróiseas athghásaithe, agus lena sheachadadh ina dhiaidh sin chuig an geóras tarchuir.~~

~~4. I geás ina bhfágfadh cur chun feidhme na Treorach seo go mbeadh fadhbanna suntasacha i limistéar atá teoranta go geografach de Bhallstát, go háirithe maidir le forbairt an bhonneagair tarchuir agus an mhórbhonneagair dáileacháin, agus d'fhonn infheistíochtaí a spreagadh, féadfaidh an Ballstát iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún le haghaidh maolú sealadach ar Airteagail 4 agus 9, Airteagal 13(1) agus (3), Airteagail 14 agus 24, Airteagal 25(5), Airteagail 26, 31 agus 32, Airteagal 37(1) agus/nó Airteagal 38 le haghaidh forbairtí laistigh den limistéar sin.~~

~~5. Féadfaidh an Coimisiún an maolú dá dtagraítear i mír 4 a dheonú, agus na critéir seo a leanas go háirithe á geur san áireamh aige:~~

~~a) an gá atá le hinfeistíochtaí i mbonneagar, nach bhféadfaí a oibriú ar bhealach caenamuil i margadh iomaíoch,~~

~~b) leibhéal na n-infeistíochtaí atá de dhíth agus na hionchais i dtaobh aisíocaíochta,~~

~~c) méid agus aibíocht an chórais gáis sa limistéar lena mbaineann,~~

~~d) na hionchais don mhargadh gáis lena mbaineann,~~

~~e) méid gheografach agus saintréithe an limistéir nó an réigiúin lena mbaineann, agus tosaíochtaí socheacnamaíocha agus déimeagrafacha,~~

~~I geás bonneagar gáis seachas bonneagar dáileacháin, ní fhéadfar maolú a dheonú ach amháin mura bhfuil bonneagar gáis bunaithe sa limistéar nó má tá bonneagar gáis bunaithe le níos lú ná deich mbliana. Ní rachaidh an maolú sealadach thar deich mbliana ón tráth a sholáthrófar gás sa limistéar den chéad uair.~~

~~I geás bonneagar dáileacháin, féadfar maolú a dheonú go ceann tréimhse nach faide ná 20 bliain ón tráth a sholáthrófar gás den chéad uair tríd an mbonneagar sin sa limistéar.~~

~~6. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 9 maidir leis an gCipir, Lúcsamburg agus/nó Málta.~~

~~7. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi iarratais arna ndéanamh faoi mhír 4 sula ndéanfaidh sé cinneadh de bhun mhír 5, agus urramú na rúndachta á chur san áireamh aige. Foilseofar an cinneadh sin, chomh maith leis na maoluithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.~~

~~8. Féadfaidh an Ghréig maolú a dhéanamh ar Airteagail 4, 24, 25, 26, 32, 37 agus/nó 38 den Treoir seo i leith na limistéar geografach agus na dtréimhsí ama a shonraítear sna ceadúnais arna n-eisiúint aici, roimh an 15 Márta 2002 agus i geomhréir le Treoir 98/30/CE, maidir le forbairt agus saothrú eisiaigh gréasán dáileacháin i limistéir gheografacha áirithe.~~

↓ nua

Airteagal 80

Maoluithe maidir le córas gáis nádúrtha

~~1. Na Ballstáit nach bhfuil nasctha go díreach le córas idirnasctha aon Bhallstáit eile, féadfaidh siad maoluithe ó Airteagal 3, 7, 54 agus/nó 27 a iarraidh ar an gCoimisiún.~~

Rachaidh aon mhaolú den sórt sin in éag a luaithe a chuirfear an chéad idirnascaire chuig an mBallstát i gcrích.

2. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún maoluithe ó Airteagail 3, 7, 54 nó 27 a chur i bhfeidhm maidir leis na réigiúin is forimeallaí de réir bhrí Airteagal 349 CFAE nó maidir le limistéir iargúlta eile. Rachaidh aon mhaolú den sórt sin in éag a luaithe a chuirfear nasc i gcrích ón réigiún nó ón limistéar chuig Ballstát le córas idirnasctha.
3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi iarratais ar mhaoluithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 sula ndéanfaidh sé cinneadh, agus aird á tabhairt aige ar iarrataí a bhfuil bonn cirt leo ar fhaisnéis íogair tráchtála.
4. Beidh na maoluithe a dheonóidh an Coimisiún teoranta ó thaobh ama agus faoi réir coinníollacha a bhfuil sé d'aidhm acu iomaíocht sa mhargadh inmheánach agus comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh a mhéadú agus chun a áirithiú nach gcuirfidh na maoluithe isteach ar an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite ná ar chur i bhfeidhm chéadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh de réir bhrí Airteagal 2, pointe (18) de Rialachán (AE) 2018/1999.
5. Rachaidh na maoluithe de bhun Threoir 2009/73/CE gan dáta éaga in éag an 31 Nollaig 2025. Maidir leis na Ballstáit atá fós ag baint tairbhe as na maoluithe sin tráth theacht i bhfeidhm na Treorach seo, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún ar mhaolú nua i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.
6. Foilseofar cinntí lena ndeonaítear maoluithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

↓	2019/692	Airteagal 1.9
	(oiriúnaithe)	
⇒	nua	

Airteagal ~~8149-a~~

Maoluithe maidir le línte tarchurtha ☒ gáis nádúrtha go dtí tríú tíortha agus uathu ☒

1. Maidir leis na línte tarchuir gáis idir Ballstát agus tríú tíortha arna gcur i gcrích roimh an 23 Bealtaine 2019, féadfaidh an Ballstát ina bhfuil an chéad phointe nasctha de líne tharchuir den sórt sin le gréasán Ballstáit cinneadh a dhéanamh maolú ó Airteagail ~~549~~, ~~6540~~, ~~6644~~ agus ~~2732~~ agus ó Airteagal ~~7244~~(7), (9) agus Airteagal 73(1) do na codanna de sin ina bhfuil líne tharchuir gáis ina chríoch agus ina fharraige theorann, ar chúiseanna oibiachtúla amhail trí aisghabháil an infheistíocht a rinneadh a éascú nó ar chúiseanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair, ar choinníoll nach ndéanfaidh ☒ ndéanann ☒ an maolú dochar do chumas iomaíochta ná d'fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha, ná do shlándáil an tsoláthair san Aontas.

Beidh teorainn ama leis an maolú sin suas go dtí 20 bliain bunaithe ar údar oibiachtúil, tréimhse is féidir a athnuachan má bhíonn údar leis sin agus féadfaidh sé bheith faoi réir coinníollacha a chuideoidh chun na dálaí ~~thuas~~ ☒ sa chéad fhomhír ☒ a bhaint amach.

Ní bheidh feidhm ag na maoluithe sin maidir le línte tarchuir idir Ballstát agus tríú tír a bhfuil sé d'oibleagáid air an Treoir seo a thrasú agus a chuireann an Treoir seo

chun feidhme go héifeachtach ina dhlíchóras faoi chomhaontú arna thabhairt i gcrích leis an Aontas.

2. I gcás ina bhfuil an líne tharchuir gáis lena mbaineann suite i gcríoch níos mó ná Ballstát amháin, is é an Ballstát ina bhfuil an chéad phointe nasctha ina chríoch chuig gréasán na mBallstát a dhéanfaidh cinneadh maidir le maolú i dtaca leis an líne tharchuir gáis sin a dheonú tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit uile lena mbaineann.

Ar iarraidh ó na Ballstáit lena mbaineann, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh gníomhú mar bhreathnóir i gcomhairliúchán idir an Ballstát a bhfuil an chéad phointe nasctha ar a chríoch agus an tríú tír a bhaineann le cur i bhfeidhm comhsheasmhach na Treorach seo i gcríoch agus i bhfarraige an Bhallstáit ina bhfuil an chéad phointe idirnaise suite, lena n-áirítear díolúintí a dheonú i ndáil le línte tarchuir den sórt sin.

3. Glacfar cinntí de bhun mhíreanna 1 agus 2 faoin 24 Bealtaine 2020. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi aon chinneadh den sórt sin don Choimisiún agus foilseoidh siad iad.

Airteagal ~~82~~^{49b}

Nós imeachta cumhachtaithe

1. Gan dochar d'oibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais, agus do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit, féadfar na comhaontuithe atá ann cheana idir Ballstát agus tríú tír maidir le líne tharchuir nó an gréasán réamhtheachtach píblínte a oibriú agus a choimeád i bhfeidhm go dtí go mbeidh comhaontú a dhéanfar ina dhiaidh sin idir an tAontas agus an tríú tír chéanna sin i bhfeidhm nó go dtí go mbeidh an nós imeachta faoi mhíreanna 2 go 15 den Airteagal seo i bhfeidhm.
2. Gan dochar do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit, i gcás ina mbeidh sé ar intinn ag Ballstát dul i mbun caibidlíochta le tríú tír d'fhonn comhaontú a leasú, a shíneadh, a oiriúnú, a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, maidir le líne tharchuir a oibriú le tríú tír i dtaca le nithe a thagann, go hiomlán nó i bpáirt, laistigh de raon feidhme na Treorach seo, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina intinn i scríbhinn.

Áireofar san fhógra sin an doiciméadacht ábhartha agus léiriú ar na forálacha a dtabharfar aghaidh orthu sa chaibidlíocht nó atá le hathchaibidliú, cuspóirí na caibidlíochta agus aon fhaisnéis ábhartha eile agus tarchuirfear an méid sin ar fad chuig an gCoimisiún, 5 mhí, ar a laghad, roimh an dáta atá beartaithe tús a chur leis an gcaibidlíocht.

3. De bhun aon fhógra a fháil de bhun mhír 2, tabharfaidh an Coimisiún údarú don Bhallstát lena mbaineann, dul i mbun caibidlíocht fhoirmiúil le tríú tír maidir leis an gcuid a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais ach i gcás ina measann sé go dtarlódh na nithe seo a leanas dá rachfaí i mbun na caibidlíochta sin:
 - (a) bheadh an méid sin ar neamhréir le dlí an Aontais seachas na neamhluithe a eascraíonn as leithdháileadh inniúlachta idir an tAontas agus na Ballstáit;
 - (b) dhéanfaí dochar d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha, d'iomáiocht, nó do shlándáil an tsoláthair i mBallstát nó san Aontas;

- (c) bhainfí an bonn ó chuspóirí na caibidlíochta atá ar feitheamh maidir leis na comhaontuithe idir-rialtasacha atá ag an Aontas le tríú tír;
- (d) bheadh an méid sin idirdhealaitheach.
4. Agus an measúnú á dhéanamh faoi mhír 3, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an mbaineann an comhaontú atá beartaithe le líne tharchuir nó le píblíne réamhtheachtach a rannchuidíonn le héagsúlú soláthairtí agus soláthróirí gáis nádúrtha trí bhíthin foinsí nua gáis nádúrtha.
 5. Laistigh de 90 lá ón tráth a bhfaighfear an fógra iarrata dá dtagraítear i mír 2, glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena dtabharfar údarú nó lena ndiúltófar údarú do Bhallstát dul i mbun caibidlíochta d'fhonn comhaontú a leasú, a shíneadh, a oiriúnú, nó a athnuachan nó a thabhairt i gcrích le tríú tír. I gcás inar gá faisnéis bhreise le cinneadh a ghlacadh, tosóidh an tréimhse 90 lá ón dáta a bhfaightear an fhaisnéis bhreise sin.
 6. I gcás go nglacfaidh an Coimisiún cinneadh lena ndiúltófar údarú a thabhairt do Bhallstát dul i mbun caibidlíochta d'fhonn comhaontú a leasú, a shíneadh, a oiriúnú, nó a athnuachan nó a thabhairt i gcrích le tríú tír, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhallstát lena mbaineann agus tabharfaidh sé na cúiseanna a bhí leis sin.
 7. Glacfar cinntí lena dtabharfar údarú nó lena ndiúltófar údarú do Bhallstát dul i mbun caibidlíochta d'fhonn comhaontú a leasú, a shíneadh, a oiriúnú, nó a athnuachan nó a thabhairt i gcrích le tríú tír, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal ~~8351~~(2).
 8. Féadfaidh an Coimisiún treoir a sholáthar agus féadfaidh sé a iarraidh go gcuirfear clásail ar leith isteach sa chomhaontú atá beartaithe d'fhonn comhréireacht le dlí an Aontais a áirithiú i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/684 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁵.
 9. Coinneofar an Coimisiún ar an eolas faoi dhul chun cinn agus torthaí na caibidlíochta maidir le comhaontú a leasú, a shíneadh, a oiriúnú, a athnuachan nó a thabhairt i gcrích ó chéim go céim, agus féadfaidh sé rannchuidiú sa chaibidlíocht idir an Ballstát agus an tríú tír a iarraidh i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/684.
 10. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na cinntí a ghlactar de bhun mhír 5.
 11. Sula síneoidh sé comhaontú le tríú tír, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir le toradh na gcaibidlíochtaí agus déanfaidh sé téacs an chomhaontaithe chaibidlithe a tharchur chuig an gCoimisiún.
 12. Chomh luath agus a gheobhaidh sé fógra de bhun mhír 11, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcomhaontú caibidlithe de bhun mhír 3. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil comhaontú ann de thoradh ar na caibidlíochtaí agus go bhfuil sé i gcomhréir le mír 3, tabharfaidh sé údarú don Bhallstát an comhaontú a shíniú agus a thabhairt i gcrích.
 13. Laistigh de 90 lá ón tráth a bhfaighfear an iarraidh dá dtagraítear i mír 11, glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena dtabharfar údarú nó lena ndiúltófar údarú don Bhallstát

⁴⁵ Cinneadh (AE) 2017/684 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le sásra a bhunú chun eolas a mhalartú i ndáil le comhaontuithe idir-rialtasacha agus ionstraimí neamhcheangailteacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha i réimse an fhuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 994/2012/AE (IO L 99, 12.4.2017, lch. 1).

an comhaontú le tríú tír a shíniú agus a thabhairt i gcrích, nó cinneadh maidir le diúltú do Bhallstát an comhaontú le tríú tír a shíniú agus a thabhairt i gcrích. I gcás inar gá faisnéis bhreise le cinneadh a ghlacadh, tosóidh an tréimhse 90 lá ón dáta a bhfaightear an fhaisnéis bhreise sin.

14. I gcás ina nglacann an Coimisiún cinneadh de bhun mhír 13, lena n-údarófar do Bhallstát an comhaontú le tríú tír a shíniú agus a thabhairt i gcrích, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir le tabhairt i gcrích agus teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, agus maidir le haon athrú a dhéanfar ar stádas an chomhaontaithe sin dá éis sin.
15. I gcás go nglacann an Coimisiún cinneadh lena ndiúltófar údarú a thabhairt do Bhallstát an comhaontú le tríú tír a shíniú agus a thabhairt i gcrích de bhun mhír 13, cuirfidh sé an Ballstát lena mbaineann ar an eolas dá réir sin agus tabharfaidh sé na cúiseanna a bhí leis sin.

↓ 2009/73/CE

Airteagal 50

Nós imeachta maidir le hathbhreithniú

~~Sa chás go geinnfidh an Coimisiún sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 52(6) gurb amhlaidh i bhfianaise an bhealaigh éifeachtaigh inar cuireadh i gcrích rochtain ar an ngréasán i mBallstát — as a n-easaraíonn rochtain lánéifeachtaigh, neamh-idirdhealaitheach gan bhae ar an ngréasán — nach bhfuil oibleagáidí áirithe a fhorchuirtear leis an Treoir seo ar ghnóthais (lena n-áirítear oibleagáidí maidir le díchuachadh dlíthiúil le haghaidh oibreoirí eórais dáileacháin) comhréireach leis an geuspóir atá á shaothrú, féadfaidh an Ballstát atá i gceist iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar dhíolúine ón gceanglas atá i gceist.~~

~~Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún, gan mhoill, faoin iarraidh sin, mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha go léir is gá lena léiriú go gelloifear leis an geonclúid ar thángthas uirthi sa tuarascáil maidir le rochtain éifeachtaigh ar an ngréasán a áirithiú.~~

~~Laistigh de 3 mhí tar éis dó fógra a fháil, glacfaidh an Coimisiún tuairim maidir leis an iarraidh ón mBallstát lena mbaineann, agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé tograí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le forálacha ábhartha na Treorach seo a leasú. Féadfaidh an Coimisiún a mholadh, sna tograí maidir leis an Treoir seo a leasú, go ndéanfar an Ballstát lena mbaineann a dhíolmhú ó cheanglais shonracha, faoi réir bearta atá ar ehomhéifeacht a bheith á geur chun feidhme ag an mBallstát sin de réir mar is iomchuí.~~

Airteagal 51

Coiste

- ~~1. Tabharfaidh coiste eúnamh don Choimisiún.~~
- ~~2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagail 3 agus 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.~~
- ~~3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.~~

~~Airteagal 52~~

~~Tuairiseiú~~

~~Déanfaidh an Coimisiún tuairiseiú agus faireachán ar chur i bhfeidhm na Treorach seo agus tuarascáil fhoriomlán ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar iarscríbhinn a ghabhfaidh leis an Tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁶.~~

Airteagal 83

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 8, 56, 66, 74, 75 agus 60 a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó [dháta an teachta i bhfeidhm].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 8, 56, 66, 74, 75 agus 60 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna a ainmneoidh gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithé a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 8, 56, 66, 74, 75 agus 76 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle

⁴⁶ ~~Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, leh. 1).~~

araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 84

An nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 85

Athbhreithniú agus tuairisciú

Faoi 31 Nollaig 2030, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme na Teorach seo agus cuirfidh sé tuarascáil ina leith sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Déanfar scrúdú san athbhreithniú, go háirithe, ar chur i bhfeidhm Airteagal 8, agus ar chur i bhfeidhm na sainmhínte gaolmhara in Airteagal 2, chun a mheas ar cheart go léireofaí leis na saoráidí a chuirfear i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2031 go mbeadh laghdú níos airde ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ina thoradh ar úsáid breoslaí ísealcharbóin agus hidrigin ísealcharbóin chun deimhniú a fháil de bhun an Airteagail sin. .

Airteagal 86

Leasuithe ar Threoir 2012/27/AE

Leasaítear Treoir 2012/27/AE mar a leanas:

- (1) scriostar Airteagail 9, 10 agus 11;
- (2) scriostar Iarscríbhinn VII.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal ~~87~~54

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun ~~an Treoir seo~~ ⇒ Airteagal 51 ⇐ a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ⇒ 31 Nollaig 2023 ⇐ ~~3 Márta 2011~~. Cuirfidh siad ☒ téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach ☒ ~~an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi.~~

~~Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 3 Márta 2011, cé is moite d'Airteagal 11, a chuirfidh siad i bhfeidhm ón 3 Márta 2013.~~

~~I geás ina nglacfaidh~~ ☒ Nuair a ghlacfaidh ☒ na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. ~~Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin~~ ☒ Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach. ☒ .

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhóralacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

Airteagal ~~88~~⁵³

Aisghairm

Déantar Treoir ~~2003/55/CE~~ ☒ 2009/73/CE, mar a leasaítear leis na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn III, Cuid A, ☒ a aisghairm ☒ le héifeacht ☒ ón ~~3 Márta 2011~~ ⇒ 1 Eanáir 2023, ⇐ gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát ☒ a bhaineann leis ☒ na ~~sprioc-ama~~ ☒ teorainneacha ama ☒ maidir leis ☒ an ☒ trasuí ☒ sa dlí náisiúnta ☒ agus ☒ dáta ☒ chur i bhfeidhm ~~na Treorach sin~~ ☒ na dTreoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, Cuid B ☒ .

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn ~~IV~~^H.

↓ 2009/73/CE (oiriúnaithe)

Airteagal ~~89~~⁵⁵

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an ~~20^a~~ ☒ fichiú ☒ lá tar éis ☒ lá ☒ a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal ~~90~~⁵⁶

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnaimh le:

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn “breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE” an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus

measúinú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an iocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH ‘GNÍOMHAIREACHTAÍ’

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin (athmhúnlú)

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha le haghaidh na margaí inmheánacha i ngáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus sa hidrigin (athmhúnlú)

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimse beartais: Fuinneamh

Gníomhaíocht: Comhaontú Glas don Eoraip

1.3. Baineann an togra le

X beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁴⁷

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Leagtar síos sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Dlí Aeráide Eorpach sprioc an Aontais an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar bhealach lena rannchuideofar le hiomaíochas, fás, agus fostaíocht san Eoraip. Meastar go mbeidh an sciar den mhargadh ag fuinnimh in-athnuaite idir 38 % agus 40 % mar thoradh ar an sprioc chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 %. Leanfaidh breoslaí gáis de bheith ina sciar tábhachtach den mheascán fuinnimh faoi 2050, rud a fhágann gur gá an earnáil gháis a dhícharbónú trí dheardh réamhbhreathnaitheach ionas go mbeidh margaí gáis dícharbónaithe iomaíocha ann. Tá an tionscnamh seo mar chuid den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’. Cuimsíonn sé an dearadh margaidh gás, hidrigin san áireamh. Cé nach mbainfear amach an dícharbónú leis an tionscnamh seo amháin, bainfear na bacainní rialála atá ann cheana agus réiteoidh sé an bealach chun sin a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas dírithe ar na cuspóirí sin a dtugtar aghaidh orthu leis na forálacha lena n-éilítear acmhainní breise do ACER agus do Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh.

Cuspóir sonracha Uimh. 1:

⁴⁷

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Creat rialála a chruthú le haghaidh fhorbairt mhargadhbhunaithe na hearnála hidrigine agus na ngréasán hidrigine.

Cuspóir sonrach Uimh. 2:

Feabhas a chur ar dhálaí trádála trasteorann sa ghás nádúrtha, agus ról méadaitheach na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin á gcur san áireamh, mar aon le cearta breise le haghaidh tomhaltóirí.

Cuspóir sonrach Uimh. 3:

A áirithiú go bhfuil eintitis uile-Eorpacha oibreoirí gréasáin i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Leis na hacmhainní breise sin, beidh ACER agus Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh in ann na cúraimí is gá a chomhlíonadh chun a sainordú a chomhlíonadh faoi reachtaíocht an Aontais de réir na gceanglas atá sa togra seo.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Cuspóir sonrach Uimh. 1:

Bonneagar hidrigine a fhorbairt, agus úsáid chomhpháirteach an bhonneagair sin ag rannpháirtithe éagsúla sa mhargadh.

Cuspóir sonrach Uimh. 2:

Leibhéal trádála agus rochtana na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin ar mhargaí (e.g. méideanna agus líon trádálaithe, rátaí úsáide críochfort GNL agus toirteanna na ngás sin a fhaightear).

Cuspóir sonrach Uimh. 3:

Bunú tráthúil Líonra Eorpach na nOibreoirí Gréasáin Hidrigine agus oibreoirí córais dáileacháin gáis nádúrtha a chuimsiú go tráthúil in eintiteas an Aontais d'oibreoirí córais dáileacháin.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Cuirtear san áireamh sa mheasúnú seo a leanas, a mhéid a bhaineann sé le ACER, na meastacháin ar na riachtanais acmhainní le haghaidh na gcúraimí atá ann faoi láthair, meastacháin atá sa staidéar a rinne comhairleoir neamhspleách le déanaí chun an gá atá le

hacmhainní le haghaidh cúraimí comhchosúla is cúraimí breise iad a dhéanamh, agus iad coigeartaithe chun rómheastachán a sheachaint. Maidir leis an líon coibhéisí lánaimseartha a luaitear le haghaidh cúraimí atá ann cheana féin, is meastacháin shlánaithe iad ar na baill foirne is gá in 2023, ach rinneadh laghdú 20 % uilechoiteann ar an líon sin chun an rómheastachán ba mhinic a bheith ag baint leis an modheolaíocht a chuir an sainchomhairleoir i bhfeidhm a chur san áireamh, rómheastachán a mhínítear i dTuairim C(2021)7024 ón gCoimisiún an 5.10.2021 ‘maidir le dréachtdoiciméad clársceidealaithe Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh don tréimhse 2022-2024 agus maidir le leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil do ACER’. Tá meastachán níos coimeádaí sa tsuirbhé seo ar an bhfórsa saothair is gá ná an meastachán a rinne an sainchomhairleoir.

Cé go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar na méideanna gáis nádúrtha a sholáthraítear do chustaiméirí an Aontais, ní bheidh laghdú ar ualach oibre na gcúraimí atá ar ACER faoi láthair dá bharr sin san am atá amach romhainn: Mar shampla, leantar de chóid gréasáin gáis nádúrtha a chur chun feidhme gan beann ar na méideanna atá á n-iompar ag an ngréasán. Tiocfaidh méadú ar an gcastacht fiú, ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an ról atá ag cumasc gás in-athnuaite agus ísealcharbóin. Ina theannta sin, le gréasán agus margadh le haghaidh hidrigine, cuirfear rialáil earnála nua le liosta cúraimí ACER.

Cuspóir sonrach Uimh. 1: Creat rialála a chruthú le haghaidh fhorbairt mhargadhbhunaithe na hearnála hidrigine agus na ngréasán hidrigine.

- Maidir le leictreachas agus gás nádúrtha, is gá rialacha níos mionsonraithe i bhfoirm **cóid ghréasáin nó treoirlínte** chun earnáil hidrigine margadhbhunaithe a fhorbairt. Áirítear sa togra 9 gcumhachtú chun cóid ghréasáin nua nó treoirlínte a bhaineann le hidrigin a ghlacadh i bhfoirm Rialachán ón gCoimisiún.

Faoi láthair tá 6 chód gréasáin nó treoirlíne glactha mar Rialacháin ón gCoimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ón gCoimisiún maidir le Gás nó áirítear iad mar iarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo. Mheas an sainchomhairleoir go dteastaíonn 7 gcoibhéis lánaimseartha ó ACER chun na cúraimí sin a chur chun feidhme. Is féidir an taithí a fuarthas i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte maidir le gás nádúrtha a úsáid agus cóid ghréasáin agus treoirlínte comhchosúla maidir le hidrigin á bhforbairt (e.g. leithdháileadh acmhainne, an idir-inoibritheacht).

Meastar, dá bhrí sin, go bhfuil gá le 5 choibhéis lánaimseartha chun na cóid ghréasáin agus na treoirlínte nua a bhaineann le hidrigin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina dhiaidh sin. Mar gheall ar fhorbairt chéimnitheach na hearnála hidrigine, ba cheart na coibhéisí lánaimseartha breise a thabhairt isteach de réir a chéile: 1 choibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana ó 2023 amach.

- Déanfaidh ACER cinntí freisin **maidir le costais a dháileadh le haghaidh bonneagar nua trasteorann hidrigine agus maidir le réitigh chun deireadh a chur le srianta de bharr cáilíocht éagsúil hidrigine nó gáis eile**. Mheas an sainchomhairleoir maidir le cinneadh ACER i dtaca le leithdháileadh costas trasteorann faoi Rialachán 347/2013 TNE-E, más rud é nach féidir le húdaráis rialála na mBallstát teacht ar chomhaontú, mheas sé go bhfuil gá le tuairim agus 3 choibhéis lánaimseartha ar feadh 6 mhí agus más rud é go ndéantar achomharc in aghaidh cinnidh go bhfuil gá le tuilleadh acmhainní daonna. Má ghlactar cinneadh uair gach re bliain, beidh gá le 1 choibhéis lánaimseartha bhreise ag tráth nuair is

dócha go gcuirfear an chumhacht chinnteoireachta sin i ngníomh (i.e. 2026) mar gheall ar thábhacht mhéadaitheach na hidrigine agus gás eile seachas gás nádúrtha.

- Tá an 4ú himleabhar (i dteannta le ceann maidir le mórdhíol leictreachais, mórdhíol gáis nádúrtha agus miondhíol/tomhaltóirí) maidir le hidrigin le cur leis an Tuarascáil Faireacháin ar an Margadh ó ACER, rud a leathnóidh raon feidhme ghníomhaíochtaí ACER chun faireachán a dhéanamh ar an margadh. Faoi láthair, tá 7-8 gcoibhéis lánaimseartha ag obair ar na trí imleabhar sin atá ann cheana. Ós rud é go mbeidh an hidrigin ina réimse nua le haghaidh ACER, réimse nach mór saineolas inmheánach a chur uirthi, meastar go mbeidh gá le 1 choibhéis lánaimseartha bhreise nuair a thioctfaidh na tograí i bhfeidhm agus 1 choibhéis lánaimseartha bhreise eile a luaithe a mheastar go dtiocfaidh forbairt ar an earnáil hidrigine mar mhargadh uile-Eorpach (i.e. thart ar 2027).
- I bhfianaise thábhacht mhéadaitheach na hidrigine agus gás eile seachas gás iontaise, **ní mór raon feidhme an Rialacháin maidir le Sláine agus Trédharcacht an Mhargaidh Fuinnimh a leathnú**. Beidh gá le 5 choibhéis lánaimseartha bhreise san iomlán chun sin a dhéanamh, 2 choibhéis lánaimseartha ó 2024 ar aghaidh agus 3 choibhéis lánaimseartha bhreise a luaithe a thosóidh margadh hidrigine ag forbairt, dá bhrí sin ó 2027 ar aghaidh. Beidh na 5 choibhéis lánaimseartha sin incháilithe le haghaidh cistiú le táillí.

Cuspóir Sonrach Uimh. 2: Feabhas a chur ar dhálaí trádála trasteorann sa ghás nádúrtha, agus ról méadaitheach na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin á gcur san áireamh, mar aon le cearta breise le haghaidh tomhaltóirí.

- Beartaítear Rialachán nua ón gCoimisiún maidir leis an **gcibearshlándáil**, a bheidh coibhéiseach leis an rialachán le haghaidh earnáil an leictreachais. I gcomhréir leis an taithí foirne is gá do ACER, is é sin 1 choibhéis lánaimseartha in aghaidh an chóid gréasáin nó na treoirline, ar an meán, beidh gá le 1 choibhéis lánaimseartha bhreise le haghaidh na cibearshlándála ó theacht i bhfeidhm an togra.
- Tabharfar isteach foráil nua lena gceanglófar ar oibreoirí gréasáin sócmhainnbhunú rialáilte a bheith acu le haghaidh gás nádúrtha, hidrigine agus/nó gréasáin leictreachais chun tras-fhóirdheonú a sheachaint. Cuirfear de chúram ar ACER **moltaí a eisiúint d'oibreoirí gréasáin agus d'údaráis rialála na mBallstát maidir le luach na sócmhainní a chinneadh agus na muirir ar úsáideoirí gréasáin a ríomh** agus iad a thabhairt cothrom le dáta gach re bliain. Ina theannta sin, cuirfear de chúram ar ACER **staidéar a fhoilsiú gach 4 bliana ina ndéanfar comparáid idir éifeachtúlacht chostais oibreoirí córais tarchurtha an Aontais**. Maidir leis an tuarascáil dea-chleachtais atá ann faoi láthair i dtaca le taraifí tarchurtha agus dáileacháin de bhun Airteagal 18(9) de Rialachán 2019/943 maidir le Leictreachas, mheas an comhairleoir go raibh gá le 0.4 coibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana, méid is mó ná i gcás na tuarascála atá ann faoi láthair maidir le plódú ag pointí idirnáise gáis. Leis an togra laghdaítear minicíocht na tuarascála maidir le plódú ag pointí idirnáise gáis ó thuarascáil bliain go bliain i bprionsabal, go tuarascáil gach re bhliain. Dá bhrí sin, ba cheart gur leor 0.5 coibhéis lánaimseartha breise ó 2024 ar aghaidh chun an dá chúram tuairiscithe nua a chumhdach.
- Leis an togra seo atá ar aon dul leis na forálacha i dTreoir (AE) 2019/944 maidir le Leictreachas, neartófar na forálacha maidir le **tomhaltóirí gáis** chomh maith. Ba cheart na forálacha sin a mheaitseáil le cumas ACER faireachán a dhéanamh ar chearta tomhaltóirí agus ar mhargáí miondíola agus, dá bhrí sin, ba cheart foireann ACER atá ag obair ar a Thuarascáil bhliantúil maidir le Faireachán ar an Margadh a threisiú le 0.5 coibhéis

lánaimseartha ón tráth sin amach nuair a bheidh ar na Ballstáit na forálacha sin a thrasú (i.e. 2024).

Cuspóir sonrach Uimh. 3: A áirithiú go bhfuil eintitis uile-Eorpacha oibreoirí gréasáin i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

- Leis an togra, feabhsaítear an mhaoirseacht a dhéantar ar an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (agus é ar aon dul leis an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Leictreachais), leathnaítear raon feidhme an eintitis AE do OCDanna chun oibreoirí córais dáileacháin gáis nádúrtha a chumhdach agus cruthaítear Líonra Eorpach nua d'Oibreoirí Gréasáin Hidrigine.

Mar thoradh ar an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Gréasáin Hidrigine a bhunú agus leathnú raon feidhme an eintitis AE do OCDanna, cruthaítear buaic-ualach oibre do ACER sa chéad bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an togra, agus ina dhiaidh sin na cúraimí faireacháin rialta, mar aon le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin is féidir a dhéanamh, ach is an-annamh a dhéantar iad. Ba cheart gur leor 1 choibhéis lánaimseartha, duine a bheidh ag obair freisin, tar éis na chéad bhliana, ar an bpríomhchúram faireacháin ar an Líonra Eorpach nua d'Oibreoirí Gréasáin Hidrigine: an measúnú ar an bplean nua forbartha gréasáin uile-Aontais.

Ní chuimsítear forchostas sna coibhéisí lánaimseartha breise sin mar a thuairiscítear thuas. Agus cóimheas forchostais thart ar 25 % (cóimheas níos lú ná mar atá ann faoi láthair) á chur i bhfeidhm, tá gá le 5 choibhéis lánaimseartha bhreise. Léiríodh amhras sna Tuairimí ón gCoimisiún roimhe seo maidir le Doiciméid Chlársceidealaithe ACER nach n-áirítear forálacha i bplean bunaíochta ACER maidir le baill foirne i mbun cúraimí cléireachais nó rúnaíochta agus, go deimhin, léiríodh go bhfuil ACER ag brath ar bhaill foirne eatramhacha chun cúraimí den sórt sin a dhéanamh. Ba cheart na coibhéisí lánaimseartha sin a bheith ina Rúnaithe/Cléirigh chun an scéal sin a leigheas, gan ualach breise ar bhuiséad an Aontais, ós rud é go ngabhfadh siad ionad na foirne eatramhaí.

As an 21 choibhéis lánaimseartha sin, bheadh suas le 7 gcinn acu incháilithe le haghaidh cistiú trí tháillí, (2 TA AD, 3 CA FG IV agus 2 TA AST/SC mar thacaíocht rúnaíochta do cheannairí an dá roinn REMIT).

Cé gur laistigh de ACER a bheidh an chuid is mó den ualach breise oibre a bheidh ar chomhlachtaí an Aontais, cuirfear le hualach oibre Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh mar thoradh ar earnáil hidrigine mhéadaitheach a bheidh ag forbairt de réir a chéile ina margadh uile-Eorpach chomh maith le castacht mhéadaithe an ghréasáin agus an mhargaidh sa ghás nádúrtha mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an soláthar gás eile nach gáis iontaise iad. Is é meastachán coimeádach go bhfuil gá le 1 choibhéis lánaimseartha bhreise chun cur chun feidhme cuí na bhforálacha neartaithe maidir le cosaint tomhaltóirí a áirithiú. Maidir le cúrsaí mórdhíola, oibríonn 8 gcoibhéis lánaimseartha faoi láthair ar mhargaí gás (lena n-áirítear pleanáil an ghréasáin agus cáilíocht an gháis) Le rialacha a bhaineann le hidrigin a thabhairt isteach agus castacht mhéadaitheach na hearnála sa ghás nádúrtha, ní mór an lucht saothair a mhéadú faoi fhachtóir 1.5, agus dá bhrí sin is gá 4 choibhéis lánaimseartha bhreise, agus an

méadú sin céimnithe sna blianta amach romhainn i gcomhréir le forbairt na hearnála hidrigine agus sciar méadaitheach na ngás eile nach gáis iontaise iad den mhargadh.

- 1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn “breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais” an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Faoi láthair, níl aon rialacha ar leibhéal an Aontais lena rialaítear gréasáin ná margaí hidrigine tiomnaithe. I bhfianaise na n-iarrachtaí reatha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun úsáid hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn in ionad breoslaí iontaise, thabharfaí dreasachtaí do na Ballstáit chun rialacha a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta maidir le bonneagar tiomnaithe don hidrigin a iompar. Fágann sé sin go bhfuil an baol ann go mbeidh creat rialála ilroinnte ann ar fud an Aontais, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar chomhtháthú na ngréasán agus na margaí náisiúnta hidrigine, rud a chuirfeadh cosc nó bac ar thrádáil trasteorann sa hidrigin.

Dá ndéanfaí na rialacha maidir le bonneagar hidrigine a chomhchuibhiú ag céim níos faide anonn (i.e. tar éis reachtaíocht náisiúnta a bheith curtha i bhfeidhm) bheadh ualaí riaracháin méadaithe ar na Ballstáit agus bheadh costais agus éiginnteacht rialála níos airde ann do chuideachtaí, go háirithe i gcás ina bhfuil infheistíochtaí fadtéarmacha i dtáirgeadh hidrigine agus i mbonneagar iompair i gceist.

Ach creat rialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais le haghaidh líonraí agus margaí hidrigine tiomnaithe, chothófaí comhtháthú agus idirnascadh na margaí agus na líonraí náisiúnta hidrigine. Le rialacha ar leibhéal an Aontais maidir le pleanáil, maoiniú agus oibriú na ngréasán hidrigine tiomnaithe sin chruthófaí intuarthacht fhadtéarmach d'infheisteoirí féideartha sa chineál sin bonneagair fhadtéarmaigh, go háirithe le haghaidh idirnaisc trasteorann (ach ab ea na rialacha sin, d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir dlíthe náisiúnta éagsúla a d'fhéadfadh a bheith éagsúil lena chéile).

Maidir le bithmheatán, gan tionscnamh ar leibhéal an Aontais, is dócha go mbeadh éagsúlacht rialála fós ann faoi 2030 maidir le rochtain ar mhargaí mórdhíola, na hoibleagáidí maidir le nascthaight agus bearta comhordaithe OCT-OCD Ar an gcaoi chéanna, gan comhchuibhiú áirithe ar leibhéal an Aontais, beidh costais a bhaineann le naisc agus instealladh an-éagsúil ar tháirgeoirí gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin ar fud an Aontais, rud a fhágfaidh nach mbeidh cothrom iomaíochta ann.

Gan tuilleadh reachtaíochta ar leibhéal an Aontais, leanfadh na Ballstáit de chaighdeán éagsúla maidir le cáilíocht an gháis agus rialacha éagsúla maidir le leibhéil chumaisc hidrigine a chur i bhfeidhm, agus dá bharr sin bheadh baol ann maidir le srianta ar an sreabhadh trasteorann agus deighilt an mhargaidh. Leanfadh caighdeán cáilíochta an an gháis de bheith á sainiú de réir pharaiméadair cháilíochta an gháis nádúrtha, rud a chuirfeadh teorann le comhtháthú na ngás in-athnuaite sa ghréasán.

Is dócha go laghdóidh na gnéithe sin uile an trádáil trasteorann sna gáis in-athnuaite, rud a d'fhéadfaí a chúiteamh le hallmhairí gáis iontaise níos mó. D'fhéadfadh sé go leanfaidh úsáid na gcríochfort GNL agus na n-allmhairí de bheith srianta do ghás iontaise, ina ainneoin sin, ní

bheadh gá le críochfoirt GNL a oiriúnú i gcás ina bhfuil bithmheatán nó meatán sintéiseach ar fáil go hiomaíoch ó fhoinsí nach foinsí de chuid an Aontais iad.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Is léir ón taithí a fuarthas ar thograí reachtacha roimhe seo go bhfuil sé éasca riachtanais foirne ACER a mheas faoin méid is gá. Is fíor sin go háirithe má áirítear sa reachtaíocht forálacha cumhachtaithe chun rialacha teicniúla níos mionsonraithe a ghlacadh amhail na cóid ghréasáin agus na treoirlínte faoin Rialachán maidir le Leictreachas (AE) 2019/943. D'fhonn leithéid an mhéid a tharla i gcás an tríú pacáiste don mhargadh inmheánach in 2009 a sheachaint feasta, nuair a rinneadh réamh-mheastachán foirne faoi bhun an mhéid ba ghá, rud a d'fhág easpa foirne struchtúraí (rud nár réitíodh go cuimsitheach go dtí thús bhuiséad an Aontais Eorpaigh do 2022), déantar na riachtanais foirne don togra seo a réamh-mheas go ceann roinnt blianta amach anseo agus cuirfear san áireamh ann forbairtí a d'fhéadfadh tarlú amach anseo amhail úsáid cumhachtuithe.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Áirítear an tionscnamh seo i gclár oibre an Choimisiúin do 2021 (COM(2020) 690 final) mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip agus an pacáiste 'Oiriúnach do 55' agus rannchuideoidh sé leis na spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990 mar a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach agus le cuspóir an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Tá gá leis na coibhéisí lánaimseartha le haghaidh cúraimí nua ós rud é nach laghdófar ar na cúraimí atá ann faoi láthair san am atá amach romhainn: forbrófar earnáil hidrigine go comhthreomhar leis an gcóras gáis a leanfar de a úsáid, agus éireoidh an córas gáis níos casta fós de bharr úsáid mhéadaitheach na bhfoinsí meatáin eile seachas gás iontaise. Dá bhrí sin, ní réiteofar na riachtanais foirne breise le foirne a athshannadh.

A mhéid is féidir de réir an dlí, déanfar coibhéisí lánaimseartha breise a chistiú tríd an scéim táille atá ann cheana féin le haghaidh chúraimí ACER faoi REMIT.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ Togra/tionscnaimh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

X tréimhse neamhtheoranta

- - Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe⁴⁸

X Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún trí

- ☐ na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit

X Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

X comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

⁴⁸

Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin BudgWeb: <https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

De réir rialáil airgeadais ACER, ní mór do ACER Clár Oibre bliantúil a sholáthar i gcomhthéacs a Dhoiciméid Chlársceidealaithe, lena n-áirítear sonraí maidir le hacmhainní, idir acmhainní daoine agus acmhainní airgeadais, de réir gach gníomhaíocht a dhéantar.

Tugann ACER tuairisc mhíosúil do AS ENER faoi chur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear gealltanais, agus íocaíochtaí de réir teideal buiséid, agus rátaí folúntas de réir na gcineál foirne.

Ina theannta sin, déantar ionadaíocht ar AS ENER go díreach i gcomhlachtaí rialachais ACER. Trí ionadaithe AS ENER ar an mBord Riaracháin, cuirfear AS ENER ar an eolas faoi úsáid an bhuiséid agus faoin bplean bunaíochta ag gach cruinniú i gcaitheamh na bliana.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis na rialacha airgeadais, tá ACER faoi réir ceanglais bhliantúla maidir le tuairisciú ar ghníomhaíochtaí agus úsáid acmhainní tríd an mBord Riaracháin agus tríd an Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí.

Maidir leis an cúraimí a dhéanfar AS ENER go díreach, leanfaidh siad timthriall bliantúil na pleanála agus an faireacháin, arna chur chun feidhme sa Choimisiún agus sna gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, lena n-áirítear na torthaí a thuairisciú trí Thuarascáil Bhliantúil AS ENER ar Gníomhaireachtaí.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cé go mbeidh ar ACER saineolas nua a fhorbairt, tá sé níos costéifeachtaí, mar sin féin, na cúraimí nua faoin togra seo a leithdháileadh ar ghníomhaireacht atá ann cheana agus atá ag obair cheana féin ar chúraimí comhchosúla.

Bhunaigh AS ENER straitéis rialaithe chun a chaidreamh le ACER a bhainistiú, mar chuid de Chreat Rialaithe Inmheánaigh 2017 an Choimisiúin. Rinne ACER athbhreithniú ar a Chreat Rialaithe Inmheánaigh féin agus ghlac sé i mí na Nollag 2018.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Is é an príomhriosca na meastacháin chontráilte maidir leis an ualach oibre a chruthaítear leis an togra seo, ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an togra creat rialála éascaitheora *ex ante* a sholáthar seachas ceann *ex-post* a sholáthar tar éis cuir chuige náisiúnta a bhunú agus gníomhaithe nua agus breoslaí nua (hidrigin agus “gáis mhalartacha eile”) teacht chun cinn in earnáil an fhuinnimh. Ní mór glacadh leis an riosca sin, ós rud é, mar is léir ón taithí a fuarthas, mura n-áirítear riachtanais bhreise acmhainní sa togra tosaigh, tá sé an-deacair an scéal seo a réiteach níos déanaí.

Maolaítear an riosca sin mar go n-áirítear roinnt cúraimí nua sa togra, agus cé go bhféadfaí meastachán a dhéanamh ar ualach oibre roinnt cúraimí a bheidh ann amach faoin méid is gá, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí rómheastachán ar chuid eile díobh, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí athshannadh a dhéanamh amach anseo.

- 2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Níltear ag dréim leis go nginfear rialuithe sonracha breise ag ACER mar thoradh ar leithdháileadh cúraimí breise do shainordú reatha ACER, dá bhrí sin, ní athrófar cóimheas na gcostas rialaithe ar luach na gcistí bainistithe.

Ar an gcaoi chéanna, ní bheidh rialuithe breise ná athrú ar chóimheas na gcostas rialaithe mar thoradh ar na cúraimí atá sannta do AS ENER.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coiscitheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Cuireann ACER prionsabail frithchalaoise na nGníomhaireachtaí díláraithe de chuid an Aontais i bhfeidhm, i gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin.

I mí an Mhárta 2019 ghlac ACER Straitéis Frithchalaoise nua, lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 13/2014 ó Bhord Riaracháin ACER. Tá an straitéis nua, a bhfuil tréimhse trí bliana i gceist léi, bunaithe ar na gnéithe seo a leanas: measúnú bliantúil ar rioscaí, coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, rialacha inmheánacha maidir le sceithireacht, an beartas agus an nós imeachta chun feidhmeanna íogaire a bhainistiú, chomh maith le bearta a bhaineann le heitic agus le hionracas.

Ina theannta sin, ghlac AS ENER Straitéis Frithchalaoise athbhreithnithe (SFC) in 2020. Tá Straitéis Frithchalaoise AS ENER bunaithe ar Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin agus ar mheasúnú riosca sonracha arna dhéanamh go himmheánach chun na réimsí is leochailí ó thaobh calaoise de a shainaithint, na rialuithe atá i bhfeidhm cheana agus na bearta is gá chun feabhas a chur ar chumas AS ENER calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú.

Áiríthítear le Rialachán ACER agus na forálacha conarthacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear OLAF, iniúchtaí agus seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, agus úsáid á baint as na forálacha caighdeánacha a mholann OLAF.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	An cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁴⁹ .	ó thíortha de chuid CSTE ⁵⁰	ó thíortha is iarrthóirí ⁵¹	ó thíortha	de réir bhri Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
02	02 10 06 agus 02 03 02	Difreáilte.	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

- Línte nua buiséid atáthar a iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil	Líne bhuiséid	Saghas	Ranníocaíocht
-------------	---------------	--------	---------------

⁴⁹ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁵⁰ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁵¹ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

al an chreata airgeadais ilbhliantúil		caiteachais				
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhri Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	2	Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha – an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)
---	---	--

ACER			Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁ N
Teideal 1:	Gealltanais	(1)	0.690	0.994	1.380	1.614	1.918	6.596
	Íocaíochtaí	(2)	0.690	0.994	1.380	1.614	1.918	6.596
Teideal 2:	Gealltanais	(1 a)						
	Íocaíochtaí	(2a)						
Teideal 3:	Gealltanais	(3 a)						
	Íocaíochtaí	(3b)						
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh ACER	Gealltanais	=1+1a +3a	0.690	0.994	1.380	1.614	1.918	6.596
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	0.690	0.994	1.380	1.614	1.918	6.596

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: ENER							
•Acmhainní Daonna		0.152	0.304	0.304	0.456	0.760	1.976
•Caiteachas Riaracháin eile							
IOMLÁN AS ENER	Leithreasuithe						

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán ngealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	0.152	0.304	0.304	0.456	0.760	1.976
---	--	-------	-------	-------	-------	-------	-------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	0.842	1.298	1.684	2.070	2.678	8.572
	Íocaíochtaí	0.842	1.298	1.684	2.070	2.678	8.572

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe ACER

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Cuir isteach an oiread blianta agus is gá le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Cineál ₅₂	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
↓																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ⁵³ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
COSTAS IOMLÁN																		

⁵² Is éard is aschuir na táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

⁵³ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóir(i) sonracha(a)’.

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra ar acmhainní daonna ACER

3.2.3.1. Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
--	----------------	----------------	----------------	----------------	----------------	--------

Foirme sealadacha (Gráid AD)	0,456	0,760	0,912	1,064	1,216	4.408
Foirme sealadacha (gráid AST)						
Foirme sealadacha (gráid AST/SC)	0.152	0.152	0.304	0.304	0.456	1.368
Baill foirne ar conradh	0.082	0.082	0.164	0.246	0.246	0.820
Saineolaithe náisiúnta ar iasacht						

IOMLÁN	0.690	0.994	1.380	1.614	1.918	6.596
--------	-------	-------	-------	-------	-------	-------

Riachtanais foirne (Coibhéis lánaimseartha):

	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
--	----------------	----------------	----------------	----------------	----------------	--------

Foirne sealadacha (Gráid AD)	3	6	7	8	10	10
Foirne sealadacha (gráid AST)						
Foirne sealadacha (gráid AST/SC)	1	2	3	4	5	5
Baill foirne ar conradh (FG IV)	1	2	3	3	6	6
Saineolaithe náisiúnta ar iasacht						

IOMLÁN	5	10	13	15	21	21
--------	---	----	----	----	----	----

Ar le ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh a mhaoinítear iad⁵⁴:

	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
--	----------------	----------------	----------------	----------------	----------------	--------

Foirne sealadacha (Gráid AD)	3	5	6	7	8	8
Foirne sealadacha (gráid AST)						
Foirne sealadacha (gráid AST/SC)	1	1	2	2	3	3
Baill foirne ar conradh (FG IV)	1	1	2	3	3	3
Saineolaithe náisiúnta ar iasacht						

IOMLÁN	5	7	10	12	14	14
--------	---	---	----	----	----	----

Is é an 1 Eanáir den bhliain atá i gceist an dáta earcaíochta atá beartaithe do na coibhéisí lánaimseartha.

⁵⁴ Gach bliain, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2020/2152 ón gCoimisiún, déanfaidh ACER na costais sin, lena n-áirítear costais foirne, atá incháilithe le haghaidh cistiú le táillí a shainaithint agus tiolacfaidh sé an toradh ina dhréachtdoiciméad clársceidealaithe. I gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/942, cuireann an Coimisiún tuairim ar fáil maidir le dréachtdoiciméad clársceidealaithe ACER, lena n-áirítear tograí na Gníomhaireachta maidir leis na costais a mheastar a bheith incháilithe le haghaidh cistiú le táillí agus an raon feidhme ina leith, agus dá bhrí sin, laghdaítear an brú ar bhuiséad an Aontais.

3.2.3.2. Ceanglais mheasta na n-acmhainní daonna a mheastar don (mháthair)- Ard- Stiúrthóireacht

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí ionad deachúlach amháin ar a mhéad)

	Bliain n 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	1	2	2	3	5
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)					
01 01 01 01 (Taighde indíreach)					
10 01 05 01 (Taighde díreach)					
• Foireann sheachtrach (in aonad de Choibhéis Lánaimseartha: Coibhéis lánaimseartha)⁵⁵					
20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')					
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)					
Líne/línte buiséid (sonraigh) ⁵⁶	- sa Cheanncheathrú ⁵⁷				
	- i dtoscaireachtaí				
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)					
10 01 05 02 (AC, END, INT – Taighde díreach)					
Línte buiséid eile (sonraigh)					
IOMLÁN	1	2	2	3	5

⁵⁵ AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT = ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

⁵⁶ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

⁵⁷ Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMI) go príomha.

Is cúraimí nua iad sin, nach bhfuil aon fhoireann sannta dóibh faoi láthair laistigh de AS ENER. D'fhéadfadh sé go soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne a athshannadh laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta, más gá, faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

- ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.
- ☒ Is éard a bheidh sa togra/tionscnamh athshannadh an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

Mínigh cén t-athshannadh a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

- Níor cuireadh na tionscnaimh ‘Oiriúnach do 55’ san áireamh nuair a ríomhadh ceannteidil an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil. Toisc gur tionscnamh nua é an tionscnamh sonrach seo, beidh gá athchlárú a dhéanamh le haghaidh na líne rannchuidithe le ACER agus na líne lena dtacófar leis an obair bhreise laistigh de AS ENER. A mhéid nach féidir tionchar buiséadach na n-acmhainní daonna breise do ACER a íoc le táillí ná le ranníocaíocht reatha an Aontais, cumhdófar é trí athshannadh ó línte buiséid eile atá á mbainistiú ag AS ENER i ndáil le coibhéisí lánaimseartha breise gan táille, go háirithe ó líne buiséid Chlár Fuinnimh SCE 02 03 02), ach gan fasach a chruthú maidir le cistí SCE a úsáid.
- ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil⁵⁸.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

- Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.
- Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir leis an gcómhaoiniú atá measta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach an oiread blianta agus is gá le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

⁵⁸

Féach Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2093/2020 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 ina leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil i gcomhair na mblianta 2021 go 2027.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁵⁹					
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach an oiread blianta agus is gá le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	
Airteagal							

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid caiteachais dá ndéanfar difear.

Sonraigh an modh chun an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar ioncam a ríomh.

⁵⁹ A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheidh bainte astu.

IARSCRÍBHINN **leis an RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH**

Ainm an togra/tionscnaimh:

An Treoir maidir le Gás

- 1. LÍON AGUS COSTAS NA NACMHAINNÍ DAONNA A MHEASTAR A BHEITH RIACHTANACH**
- 2. COSTAS CAITEACHAIS RIARACHÁIN EILE**
- 3. COSTAIS RIARACHÁIN IOMLÁNA**
- 4. MODHANNA RÍOFA A ÚSÁIDTEAR CHUN COSTAIS A MHEAS**
 - 4.1. ACMHAINNÍ DAONNA**
 - 4.2. CAITEACHAS RIARACHÁIN EILE**

Ní mór an iarscríbhinn seo a bheith ag gabháil leis an ráiteas airgeadais reactach nuair atá an comhairliúchán idirsheirbhísí á sheoladh.

Úsáidtear na táblaí sonraí mar fhoinsé le haghaidh na dtáblaí atá sa ráiteas airgeadais reactach. Tá siad á gcur ar fáil le haghaidh úsáid inmheánach laistigh den Choimisiún amháin.

1. Costas na n-acmhainní daonna a mheastar a bheith riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

EAL 7 geadais úil		2023		2024		2025		2026		2027		2028		2029		
		Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	C lána
an bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)																
-	AD	1	0.152	2	0.304	2	0.304	3	0.456	5	0.760					
	EUR 690.000 AST															
3	AD															
	EUR 690.000 AST															
chtrach ⁶⁰																
O a -	AC															
	END															
	INT															
-	AC															

⁶⁰ AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

	AL															
	END															
	INT															
	JPD															
		1	0.152	2	0.304	2	0.304	3	0.456	5	0.760					

Is cúraimí nua iad sin, nach bhfuil aon fhoireann sannta dóibh faoi láthair laistigh de AS ENER. D’fhéadfadh sé go soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne a athshannadh laistigh den Ard-Stiúthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúthóireacht atá i mbun bainistíochta, más gá, faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

NTEIDEAL 7 ais ilbhliantúil	2023		2024		2025		2026		2027		2028		2029	
	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe	Coibhéis lánaimseartha	Leithreasuithe

naíochta (oifigigh agus foireann shealadach)

reach ⁶¹	AD													
reach	EUR 690.000 AST													

⁶¹ Roghnaigh an líne bhuiséid ábhartha, nó sonraigh ceann eile más gá; i gcás ina bhfuil níos mó línte buiséid i gceist, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an fhoireann de réir gach líne bhuiséid lena mbaineann

sa heathrú	AC														
	END														
	INT														
I eachtaí id an	AC														
	AL														
	END														
	INT														
	JPD														
reach ach	AC														
	END														
	INT														
ceann le (raigh)															
nní h de L 7															
onna CAI)		1	0.152	2	0.304	2	0.304	3	0.456	5	0.760				

⁶²

AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

⁶³

Roghnaigh an líne bhuiséid ábhartha, nó sonraigh ceann eile más gá; i gcás ina bhfuil níos mó línte buiséid i gceist, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an fhoireann de réir gach líne bhuiséid lena mbaineann

Is cúraimí nua iad sin, nach bhfuil aon fhoireann sannta dóibh faoi láthair laistigh de AS ENER. D'fhéadfadh sé go soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne a athshannadh laistigh den Ard-Stiúrtóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrtóireacht atá i mbun bainistíochta, más gá, faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

2. Costas caiteachais riaracháin eile

X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe riaracháin

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

CEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Bliain N ⁶⁴	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Bliain N+4	Bliain N+5	Bliain N+7	Iomlán
<u>Sa cheanncheathrú nó laistigh de chríoch an Aontais:</u>								
20 02 06 01 - Costas misin agus ionadaíochta								
20 02 06 02 - Costas a bhaineann le comhdhálacha agus cruinnithe								
20 02 06 03 - Coistí ⁶⁵								
20 02 06 04 Staidéir agus comhairliúcháin								
20 04 – Caiteachas TF (corparáideach) ⁶⁶								
Línte buiséid eile nach mbaineann le hAcmhainní Daonna (<i>sonraigh i gcás inár gá</i>)								
<u>I dtoscaireachtaí de chuid an Aontais</u>								
20 02 07 01 – Costas misin, comhdhálacha agus ionadaíochta								

⁶⁴ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Cuir isteach an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta seo a leanas

⁶⁵ Sonraigh an cineál coiste agus an grúpa lena mbaineann sé.

⁶⁶ Teastaíonn tuairim AS DIGIT – Foireann Infheistíochtaí TF (féach na Treoirlínte maidir le Maoiniú TF, C(2020)6126 final 10.9.2020, lch. 7)

20 02 07 02 – Oiliúint bhreise a chur ar an bhfoireann								
20 03 05 – Bonneagar agus lóistíocht								
Línte buiséid eile nach mbaineann le hAcmhainní Daonna (<i>sonraigh i gcás inár gá</i>)								
Fo-iomlán Eile - CEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Bliain N⁶⁷	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Bliain N+4	Bliain N+5	Bliain N+7	Iomlán
Caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin (<u>gan foireann sheachtrach a áireamh</u>) as leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA'):								
- sa cheanncheathrú								
- i dtoscaireachtaí de chuid an Aontais								
Caiteachas eile bainistíochta le haghaidh taighde								
Caiteachas beartais TF ar chlár oibríochtúla ⁶⁸								

⁶⁷ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Cuir isteach an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta seo a leanas

⁶⁸ Teastaíonn tuairim AS DIGIT – Foireann Infheistíochtaí TF (féach na Treoirínte maidir le Maoiniú TF, C(2020)6126 final 10.9.2020, lch. 7)

Caiteachas corparáideach TF ar chlár oibríochtúla ⁶⁹								
Línte buiséid eile nach mbaineann le hAcmhainní Daonna (sonraigh i gcás inár gá)								
Fo-iomlán Eile – Lasmuigh de CHEANTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Caiteachas riaracháin iomlán eile (gach Ceannteideal CAI)								

⁶⁹ Áirítear san ítim seo córais áitiúla riaracháin agus ranníocaíochtaí le córais chorparáideacha TF a chómhaoiniú (féach na Treoirínte maidir le Maoiniú TF, C(2020)6126 final 10.9.2020)

3. Costais riaracháin iomlána (gach Ceannteideal CAD)

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Achoimre	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030
Ceannteideal 7 – Acmhainní Daonna	0.152	0.304	0.304	0.456	0.760			
Ceannteideal 7 – Caiteachas riaracháin eile								
Fo-lomlán Ceannteideal 7	0.152	0.304	0.304	0.456	0.760			
Lasmuigh de Ceannteideal 7 – Acmhainní Daonna								
Lasmuigh de Ceannteideal 7 – Caiteachas riaracháin eile								
Ceannteidil Fo-lomlána Eile								
IOMLÁN CEANNTIDEAL 7 agus Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7	0.152	0.304	0.304	0.456	0.760			

Is cúraimí nua iad sin go hiomlán. D'fhéadfadh sé go soláthrófar na hacmhainní riaracháin is gá leis an mbuiséad a d'fhéadfadh a ath-leithdháileadh laistigh den Ard-Stiúthóireacht, agus más gá, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

4.

4. Modhanna ríofa a úsáidtear chun costais a mheas

4.1 Acmhainní daonna

Leagtar amach sa chuid seo an modh ríofa a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar na hacmhainní daonna a mheastar a bheith riachtanach (toimhde maidir le hualach oibre, lena n-áirítear poist ar leith (próifílí oibre Sysper 2), catagóirí foirne agus na meánchostais chomhfhreagracha)

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil
Nóta: Tá na meánchostais le haghaidh gach catagóire foirne ag an gCeanncheathrú le fáil ar BudgWeb: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/pre/legalbasis/Pages/pre-040-020_preparation.aspx
• Oifigigh agus foireann shealadach Ó 1 go 5 phost AD chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin: - Maoirseacht agus comhordú le ACER - Creat rialála a fhorbairt le haghaidh fhorbairt mhargadhbhunaithe na hearnála hidrigine agus na ngréasán hidrigine. - An creat dlíthiúil is gá a fhorbairt chun feabhas a chur ar dhálaí trádála trasteorann sa ghás, agus ról méadaitheach na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin á gcur san áireamh, mar aon le cearta breise le haghaidh tomhaltóirí. - A áirithiú go bhfuil eintitis uile-Eorpacha oibreoirí gréasáin i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Is ón nóta Ares(2020)7207955 a thagann na meánchostais.
• Foireann sheachtrach

Lasmuigh de CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil
• Na poist a fhaigheann maoiniú ón mbuiséad taighde agus na poist sin amháin
• Foireann sheachtrach

4.2 Caiteachas riaracháin eile

Tabhair sonraí maidir leis an modh ríofa a úsáidtear le haghaidh gach líne bhuiséid agus go háirithe an toimhde bhunúsach (e.g. líon na gcruinnithe in aghaidh na bliana, meánchostais, etc.)

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil

--

Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil